Iris Oifigiúil
na gComhphobal Eorpach

Eagrán Speisialta *
27 Márta 1972

An t-eagrán Gaelachán

Achtú

Clár

Doiciméid i dtaobh aontachas Ríocht na Danmhairge, na hÉireann, Ríocht na hIoruaidhe agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann le na Comhphobail Eorpacha

Tuairim an Choimisiúin dár dáta 19 Eanáir 1972 faoi na h-iarratasaí do rinne Ríocht na Danmhairge, Éire, Ríocht na hIoruaidhe agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann chun beith ina gcomhaltaí de na Comhphobail Eorpacha 3

Cinneadh ó Chomhairle na gComhphobal Eorpach an 22 Eanáir 1972 i dtaobh aontachas Ríocht na Danmhairge, na hÉireann, Ríocht na hIoruaidhe agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann le Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus leis an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach 4

Conradh idir Ríocht na Beilge, Poblacht Chonaidhme na Gearmáine, Poblacht na Fraince, Poblacht na hIodáile, Ard-Diúiceacht Lucsamburg, Ríocht na hIsiltíre, (Ballstáit na gComhphobal Eorpach), Ríocht na Danmhairge, Éire, Ríocht na hIoruaidhe agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann i dtaobh aontachas Ríocht na Danmhairge, na hÉireann, Ríocht na hIoruaidhe agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann le Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus leis an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach 5

Cinneadh ó Chomhairle na gComhphobal Eorpach an 22 Eanáir 1972 i dtaobh aontachas Ríocht na Danmhairge, na hÉireann, Ríocht na hIoruaidhe agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann leis an gComhphobal Eorpach do Ghual agus Cruach 12

Cuid a hAon: Na Prionsabail 14

Cuid a Dó: Oiriúnú na gConarthaí 15

Cuid a Trí: Oiriúnú ar Ghníomhartha lenar ghlach na hInstitiúidí 20

Cuid a Ceathair: Bearta Idirthréimhseacha 20

Cuid a Cúig: Forálacha i dtaobh an Ionstraim seo a chur chun feidhme 43

Praghas : FB 175,—/£1.47½

* Is í **L73** an uimhir a thugtar ar an eagrán speisialta seo in eagráin den Iris Oifigiúl san Ghearmáinis, san Fhraincis, san Iodáilis agus san Ollanais.

(ar lean)

Clár ar lean

Iarscríbhinn I:	Liosta dá dtagraítear in Airteagal 29 den Ionstraim Aontachais ...	47
Iarscríbhinn II:	Liosta dá bhforáiltear in Airteagal 30 den Ionstraim Aontachais ...	122
Iarscríbhinn III:	Liosta de na táirgí dá dtagraítear in Airteagail 32, 36, agus 39 den Ionstraim Aontachais	128
Iarscríbhinn IV:	Liosta de tháirgí dá dtagraítear in Airteagal 32 den Ionstraim Aontachais	131
Iarscríbhinn V:	Liosta dá bhforáiltear in Airteagal 107 den Ionstraim Aontachais ..	135
Iarscríbhinn VI:	Liosta de na tíortha dá dtagraítear in Airteagal 109 den Ionstraim Aontachais agus i bPrótacal Uimh. 22	137
Iarscríbhinn VII:	Liosta dá bhforáiltear in Airteagal 133 den Ionstraim Aontachais ..	137
Iarscríbhinn VIII:	Liosta dá bhforáiltear in Airteagal 148(1) den Ionstraim Aontachais	146
Iarscríbhinn IX:	Liosta dá bhforáiltear in Airteagal 148(2) den Ionstraim Aontachais	146
Iarscríbhinn X:	Liosta dá dtagraítear in Airteagal 150 den Ionstraim Aontachais ..	148
Iarscríbhinn XI:	Liosta dá dtagraítear in Airteagal 152 den Ionstraim Aontachais ..	151

Prótacail 160

Malartú litreacha ar cheisteanna airgeadaíochta 184

Ionstraim Críochnaitheach..... 187

Dearbhuithe 194

An nós imeachta maidir le cinntí áirithe agus bearta eile a bheidh le glacadh sa tréimhse roimh an aontachas 203

DOICIMÉID

i dtaobh aontachas

Ríocht na Danmhairge, na hÉireann, Ríocht na hIoruaidhe
agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann

le na Comhphobail Eorpacha

TUAIRIM AN CHOIMISIÚIN

Dar dáta 19 Eanáir 1972

Faoi na hiarrataís a rinne Ríocht na Danmhairge, Éire, Ríocht na hIoruaidhe agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann chun bheith ina gcomhaltaí de na Comhphobail Eorpacha

TÁ COIMISIÚN NA gCOMHPHOBAL EORPACH,

Ag féachaint d'Airteagal 98 den Chonradh ag bunú CEGG, d'Airteagal 237 den Chonradh ag bunú CEE agus d'Airteagal 205 den Chonradh ag bunú CEFA,

De bhrí go bhfuil iarratas déanta ag Ríocht na Danmhairge, Éire, Ríocht na hIoruaidhe agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann chun bheith ina gcomhaltaí de na Comhphobail sin;

De bhrí gur thug an Coimisiún barúil uaidh cheana, ina Thuairimí dar dáta 29 Meán Fómhair 1967 agus 1 Deireadh Fómhair 1969, ar ghnéithe áirithe de na deacrachtaí a d'éirigh as na hiarratais sin;

De bhrí gur socraíodh na coinníollacha ar a ligfear na Stáit sin isteach sna Comhphobail, mar aon leis na hoiriúnuithe is gá dá chionn sin ar na Conarthaí ag bunú na gComhphobal, ag Comhdháil idir na Comhphobail agus na Stáit Iarrthacha; de bhrí gur d'aonmheanna don toscaireacht ó na Comhphobail agus gur tharla an t-agallamh idir-institiúideach a fhoráiltear sna Conarthaí;

De bhrí gur cosúil go bhfuil na forálacha a socraíodh ar an gcuma sin cóir agus oiriúnach; gur dóigh mar sin go rachaidh méadú na gComhphobal chun an caidreamh idirnáisiúnta a chothú, gan dochar a dhéanamh do chomhghreamú agus fuinneamh inmhéánach na gComhphobal féin;

De bhrí, ar theacht isteach dóibh sna Comhphobail, go nglacfaidh na Stáit Iarrthacha, gan aon chuntair, leis na Conarthaí sin agus leis na cuspóirí polaitiúla atá leagtha síos sna Conarthaí sin, leis na cinntí éagsúla ar glacadh leo ó tháinig na Conarthaí sin í bhfeidhm agus leis na beartais a roghnaíodh chun na Comhphobail a fhorbairt agus a neartú;

De bhrí, go háirithe, gurb é sainghné an oird dlí a fhoráiltear sna Conarthaí ag bunú na gComhphobal go bhfuil forálacha áirithe sna Conarthaí sin, agus gníomhartha áirithe a ghlac institiúidí na gComhphobal, inchurtha i bhfeidhm go díreach sna Ballstáit, go bhfuil tosaíocht ag dlí na gComhphobal ar fhorálacha náisiúnta a bheadh contrártha dóibh, agus go bhfuil próiseas i réim á dhaingiú go léireofar dlí na gComhphobal ar an gcuma chéanna i ngach Ballstát; de bhrí go n-admhaíonn na Ballstáit go bhfuil sé intuigthe, de bharr a gcomhaltais sna Comhphobail, go bhfuil de dhualgas orthu cloí leis na rialacha sin, go ndlitear urraim a thabhairt dóibh chun éifeacht agus aontacht dlí na Comhphobal a dheimhniú;

TAR ÉIS TUAIRIM FHABHRACH A THABHAIRT

ar na hiarratais a rinne Ríocht na Danmhairge, Éire, Ríocht na hIoruaidhe agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann chun bheith ina gcomhaltaí de na Comhphobail.

Seóltar an tuairim seo chun na Comhairle.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 19 Eanáir 1972

Thar ceann an Choimisiúin

An tUachtarán

Franco M. MALFATTI

CINNEADH Ó CHOMHAIRLE NA gCOMHPHOBAL EORPACH

Dár dáta 22 Eanáir

i dtaobh aontachas Ríocht na Danmhairge, na hÉireann, Ríocht na hIoruaidhe agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann le Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus leis an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach

(AISTRIÚCHÁN)

TÁ COMHAIRLE NA gCOMHPHOBAL EORPACH,

Ag féachaint d'Airteagal 237 den Chonradh ag bunú Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus d'Airteagal 205 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach,

De bhrí go bhfuil Ríocht na Danmhairge, Éire, Ríocht na hIoruaidhe agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann tar éis aontachas le Comh phobal Eacnamaíochta na hEorpa agus leis an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach a iarraidh,

Ag féachaint do Thuairim an Choimisiúin,

TAR ÉIS A CHINNEADH

glacadh leis na hiarratais sin ar aontachas; agus beidh coinníollacha a ligthe isteach agus Oiriúnuithe na gConarthaí is gá dá dhroim sin ina n-ábhar do chomhaontú idir na Ballstáit agus na Stáit Iarrthacha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 22 Eanáir 1972

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

G. THORN

CONRADH

Idir

RÍOCHT NA BEILGE,

POBLACHT CHÓNAIDHME NA GEARMÁINE,

POBLACHT NA FRAINCE,

POBLACHT NA hIODÁILE,

ARD-DIÚICEACHT LUCSAMBURG,

RÍOCHT NA hÍSILTÍRE,

Ballstáit na gComhphobal Eorpach,

RÍOCHT NA DANMHAIRGE,

ÉIRE,

RÍOCHT NA hIORUAIDHE,

agus RÍOCHT AONTAITHE NA BREATAINE MÓIRE AGUS THUAISCEART ÉIREANN

i dtaobh aontachas Ríocht na Danmhairge, na hÉireann, Ríocht na hIoruaidhe agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann le Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus leis an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach

Tá A Shoilse Rí na mBeilgeach, A Soilse Banríon na Danmhairge, Uachtarán Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine, Uachtarán Phoblacht na Fraince, Uachtarán na hÉireann, Uachtarán Phoblacht na hIodáile, A Mhórgacht Ríoga Ard-Diúc Lucsamburg, A Soilse Banríon na hÍsiltíre, A Shoilse Rí na hIoruaidhe, A Soilse Banríon Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann,

Ar bheith dóibh d'aon aigne dlús a chur le saothrú aidhmeanna an Chonartha ag bunú Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus an Chonartha ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach,

Ar a bheith de rún daingean acu, de réir mheon na gConarthaí sin, aontas buandlúite idir pobail na hEorpa a bhunú ar na fothaí atá leagtha síos cheana,

De bhrí go dtugann Airteagal 237 den Chonradh ag bunú Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Airteagal 205 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach caoi do Stáit Eorpacha chun bheith ina gcomhaltaí de na Comhphobail sin,

De bhrí go bhfuil Ríocht na Danmhairge, Éire, Ríocht na hIoruaidhe agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann tar éis iarratas a dhéanamh chun bheith ina gcomhaltaí de na Comhphobail sin,

De bhrí gur dhearbhaigh Comhairle na gComhphobal Eorpach, tar éis di tuairim an Choimisiúin a fháil, go bhfuil sí i bhfabhar na Stáit sin a ligean isteach.

Tar éis cinneadh ar choinníollacha a ligthe isteach agus a bhfuil d'oiriúnú le déanamh ar na Conarthaí ag bunú Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach a shocrú de thoil a chéile, agus chun na críche sin tar éis na daoine seo a leanas a cheapadh mar Lánchumhachtaigh:

A SHOILSE RÍ NA mBEILGEACH

An tUasal G. Eyskens, Príomh-Aire;
An tUasal P. Harmel, Aire Gnóthaí Eachtracha;

An tUasal Van Der Meulen, Ambasadóir,
Buan-Ionadaí chuig na Comhphobail Eorpacha;

A SOILSE BANRÍON NA DANMHAIRGE

An tUasal J. O. Krag, Príomh-Aire;
An tUasal I. Norgaard, Aire Gnóthaí Eacnamaíocha Eachtracha;

An tUasal I. Christensen, Ard-Rúnaí do Ghnóthaí Eacnamaíocha Eachtracha, an Aireacht Gnóthaí Eachtracha;

UACHTARÁN PHOBLACHT CHÓNAIDHME NA GEARMÁINE

An tUasal W. Scheel, Aire Gnóthaí Eachtracha;

An tUasal H. G. Sachs, Ambasadóir,
Buan-Ionadaí chuig na Comhphobail Eorpacha;

UACHTARÁN PHOBLACHT NA FRAINCE

An tUasal M. Schumann, Aire Gnóthaí Eachtracha;

An tUasal J. M. Boegner, Ambasadóir,
Buan-Ionadaí chuig na Comhphobail Eorpacha;

UACHTARÁN NA hÉIREANN

An tUasal Seán Ó Loinsigh, Taoiseach;
An tUasal Pádraig Ó hIrighile, Aire Gnóthaí Eachtracha;

UACHTARÁN PHOBLACHT NA hIODÁILE

An tUasal E. Colombo, Príomh-Aire;
An tUasal A. Moro, Aire Gnóthaí Eachtracha;

An tUasal G. Bombassei Frascani de Vettor, Ambasadóir,
Buan-Ionadaí chuig na Comhphobail Eorpacha;

A MHÓRGACHT RÍOGA ARD-DIÚC LUCSAMBURG

An tUasal G. Thorn, Aire Gnóthaí Eachtracha;

An tUasal J. Dondelinger, Ambasadóir,
Buan-Ionadaí chuig na Comhphobail Eorpacha;

A SOILSE BANRÍON NA hÍSILTÍRE

An tUasal W. K. N. Schmelzer, Aire Gnóthaí Eachtracha;
An tUasal Th. E. Westerterp, Rúnaí Stáit, an Aireacht Gnóthaí Eachtracha;

An tUasal E. M. J. A. Sassen, Ambasadóir,
Buan-Ionadaí chuig na Comhphobail Eorpacha;

A SHOILSE RÍ NA hIORUAIDHE

An tUasal T. Bratteli, Príomh-Aire;
An tUasal A. Cappelen, Aire Gnóthaí Eachtracha;
An tUasal S Chr. Sommerfelt, Ambasadóir urghnách agus lánchumhachtach;

A SOILSE BANRÍON RÍOCHT AONTAITHE NA BREATAINE MÓIRE AGUS THUAISCEART ÉIREANN

An tUasal Ró-Onórach E. Heath, M.B.E., M.P., Príomh-Aire,
Uachtarán na Comhairle, Aire na Státseirbhíse;
An Sior Ró-Onórach Alec Douglas-Home, Rid, M.P.,
Príomh-Státrúnaí, Gnóthaí Eachtracha agus Gnóthaí Comhlathais dá Soilse;
An tUasal Ró-Onórach G. Rippon, Q.C., M.P.,
Seansailéir Dhiúiceacht Lancaster;

Noch a rinne, tar éis dóibh a Lánchumhachtaí, agus iad i bhfoirm cheart chuí, a thabhairt ar aird dá chéile, comhaontú mar a leanas :

Airteagal 1

1. Déantar leis seo de Ríocht na Danmhairge, d'Éirinn, de Ríocht na hIoruaidhe agus de Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann comhaltaí de Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus den Chomhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus Páirtithe sna Conarthaí ag bunú na gComhphobal sin, arna leasú nó arna gcomhlánú.

2. Tugtar san Ionstraim atá i gceangal leis an gConradh seo coinníollacha a ligthe isteach agus na hoiriúnuithe is gá dá dhroim sin ar na Conarthaí ag bunú Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach. Is cuid dhílis den Chonradh seo na forálacha den Ionstraim sin a bhaineann le Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus leis an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach.

3. Beidh feidhm i leith an Chonartha seo ag na forálacha a bhaineann le cearta agus oibleagáidí na mBallstát agus le cumhachtaí agus inniúlachtaí Institiúidí na gComhphobal mar atá siad leagtha amach sna Conarthaí dá dtagraítear i mír 1.

Airteagal 2

Déanfaidh na hArdpháirtithe Conarthacha daingniú ar an gConradh seo de réir a rialacha bunreachtúla faoi seach. Taiscfear na hionstraimí daingniúcháin le Rialtas Phoblacht na hIodáile lá nach déanaí ná an 31 Nollaig 1972.

Tiocfaidh an Conradh seo i bhfeidhm an 1 Eanáir 1973, ar an gcoinníoll go mbeidh na hionstraimí daingniúcháin go léir taiscthe roimh an dáta sin agus go mbeidh gach ceann de na hionstraimí aontachais leis an gComhphobal Eorpach do Ghual agus Cruach taiscthe ar an dáta sin.

Más rud é, áfach, nach mbeidh na Stáit go léir dá dtagraítear in Airteagal 1(1) tar éis a n-ionstraimí daingniúcháin agus aontachais a thaisceadh i dtráth cuí, tiocfaidh an Conradh i bhfeidhm do na Stáit sin a rinne an taisceadh sin. Sa chás sin, ag gníomhú di d'aontoil, cinnfidh Comhairle na gComhphobal Eorpach láithreach cad iad na hoiriúnuithe nach foláir a dhéanamh dá bhíthin sin ar Airteagal 3 den Chonradh seo agus ar Airteagail 14, 16, 17, 19, 20, 23, 129, 142, 143, 155 agus 160 den Ionstraim i dtaobh Coinníollacha Aontachais agus Oiriúnuithe na gConarthaí, ar na forálacha dá hIarscríbhinn I a bhaineann le comhdhéanamh agus feidhmiú na gcoistí éagsúla, agus ar Airteagail 5 agus 8 den Phrótacal ar Reacht an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta atá i gceangal leis an Ionstraim sin; féadfaidh sí chomh maith, ag gníomhú di d'aontoil, a dhearbhú na forálacha sin den Ionstraim réamhluaite a thagraíonn go sainráite do Stát nár thaisc a ionstraimí daingniúcháin agus aontachais a bheith tite ar lár, nó na forálacha sin a oiriúnú.

Airteagal 3

Tarraingíodh an Conradh seo suas i scríbhinn bhunaidh amháin, sa Bhéarla, sa Danmhairgis, sa Fhraincis, sa Ghaeilge, sa Ghearmáinis, san Iodáilis, san Ioruais agus san Ollanais, agus comhúdarás ag gach ceann de na hocht dtéacs; taiscfear é i gcartlann Rialtas Phoblacht na hIodáile, agus cuirfidh an Rialtas sin cóip dheimhnithe chuig Rialtas gach ceann eile de Stáit a shínithe.

Til bekræftelse heraf har undertegnede befuldmægtigede underskrevet denne Traktat.

Zu Urkund dessen haben die unterzeichneten Bevollmächtigten ihre Unterschriften unter diesen Vertrag gesetzt.

In witness whereof, the undersigned Plenipotentiaries have affixed their signatures below this Treaty.

En foi de quoi, les plénipotentiaires soussignés ont apposé leurs signatures au bas du présent traité.

Dá fhianú sin, chuir na Lánchumhachtaigh thíos-sínithe a lámh leis an gConradh seo.

In fede di che, i plenipotenziari sottoscritti hanno apposto le loro firme in calce al presente trattato.

Ten blijke waarvan de ondergetekende gevolmachtigden hun handtekening onder dit Verdrag hebben gesteld.

Til bekreftelse herav har nedenstående befullmektigede undertegnet denne Traktat.

Udfærdiget i Bruxelles, den toogtyvende januar nitten hundrede og tooghalvfjerds.

Geschehen zu Brüssel am zweiundzwanzigsten Januar neunzehnhundertzweiundsiebzig

Done at Brussels on this twenty-second day of January in the year one thousand nine hundred and seventy-two

Fait à Bruxelles, le vingt-deux janvier mil neuf cent soixante-douze

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an dóú lá is fiche d'Eanáir, míle naoi gcéad seachtó a dó.

Fatto a Bruxelles, addì ventidue gennaio millenovecentosettantadue

Gedaan te Brussel, de tweeëntwintigste januari negentienhonderdtweeënzeventig

Utferdiget i Brussel den tjueandre januar nitten hundre og syttito.









CINNEADH Ó CHOMHAIRLE NA gCOMHPHOBAL EORPACH

an 22 eanáir 1972

I dtaobh Aontachas Ríocht na Danmhairge, na hÉireann, Ríocht na hIoruaidhe, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann leis an gComhphobal Eorpach do Ghual agus Cruach

TÁ COMHAIRLE NA gCOMHPHOBAL EORPACH,

Ag féachaint d'Airteagal 98 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Ghual agus Cruach,

De bhrí go bhfuil Ríocht na Danmhairge, Éire, Ríocht na hIoruaidhe agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann tar éis aontachas leis an gComhphobal Eorpach do Ghual agus Cruach a iarraidh,

Ag féachaint do Thuairim an Choimisiúin,

De bhrí go bhfuiltear tar éis na coinníollacha aontachais a bhí le socrú ag an gComhairle a chaibidil leis na Stáit réamhráite,

TAR ÉIS A CHINNEADH:

Airteagal 1

1. Féadfaidh Ríocht na Danmhairge, Éire, Ríocht na hIoruaidhe agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann bheith ina gcomhaltaí den Chomhphobal Eorpach do Ghual agus Cruach, faoi na coinníollacha atá leagtha síos sa Chinneadh seo, ar iad a aontú don Chonradh ag bunú an Chomhphobail sin arna leasú nó arna chomhlánú.

2. Tá na coinníollacha aontachais agus na hoiriúnuithe ar an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Ghual agus Cruach is gá dá dhroim sin leagtha amach san Ionstraim atá i gceangal leis an gCinneadh seo. Beidh na forálacha den Ionstraim seo a bhaineann leis an gComhphobal Eorpach do Ghual agus Cruach ina gcuid dhílis den Chinneadh seo.

3. Beidh feidhm i leith an Chinnte seo ag na forálacha a bhaineann le cearta agus oibleagáidí na mBallstát agus le cumhachtaí agus inniúlachtaí Institiúidí na gComhphobal mar atá siad leagtha amach sa Chonradh dá dtagraítear i mír 1.

Airteagal 2

Déanfar ionstraimí aontachais Ríocht na Danmhairge, na hÉireann, Ríocht na hIoruaidhe agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann leis an gComhphobal Eorpach do Ghual agus Cruach a thaisceadh le Rialtas Phoblacht na Fraince an 1 Eanáir 1973.

Tiocfaidh an t-aontachas i bhfeidhm an 1 Eanáir 1973, ar an gcoinníoll go mbeidh na hionstraimí aontachais go léir taiscthe ar an dáta sin agus go mbeidh gach ceann d'ionstraimí daingnithe an Chonartha i dtaobh aontachais le Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus leis an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach taiscthe roimh an dáta sin.

Más rud é, áfach, nach mbeidh na Stáit go léir dá dtagraítear sa chéad mhír den Airteagal seo tar éis a n-ionstraimí aontachais agus daingniúcháin a thaisceadh i dtráth cuí, tiocfaidh an t-aontachas in éifeacht do na Stáit aontacha eile. Sa chás sin, ag gníomhú di d'aontoil, cinnfidh Comhairle na gComhphobal Eorpach, láithreach, cad iad na

hoiriúnuithe nach foláir a dhéanamh dá bhíthin sin ar Airteagal 3 den Chinneadh seo agus ar Airteagail 12, 13, 16, 17, 19, 20, 22,142, 155 agus 160 den Ionstraim i dtaobh Coinníollacha Aontachais agus Oiriúnuithe na gConarthaí sin; féadfaidh sí chomh maith, ag gníomhú di d'aontoil, a dhearbhú na forálacha sin den Ionstraim réamhluaite a thagraíonn go sainráite do Stát nár thaisc a ionstraimí aontachais agus daingniúcháin a bheith tite ar lár, nó na forálacha sin a oiriúnú.

Cuirfidh Rialtas Phoblacht na Fraince cóip dheimhnithe d'ionstraim aontachais gach Stáit aontaigh chuig Rialtais na mBallstát agus na Stát aontach eile.

Airteagal 3

Tarraingíodh an Cinneadh seo suas sa Bhéarla, sa Danmhairgis, sa Fhraincis, sa Ghaeilge, sa Ghearmáinis, san Iodáilis, san Ioruais agus san Ollanais, agus comhúdarás ag gach ceann de na hocht dtéacs; cuirfear in iúl é do Bhallstáitan Chomhphobail Eorpaigh do Ghual agus Cruach, do Ríocht na Danmhairge, d'Éirinn, do Ríocht na hIoruaidhe agus do Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 22 Eanáir 1972

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

G. THORN

IONSTRAIM

I dtaobh Coinníollacha Aontachais agus Oiriúnuithe na gConarthaí

CUID A hAON

NA PRIONSABAIL

Airteagal 1

Chun críocha na hIonstraime seo:

— ciallaíonn an abairt "Conarthaí bunaidh" an Conradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Ghual agus Cruach, an Conradh ag bunú Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus an Conradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, arna gcomhlánú nó arna leasú le conarthaí nó le gníomhartha eile a tháinig i bhfeidhm roimh an aontachas; ciallaíonn na habairtí "Conradh CEGC", "Conradh CEE", agus "Conradh CEFA" na Conarthaí bunaidh is iomchuí arna gcomhlánú nó arna leasú amhlaidh;

— ciallaíonn an abairt "Ballstáit bhunaidh" Ríocht na Beilge, Poblacht Chónaidhme na Gearmáine, Poblacht na Fraince, Poblacht na hIodáile, Ard-Diúiceacht Lucsamburg agus Ríocht na hÍsiltíre;

— ciallaíonn an abairt "Ballstáit nua" Ríocht na Danmhairge, Éire, Ríocht na hIoruaidhe agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann.

Airteagal 2

Amhail ó dháta an aontachais, beidh forálacha na gConarthaí bunaidh agus na gníomhartha a ghlac institiúidí na gComhphobal ina gceangal ar na Ballstáit nua agus beidh feidhm acu sna Stáit sin faoi na coinníollacha dá bhforáiltear sna Conarthaí sin agus san Ionstraim seo.

Airteagal 3

1. Aontaíonn na Ballstáit nua tríd an Ionstraim seo do na cinntí agus na comhaontuithe lenar ghlac na hIonadaithe ó Rialtais na mBallstát i ndáil chruinnithe dóibh sa Chomhairle. Gabhann siad orthu féin aontú, amhail ó dháta an aontachais, do na comhaontuithe eile go léir a rinne na Ballstáit bhunaidh maidir le feidhmiú na gComhphobal nó a bhaineann lena ngníomhaíochtaí.

2. Gabhann na Ballstáit nua orthu féin aontú do na coinbhinsiúin dá bhforáiltear in Airteagal 220 de Chonradh CEE, agus do na prótacail ar léiriú na gcoinbhinsiún sin ag an gCúirt Bhreithiúnais, a shínigh na Ballstáit bhunaidh, agus chun na críche sin gabhann siad orthu féin dul i gcaibidlí leis na Ballstáit bhunaidh d'fhonn na hoiriúnuithe is gá a dhéanamh orthu.

3. Tá na Ballstáit nua sa staid chéanna leis na Ballstáit bhunaidh i leith dearbhuithe, rúin nó aon seasamh eile ag an gComhairle agus ina leith siúd maidir leis na Comhphobail Eorpacha a ghlac na Ballstáit de thoil a chéile; uime sin urramóidh siad na prionsabail agus na treoirlínte a thig ó na dearbhuithe nó ó na rúin nó ón seasamh eile sin agus glacfaidh siad bearta mar is gá chun a áirithiú go gcuirfear i ngníomh iad.

Airteagal 4

1. Beidh na comhaontuithe nó na coinbhinsiúin ina ndeachaigh ceann de na Comhphobail le tríú Stát amháin nó níos mó, le heagraíocht idirnáisiúnta nó le náisiúnach de thríú Stát, ina gceangal ar na Ballstáit nua faoi na coinníollacha dá bhforáiltear sna Conarthaí bunaidh agus san Ionstraim seo.

2. Gabhann na Ballstáit nua orthu féin aontú, faoi na coinníollacha atá leagtha síos san Ionstraim seo, do na comhaontuithe nó na coinbhinsiúin a rinne na Ballstáit bhunaidh i gcomhar le ceann de na Comhphobail, agus do na comhaontuithe a rinne na Ballstáit bhunaidh agus a bhfuil baint acu leis na comhaontuithe nó na coinbhinsiúin sin. Cabhróidh an Comhphobal agus na Ballstáit bhunaidh leis na Ballstáit nua ina leith sin.

3. De bhua na hIonstraime seo agus faoi na coinníollacha atá leagtha síos inti, aontaíonn na

Ballstáit nua do na comhaontuithe inmheánacha a rinne na Ballstáit bhunaidh chun na comhaontuithe nó na coinbhinsiúin dá dtagraítear i mír 2 a chur i ngníomh.

4. Déanfaidh na Ballstáit nua, más gá, na bearta is cuí chun a seasamh i leith eagraíochtaí idirnáisiúnta agus comhaontuithe idirnáisiúnta, a bhfuil Ballstáit eile nó ceann de na Comhphobail ina bpáirtithe iontu mar an gcéanna, a oiriúnú do na cearta agus na hoibleagáidí a thig óna n-aontachas leis na Comhphobail.

Airteagal 5

I gcás na mBallstát nua, bainfidh Airteagal 234 de Chonradh CEE agus Airteagail 105 agus 106 de Chonradh CEFA leis na comhaontuithe nó na coinbhinsiúin a rinneadh roimh an aontachas.

Airteagal 6

Mura bhfuil foráil shainráite dá mhalairt déanta, ní fhéadfar forálacha na hIonstraime seo a fhionraí, a leasú ná a aisghairm ach amháin de réir an nós imeachta dá bhforáiltear leis na Conarthaí bunaidh á cheadú na Conarthaí sin a athbhreithniú.

Airteagal 7

Gníomhartha a ghlac na hinstitiúidí de chuid na gComhphobal lena mbaineann na forálacha idirthréimhseacha a fhoráiltear san Ionstraim seo, coinneoidh siad a stádas dlítheanach; go háirithe, leanfaidh na nósanna imeachta chun na gníomhartha sin a leasú d'fheidhm a bheith acu.

Airteagal 8

Na forálacha den Ionstraim seo arb é is cuspóir nó is éifeacht dóibh gníomhartha a ghlac institiúidí na gComhphobal a aisghairm nó a leasú, seachas ar feadh idirthréimhse, beidh an stádas dlítheanach céanna acu atá ag na forálacha a aisghairtear nó a leasaítear leo amhlaidh agus beidh siad faoi réir na rialacha céanna leis na forálacha sin.

Airteagal 9

1. D'fhonn oiriúnú na mBallstát nua do na rialacha atá i bhfeidhm sna Comhphobail a éascú, beidh feidhmiú na gConarthaí bunaidh agus na ngníomhartha a ghlac na hinstitiúidí ina n-ábhar do na maoluithe dá bhforáiltear san Ionstraim seo, mar bheart idirthréimhseach.

2. Faoi réir na ndátaí, na dteorainneacha ama agus na bhforálacha speisialta dá bhforáiltear san Ionstraim seo, beidh críoch le feidhm na mbeart idirthréimhseach um dheireadh 1977.

CUID A DÓ

OIRIÚNÚ NA gCONARTHAÍ

TEIDEAL I

FORÁLACHA AG RIALÚ NA nINSTITIÚIDÍ

CAIBIDIL 1

An Tionól

Airteagal 10

In ionad Airteagal 21(2) de Chonradh CEGC, Airteagal 138(2) de Chonradh CEE agus Airteagal 108(2) de Chonradh CEFA, cuirfear an fhoráil seo a leanas:

"Is mar a leanas a bheidh líon na dtoscairí sin:

An Bheilg	14
An Danmhairg	10
An Ghearmáin	36
An Fhrainc	36
Éire	10
An Iodáil	36
Lucsamburg	6
An Ísiltír	14
An Ioruaidh	10
An Ríocht Aontaithe	36."

CAIBIDIL 2

An Chomhairle

Airteagal 11

In ionad an dara mír d'Airteagal 2 den Chonradh ag bunú Comhairle Aonair agus Coimisiún Aonair de na Comhphobail Eorpacha, cuirfear an fhoráil seo a leanas:

"Sealbhóidh gach comhalta den Chomhairle, ar a uain, oifig an Uachtaráin ar feadh téarma sé mhí in ord seo a leanas na mBallstát: an Bheilg, an Danmhairg, an Ghearmáin, an Fhrainc, Éire, an Iodáil, Lucsamburg, an Ísiltír, an Ioruaidh, an Ríocht Aontaithe."

Airteagal 12

In ionad Airteagal 28 de Chonradh CEGC, cuirfear na forálacha seo a leanas:

"*Airteagal 28*

Nuair a rachaidh an tArd-Údarás i gcomhairle leis an gComhairle, breithneoidh sí an t-ábhar gan a bheith de riachtanas vótáil a dhéanamh. Cuirfear miontuairiscí a himeachtaí ar aghaidh go dtí an tArd-Údarás.

In aon chás ina n-éilíonn an Conradh seo aontú na Comhairle, measfar an t-aontú sin a bheith arna thabhairt má fhaigheann an togra a cuireadh faoina bráid ón Ard-Údarás formheas:

— ó thromlach glan d'ionadaithe na mBallstát, ar a n-áirítear vótaí na n-ionadaithe ó dhá Bhallstát a dtáirgeann gach ceann acu an t-ochtú cuid ar a laghad de luach iomlán a dtáirgtear sa Chomhphobal de ghual agus cruach; nó

— i gcás comhionannas vótaí agus má sheasann an tArd-Údarás ar a thogra tar éis é a phlé an dara huair, ó iondadaithe trí Bhallstát a dtáirgeann gach ceann acu an t-ochtú cuid ar a laghad de luach iomlán a dtáirgtear sa Chomhphobal de ghual agus cruach.

In aon chás ina n-éilíonn an Conradh seo cinneadh d'aontoil nó aontù d'aontoil, beidh an cinneadh nó an t-aontú sin arna thabhairt go cuí má vótálann comhaltaí uile na Comhairle ar a thaobh. Ach, chun Airteagail 21, 32, 32a, 78d agus 78f den Chonradh seo, agus Airteagal 16, an tríú mír d'Airteagal 20, an cúigiú mír d'Airteagal 28 agus Airteagal 44 den Phrótacal ar Reacht na Cúirte Breithiúnais a chur chun feidhme, ní bac ar an gComhairle do ghlacadh le gníomhartha ar gá aontoilíocht dóibh comhaltaí a bheidh i láthair go pearsanta nó trí ionadaíocht a staonadh ó vótáil.

Is trí vóta tromlaigh dá comhaltaí a ghlacfaidh an Chomhairle cinntí, seachas na cinn ar gá tromlach cáilithe nó aontoilíocht dóibh; measfar an tromlach sin a bheith faighte más ionann é agus tromlach glan d'ionadaithe na mBallstát, ar a n-áirítear vótaí na n-ionadaithe ó dhá Bhallstát a dtáirgeann gach ceann acu an t-ochtú cuid ar a laghad de luach iomlán a dtáirgtear sa Chomhphobal de ghual agus cruach. Ach, chun na forálacha sin d'Airteagail 78, 78b agus 78d den Chonradh seo ar gá tromlach cáilithe dóibh a chur chun feidhme, gabhfaidh meáchan mar a leanas le vótaí na gcomhaltaí den Chomhairle: an Bheilg 5, an Danmhairg 3, an Ghearmáin 10, an Fhrainc 10, Éire 3, an Iodáil 10, Lucsamburg 2, an Ísiltír 5, an Ioruaidh 3, an Ríocht Aontaithe 10. Chun go nglacfar leo, is gá do ghníomhartha 43 vóta ar a laghad ina bhfabhar, arna gcaitheamh ag sé chomhalta ar a laghad.

Má dhéantar vótáil, féadfaidh aon chomhalta den Chomhairle gníomhú freisin thar ceann comhalta amháin eile ar a mhéid.

Déileálfaidh an Chomhairle leis na Ballstáit trína hUachtarán.

Foilseofar gníomhartha na Comhairle ar cibé dóigh a chinnfidh sí."

Airteagal 13

In ionad Airteagal 95, mír 4, de Chonradh CEGC, cuirfear na forálacha seo a leanas:

"Déanfaidh an tArd-Údarás agus an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach naoi ndeichiú dá comhaltaí, na leasuithe sin a thairiscint i gcomhar le chéile agus cuirfear faoi bhráid na Cúirte iad lena tuairim a fháil. Á mbreithniú di, beidh cumhacht iomlán ag an gCúirt gach pointe fíorais agus dlí a mheas. Más rud é, de thoradh an bhreithnithe sin, go bhfaighidh an Chúirt go bhfuil na tograí ag luí le forálacha na míre roimhe seo, cuirfear ar aghaidh chuig an Tionól iad agus tiocfaidh siad i bhfeidhm má fhaigheann siad formheas ó thromlach trí cheathrú de na vótaí a caitheadh agus dhá thrian de chomhaltaí an Tionóil."

Airteagal 14

In ionad Airteagal 148(2) de Chonradh CEE agus Airteagal 118(2) de Chonradh CEFA, cuirfear na forálacha seo a leanas:

"Nuair a cheanglaítear ar an gComhairle gníomhú trí thromlach cáilithe, gabhfaidh meáchan mar a leanas le vótaí a comhaltaí:

An Bheilg	5
An Danmhairg	3
An Ghearmáin	10
An Fhrainc	10
Éire	3
An Iodáil	10
Lucsamburg	2
An Ísiltír	5
An Ioruaidh	3
An Ríocht Aontaithe	10

Chun go nglacfar leo, is gá do ghníomhartha na Comhairle cuid nach lú ná:

— trí vóta is daichead ina bhfabhar sa chás ina gceanglaíonn an Conradh seo iad a ghlacadh ar thogra ón gCoimisiún,

— trí vóta is daichead ina bhfabhar, arna gcaitheamh ag sé chomhalta ar a laghad, i gcásanna eile."

CAIBIDIL 3

An Coimisiún

Airteagal 15

In ionad na chéad fhomhíre d'Airteagal 10(1) den Chonradh ag bunú Comhairle Aonair agus Coimisiún Aonair de na Comhphobail Eorpacha, cuirfear an fhoráil seo a leanas:

"Beidh ar an gCoimisiún ceithre chomhalta dhéag, a roghnófar de bharr a n-inniúlachta i gcoitinne agus nach bhfuil a neamhspleáchas inchurtha in amhras."

Airteagal 16

In ionad na chéad mhíre d'Airteagal 14 den Chonradh ag bunú Comhairle Aonair agus Coimisiún Aonair de na Comhphobail Eorpacha, cuirfear an fhoráil seo a leanas:

"Déanfar Uachtarán agus cúig Leas-Uachtarán an Choimisiúin a cheapadh as líon a chomhaltaí go ceann téarma dhá bhliain de réir nós imeachta mar atá leagtha síos do cheapadh comhaltaí an Choimisiúin. Féadfar a gceapacháin a athnuachan."

CAIBIDIL 4

An Chúirt Bhreithiúnais

Airteagal 17

In ionad na chéad mhíre d'Airteagal 32 de Chonradh CEGC, na chéad mhíre d'Airteagal 165 de Chonradh CEE agus na chéad mhíre d'Airteagal 137 de Chonradh CEFA, cuirfear an fhoráil seo a leanas:

"Aon Bhreitheamh déag a bheidh ar an gCúirt Bhreithiúnais."

Airteagal 18

In ionad na chéad mhíre d'Airteagal 32a de Chonradh CEGC, na chéad mhíre d'Airteagal 166 de Chonradh CEE agus na chéad mhíre d'Airteagal 138 de Chonradh CEFA, cuirfear an fhoráil seo a leanas:

"Beidh trí Abhcóide Ginearálta de chúnamh ag an gCúirt Bhreithiúnais."

Airteagal 19

In ionad an dara agus an tríú mír d'Airteagal 32b de Chonradh CEGC, an dara agus an tríú mír d'Airteagal 167 de Chonradh CEE agus an dara agus an tríú mír d'Airteagal 139 de Chonradh CEFA, cuirfear an fhoráil seo a leanas:

"Athrófar cuid de na Breithiúna i gceann gach trí bliana. Athrófar seisear agus cúigear díobh gach re seach.

Athrófar cuid de na hAbhcóidí Ginearálta i gceann gach trí bliana. Athrófar duine amháin agus beirt díobh gach re seach."

Airteagal 20

In ionad an dara mír d'Airteagal 18 den Phrótacal ar Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Chomhphobail Eorpaigh do Ghual agus Cruach, Airteagal 15 den Phrótacal ar Reacht Chúirt Bhreithiúnais Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Airteagal 15 den Phrótacal ar Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, cuirfear na forálacha seo a leanas:

"Ní bheidh breitheanna na Cúirte bailí ach amháin nuair is uimhir chorr dá comhaltaí a bheidh ina suí le linn an phlé. Beidh breitheanna na Cúirte iomláine bailí má bhíonn seacht gcomhalta ina suí. Ní bheidh breitheanna na nDlísheomraí bailí ach amháin i gcás trí Bhreitheamh a bheith ina suí; i gcás nach féidir do dhuine de Bhreithiúna Dlísheomra suí, féadfar glaoch ar Bhreitheamh Dlísheomra eile chun suí de réir coinníollacha a bheidh leagtha síos sna rialacha nós imeachta."

CAIBIDIL 5

An Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialach

Airteagal 21

In ionad na chéad mhíre d'Airteagal 194 de Chonradh CEE agus na chéad mhíre d'Airteagal 166 de Chonradh CEFA, cuirfear an fhoráil seo a leanas:

"Is mar a leanas a bheidh líon comhaltaí an Choiste:

An Bheilg	12
An Danmhairg	9
An Ghearmáin	24
An Fhrainc	24
Éire	9
An Iodáil	24
Lucsamburg	6
An Ísiltír	12
An Ioruaidh	9
An Ríocht Aontaithe	24".

CAIBIDIL 6

Coiste Comhairleach CEGC

Airteagal 22

In ionad na chéad mhíre d'Airteagal 18 de Chonradh CEGC, cuirfear an fhoráil seo a leanas:

"Gabhfaidh Coiste Comhairleach leis an Ard-Údarás. Seasca comhalta ar a laghad agus ceithre chomhalta is ochtó ar a mhéid a bheidh ar an gCoiste, agus ar a líon sin áireofar uimhir chomhionann de tháirgeoirí, d'oibrithe agus de thomhaltóirí agus déileálaithe."

CAIBIDIL 7

An Coiste Eolaíoch agus Teicniúil

Airteagal 23

In ionad na chéad fhomhíre d'Airteagal 134(2) de Chonradh CEFA, cuirfear an fhoráil seo a leanas:

"Ocht gcomhalta is fiche a bheidh ar an gCoiste agus is í an Chomhairle a cheapfaidh iad tar éis dul i gcomhairle leis an gCoimisiún."

TEIDEAL II

OIRIÚNUITHE EILE

Airteagal 24

1. Comhlánófar Airteagal 131 de Chonradh CEE tríd an Ioruaidh agus an Ríocht Aontaithe a chur leis na Ballstáit dá dtagraítear sa chéad abairt den Airteagal sin.

2. Comhlánófar an liosta atá in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Conradh CEE trí na tíortha agus na críocha seo a leanas a chur leis:

Comhthiarnas Franc-Bhriotanach Nua-Inse Ghall Sealúchais na hIoruaidhe san Antartach (Oileán Bhouvet, Oileán Pheadar I agus Talamh na Banríona Máid).

Na Bahámaí

Na Beirmiúdaí

Brunei

Críoch na Breataine san Aigéan Indiach

Críoch na Breataine san Antartach

Hondúras na Breataine

Montserrat

Ógh-Oileáin na Breataine

Oileáin Chayman

Oileáin Fháclainne agus a Spleáchríocha

Oileáin Ghilbeirt agus Eillise

Oileáin na Líne, Láir agus Theas

Oileáin Sholamh na Breataine

Oileáin na dTurcach agus na gCaiceos

Pitcairn

San Héilin agus a Spleáchríocha

Na Seychelles

Na Stáit Chomhlachaithe sa Mhuir Chairib: Antigua, Dominica, Greanada, San Lucia, San Uinseann, San Críostóir/Nevis/Anguilla.

Airteagal 25

Comhlánófar Airteagal 79 de Chonradh CEGC trí mhír nua mar a leanas a chur leis i ndiaidh na chéad mhíre:

"De mhaolú ar an mhír roimhe seo:

(a) Ní bhainfidh an Conradh seo le hOileáin Fháró. Féadfaidh Rialtas Ríocht na Dan-

mhairge, áfach, a fhógairt, trí dhearbhú a thaisceadh tráth nach déanaí ná an 31 Nollaig 1975 le Rialtas Phoblacht na Fraince go bhfuil an Conradh seo infheidhme i leith na n-oileán sin, agus cuirfidh an Rialtas sin cóip dheimhnithe den dearbhú sin chuig rialtas gach Ballstáit eile. Sa chás sin, bainfidh an Conradh seo leis na hoileáin sin amhail ón gcéad là den dara mí tar éis an dearbhú sin a thaisceadh.

(b) Ní bhainfidh an Conradh seo le limistéir cheannasachta Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann sa Chipir.

(c) Ní bhainfidh forálacha an Chonartha seo le hOileáin Mhuir nIocht ná le hOileán Mhanann, ach a mhéid is gá chun a áirithiú go bhfeidhmeofar an córas dá bhforáiltear do na hoileáin sin leis an gCinneadh i dtaobh aontachas Ríocht na Danmhairge, na hÉireann, Ríocht na hIoruaidhe agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann leis an gComhphobal Eorpach do Ghual agus Cruach."

Airteagal 26

1. Gabhfaidh na forálacha seo a leanas ionad Airteagal 227(1) de Chonradh CEE:

"1. Bainfidh an Conradh seo le Ríocht na Beilge, le Ríocht na Danmhairge, le Poblacht Chónaidhme na Gearmáine, le Poblacht na Fraince, le hÉirinn, le Poblacht na hIodáile, le hArd-Diúiceacht Lucsamburg, le Ríocht na hÍsiltíre, le Ríocht na hIoruaidhe agus le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann."

2. Comhlánófar Airteagal 227(3) de Chonradh CEE tríd an mír seo a leanas a chur leis:

"Ní bhainfidh an Conradh seo leis na tíortha agus na críocha thar lear a bhfuil caidreamh speisialta acu le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann agus nach bhfuil luaite sa liosta réamhráite."

3. Comhlánófar Airteagal 227 trí mhír 5 mar a leanas a chur leis:

"5. De mhaolú ar na míreanna roimhe seo:

(a) Ní bhainfidh an Conradh seo le hOileáin Fháró. Féadfaidh Rialtas Ríocht na Danmhairge, áfach, a fhógairt, trí dhearbhú a thaisceadh tráth nach déanaí ná an 31 Nollaig 1975 le Rialtas Phoblacht na hIodáile, go bhfuil an Conradh seo infheidhme i leith na n-oileán sin, agus cuirfidh an Rialtas sin cóip den dearbhú sin chuig Rialtas gach Ballstáit eile. Sa chás sin, bainfidh an Conradh seo leis na hoileáin sin amhail ón gcéad là den dara mí tar éis an dearbhú sin a thaisceadh.

(b) Ní bhainfidh an Conradh seo le limistéir cheannasachta Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann sa Chipir.

(c) Ní bhainfidh forálacha an Chonartha seo le hOileáin Mhuir nIocht ná le hOileán Mhanann ach a mhéid is gá chun a áirithiú go bhfeidhmeofar an córas dá bhforáiltear do na hoileáin sin sa Chonradh i dtaobh aontachas Ríocht na Danmhairge, na hÉireann, Ríocht na hIoruaidhe, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann le Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus leis an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach."

Airteagal 27

Comhlánófar Airteagal 198 de Chonradh CEFA tríd an mír seo a leanas a chur leis:

"De mhaolú ar na míreanna roimhe seo:

(a) Ní bhainfidh an Conradh seo le hOileáin Fháró. Féadfaidh Rialtas Ríocht na Danmhairge, áfach, a fhógairt, trí dhearbhú a thaisceadh tráth nach déanaí ná an 31 Nollaig 1975 le Rialtas Phoblacht na hIodáile, go bhfuil an Conradh seo infheidhme i leith na n-oileán sin, agus cuirfidh an Rialtas sin cóip dheimhnithe den dearbhú sin chuig Rialtas gach Ballstáit eile. Sa chás sin, bainfidh an Conradh seo leis na hoileáin sin amhail ón gcéad là den dara mí tar éis an dearbhú sin a thaisceadh.

(b) Ní bhainfidh an Conradh seo le limistéir cheannasachta Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann sa Chipir.

(c) Ní bhainfidh an Conradh seo leis na tíortha agus na críocha thar lear a bhfuil caidreamh speisialta acu le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann agus nach bhfuil luaite sa liosta in Iarscrí-

bhinn IV den Chonradh ag bunú Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa.

(d) Ní bhainfidh forálacha an Chonartha seo le hOileáin Mhuir nIocht ná le hOileán Mhanann ach a mhéid is gá chun a áirithiú go bhfeidhmeofar an córas dá bhforáiltear do na hoileáin sin sa Chonradh i dtaobh aontachas Ríocht na Danmhairge, na hÉireann, Ríocht na hIoruaidhe agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann le Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus leis an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach."

Airteagal 28

Na gníomharta de chuid Institiúidí an Chomhphobail a bhaineann leis na táirgí in Iarscríbhinn II de Chonradh CEE agus leis na táirgí a bhíonn, ar iad a allmhairiú isteach sa Chomhphobal, faoi réir rialúchán sonrach de dhroim an comhbheartas talmhaíochta a chur i ngníomh, maille leis na gníomhartha a bhaineann le comhchuibhiú reachtaíocht na mBallstát i leith cánach láimhdeachais, ní bheidh siad infheidhme ar Ghiobráltar mura ndéanfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aontoil ar thogra ón gCoimisiún, socrú dá mhalairt.

CUID A TRÍ

OIRIÚNÚ AR GHNÍOMHARTHA LENAR GHLAC NA hINSTITIÚIDÍ

Airteagal 29

Déantar na gníomhartha atá luaite in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Ionstraim seo a oiriúnú mar a shonraítear san Iarscríbhinn sin.

Airteagal 30

Déanfar na hoiriúnuithe ar na gníomhartha atá luaite sa liosta in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Ionstraim seo, agus is gá de dhroim an Aontachais, a bhunú i gcomhréir leis na treoirlínte a shonraítear leis an Iarscríbhinn sin agus de réir an nós imeachta agus faoi na coinníollacha dá bhforáiltear le hAirteagal 153.

CUID A CEATHAIR

BEARTA IDIRTHRÉIMHSEACHA

TEIDEAL I

SAORGHLUAISEACHT EARRAÍ

CAIBIDIL 1

Forálacha i dtaobh Taraifí

Airteagal 31

1. I gcás gach táirge, is í an bhundleacht a ndlífear na laghduithe leanúnacha dá bhforáiltear in Arteagail 32 agus 59 a chur chun feidhme uirthi ná an dleacht a chuirfear chun feidhme iarbhír an 1 Eanáir 1972.

I gcás gach táirge, is í an bhundleacht a ghlacfar mar bhonn don chomhfhogasú i dtreo na Comhtharaife Custam agus tharaif aontaithe CEGC dá bhforáiltear in Airteagail 39 agus 59, ná an dleacht a chuirfidh na Ballstáit nua chun feidhme iarbhír an 1 Eanáir 1972.

Chun críocha na hIonstraime seo, ciallaíonn "taraif aontaithe CEGC" iomlán a n-áirítear faoin ainmníocht chustam maille leis na dleachtanna custam atá ann i gcás na dtáirgí in Iarscríbhinn I a ghabhann le Conradh CEGC, cé is moite den ghual.

2. Más rud é tar éis an 1 Eanáir 1972 go dtiocfaidh laghduithe ar dhleachtanna de thoradh an Chomhaontaithe a bhaineann go príomha le táirgí ceimiceacha, is forlíonadh ar Phrótacal na Ginéive (1967) atá i gceangal leis an gComhaontú Ginearálta ar Tharaifí agus Trádáil, chun bheith infheidhme, cuirfear na dleachtanna arna laghdú amhlaidh in ionad na mbundleachtanna dá dtagraítear i mír 1.

Airteagal 32

1. Déanfar na dleachtanna custam ar allmhairí idir an Comhphobal ina chomhdhéanamh bunaidh agus na Ballstáit nua, agus idir na Ballstáit nua iad féin, a dhíothú go comhleanúnach de réir an tráthchláir seo a leanas:

— an 1 Aibreán 1973, déanfar gach dleacht a thabhairt anuas go dtí 80% den bhundleacht:

— déanfar na ceithre laghdú eile, 20% an ceann:

an 1 Eanáir 1974

an 1 Eanáir 1975

an 1 Eanáir 1976

an 1 Iúil 1977.

2. De mhaolú ar mhír 1:

(a) déanfar na dleachtanna custam ar allmhairí guail de réir brí Iarscríbhinn I a ghabhann le Conradh CEGC a dhíothú idir na Ballstáit amhail ó dháta an aontachais;

(b) déanfar na dleachtanna custam ar allmhairí i gcás na dtáirgí a áirítear in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Ionstraim seo a dhíothú an 1 Eanáir 1974;

(c) déanfar díolúine ó dhleachtanna custam a chur chun feidhme amhail ó dháta an aontachais ar allmhairí a thairbhíonn de na forálacha a bhaineann le díolúine fhioscach i gcás gluaiseacht lucht taistil idir na Ballstáit.

3. I gcás na dtáirgí a áirítear in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Ionstraim seo agus is ábhar do lamhálacha fabhair coinbhinsiúnta idir an Ríocht Aontaithe agus tíortha áirithe eile a thairbhíonn de bharr fabhair an Chomhlathais, féadfaidh an Ríocht Aontaithe an chéad cheann de na laghduithe taraife dá dtagraítear i mír 1 a chur siar go dtí an 1 Iúil 1973.

4. Ní fhágfaidh forálacha mhír 1 nach bhféadfar taraif-chuótaí a oscailt do tháirgí áirithe d'iarann agus de chruach nach monaraítear, nó nach leor cainníocht nó cáilíocht a monaraítear díobh, sa Chomhphobal ina chomhdhéanamh bunaidh.

Airteagal 33

In aon chás, ní chuirfear chun feidhme laistigh den Chomhphobal dleachtanna custam is airde ná mar a chuirtear chun feidhme ar thríú tíortha a thairbhíonn de chlásal an náisiúin barr fabhair.

I gcás dleachtanna na Comhtharaife Custam a leasú nó a fhionraí, nó má chuireann na Ballstáit nua Airteagal 41 chun feidhme, féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe ar thogra ón gCoimisiún, na bearta is gá a ghlacadh chun fabhar an Chomhphobail a chaomhnú.

Airteagal 34

Féadfaidh gach Ballstát nua an bailiú dleachtanna is infheidhme ar tháirgí a allmhairítear ó Bhallstáit eile a fhionraí go hiomlán nó go páirteach. Cuirfidh siad é i bhfios do na Ballstáit eile agus don Choimisiún.

Airteagal 35

Díothófar, an 1 Eanáir 1973, gach muirear ar chomhéifeacht le dleacht chustam ar allmhairí a thabharfar isteach amhail ón 1 Eanáir 1972 sa trádáil idir an Comhphobal ina chomhdhéanamh bunaidh agus na Ballstáit nua, agus idir na Ballstáit nua iad féin.

Gach muirear ar chomhéifeacht le dleacht chustam ar allmhairí arbh airde a ráta, an 31 Nollaig 1972, ná mar a chuirfear chun feidhme iarbhír an 1 Eanáir 1972, déanfar, ar an 1 Eanáir 1973, é a thabhairt anuas go dtí an ráta deiridh sin.

Airteagal 36

1. Déanfar na muirir ar chomhéifeacht le dleachtanna custam ar allmhairí idir an Comhphobal ina chomhdhéanamh bunaidh agus na Ballstáit nua, agus idir na Ballstáit nua iad féin, a dhíothú go comhleanúnach de réir an tráthchláir seo a leanas:

— lá nach déanaí ná an 1 Eanáir 1974, tabharfar gach muirear anuas go 60% den ráta a chuirfear chun feidhme an 1 Eanáir 1972;

— déanfar na trí laghdú eile, 20% an ceann:

an 1 Eanáir 1975

an 1 Eanáir 1976

an 1 Iúil 1977.

2. De mhaolú ar mhír 1:

(a) déanfar na muirir ar chomhéifeacht le dleachtanna custam ar allmhairí guail de réir brí Iarscríbhinn I a ghabhann le Conradh CEGC a dhíothú idir na Ballstáit amhail ó dháta an aontachais;

(b) déanfar na muirir ar chomhéifeacht le dleachtanna custam ar allmhairí, is infheidhme ar na táirgí a áirítear in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Ionstraim seo, a dhíothú an 1 Eanáir 1974.

Airteagal 37

Déanfar na dleachtanna custam ar onnmhairí agus na muirir chomhéifeachta idir an Comhphobal ina chomhdhéanamh bunaidh agus na Ballstáit nua, agus idir na Ballstáit nua iad féin, a dhíothú tráth nach déanaí ná an 1 Eanáir 1974.

Airteagal 38

1. Gan dochar d'fhorálacha na míreanna ina dhiaidh seo, beidh feidhm ar dhleachtanna custam de chineál fioscach ag na forálacha a bhaineann le dleachtanna custam a dhíothú go comhleanúnach.

2. Coinneoidh na Ballstáit nua de cheart acu féin muirear inmheánach de réir forálacha Airteagal 95 de Chonradh CEE a chur in ionad dleachta custam de chineál fioscach, nó na heiliminte fioscaí de dhleacht den sórt sin. Má bhaineann Ballstát nua leas as an gceart sin, beidh an eilimint nach gcumhdaítear leis an muirear inmheánach in ionannas leis an mbundleacht dá bhforáiltear in Airteagal 31. Déanfar an eilimint sin a dhíothú sa trádáil laistigh den Chomhphobal agus í a chomhfhogasú i dtreo na Comhtharaife Custam faoi na coinníollacha dá bhforáiltear in Airteagal 32, 39 agus 59.

3. Má fhaigheann an Coimisiún go mbaineann mórdheacrachtaí i mBallstát nua lena malairt de mhuirear a chur in ionad dleachta custam de chineál fioscach nó in ionad na heilimite fioscaí de dhleacht den sórt sin, údaróidh sé don Stát sin, arna éileamh roimh an 1 Feabhra 1973, an dleacht sin nó an eilimint sin a chaomhnú, ar an gcoinníoll go ndíothóidh sé í tráth nach déanaí ná an 1 Eanáir 1976. Ní foláir don Choimisiún a chinneadh a thabhairt roimh an 1 Márta 1973.

Beidh eilimint na cosanta in ionannas leis an mbundleacht dá bhforáiltear in Airteagal 31 agus déanfaidh an Coimisiún, roimh an 1 Márta 1973, a méid a shocrú tar éis dul i gcomhairle leis an Stát áirithe sin. Déanfar an eilimint sin a dhíothú sa trádáil laistigh den Chomhphobal agus í a chomhfhogasú i dtreo na Comhtharaife Custam faoi na coinníollacha dá bhforáiltear in Airteagal 32, 39 agus 59.

4. Féadfaidh an Coimisiún a údarú don Ríocht Aontaithe na dleachtanna custam de chineál fioscach nó an eilimint fhioscach de na dleachtanna sin a choimeád ar thobac go ceann dhá bhliain bhreise más rud é, an 1 Eanáir 1976, nárbh fhéidir athrú na ndleachtanna sin go muirir inmheánacha ar thobac monaraithe, ar bhonn comhchuibhithe, faoi fhorálacha Airteagal 99 de Chonradh CEE, a thabhairt i gcrích, toisc gan forálacha chuige sin a bheith déanta ag an gComhphobal an 1 Eanáir 1975, nó toisc gur déanaí ná an 1 Eanáir 1976 an tráth a fhoráiltear chun forálacha sin an Chomhphobail a fheidhmiú.

5. An treoir a thug an Chomhairle an 4 Márta 1969 maidir le comhchuibhiú na bhforálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin a bhaineann le híoc iarchurtha dleachtanna custam, muirear comhéifeachta agus tobhach talmhaíochta, ní bheidh feidhm aici, sna Ballstáit nua, i gcás na ndleachtanna custam de chineál fioscach dá dtagraítear i míreanna 3 agus 4 ná i gcás na heiliminte fioscaí de na dleachtanna sin.

6. An treoir a thug an Chomhairle an 4 Márta 1969 maidir le comhchuibhiú na bhforálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin a bhaineann leis an gcóras próiseála inbhealaigh, ní bheidh feidhm léi sa Ríocht Aontaithe i gcás na ndleachtanna custam de chineál fioscach dá dtagraítear i míreanna 3 agus 4 ná i gcás na heiliminte fioscaí de na dleachtanna sin.

Airteagal 39

1. Chun an Chomhtharaif Chustam agus taraif aontaithe CEGC a thabhairt isteach go comhleanúnach, déanfaidh na Ballstáit nua na taraifí dá gcuid is infheidhme ar thríú tíortha a leasú mar a leanas:

(a) i gcás na gceannteideal taraife nach bhfuil na bundleachtanna dóibh thar 15% níos mó ná níos lú ná na dleachtanna faoin gComhtharaif Chustam nó faoi tharaif aontaithe CEGC, is iad na dleachtanna deiridh sin a chuirfear chun feidhme amhail ón 1 Eanáir 1974;

(b) i gcásanna eile, cuirfidh gach Ballstát nua chun feidhme, amhail ón dáta céanna, dleacht a bhéarfaidh 40% de laghdú ar an difríocht idir an bhundleacht agus an dleacht faoin gComhtharaif Chustam nó faoi tharaif aontaithe CEGC.

Laghdófar an difríocht sin arís, 20% sa turas, an 1 Eanáir 1975 agus an 1 Eanáir 1976.

Déanfaidh na Ballstáit nua an Chomhtharaif Chustam agus taraif aontaithe CEGC a chur chun feidhme go hiomlán amhail ón 1 Iúil 1977.

2. Amhail ón 1 Eanáir 1974, má dhéantar dleachtanna áirithe faoin gComhtharaif Chustam a leasú nó a fhionraí déanfaidh na Ballstáit nua a dtaraifí a leasú nó a fhionraí sa chomhréir a thig de mhír 1 a chur chun feidhme.

3. I gcás na dtáirgí a áirítear in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Ionstraim seo, cuirfidh na Ballstáit nua an Chomhtharaif Chustam chun feidhme amhail ón 1 Eanáir 1974.

4. Cuirfidh na Ballstáit nua ainmníocht na Comhtharaife Custam chun feidhme amhail ó dháta an aontachais. Údaraítear don Danmhairg, don Ioruaidh agus don Ríocht Aontaithe, áfach, an feidhmiú a chur siar go dtí an 1 Eanáir 1974.

Féadfaidh na Ballstáit nua na foranna náisiúnta atá ann, agus nárbh fhéidir comhfhogasú comhleanúnach a ndleachtanna custam i dtreo dleachtanna na Comhtharaife Custam a chur i gcrích dá n-éagmais, a áireamh faoi na coinníollacha dá bhforáiltear san Ionstraim seo.

5. Chun gur fusa do na Ballstáit nua an Chomhtharaif Chustam a thabhairt isteach go comhleanúnach, cinnfidh an Coimisiún, más gá, an nós imeachta is inleanta ag na Ballstáit nua chun a ndleachtanna custam féin a athrú.

Airteagal 40

I gcás na dtáirgí seo a leanas a áirítear sa Chomhtharaif Chustam:

Uimh. sa CTC	Tuairisc na n-earraí (CEGC)
73.01	Muciarann, iarann teilgthe agus spiegeleisen, ina bharraí, ina bhloic, ina chnapáin agus i bhfoirmeacha dá samhail sin
73.02	Feirco-chóimhiotail:
	A. Feirco-mhangainéis:
	I. le breis is 2,% de réir meáchain de charbón inti (feirco-mhangainéis ardcharbóin)
73.07	Blúmáin, billéid, leaca agus barraí leatháin (lena n-áirítear barraí stánphláta), d'iarann nó de chruach; píosaí garbhchumtha trína ngaibhniú d'iarann nó de chruach.
	A. Blúmáin agus billéid:
	ex I. Billéid lannaithe

Déanfaidh Éire, de mhaolú ar Airteagal 39, dleachtanna a chur chun feidhme, amhail ón 1 Eanáir 1975, a bhéarfaidh trian de laghdú ar an difríocht idir na rátaí a bhí i bhfeidhm iarbhír an 1 Eanáir 1972 agus rátaí tharaif aontaithe CEGC. Déanfar an difríocht a thig den chéad chomhfhogasú sin a laghdú athuair 50% an 1 Eanáir 1976.

Cuirfidh Éire taraif aontaithe CEGC chun feidhme go hiomlán amhail ón 1 Iúil 1977.

Airteagal 41

Chun a dtaraifí a chur ar chomhrian leis an gComhtharaif Chustam agus le taraif aontaithe CEGC, beidh saorchead ag na Ballstáit nua a ndleachtanna custam a leasú de réir tráthchláir is luaithe ná mar a fhoráiltear in Airteagal 39, míreanna 1 agus 3. Tabharfaidh siad eolas ina thaobh do na Ballstáit eile agus don Choimisiún.

CAIBIDIL 2

Srianta Cainníochtúla a Dhíchur

Airteagal 42

Déanfar na srianta cainníochtúla ar allmhairí agus onnmhairí idir an Comhphobal ina chomhdhéanamh bunaidh agus na Ballstáit nua, agus idir na Ballstáit nua iad féin, a dhíothú amhail ó dháta an aontachais.

Déanfar na bearta ar chomhéifeacht leis na srianta sin a dhíothú an 1 Eanáir 1975 ar a dhéanaí.

Airteagal 43

De mhaolú ar Airteagal 42, féadfaidh na Ballstáit na srianta ar onnmhairí de dhramh-mhiotail agus bruscar miotail d'iarann agus de chruach, ceannteideal Uimh. 73.03 sa Chomhtharaif Chustam, a choimeád i bhfeidhm go ceann tréimhse dhá bhliain, sa mhéid nach mbeadh an córas sin níos sriantaí fós ná an ceann a chuirtear chun feidhme ar a n-onnmhairiú go tríú tíortha.

I gcás na Danmhairge agus na hIoruaidhe, is tréimhse trí bliana an tréimhse sin agus i gcás na hÉireann is tréimhse chúig bliana í.

Airteagal 44

1. Déanfaidh na Ballstáit nua coigeartú go comhleanúnach ar na Stát-mhonaplachtaí de chineál tráchtálach, de réir brí Airteagal 37(1) de Chonradh CEE, ionas go n-áiritheofar, roimh an 31 Nollaig 1977, nach mbeidh aon idirdhealú á dhéanamh idir náisiúnaigh na mBallstát sna coinníollacha chun carraí a fháil agus a chur ar an margadh.

Gabhfaidh na Ballstáit bhunaidh a gcomhionann sin d'oibleagáidí orthu féin i leith na mBallstát nua.

2. Amhail ón mbliain 1973, tabharfaidh an Coimisiún moltaí i dtaobh na modhanna agus an tráthchláir ar dá réir a dhéanfar an t-oiriúnú dá bhforáiltear san Airteagal seo, agus is intuigthe nach foláir na modhanna agus an tráthchlár sin a bheith mar an gcéanna do na Ballstáit nua agus do na Ballstáit bhunaidh.

CAIBIDIL 3

Forálacha Eile

Airteagal 45

1. Socróidh an Coimisiún, roimh an 1 Aibreán 1973, ag féachaint go cuí do na forálacha atá i bhfeidhm, go háirithe na forálacha maidir le hidirthurais sa Chomhphobal, na modhanna chun comhoibriú ó thaobh riaracháin lena áirithiú go dtairbheoidh carraí a chomhlíonann na coinníollacha is gá chuige sin de dhíothú dleachtanna custam agus muirir chomhéifeachta maille le srianta cainníochtúla agus bearta comhéifeachta.

Socróidh an Coimisiún, roimh dheireadh na tréimhse sin, na forálacha is infheidhme ar an trádáil laistigh den Chomhphobal in earraí a fuarthas sa Chomhphobal, agus ar corpraíodh ina ndéanamh:

— táirgí nár cuireadh faoi na dleachtanna custam agus na muirir chomhéifeachta a bhain leo sa Chomhphobal ina chomhdhéanamh bunaidh nó i mBallstát nua, nó a thairbhigh d'aisíoc na ndleachtanna nó na muirear sin go hiomlán nó go páirteach;

— táirgí talmhaíochta nach gcomhlíonann na coinníollacha is gá chun saorghluaiseacht a bheith acu sa Chomhphobal ina chomhdhéanamh bunaidh nó i mBallstát nua.

Ag glacadh na bhforálacha sin dó, cuirfidh an Coimisiún san áireamh na rialacha atá leagtha síos san Ionstraim seo chun dleachtanna custam a dhíchur idir an Comhphobal ina chomhdhéanamh bunaidh agus na Ballstáit nua, agus idir na Ballstáit nua iad féin, agus chun an Chomhtharaif Chustam agus forálacha comhbheartais talmhaíochta a chur i bhfeidhm go comhleanúnach acu sin.

Airteagal 46

1. Ach amháin mar a fhoráiltear a mhalairt san Ionstraim seo, bainfidh na forálacha atá i bhfeidhm sa reachtaíocht chustam i gcás na trádála le tríú tíortha faoi na coinníollacha céanna leis an trádáil laistigh den Chomhphobal, fad a bheidh dleachtanna custam á dtobhach sa trádáil sin.

Chun custam-luach sa trádáil sin a bhunú, is í an chríoch chustam a bheidh faoi bhreithniú ná an chríoch a bheidh sainithe leis na forálacha a bheidh i bhfeidhm sa Chomhphobal agus sna Ballstáit nua an 31 Nollaig 1972.

2. Cuirfidh na Ballstáit nua ainmníocht na Comhtharaife Custam chun feidhme amhail ó dháta an aontachais maidir leis an trádáil laistigh den Chomhphobal. Údaraítear don Danmhairg, don Ioruaidh agus don Ríocht Aontaithe, áfach, an feidhmiú a chur siar go dtí an 1 Eanáir 1974.

Féadfaidh na Ballstáit nua na foranna náisiúnta atá ann, agus nárbh fhéidir cealú comhleanúnach a ndleachtanna custam sa Chomhphobal a chur i gcrích dá n-éagmais, a áireamh faoi na coinníollacha dá bhforáiltear san Ionstraim seo.

Airteagal 47

1. Sa mhéid go ndéanfar na suimeanna cúiteacha dá dtagraítear in Airtegal 55(1)(a) a thobhach sa trádáil idir an Comhphobal ina chomhdhéanamh bunaidh agus na Ballstáit nua, agus idir na Ballstáit nua iad féin, ar tháirgí príomhúla a mheastar a bheidh le húsáid i monarú earraí lena mbaineann Rialachán Uimh. 170/67/CEE i dtaobh an chórais trádála do ubhalbaimin agus lachtalbaimin agus Rialachán (CEE) Uimh. 1059/69 ag cinneadh an chórais trádála is infheidhme ar earraí áirithe a thig ó phróiseáil táirgí talmhaíochta déanfar, ar na hearraí sin a allmhairiú, suim chúiteach a fhorchur a ríomhfar ar bhonn na suimeanna réamhráite agus de réir na rialacha atá leagtha síos sna rialacháin sin chun an muirear nó an eilimint athraitheach a ríomh is infheidhme ar na hearraí áirithe sin.

Ar na hearraí céanna sin a allmhairiú isteach sna Ballstáit nua ó thríú tíortha, déanfar an muirear dá bhforáiltear le Rialachán Uimh. 170/67/CEE agus an eilimint athraitheach dá bhforáiltear le Rialachán (CEE) Uimh. 1059/69, más iomchuí, a laghdú nó a mhéadú de mhéid na suime cúití faoi na coinníollacha céanna leo siúd dá bhforáiltear in Airteagal 55(1)(b).

2. Beidh feidhm ag forálacha Airteagal 61(2) chun an dleacht chustam a chinneadh arb í an eilimint sheasta í den mhuirear is infheidhme, sna Ballstáit nua, ar na hearraí lena mbaineann Rialachán (CEE) Uimh. 1059/69.

Déanfar gach eilimint sheasta a chuirtear chun feidhme sa trádáil idir an Comhphobal ina chomhdhéanamh bunaidh agus na Ballstáit nua, agus idir na Ballstáit nua iad féin, a dhíchur de réir Airteagal 32(1).

Déanfar gach eilimint sheasta a chuireann na Ballstáit nua chun feidhme ar allmhairí ó thríú tíortha a chomhfhogasú i dtreo na Comhtharaife Custam de réir Airteagal 39.

3. I gcás na n-earraí a bhaineann le Rialachán Uimh. 170/67/CEE agus (CEE) Uimh. 1059/69, déanfaidh na Ballstáit nua ainmníocht na Comhtharaife Custam a chur chun feidhme go hiomlán tráth nach déanaí ná an 1 Feabhra 1973.

4. Déanfaidh na Ballstáit nua na dleachtanna custam agus muirir chomhéifeachta, seachas iad siúd dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2, a dhíothú an 1 Feabhra 1973.

Ar an dáta céanna, déanfaidh na Ballstáit nua na bearta ar chomhéifeacht le srianta cainníochtúla a dhíothú sa trádáil idir iad féin agus an Comhphobal ina chomhdhéanamh bunaidh.

5. Déanfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe ar thogra ón gCoimisiún, forál-

acha feidhmithe an Airteagail seo a leagan síos, á chur i gcuntas, go háirithe, cora ar leith ab fhéidir a theacht, i gcás aon earra áirithe, as forálacha na chéad fhomhíre de mhír 1 agus Airteagal 97 a chur chun feidhme.

Airteagal 48

1. Ní bhacfaidh forálacha an Teidil seo ar Éirinn socruithe a chur i bhfeidhm i gcás táirgí de thionscnamh na Ríochta Aontaithe, faoina bhféadfar na dleachtanna custam agus eilimintí na cosanta i ndleachtanna custam de chineál fioscach a dhíchur níos luaithe de réir forálacha an Chomhaontaithe idir Éire agus an Ríocht Aontaithe ag bunú limistéar saorthrádála, a síníodh an 14 Nollaig 1965, agus comhaontuithe gaolmhara.

2. Amhail ón 1 Eanáir 1974, beidh feidhm ag na forálacha a rinneadh de bhua Airteagal 45(2) i gcomhthéacs na socruithe custam atá i bhfeidhm idir Éire agus an Ríocht Aontaithe.

Airteagal 49

1. Ní chuirfidh Prótacail Uimh. 8 go 15 atá i gceangal leis an Ionstraim seo bac ar leasú nó fionraí na ndleachtanna ar a gcinnfear de bhua Airteagal 28 de Chonradh CEE.

2. Cúlghairtear leis seo na Prótacail atá i gceangal leis an gComhaontú i dtaobh cuid den Chomhtharaif Chustam a bhunú a bhaineann le táirgí i liosta G atá i gceangal le Conradh CEE, cé is moite de Phrótacal Uimh. XVII.

TEIDEAL II

TALMHAÍOCHT

CAIBIDIL I

Forálacha Ginearálta

Airteagal 50

Ach amháin mar a fhoráiltear a mhalairt sa Teideal seo bainfidh na rialacha dá bhforáiltear san Ionstraim seo le táirgí talmhaíochta.

Airteagal 51

1. Beidh feidhm ag forálacha an Airteagail seo maidir leis na praghsanna ar ina leith a thagraíonn forálacha Chaibidlí 2 agus 3 don Airteagal seo.

2. Go dtí go ndéanfar an chéad chomhfhogasú praghsanna dá dtagraítear in Airteagal 52 déanfar na praghsanna a chuirfear chun feidhme i ngach Ballstát nua a shocrú de réir na rialacha atá leaghtha síos sa chomheagraíocht ar mhargaí san earnáil áirithe ar leibhéal at hugann caoi do na táirgeoirí san earnáil sin ioncam a ghnóthú cothrom lena raibh á ghnóthú faoin gcóras náisiúnta roimhe sin.

3. Ach i gcás na hIoruaidhe agus na Ríochta Aontaithe, socrófar na praghsanna sin ar leibhéal a bhéarfaidh, nuair a chuirfear rialacháin an Chomhphobail chun feidhme, go mbeidh leibhéal margadhphraghsanna ann is inchomparáide lenar tuairiscíodh sa Bhallstát lena mbaineann in imeacht tréimhse samplaithí roimh an gcóras sin a chur chun feidhme.

Airteagal 52

1. Sa mhéid go dtabharfaidh feidhmiú forálacha an Teidil seo go mbeidh leibhéal praghsanna ann a bheidh neamhionann le leibhéal na gcomhphraghsanna, déanfar na praghsanna ar ina leith a thagraíonn forálacha Chaibidlí 2 agus 3 don Airteagal seo, a chomhfhogasú le leibhéal na gcomhphraghsanna i sé chéim.

2. Faoi réir forálacha mhír 4, déanfar an comhfhogasú gach bliain i dtús na bliana margaíochta de réir na bhforálacha seo a leanas:

(a) i gcás, maidir le táirge ar bith, gur lú an praghas i mBallstát nua ná an comhphraghas, déanfar an praghas sa Bhallstát sin a mhéadú go comhleanúnach, tráth gach comhfhogasaithe, an séú ciud, an cúigiú cuid, an ceathrú cuid, trian agus leath den difríocht idir leibhéal an phraghais sa Bhallstát nua agus leibhéal an chomhphraghais is infheidhme roimh gach comhfhogasú; déanfar an praghas a gheofar de thoradh an ríofa sin a mhéadú i gcomhréir leis an méadú atá beartaithe don chomhphraghas don bhliain mhargaíochta le teacht.

(b) i gcás, maidir le táirge, gur mó an praghas i mBallstát nua ná an comhphraghas, déanfar an difríocht idir leibhéal an phraghais is infheidhme roimh gach comhfhogasú sa Bhallstát nua agus leibhéal an chomhphraghais is infheidhme don bhliain mhargaíochta le teacht a laghdú go comhleanúnach an séú cuid, an cúigiú cuid, an ceathrú cuid, an tríú cuid agus leath.

3. Ar mhaithe leis an lánpháirtiú a dhéanamh chomh rianúil agus is féidir, féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di de réir an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 43(2) de Chonradh CEE, a chinneadh, de mhaolú ar mhír 2, go ndifreoidh an praghas i gcás táirge amháin nó níos mó i mBallstát nua amháin nó níos mó, le linn bliana margaíochta, ó na praghsanna a leanfaidh as mír 2 a fheidhmiú.

Ní rachaidh an difríocht sin thar 10% d'iomlán na praghas-ghluaiseachta a bheidh le déanamh.

Sa chás sin, is é an praghas-leibhéal don bhliain mhargaíochta dá éis sin ná an leibhéal a thiocfadh ó fheidhmiú mhír 2, dá mba nár cinneadh ar an difriú. Féadfar, áfach, difriú nua a chinneadh don bhliain mhargaíochta sin de réir an leibhéil sin, faoi réir coinníollacha na bhfomhíreanna roimhe seo.

4. Cuirfear na comhphraghsanna chun feidhme sna Ballstáit nua tráth nach déanaí ná an 1 Eanáir 1978.

Airteagal 53

Má chinntear nach bhfuil ach miondifríocht idir leibhéal an phraghais ar tháirge i mBallstát nua agus leibhéal an chomhphraghais, féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di de réir an nós imeachta atá leagtha síos le hAirteagal 43(2) de Chonradh CEE, a chinneadh go gcuirfear an comhphraghas chun feidhme sa Bhallstát nua sin ar an táirge áirithe.

Airteagal 54

1. Fad a bheidh, sa Ríocht Aontaithe, difríocht idir na praghsanna a bheidh ar fáil faoi chóras náisiúnta na bpraghsanna ráthaithe agus na praghsanna margaidh a thig de dhroim sásra an chomhbheartais talmhaíochta agus forálacha an Teidil seo a chur chun feidhme, údaraítear don Bhallstát sin na fóirdheontais táirgthe a choimeád ar bun.

2. Féachfaidh an Ríocht Aontaithe, maidir le gach táirge lean mbaineann forálacha mhír 1, leis na fóirdheontais a dhíothú a luaithe is féidir i gcaitheamh na tréimhse dá dtagraítear in Airteagal 9(2).

3. Níor chóir é bheith d'éifeacht leis na fóirdheontais sin fáltais na dtáirgeoirí a mhéadú thar an leibhéal a thiocfadh de na rialacha maidir le comhfhogasú na bpraghsanna dá dtagraítear in Airteagal 52 a chur chun feidhme ar na fáltais sin.

4. Déanfaidh an Chomhairle, de réir an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 43(2) de Chonradh CEE, na modhanna a ghlacadh is gá chun forálacha an Airteagail seo a chur chun feidhme d'fhonn oibriú rianúil an chombheartais talmhaíochta, agus go háirithe comheagraíocht na margaí, a áirithiú.

Airteagal 55

1. Déanfar na difríochtaí i leibhéal na bpraghsanna a chúiteamh de réir na modhanna seo a leanas:

(a) sa trádáil idir na Ballstáit nua iad féin agus idir na Ballstáit sin agus an Comhphobal ina chomhdhéanamh bunaidh, déanfaidh an Stát is allmhaireoir na suimeanna cúiteacha a thobhach nó déanfaidh an Stát is onnmhaireoir iad a dheonú;

(b) sa trádáil idir na Ballstáit nua agus tríú tíortha, déanfar na tobhaigh nó na muirir eile ar allmhairí a cuireadh chun feidhme faoi chuimsiú an chomhbheartais talmhaíochta, mar aon leis an aisíoc ar onnmhairí, a laghdú nó, de réir mar is gá sa chás, a mhéadú, de mhéid na suimeanna cúiteacha is infheidhme sa trádáil leis an gComhphobal ina chomhdhéanamh bunaidh. Ní féidir, áfach, na dleachtanna custam a laghdú de mhéid na suime cúitĺ.

2. I gcás na dtáirgí a bhfuil praghsanna socraithe ina leith de réir forálacha Airteagail 51 agus 52 beidh na suimeanna cúiteacha is infheidhme sa trádáil idir an Comhphobal ina chomhdhéanamh bunaidh agus na Ballstáit nua agus idir na Ballstáit nua agus tríú tíortha comhionann leis an difríocht idir na praghsanna a socraíodh don Bhallstát nua lena mbaineann agus na comhphraghsanna.

I gcás na dtáirgí eile, cinnfear na suimeanna cúiteacha sna cásanna agus de réir na modhanna atá leaghta síos i gCaibidlí 2 agus 3.

3. Sa trádáil idir na Ballstáit nua, déanfar na suimeanna cúiteacha is infheidhme a chinneadh faoi threoir na suimeanna cúiteacha a socraíodh do gach ceann ar leith acu de réir mhír 2.

4. Ar a shon sin, ní shocrófar aon suim chúiteach más mionsuim a bheidh de thoradh ar fheidhmiú mhíreanna 2 agus 3.

5. I gcás na dtáirgí a bhfuil an dleacht chomhtharaife chustam comhdhlúite ina leith faoi chuimsiú an Chomhaontaithe Ghinearálta ar Tharaifí agus Trádáil, cuirfear an comhdhlúthú san áireamh.

6. Ní fhéadfaidh an tsuim chúiteach a thoibheoidh nó a dheonóidh Ballstát de réir mhír 1(a) a bheith níos mó ná an tsuim iomlán a thoibheoidh an Ballstát sin ar allmhairí ó thríú tíortha.

Féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe ar thogra ón gCoimisiún, maolú ar an riail sin go háirithe chun sraonadh trádála agus saobhadh iomaíochta a sheachaint.

Airteagal 56

Más mó an margadh-phraghas domhanda ar tháirge ná an praghas a úsáidtear chun an muirear ar allmhairí a ríomh a bunaíodh faoi chuimsiú an

chomhbheartais talmhaíochta, arna laghdú de mhéid na suime cúití a bhaintear den mhuirear allmhairiúcháin trí fheidhmiú Airteagal 55, nó más lú an t-aisíoc ar allmhairí go dtí tríú tíortha ná an tsuim chúiteach, nó mura mbeidh aon aisíoc infheidhme, féadfar bearta iomchuí a ghlacadh d'fhonn oibriú rianúil chomheagraíocht na margaí a áirithiú.

Airteagal 57

Le linn leibhéal na n-eilimintí éagsúla den chóras praghsanna agus idirghabhála, seachas na praghsanna dá dtagraítear in Airteagail 51 agus 70, a bheith á shocrú, cuirfear san áireamh, i leith na mBallastát nua, a mhéid is gá do oibriú rianúil rialicháin an Chomhphobail, an difríocht idir praghsanna arna sonrú leis an tsuim chúiteach.

Airteagal 58

Is é an Comhphobal a sholáthróidh an t-airgead le haghaidh na suimeanna cúiteacha as an gCiste Eorpach um Threoraíocht agus Ráthaíocht Talmhaíochta, Roinn na Ráthaíochtaí.

Airteagal 59

Beidh feidhm ag na forálacha seo a leanas maidir le táirgí ó thríú tíortha a bhfuil a n-allmhairiú isteach sa Chomhphobal ina chomdhéanam bunaidh faoi réir dleachtanna custam a chur orthu :

1. Déanfar na dleachtanna custam ar allmhairí a dhíothú go comhleanúnach idir an Comhphobal ina chomhdhéanamh bunaidh agus na Ballstáit nua, agus idir na Ballstáit nua iad féin, i gcúig chéim. Déanfar an chéad laghdú a thabharfaidh na dleachtanna anuas go dtí 80% den bhundleacht agus na ceithre laghdú eile 20% an ceann de réir an tráthchláir seo a leanas:

(a) do na táirgí atá faoi réir chomheagraíocht mhargadh na mairteola agus na laofheola: i dtús gach bliana margaíochta, an chéad laghdú le déanamh i 1973;

(b) do na táirgí lena mbaineann Rialachán Uimh. 23 faoina ndéantar comheagraíocht mhargaí in earnáil na dtorthaí agus na nglasraí a bhunú go comhleanúnach, Rialachán (CEE) Uimh. 234/68 faoina ndéantar comheagraíocht mhargaí a bhunú in earnáil na bplandaí beo agus tairgí na bláthadóireachta agus Rialachán (CEE) Uimh. 865/68 faoina ndéantar comheagraíocht mhargaí a bhunú in earnáil na dtáirgí próiseáilte ó thorthaí agus ó ghlasraí: an 1 Eanáir gach bliain, an chéad laghdú le déanamh an 1 Eanáir 1974;

(c) do tháirgí eile talmhaíochta: de réir an tráthchláir atá socraithe le hAirteagal 32(1), an chéad laghdú le déanamh an 1 Iúil 1973.

2. Chun an Chomhtharaif Chustam a thabhairt isteach go comhleanúnach, déanfaidh gach Ballstát nua an difríocht idir an bhundleacht agus dleacht na Comhtharaife Custam a laghdú de réir suimeanna leanúnacha 20% sa turas. Déanfar na comhfhogasuithe sin ar na dátaí atá leagtha síos i mír 1 le haghaidh na dtáirgí áirithe. I gcás na dtáirgí dá dtagraítear i mír 1(c), déanfar na comhfhogasuithe de réir an tráthchláir atá leagtha síos in Airteagal 39(1).

Ar a shon sin, maidir leis na ceannteidil taraife nach bhfuil na bundleachtanna orthu thar 15% níos mó ná níos lú ná dleachtanna na Comhtharaife Custam, cuirfear na dleachtanna deiridh sin chun feidhme amhail ó dháta an chéad chomhfhogasaithe do gach ceann de na hearnálacha táirgí lena mbaineann.

3. Maidir leis na táirgí dá dtagraítear i mír 1(b), féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe ar thogra ón gCoimisiún, i gcás an dara, an tríú agus an ceathrú laghdú nó comhfhogasú, a chinneadh, i gcás ceann amháin nó níos mó de na Ballstáit nua, go dtabharfaidh na dleachtanna is infheidhme ar cheann amháin nó níos mó de na táirgí sin difríocht go ceann bliana sna dleachtanna a thig ó fheidhmiú mhír 1, nó mhír 2, de réir mar a bheidh.

Ní rachaidh an difríocht sin thar 10% de mhéid an leasaithe a bheidh le déanamh i bhfeidhmiú míreanna 1 nó 2.

Sa chás sin, is iad na dleachtanna a bheidh le cur chun feidhme don chéad bhliain eile ná na dleachtanna sin a thiocfadh ó fheidhmiú mhír 1 nó mhír 2, de réir mar a bheidh, dá mba rud é nár cinneadh an difríocht sin. Don bhliain áirithe sin, afach, féadfar difríocht nua ó na dleachtanna sin a chinneadh de réir coinníollacha na bhfomhíreanna sin thuas.

An 1 Eanáir 1978, déanfar na dleachtanna custam is inchurtha ar na táirgí sin a dhíothú agus cuirfidh na Ballstáit nua an Chomhthraif Chustam chun feidhme go hiomlán.

4. Maidir leis na táirgí a cuireadh faoi rialú chomheagraíocht na margaí, féadfar a údarú do na Ballstáit nua, de réir an nós imeachta atá leagtha síos in Airteagal 26 de Rialachán Uimh. 120/67/CEE lena ndéantar comheagraíocht na margaí in earnáil na ngránach nó, de réir mar a bheidh, sna hAirteagail chomhréireacha de na Rialacháin eile lena ndéantar comheagraíocht mhargaí talmhaíochta a bhunú, dul i gceann díothú na ndleachtanna custam dá dtagraítear i mír 1, nó an chomhfhogasaithe dá dtagraítear i mír 2, de réir ráta is gasta ná mar atá leagtha síos sna míreanna roimhe seo, nó na dleachtanna custam is inchurtha ar tháirgí a allmhairítear ó na Ballstáit eile a fhionraí go hiomlán nó go páirteach.

Maidir le táirgí eile, ní gá aon údarás chun na bearta dá dtagraítear san fhomhír roimhe seo a thabhairt isteach.

Na dleachtanna custam a thiocfaidh as comhfhogasú níos gasta, ní lú iad ná na dleachtanna custam is inchurtha ar na táirgí céanna arna n-allmhairiú ó Bhallstáit eile.

Cuirfidh na Ballstáit nua na bearta a glacadh in iúl do na Ballstáit eile agus don Choimisiún.

Airteagal 60

1. An córas is infheidhme sa Chomhphobal ina chomhdhéanamh bunaidh maidir le dleachtanna custam agus muirir chomhéifeachta, agus srianta cainníochtúla agus bearta comhéifeachta, beidh feidhm aige, amhail ón 1 Feabhra 1973, sna Ballstáit nua, faoi réir forálacha Airteagail 55 agus 59, i gcás táirgí a bhí, ar dháta an aontachais, faoi rialú chomheagraíocht na margaí.

2. Maidir le táirgí nach mbeidh, ar dháta an aontachais, faoi réir chomheagraíocht mhargaí, ní bheidh feidhm ag forálacha Theideal I a bhaineann le díothú leanúnach muirear ar chomhéifeacht le dleachtanna custam, srianta cainníochtúla agus bearta comhéifeachta, i leith na muirear, na srianta nó na mbeart is cuid d'eagraíocht náisiúnta mhargaí ar dháta an aontachais.

Ní bheidh feidhm ag an bhforáil seo ach amháin a mhéid is gá chun a áirithiú go gcoimeádfar an eagraíocht náisiúnta ar bun agus go dtí go gcuirfear comheagraíocht mhargaí do na táirgí sin i ngníomh.

3. Cuirfidh na Ballstáit nua i bhfeidhm go hiomlán ainmníocht na Comhtharaife Custam tráth nach déanaí ná an 1 Feabhra 1973 i gcás táirgí talmhaíochta atá faoi rialú chomheagraíocht na margaí.

Sa mhéid nach dtarlóidh aon deacrachtaí le linn feidhm a bheith á thabhairt do rialacha an Chomhphobail agus, go háirithe, do chomheagraíocht na margaí agus don sásra idirthréimhseach dá bhforáiltear sa Teideal seo, féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe ar thogra ón gCoimisiún, a údarú do Bhallstát nua na fo-ranna náisiúnta atá ann, agus nach bhféadfaí déanamh dá n-éagmais, a áireamh san ainmníocht sin d'fhonn na bearta do chomhfhogasú leis an gComhtharaif Chustam, nó do dhiothú na ndleachtanna sa Chomhphobal, a chur i gcrích go comhleanúnach faoi na coinníollacha atá leagtha síos san Ionstraim seo.

Airteagal 61

1. An eilimint atá beartaithe chun cosaint a áirithiú don tionscal próiseála a n-áirítear í ag ríomh an mhuirir ar allmhairí ó thríú tíortha i gcás na dtáirgí a bhaineann le comheagraíocht mhargaí in earnálacha na ngránach, na ríse, na dtáirgí próiseáilte ó thorthaí agus ó ghlasraí, toibheofar í tráth an allmhairithe isteach sa Chomhphobal ina chomhdhéanamh bunaidh ó na Ballstáit nua.

2. I gcás allmhairí isteach sna Ballstáit nua, socrófar méid na heiliminte sin tríd an eilimint nó na heilimintí atá beartaithe chun cosaint a áirithiú don tionscal próiseála a leithlisiú faoi scáth na cosanta a chuirfear chun feidhme an 1 Eanáir 1972.

Baileofar an eilimint nó na heilimintí sin tráth an allmhairithe ó na Ballstáit eile agus, a mhéid a bhaineann leis an mhuirear ar allmhairí ó thríú tíortha, gabhann siad ionad eilimint chosanta an Chomhphobail.

3. Baineann forálacha Airteagal 59 leis an eilimint dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2. Ar a shon sin, tiocfaidh na laghduithe nó na comhfhogasuithe atá i gceist in éifeacht maidir leis na táirgí iomchuí in earnáil na ngránach agus na ríse ó thús na bliana margaíochta a socraíodh don bhuntáirge áirithe.

Airteagal 62

1. Déanfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe ar thogra ón gCoimisiún, na forálacha a ghlacadh is gá chun an Teideal seo a chur i ngníomh.

2. Féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aontoil ar thogra ón gCoimisiún agus tar éis dul i gcomhairle leis an Tionól, gabháil i mbun na n-oiriúnuithe is gá ar na modhanna atá leagtha amach i gCaibidlí 2, 3 agus 4 den Teideal seo, i gcás é a bheith riachtanach de chionn rialacháin an Chomhphobail a leasú.

Airteagal 63

1. Más gá bearta idirthréimhseacha chun gur fusaide gabháil ón gcorás atá i réim faoi láthair sna Ballstáit nua go córas a leanfaidh as feidhmiú chomheagraíocht na margaí, faoi na coinníollacha dá bhforáiltear sa Teideal seo, go háirithe sa chás ina dtarlódh, maidir le táirgí áirithe, go mbeadh mórdheacrachtaí ag baint le feidhmiú an chórais

nua ar an dáta sceidealta, déanfar na bearta sin a ghlacadh de réir an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 26 de Rialachán Uimh. 120/67/CEE nó, de réir mar a bheidh, sna hAirteagail chomhréireacha de na Rialacháin eile a bhaineann le comheagraíocht na margaí talmhaíochta. Féadfar na bearta sin a ghlacadh i rith tréimhse a rachaidh in éag an 31 Eanáir 1974, agus ní rachaidh a dtréimhse feidhme thar an dáta sin.

2. Féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aontoil ar thogra ón gCoimisiún, agus tar éis dul i gcomhairle leis an Tionól, an dáta dá dtagraítear i mír 1 a chur siar go dtí an 31 Eanáir 1975.

Airteagal 64

Ní dhéanfaidh forálacha an Teidil seo difear don mhéid saoirse trádála sna táirgí talmhaíochta a thig den Chomhaontú ag bunú limistéar saorthrádála idir Éire agus an Ríocht Aontaithe, a síníodh an 14 Nollaig 1965, agus de Chomhaontuithe a ghabhann leis.

CAIBIDIL II

Forálacha maidir le Comheagraíochtaí Margaí Áirithe

Roinn 1

Torthaí agus Glasraí

Airteagal 65

1. Socrófar suim chúiteach do thorthaí agus glasraí:

(a) ar chuir an Ballstát nua lena mbaineann srianta cainníochtúla nó bearta comhéifeachta i bhfeidhm ina leith i rith 1971,

(b) a bhfuil comh-bhunphraghas socraithe ina leith, agus

(c) a bhfuil an praghas táirgthe sa Bhallstát nua sin cuid mhaith níos airde ná an bunphraghas ba infheidhme sa Chomhphobal ina chomhdhéanamh bunaidh le linn na tréimhse roimh chóras an Chomhphobail a chur chun feidhme sna Ballstáit nua.

2. Déanfar an praghas táirgthe dá dtagraítear i mír 1(c) a ríomh trí na prionsabail a chur chun feidhme a bhforáiltear dóibh in Airteagal 4(2) de Rialachán Uimh. 159/66/CEE a leagann síos forálacha forlíontacha do chomheagraíocht na margaí in earnáil na dtorthaí agus na nglasraí i leith sonraí eolais náisiúnta an Bhallstáit nua áirithe.

3. Ní bheidh an tsuim chúiteach infheidhme ach amháin i gcaitheamh na tréimhse ar lena linn a bheidh an bunphraghas i bhfeidhm.

Airteagal 66

1. Go dtí an chéad chomhfhogasú, beidh an tsuim chúiteach is infheidhme sa trádáil idir Ballstát nua ina gcomhlíontar na coinníollacha dá dtagraítear in Airteagal 65(1) agus an Comhphobal ina chomhdhéanamh bunaidh, nó Ballstát nua seachas iad sin dá dtagraítear san fhomhír ina dhiaidh seo, nó tríú tíortha, ar chóimhéid leis an difríocht idir na praghsanna dá dtagraítear in Airteagal 65(1)(c).

Sa trádáil idir dhá Bhallstát nua ina gcomhlíontar na coinníollacha dá dtagraítear in Airteagal 65(1), beidh an tsuim chúiteach ar chóimhéid leis an difríocht idir a bpraghsanna táirgthe faoi seach. Ní chuirfear an tsuim chúiteach chun feidhme más miondifríocht a bheidh i gceist.

Ceartófar an difríocht dá dtagraítear sna míreanna thuas, a mhéid is gá, de réir ráta na ndleachtanna custam.

2. Nuair a bheidh na suimeanna cúiteacha ina dhiaidh seo á socrú, déanfar an tsuim chúiteach a laghdú an 1 Eanáir gach bliain an cúigiú cuid dá méid bunaidh, agus is ar an 1 Eanáir 1974 a dhéanfar an chéad laghdú.

Beidh forálacha Airteagal 52(3) infheidhme de réir analaí. Díothófar an tsuim chúiteach an 1 Eanáir 1978.

Airteagal 67

Chun na praghsanna iontrála a chinneadh, déanfar na praghsanna reatha sna Ballstáit nua a laghdú:

(a) an tsuim chúiteach, más infheidhme;

(b) na dleachtanna is inchurtha ar allmhairí isteach sna Ballstáit sin ó thríú tíortha, in ionad dleachtanna na Comhtharaife Custam.

Airteagal 68

Ní bheidh feidhm ag na forálacha a bhaineann le comhchaighdeáin cháilíochta ar mhargú an táirge baile sa Ríocht Aontaithe, ach:

(a) amhail ón 1 Feabhra 1974 i gcás na dtáirgí seo: bliosáin, lus súch, bachlóga bruiséile, soilire easnach, siocaire bánduille, gairleog, oinniúin;

(b) amhail ón 1 Feabhra 1975 i gcás na dtáirgí seo: pónairí, cabáiste, cairéid, leitís, siocaire catach agus searbhán muc, piseanna gan scilligeadh, spionáiste, sú talún.

Roinn 2

Fíon

Airteagal 69

Go dtí an 31 Nollaig 1975, údaraítear d'Éirinn agus don Ríocht Aontaithe ainmneacha comhshuite a choinneáil in úsáid a bhfuil an focal fíon iontu, mar thuairisc ar dheochanna áirithe nach bhfuil úsáid an ainm sin dóibh ag luí le rialacha an Chomhphobail. Ní bhainfidh an maolú sin áfach le táirgí a onnmhairítear go Ballstáit an Chomhphobail ina chomhdhéanamh bunaidh.

Roinn 3

Olashíolta

Airteagal 70

1. I gcás olashíolta, bainfidh forálacha Airteagal 52 leis na praghsanna idirghabhála díorthaithe.

2. Déanfar na praghsanna idirghabhála is infheidhme sna Ballstáit nua go dtí an chéad chomhfhogasú a shocrú de réir na rialacha atá leagtha síos faoi chuimsiú chomheagraíocht na margaí agus á chur san áireamh an gnáthchoibhneas ba chóir a bheith idir an t-ioncam atá le fáil ó olashíolta agus é sin a thig ó tháirgí, a bhíonn in iomaíocht le holashíolta in uainíocht bharraí, a tháirgeadh.

Airteagal 71

Déanfar méid na cabhrach i leith olashíolta a saothraíodh i mBallstát nua a choigeartú tríd an tsuim chúiteach is infheidhme sa Stát sin, arna méadú de mhéid na ndleachtanna custam a chuirtear chun feidhme sa Bhallstát sin.

Airteagal 72

Sa trádáil, ní chuirfear an tsuim chúiteach chun feidhme ach amháin ar aisíocaí a dheonaítear i leith olashíolta a saothraíodh i mBallstát nua agus a onnmhairítear go tríú tíortha.

Roinn 4

Gránaigh

Airteagal 73

In earnáil na ngránach, bainfidh forálacha Airteagail 51 agus 52 le praghsanna idirghabhála díorthaithe.

Airteagal 74

Déanfar na suimeanna cúiteacha is infheidhme sa trádáil idir an Comhphobal ina chomhdhéanamh bunaidh agus na Ballstáit nua, agus idir na Ballstáit nua agus tríú tíortha, a shocrú mar a leanas:

1. I gcás na ngránach nach bhfuil praghas idirghabhála díorthaithe socraithe do na Ballstáit nua, déanfar an tsuim chúiteach is infheidhme go dtí an chéad chomhfhogasú a dhíorthú as an tsuim is infheidhme ar ghránach iomaíochta a bhfuil praghas idirghabhála díorthaithe socraithe ina leith, á chur san áireamh an coibhneas atá idir praghsanna tairsí na ngránach atá i gceist. Ach má bhíonn difríocht shuntasach sa choibhneas idir na praghsanna tairsí agus an coibhneas idir na praghsanna a tuairiscíodh ar mhargadh an Bhallstáit nua áirithe, féadfar an coibhneas deiridh sin a chur san áireamh.

Nuair a bheidh suimeanna cúiteacha á socrú ina dhaiaidh sin, bunófar iad ar na suimeanna cúiteacha dá dtagraítear sa mhír roimhe seo agus de réir na rialacha atá leagtha síos in Airteagal 52 maidir le comhfhogasú praghsanna.

2. Déanfar an tsuim chúiteach i leith na dtáirgí dá dtagraítear in Airteagal 1(c) agus (d) de Rialachán Uimh. 120/67/CEE a dhíorthú ón tsuim chúiteach is infheidhme ar na gránaigh lena mbaineann siad, le cabhair na gcomhéifeachtaí nó na rialacha a úsáidtear chun an tobhach, nó an eilimint athraitheach den tobhach, ar na táirgí sin a chinneadh.

Roinn 5

Muiceoil

Airteagal 75

1. Déanfar an tsuim chúiteach is infheidhme de réir an chileagraim ar chonablaigh mhuc a ríomh ar bhonn na suimeanna cúiteacha is infheidhme i leith na cainíochta de ghrán farae is gá chun cileagram amháin muiceola a tháirgeadh sa Chomhphobal.

2. Déanfar an tsuim chúiteach is infheidhme ar na táirgí, seachas conablaigh muc, dá dtagraítear in Airteagal 1(1) de Rialachán Uimh. 121/67/CEE, a bhaineann le comheagraíocht na margaí don mhuiceoil, a dhíorthú ón tsuim chúiteach dá dtagraítear i mír 1, le cabhair na gcomhéifeachtaí a úsáidtear chun an tobhach a ríomh.

Airteagal 76

1. Go dtí an 31 Nollaig 1975, féadfaidh gníomhaireachtaí idirghabhála sa Danmhairg, in Éirinn

agus sa Ríocht Aontaithe táirgí nach bhfreagraíonn do fhorálacha phointe 23 d'Iarscríbhinn I de Threoir Uimh.64 /433/CEE, maidir le fadhbanna sláintíochta sa trádáil idir na Comhphobail i bhfeoil úr, a cheannach isteach.

2. Go dtí an 31 Deireadh Fómhair 1974 údaraítear don Ríocht Aontaithe gan feidhm a bhaint as scála an Chomhphobail d'aicmiú conablach muc.

Roinn 6

Uibheacha

Airteagal 77

1. Déanfar an tsuim chúiteach is infheidhme, de réir an chileagraim, ar uibheacha sa bhlaosc, a ríomh ar bhonn na suimeanna cúiteacha is infheidhme i leith na cainníochta de ghrán farae is gá chun cileagram amháin d'uibheacha sa bhlaosc a tháirgeadh sa Chomhphobal.

2. Déanfar an tsuim chúiteach is infheidhme ar uibheacha goir a ríomh ar bhonn na suimeanna cúiteacha is infheidhme i leith na cainníochta de ghrán farae is gá chun ubh ghoir amháin a tháirgeadh sa Chomhphobal.

3. I gcás na dtáirgí dá dtagraítear in Airteagal (1)(b) de Rialachán Uimh. 122/67/CEE a bhaineann le comheagraíocht na margaí sna huibheacha, déanfar an tsuim chúiteach a dhíorthú ón tsuim chúiteach i leith uibheacha sa bhlaosc, le cabhair na gcomhéifeachtaí a úsáidtear chun an tobhach a ríomh.

Airteagal 78

Maidir le caighdeáin mhargaíochta uibheacha, féadfaidh Éire agus an Ríocht Aontaithe córas grádaithe ceithre agus cúig earnáil de réir meáchain a choimeád ar a margaí faoi seach, ar choinníoll nach gcuirfear srianta ar mhargú uibheacha atá de réir chaighdeáin an Chomhphobail, mar gheall ar na córais neamhionanna ghrádaithe.

Roinn 7

Feoil éanlaithe

Airteagal 79

1. Déanfar an tsuim chúiteach is infheidhme, de réir an chileagraim, ar éanlaith mharfa a ríomh ar bhonn na suimeanna cúiteacha is infheidhme i leith na cainníochta de ghrán farae is gá chun cileagram amháin d'éanlaith mharfa a tháirgeadh sa Chomhphobal, á ndifriú de réir a gcineáil.

2. Déanfar an tsuim chúiteach is infheidhme de réir an tsicín a ríomh ar bhonn na suimeanna cúiteacha is infheidhme i leith na cainníochta de ghrán farae is gá chun sicín a tháirgeadh sa Chomhphobal.

3. I gcás na dtáirgí dá dtagraítear in Airteagal 1(2)(d) de Rialachán Uimh. 123/67/CEE, a bhaineann le comheagraíocht na margaí in earnáil na feola éanlaithe, déanfar an tsuim chúiteach a dhíorthú ón tsuim chúiteach is infheidhme i leith éanlaithe marfa, le cabhair na gcomhéifeachtaí a úsáidtear chun an tobhach a ríomh.

Roinn 8

Rís

Airteagal 80

Déanfar na suimeanna cúiteacha is infheidhme sa trádáil idir an Comhphobal ina chomhdhéanamh bunaidh agus na Ballstáit nua, agus idir na Ballstáit nua agus tríú tíortha, a shocrú mar a leanas:

1. Déanfar an tsuim chúiteach is infheidhme, go dtí an chéad chomhfhogasú, ar rís scilligthe chruinnghránach, rís scillighthe fadghránach agus rís bhriste a bhunú ar an difríocht idir an praghas tairsí agus na margadh-phraghsanna a tuairiscíodh, i rith tréimhse tagartha, ar mhargadh an Bhallstáit nua áirithe.

Nuair a bheidh suimeanna cúiteacha á socrú ina dhiaidh sin, socrófar iad ar bhonn na méideanna dá dtagraítear sa mhír roimhe seo agus de réir na rialacha atá leagtha síos in Airteagal 52 maidir le comhfhogasú praghsanna.

2. Déanfar an tsuim chúiteach ar rís gan scilligeadh, rís leathmhuilnithe, rís mhuilnithe agus na táirgí dá dtagraítear in Airteagal 1(1)(c) de Rialachán Uimh. 359/67/CEE, a bhaineann le comheagraíocht na margaí sa ris, a dhíorthú, i gcás gach táirge acu sin, ón tsuim chúiteach is infheidhme ar an táirge comhréire dá dtagraítear i mír 1, le cabhair na gcomhéifeachtaí a úsáidtear chun an tobhach nó an eilimint athraitheach den tobhach a chinneadh.

Roinn 9

Siúcra

Airteagal 81

In earnáil an tsiúcra, baineann forálacha Airteagail 51 agus 52 le praghas idirghabhála díorthaithe an tsiúcra bháin, le praghas idirghabhála an tsiúcra neamh-mhínithe agus praghas íosta an bhiatais.

Airteagal 82

Déanfar na suimeanna cúiteacha is infheidhme sa trádáil idir an Comhphobal ina chomhdhéanamh bunaidh agus na Ballstáit nua, agus idir na Ballstáit nua agus tríú tíortha, a dhíorthú:

(a) i gcás na dtáirgí, seachas biatas úr, dá dtagraítear in Airteagal 1(1)(b) de Rialachán Uimh. 1009/67/CEE, a bhaineann le comheagraíocht na margaí sa siúcra, ón tsuim chúiteach is infheidhme ar an mbuntáirge áirithe, de réir na rialacha atá i bhfeidhm chun an tobhach a ríomh;

(b) i gcás na dtáirgí dá dtagraítear in Airteagal 1(1)(d) de Rialachán Uimh. 1009/67/CEE, ón tsuim chúiteach is infheidhme ar an mbuntáirge áirithe, de réir na rialacha atá i bhfeidhm chun iad seo a leanas a ríomh:
   — an tobhach, maidir leis an tsuim chúiteach is infheidhme ar allmhairí,
   — an t-aisíoc, maidir leis an tsuim chúiteach is infheidhme ar onnmhairí.

Airteagal 83

Sna Ballstáit nua, déanfar an tsuim dá bhforáiltear in Airteagal 25(3) de Rialachán 1009/67/CEE a choigeartú de réir na suime cúití arna ríomh de réir Airteagal 55(2).

Roinn 10

Plandaí Beo agus Táirgí na Bláthadóireachta

Airteagal 84

Ní bheidh na forálacha a bhaineann leis na comhchaighdeáin cháilíochta inchurtha chun feidhme ar mhargú an táirge baile sa Ríocht Aontaithe ach amhail ón 1 Feabhra 1974 agus, i gcás bláthanna gearrtha, amhail ón 1 Feabhra 1975.

Roinn 11

Bainne agus Táirgí Bainne

Airteagal 85

Bainfidh forálacha Airteagal 51 agus 52 leis na praghsanna idirghabhála ar im agus ar phúdar bainne bhearrtha.

Airteagal 86

Sa trádáil idir an Comhphobal ina chomhdhéanamh bunaidh agus na Ballstáit nua, agus idir na Ballstáit nua agus tríú tíortha, déanfar na suimeanna cúiteacha a chinneadh mar a leanas:

1. I gcás na dtreoir-tháirgí seachas iad siúd lena mbaineann Airteagal 85, déanfar an tsuim chúiteach is infheidhme go dtí an chéad chomhfhogasú a bhunú ar an difríocht idir leibhéal an mhargadh-phraghais shamplaithigh sa Bhallstát nua áirithe agus leibhéal an mhargadh-phraghais shamplaithigh sa Chomhphobal ina chomhdhéanamh bunaidh, i gcaitheamh tréimhse samplaithí díreach roimh rialacháin an Chomhphobail a thabhairt isteach sa Bhallstát nua sin.

Chun na suimeanna cúiteacha is infheidhme amhail ón gcéad chomhfhogasú a chinneadh, cuirfear san áireamh an tsuim a bheidh socraithe de réir forálacha na chéad fhomhíre nó mhír 3 agus na rialacha atá leagtha síos in Airteagal 52 maidir le comhfhogasú praghsanna.

2. I gcás na dtáirgí seachas treoir-tháirgí, déanfar na suimeanna cúiteacha a dhíorthú ón tsuim chúiteach is infheidhme ar threoir-tháirge an ghrúpa lena mbaineann an táirge áirithe, de réir na rialacha a bheidh i bhfeidhm chun an tobhach a ríomh.

3. Mura féidir forálacha na chéad fhomhíre de mhír 1 agus forálacha mhír 2 a chur chun feidhme, nó i gcás go dtabharfaidh a bhfeidhmiú go mbeidh suimeanna cúiteacha ann as a dtiocfadh coibhneas míchuí praghsanna, déanfar an tsuim chúiteach a ríomh ar bhonn na suimeanna cúiteacha a bhaineann le him agus le púdar bainne bhearrtha.

Airteagal 87

1. Más rud é, roimh an aontachas, go mbeidh córas ar bun i mBallstát nua le haghaidh malairt luachála ar bhainne de réir a úsáide, agus go dtarlóidh deacrachtaí ar an mhargadh de dhroim fheidhmiú Airteagal 86, déanfar an tsuim chúiteach is infheidhme go dtí an chéad chomhfhogasú i gcás táirge nó táirgí a thig faoi cheannteideal 04.01 den Chomhtharaif Chustam a shocrú ar bhonn na difríochta idir na pragsanna margaidh.

I gcás na socraíochtaí ina dhiaidh sin, déanfar an tsuim chúiteach a laghdú gach bliain i dtús na bliana margaíochta an séú cuid den tsuim bhunaidh agus díothófar í an 1 Eanáir 1978.

2. Glacfar na bearta is iomchuí d'fhonn saobhadh iomaíochta a sheachaint a thiocfadh de dhroim mír 1 a chur chun feidhme, a mhéid a bhaineann leis na táirgí áirithe agus le táirgí bainne eile agus ag féachaint do na hathruithe a d'fhéadfadh a theacht ar an gcomhphraghas.

Airteagal 88

1. Údaraítear d'Éirinn fóirdheontas a thabhairt i leith tomhaltas ime a mhéid is gá chun go bhféadfar, le linn na hidirthréimhse, an praghas a bheidh le híoc ag an tomhaltóir a oiriúnú go comhleanúnach de réir leibhéal an phraghais sa Chomhphobal ina chomhdhéanamh bunaidh.

I gcás ina mbainfidh Éire leas as an údarás dá dtagraítear sa mhír roimhe seo, tabharfaidh sí a chóimhéid d'fhóirdheontas tomhaltais i leith im a allmhaireofar ó na Ballstáit eile.

2. Díothófar an fóirdheontas sin i sé chéim, i gcomhthráth le céimeanna comhfhogasaithe phraghas an ime.

Airteagal 89

1. Go dtí an 31 Nollaig 1975 sa Ríocht Aontaithe agus go dtí an 31 Nollaig 1977 in Éirinn, údaraítear bainne ar lú ná 3.5% a mhéitheas a sholáthar mar bhainne iomlán do thomhaltóirí.

Ní foláir, áfach, an bainne a dhíolfar mar bhainne iomlán de bhun na fomhíre roimhe seo a bheith gan bhearradh. Thairis sin, beidh na forálacha a bhaineann le bainne iomlán inchurtha chun feidhme ar an mbainne sin.

2. Údaraítear don Danmhairg ceadúnais eisiatacha chun bainne a sholáthar, a bheidh i bhfeidhm ar dháta an aontachais i limistéir áirithe, a choimeád i bhfeidhm go dtí an 31 Nollaig 1977. Ní fhéadfar, áfach, athnuachan a dhéanamh ar cheadúnais a rachaidh in éag roimh an 1 Eanáir 1978.

Roinn 12

Mairteoil agus Laofheoil

Airteagal 90

Bainfidh forálacha Airteagail 51 agus 52 leis na treoirphragsanna d'eallach lánfhásta agus do laonna.

Airteagal 91

1. Déanfar an tsuim chúiteach a ríomhtar do na laonna agus don eallach lánfhásta, de réir Airteagal 55, a cheartú, a mhéid is gá, de mhéid na ndleachtanna custam.

Más mó an dleacht chustam is infheidhme sa trádáil idir an Comhphobal ina chomhdhéanamh bunaidh agus na Ballstáit nua, agus idir na Ballstáit nua iad féin, ná an tsuim chúiteach arna ríomh de réir Airteagal 55, déanfar an dleacht chustam a fhionraí ar leibhéal a thabharfaidh gurb ionann an ráta agus an tsuim chúiteach.

2. I gcás feidhmiú Airteagal 10(1), an tríú fomhír, nó Airteagal 11(1) de Rialachán (CEE) Uimh. 805/68 lena ndéantar comheagraíocht mhargaí in earnáil na mairteola agus na laofheola, déanfar na bearta is gá chun go gcoimeádfar fabhar an Chomhphobail agus go seachnófar saobhadh tráchta.

3. Déanfar an tsuim chúiteach do na táirgí dá dtagraítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 805/68 a shocrú, á chur san áireamh na forálacha atá luaite sna míreanna roimhe seo agus le cabhair na rialacha dá bhforáiltear chun na tobhaigh is infheidhme maidir leis na táirgí sin a shocrú.

Airteagal 92

I gcás na dtáirgí dá dtagraítear in Airteagal 1(b) agus (c) de Rialachán (CEE) Uimh. 805/68, déanfar an t-aisíoc ar onnmhairí ó na Ballstáit nua go tríú tíortha a cheartú trí mhéid na difríochta idir na dleachtanna custam a chuirtear chun feidhme ar na táirgí atá luaite sa liosta san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán réamhráite ar iad a allmhairiú ó thríú tíortha isteach sa Chomhphobal ina chomhdhéanamh bunaidh ar thaobh amháin agus sna Ballstáit nua ar thaobh eile.

Airteagal 93

Fad a leanfaidh an Ríocht Aontaithe, de bhun Airteagal 54, de na fóirdheontais ar bheithígh lena marú, údaraítear d'Eirinn, chun saobhadh a scheachaint ar mhargadh na hÉireann do bheithígh, na bearta a choimeád i bhfeidhm maidir le honnmhairiú mairteola agus laofheola a bhí i bhfeidhm aici roimh an aontachas, i gcomhréir leis an gcóras fóirdheontas a bheidh i bhfeidhm sa Ríocht Aontaithe.

Roinn 13

Táirgí Próiseáilte ó Thorthaí agus ó Ghlasraí

Airteagal 94

Déanfar na suimeanna cúiteacha a chinneadh ar bhonn na suimeanna cúiteacha a bheidh socraithe, mar is iomchuí, do shiúcra, do ghlúcós nó do shioróip ghlúcóis, agus de réir na rialacha is infheidhme chun iad seo a leanas a ríomh:

— an tobhach, maidir leis an tsuim chúiteach is infheidhme ar allmhairí,

— an t-aisíoc, maidir leis an tsuim chúiteach is infheidhme ar onnmhairí.

Roinn 14

Líon

Airteagal 95

1. Déanfar méid na cabhrach do líon, i gcás na mBallstát nua, a shocrú ar bhonn na difríochta idir an t-ioncam atá le gnóthú ag táirgeoirí lín agus an t-ioncam as an margadh-phraghas ionchasach ar an táirge sin.

2. Déanfar an t-ioncam atá le gnóthú ag táirgeoirí lín a bhunú, á chur san áireamh an praghas atá ar tháirgí iomaíochta uainíochta sa Bhallstát nua atá i gceist mar aon leis an gcoibhneas, sa Chomhphobal ina chomhdhéanamh bunaidh, idir an t-ioncam as táirgeadh lín agus an t-ioncam as táirgeadh na dtáirgí iomaíochta.

Roinn 15

Síolta

Airteagal 96

Nuair a dheonófar cabhair chun síolta a tháirgeadh, socrófar méid na cabhrach, i gcás na mBallstát nua, ar leibhéal nach ionann agus an leibhéal don Chomhphobal ina chomhdhéanamh bunaidh, más rud é go raibh roimhe sin difríocht shuntasach idir ioncam táirgeoirí an Bhallstáit nua agus an t-ioncam a bhí á fháil ag táirgeoirí an Chomhphobail ina chomhdhéanamh bunaidh.

Sa chás sin, ní folaír, maidir le méid na cabhrach don Bhallstát nua, go gcuirfí san áireamh an t-ioncam a bhí le fáil roimhe sin ag táirgeoirí síl agus é a bheith de mhéid a sheachnóidh aon saobhadh ar na buneagair táirgíochta agus sin sa chaoi go ndéanfar an mhéid sin a chomhfhogasú de réir a chéile le méid an Chomhphobail.

Roinn 16

Táirgí Talmhaíochta arna nOnnmhairiú i bhfoirm earraí nach dtig faoi Iarscríbhinn II de Chonradh CEE

Airteagal 97

Déanfar na suimeanna cúiteacha a chinneadh ar bhonn na suimeanna cúiteacha a socraíodh do na buntáirgí agus de réir na rialacha is infheidhme chun na haisíocaí a ríomh a bhforáiltear dóibh i Rialachán (CEE) Uimh. 204/69, a bhunaigh, i gcás táirgí áirithe talmhaíochta a onnmhairítear i bhfoirm earraí nach mbaineann Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gConradh leo, na rialacha ginearálta maidir le deonú aisíocaí i leith onnmhairí agus na critéir chun a suim sin a shocrú.

CAIBIDIL 3

Forálacha maidir le hIascach

Roinn 1

Comheagraíocht na Margaí

Airteagal 98

I gcás táirgí éisc, beidh feidhm ag forálacha Airteagail 51 agus 52 maidir leis na treoirphraghsanna. Déanfar an comhfhogasú praghsanna i dtús na bliana iascaigh agus déanfar an chéad chomhfhogasú an 1 Feabhra 1973.

Airteagal 99

Déanfar na suimeanna cúiteacha a cheartú, oiread agus is gá, de réir mhéid na ndleachtanna custam.

Roinn 2

An Córas Iascaigh

Airteagal 100

1. Údaraítear do Bhallstáit an Chomhphobail, de mhaolú ar fhorálacha Airteagal 2 de Rialachán (CEE) Uimh. 2141/70, ag bunú comhbheartais struchtúrtha in earnáil na hiascaireachta, teorannú a dhéanamh go dtí an 31 Nollaig 1982, ar iascaireacht in uiscí a thig faoina gceannasacht nó a ndlínse agus atá laistigh de theorainn sé mhuirmhíle arna ríomh ó bhunlínte na mBallstát tadhlach, i gcás báid ar gnách leo a gcuid iascaireachta a dhéanamh sna huiscí sin as calafoirt sa chrios geografach tadhlach; ar a shon sin, féadfaidh báid ó réigiúin eile sa Danmhairg a gcuid iascaireachta a dhéanamh in uiscí na Graonlainne go dtí an 31 Nollaig 1977 ar a dhéanaí.

Sa mhéid go rachaidh na Ballstáit in árach an mhaolaithe sin, ní fhéadfaidh siad forálacha a dhéanamh i dtaobh coinníollacha iascaireachta sna huiscí sin is lú srian ná na coinníollacha a bheidh i bhfeidhm tráth an aontachais.

2. Ní dhéanfaidh na forálacha dá bhforáiltear sa mhír sin roimhe seo agus in Airteagal 101 thíos difear do na cearta eisiatacha iascaireachta a d'fhéadfadh gach ceann de na Ballstáit bhunaidh agus de na Ballstáit nua a chur i gcion an 31 Eanáir 1971, i leith Ballstáit amháin eile nó níos mó; féadfaidh na Ballstáit nua na cearta sin a chur i bhfeidhm fad a bheidh an córas maolaithe ar bun sna criosana lena mbaineann. Ar a shon sin, sa mhéid a bhaineann le huiscí na Graonlainne, rachaidh na cearta eisiatacha in éag ar na dátaí dá bhforáiltear do na cearta sin.

3. Má dhéanann Ballstát a theorainneacha iascaireachta a leathnú i gcriosanna áirithe go dtí dhá mhuirmhíle dhéag, ní foláir leanúint den chleachtas iascaireachta sa dá mhuirmhíle dhéag sin ar mhodh nach cúlú é i gcomparáid leis an staid a bhí ann an 31 Eanáir 1971.

4. D'fhonn go bhféadfaí cothromaíocht iomlán a bhunú sa Chomhphobal a bheadh sásúil maidir le hiascaireacht sa tréimshe a luaitear sa chéad mhír, ní fhéadfaidh na Ballstáit feidhm a bhaint go h-iomlán as a bhfuil curtha ar a gcumas faoi cheannteideal na bhforálacha sa chéad fhomhír de mhír 1 i gcriosanna árithe de na huiscí farraige a thig faoina gceannasacht nó faoina ndlínse.

Cuirfidh na Ballstáit in iúl don Choimisiún cad iad na bearta a ghlacfaidh siad chun na críche sin; tar éis tuarascáil a fháil ón gCoimisiún scrúdóidh an Chomhairle staid na ndálaí agus, ag féachaint do na dálaí sin, cuirfidh sí a moltaí i láthair na mBallstát nuair is gá.

Airteagal 101

Déanfar an teorainn sé mhuirmhíle dá dtagraítear in Airteagal 100 a leathnú go dtí dhá mhuirmhíle dhéag do na criosanna seo a leanas :

1. *An Danmhairg*

— Oileáin Fharó

— An Ghraonlainn

— An Cósta Thiar, ó Thyboron go Blaavandshuk

2. *An Fhrainc*

Ranna Mhuir nIocht, l'Ille-et-Vilaine, Chóstaí an Tuaiscirt, Fhinistére agus Mhorbihan.

3. *Éire*

— an Cósta Thuaidh agus Thiar, ó Loch Feabhail go Cuan Chorcaí san Iardheisceart

— an Cósta Thoir, ó Loch Cairlinne go Rinn an Chairn, chun crústaigh agus moilisc (sliogiasc) a iascach.

4. *An Ioruaidh*

An cósta idir Egersund agus an teorainn idir an Ioruaidh agus Aontas an bPoblachtaí Sóivéadacha Sóisialacha.

5. *An Ríocht Aontaithe*

— Sealtainn agus Inse Orc

— Tuaisceart agus Oirthear na hAlban, ó Rinn Wrath go Berwick

— Oirthuaisceart Shasana, ó abhainn Choquet go Rinn Flamborough

— An tIardheisceart ó Lyme Regis go Pointe Hartland (ar a n-áirítear 12 mhuirmhíle thart ar Oileán Lundy)

— Contae an Dúin.

Airteagal 102

Tráth nach déanaí ná an séú bliain tar éis an aontachais, cinnfidh an Chomhairle, ag gníomhú di ar thogra ón gCoimisiún, na coinníollacha maidir le hiascaireacht, d'fhonn a áirithiú go gcosnófar an domhain agus go gcaomhnófar acmhainní bitheolaíocha na farraige.

Airteagal 103

Roimh an 31 Nollaig 1982, cuirfidh an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle tuarascáil maidir le forbairt eacnamaíoch agus sóisialach criosanna cósta na mBallstát agus staid na stoc éisc. Ar bhonn na tuarascála sin agus aidhmeanna an chomhbheartais iascaireachta, déanfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di ar thogra ón gCoimisiún, na forálacha a scrúdú a d'fhéadfadh teacht as na maoluithe a bheidh i bhfeidhm go dtí an 31 Nollaig 1982.

CAIBIDIL 4

Forálacha Eile

Roinn 1

Bearta Tréidliachta

Airteagal 104

Déanfar Treoir Uimh. 64/432/CEE maidir le fadhbanna a bhaineann le cigireacht sláintíochta i gcás na trádála laistigh den Chomhphobal i mbóainmhithe agus i muc-ainmhithe a chur chun feidhme agus na forálacha seo la leanas á gcur san áireamh:

1. Go dtí an 31 Nollaig 1977, údaraítear do na Ballstáit nua leanúint, de réir rialacha ginearálta

Chonradh CEE, leis na rialacháin náisiúnta dá gcuid is infheidhme ar allmhairí bó-ainmhithe agus muc-ainhmhithe le haghaidh stóir, pórúcháin agus maraithe ach gan áireamh a dhéanamh, i gcás na Danmhairge, ar bheithígh lena marú.

Sa chóras rialachán sin, déanfar socruithe a lorg d'fhonn a chinntiú go rachaidh forbairt na trádála ar aghaidh go comhleanúnach; chuige sin, beidh na rialacháin ina n-ábhar scrúdaithe ag an mbuanchoiste tréidliachta.

2. Go dtí an 31 Nollaig 1977, tabharfaidh na Ballstáit is allmhaireoirí ar bhó-ainmhithe do na Ballstáit is onnmhaireoirí ar bhó-ainmhithe tairbhe an mhaolaithe dá dtagraítear in Airteagal 7(1) A(a) den Treoir.

3. Go dtí an 31 Nollaig 1977, údaraítear do na Ballstáit nua leanúint den chóras a fheidhmítear ina gcríocha chun dearbhú oifigiúil a thabhairt go bhfuil eallach glan ón eitinn nó ón mbruisealóis de réir brí Airteagal 2 den Treoir, faoi réir na bhforálacha den Treoir a bhaineann le hainmhithe a bheith ann atá vacsaínithe in aghaidh na bruisealóise. Beidh feidhm mar sin féin ag na forálacha i dtaobh na dtástálacha réamhráite do ainmhithe is ábhar trádála laistigh den Chomhphobal, gan dochar do fhorálacha mhíreanna 4 agus 6.

4. Go dtí an 31 Nollaig 1977, féadfar beithígh ó Éirinn a onnmhairiú go dtí an Ríocht Aontaithe:

(a) de mhaolú ar fhorálacha na Treorach a bhaineann leis an mbruisealóis; ar a shon sin, na forálacha maidir leis an tástáil atá ceaptha d'ainmhithe is ábhar trádála idir na Comhphobail, leanfaidh siad de bheith infheidhme i gcás beithíoch neamhchoillte a onnmhaireofar;

(b) de mhaolú ar fhorálacha na Treorach a bhaineann leis an eitinn, ar an gcoinníoll go ndéanfar dearbhú, tráth an onnmhairithe, á rá go dtagann an t-ainmhí atá á onnmhairiú as stoc atá dearbhaithe go hoifigiúil a bheith glan ón eitinn de réir an chórais atá i bhfeidhm in Éirinn;

(c) de mhaolú ar fhorálacha na Treorach a bhaineann leis an oibleagáid chun ainmhithe stóir agus pórúcháin ar thaobh amháin, agus ainmhithe le haghaidh a maraithe ar an taobh eile, a dheighilt óna chéile.

5. Go dtí an 31 Nollaig 1975, údaraítear don Danmhairg an t-alttuberculine a úsáid de mhaolú ar fhorálacha Iarscríbhinn B den Treoir sin.

6. Go dtí go gcuirfear i gcrích forálacha an Chomhphobail maidir le trádáil laistigh de na Ballstáit lena mbaineann na hábhair atá faoi fheidhm na Treorach sin, údaraítear d'Éirinn agus don Ríocht Aontaithe a rialacháin náisiúnta féin a choinneáil i bhfeidhm do rialú na tradála idir Éirinn agus Tuaisceart Éireann.

Féadfaidh na Ballstáit atá i gceist bearta iomchuí a dhéanamh chun nach gcuirfear an maolú sin i bhfeidhm ach amháin ar an trádáil a luaitear thuas.

Airteagal 105

Beidh feidhm de réir na bhforálacha seo a leanas ag Treoir Uimh. 64/433/CEE maidir le fadhbanna sláintíochta sa trádáil laistigh den Chomhphobal a bhaineann le feoil úr:

Go dtí an 31 Nollaig 1977, údaraítear d'Éirinn, don Ioruaidh agus do Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, a rialacháin náisiúnta i dtaobh cosaint in aghaidh galar crúb agus béil a choimeád i bhfeidhm ar allmhairí feola úire, faoi réir forálacha ginearálta Chonradh CEE a chomhlíonadh.

Airteagal 106

Roimh dhul in éag don tréimhse dá dtagraítear in Airteagail 104 agus 105, déanfar athbhreithniú ar an gcor sa Chomhphobal go hiomlán agus ina pháirteanna éagsúla i bhfianaise an dul ar aghaidh a bheidh déanta i réim na tréidliachta.

Tráth nach déanaí ná an 1 Iúil 1976, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid na Comhairle agus, a mhéid is riachtanach, na moltaí is iomchuí ag féachaint don dul ar aghaidh sin.

Roinn 2

Forálacha éagsúla

Airteagal 107

Beidh feidhm ag na hIonstraimí atá sa liosta in Iarscríbhinn V den Ionstraim seo maidir leis na Ballstáit nua de réir na gcoinníollacha dá bhforáiltear san Iarscríbhinn sin.

TEIDEAL III

CAIDREAMH EACHTRACH

CAIBIDIL 1

Comhaontuithe na gComhphobal le Tríú Tíortha Áirithe

Airteagal 108

1. Cuirfidh na Ballstáit nua chun feidhme, amhail ó dháta an aontachais, forálacha na gcomhaontuithe

dá dtagraítear i mír 3, á chur san áireamh bearta idirthréimhseacha agus na hoiriúnuithe a gheofar a bheith riachtanach agus a bheidh ina n-ábhar do Phrótacail a bheidh le cur i gcrích leis na tríú tíortha comhchonarthacha agus a chuirfear i gceangal leis na comhaontuithe sin.

2. Leis na bearta idirthréimhseacha sin, a chuirfidh san áireamh bearta comhréireacha a choimeádtar i bhfeidhm laistigh den Chomhphobal agus nach féidir ré níos faide a bheith acu, féachfar chuige go dtabharfaidh an Comhphobal i réim go comleanúnach córas aonair ina chaidreamh leis na tríú tíortha comhchonarthach aagus go ndéanfar comhionannú ar chearta agus oibleagáidí na mBallstát.

3. Baineann forálacha míreanna 1 agus 2 leis na comhaontuithe a tugadh i gcrích leis an nGréig, leis an Tuirc, leis an Túinéis, le Maracó, le hIosrael, leis an Spáinn agus le Málta.

Baineann na forálacha sin freisin leis na comhaontuithe a bheidh tugtha i gcrích go dtí dáta na hIonstraime seo a theacht i bhfeidhm le tríú tíortha eile a bhaineann le réigiún na Meánmhara.

CAIBIDIL 2

Caidreamh le Stáit Chomhlachaithe na hAfraice agus na Malagáise, agus le Tíortha Áirithe de chuid an Chomhlathais a bhfuil Forás Fúthu

Airteagal 109

1. Na socruithe a leanann as an gCoinbhinsiún Comhlachais, a síníodh an 29 Iúil 1969, idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Stáit na hAfraice agus na Malagáise atá i gcomhlachas leis an gComhphobal sin, agus as an gComhaontú ag bunú Comhlachais idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Poblacht Aontaithe na Tansáine, Poblacht Uganda, agus Poblacht na Céinia, a síníodh an 24 Meán Fómhair 1969, ní bheidh feidhm acu sa chaidreamh idir na Ballstáit nua agus na Stáit atá i gcomhlachas leis an gComphobal de bhua na n-ionstraimí thuasluaite.

Ní bheidh ar na Ballstáit nua aontú don Chomhaontú maidir le táirgí a bhaineann leis an gComhphobal Eorpach do Ghual agus Cruach, a síníodh an 29 Iúil 1969.

2. Faoi réir forálacha Airteagail 110 agus 111, bainfidh leis na táirgí de thionscnamh na Stát comhlachaithe dá dtagraítear i mír 1, ar iad a allmhairiú isteach sna Ballstáit nua, na socruithe a bhain leo roimh an aontachas.

3. Faoi réir forálacha Airteagail 110 agus 111, bainfidh leis na táirgí de thionscnamh tíortha neamhspleácha an Chomhlathais dá dtagraítear in Iarscríbhinn VI a ghabhann leis an Ionstraim seo, ar iad a allmhairiú isteach sa Chomhphobal, na socruithe a bhain leo roimh na aontachas.

Airteagal 110

Maidir leis na táirgí a áirítear sa liosta in Iarscríbhinn II a ghabhann le Conradh CEE, is táirgí atá faoi réir comheagraíochta margaí, agus maidir leis na táirgí lena mbaineann, ar iad a allmhairiú isteach sa Chomhphobal, rialacha speisialta de thoradh an comhbheartas talmhaíochta a chur i ngníomh, más táirgí iad de thionscnamh na Stát comhlachaithe dá dtagraítear in Airteagal 109(1), nó na dtíortha neamhspleácha de chuid an Chomhlathais dá dtagraítear in Airteagal 109(3), cuirfidh na Ballstáit nua chun feidhme, ar an allmhairiú a dhéanamh, rialacháin an Chomhphobail faoi na coinníollacha dá bhforáiltear san Ionstraim seo agus faoi réir na bhforálacha seo a leanas:

(a) nuair a fhoráiltear le rialacháin an Chomhphobail dleachtanna custam a thobhach ar allmhairí ó thríú tíortha, cuirfidh na Ballstáit nua chun feidhme, faoi réir forálacha Airteagal 111, an córas taraife a bhí á chur chun feidhme acu roimh an aontachas;

(b) maidir leis na heilimintí cosanta seachas dleachtanna custam, cinnfidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe ar thogra ón gCoimisiún, ar na hoiriúnuithe is gá ar rialacháin an Chomhphobail chun a chinntiú go bhféadfar na táirgí sin a allmhairiú faoi choinníollacha den chineál céanna leis na cinn a bhí ann roimh an aontachas.

Airteagal 111

I gcás go dtiocfaidh as an gcomhfhogasú leis an gComhtharaif Chustam go laghdófar an dleacht chustam i mBallstát nua, cuirfear an dleacht chustam nua arna laghdú amhlaidh chun feidhme ar na hallmhairí dá bhforáiltear in Airteagail 109 agus 110.

Airteagal 112

1. Na táirgí a allmhaireofar isteach sa Ríocht Aontaithe le linn na tréimhse amach go dtí na dátaí a chinnfear i bhfeidhmiú Airteagal 115, agus is de thionscnamh na dtíortha neamhspleácha de chuid an Chomhlathais dá dtagraítear in Airteagal 109(3), ní inmheasta saorchúrsaíocht, de réir brí Airteagal 10 de Chonradh CEE, a bheith acu ansin ar iad a athonnmhairiú go dtí Ballstát nua eile nó go dtí an Comhphobal ina chomhdhéanamh bunaidh.

2. Na táirgí de thionscnamh na Stát comhlachaithe dá dtagraítear in Airteagal 109(1), a allmhaireofar

isteach sa Chomhphobal ina chomhdhéanamh bunaidh le linn na tréimhse céanna, ní inmheasta saorchúrsaíocht, de réir brí Airteagal 10 de Chonradh CEE, a bheith acu ansin ar iad a athonnmhairiú go dtí na Ballstáit nua.

3. Féadfaidh an Coimisiún, mura baol sraonadh trádála a theacht de, agus go háirithe i gcás miondifríochtaí sna córais allmhairiúcháin, forálacha míreanna 1 agus 2 a mhaolú.

Airteagal 113

1. Amhail ó dháta an aontachais, cuirfidh na Ballstáit nua in iúl do na Ballstáit bhunaidh agus don Choimisiún na forálacha a bhaineann leis na socruithe a chuireann siad chun feidhme ar tháirgí a allmhairítear agus is de thionscnamh na dtíortha neamhspleácha de chuid an Chomhlathais dá dtagraítear in Airteagal 109(3), agus na Stát comhlachaithe dá dtagraítear in Airteagal 109(1), nó a thig ó na tíortha nó na Stáit sin.

2. Amhail ó dháta an aontachais, cuirfidh an Coimisiún i bhfios do na Ballstáit nua na forálacha inmheánacha nó coinbhinsiúnta a bhaineann leis na socruithe is inchurtha chun feidhme ar tháirgí a allmhairítear isteach sa Chomhphobal ina chomhdhéanamh bunaidh nó is de thionscnamh na dtíortha neamhspleácha de chuid an Chomhlathais dá dtagraítear in Airteagal 109(3), agus na Stát comhlachaithe dá dtagraítear in Airteagal 109(1), nó a thig ó na tíortha nó na Stáit sin.

Airteagal 114

Nuair a ghlacfar na cinntí atá le déanamh ag an gComhairle agus na comhairlí atá le tabhairt ag Coiste Chiste Forbraíochta na hEorpa, faoi chuimsiú an chomhaontaithe inmheánaigh ar na bearta is indéanta agus na nósanna imeachta is inleanta le haghaidh feidhmiú an Choinbhinsiúin Chomhlachais, a síníodh an 29 Iúil 1969, idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Stáit na hAfraice agus na Malagáise atá i gcomhlachas leis an gComhphobal sin, an chomhaontaithe inmheánaigh ar mhaoiniú agus bainistí cabhair an Chomhphobail, a síníodh an 29 Iúil 1969, agus an chomhaontaithe inmheánaigh ar na bearta is indéanta agus na nósanna imeachta is inleanta le haghaidh feidhmiú an chomhaontaithe ag bunú comhlachais idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Poblacht Aontaithe na Tansáne, Poblacht Uganda agus Poblacht na Céinia, a síníodh an 24 Meán Fómhair 1969, ní áireofar ar an nglacadh sin ach vótaí na mBallstát bunaidh mar is cuí sa chás, de réir an meáchan vótaí a bhí i bhfeidhm roimh an aontachas chun an tromlach cáilithe a ríomh, nó, de réir forálacha Airteagal 13(3) den chomhaontú inmheánach ar mhaoiniú agus bainistí chabhair an Chomhphobail.

Airteagal 115

1. Beidh feidhm go dtí an 31 Eanáir 1975 ag Airteagail 109 go 114.

2. Ar a shon sin, na hallmhairí de thionscnamh na dtíortha neamhspleácha de chuid an Chomhlathais dá dtagraítear in Airteagal 109(3) a bheidh, roimh an dáta sin, tar éis a gcaidreamh leis an gComhphobal a rialú ar bhonn seachas comhlachas, beidh siad, sna Ballstáit nua, amhail ón dáta a thiocfaidh a gcomhaontú leis an gComhphobal i bhfeidhm agus i gcás na réimeanna nach gcumhdaítear ann, faoi réir na socruithe i dtaobh tríú tír is infheidhme ina leith, á chur san áireamh na forálacha idirthréimhseacha atá san Ionstraim seo.

3. Féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aontoil tar éis dul i gcomhairle leis an gCoimisiún, cinneadh ar an dáta dá bhforáiltear i mír 1 a chur siar, i gcás feidhmiú na bhforálacha idirthréimhseacha dá bhforáiltear sa dara mír d'Airteagal 62 den Choinbhinsiún Comhlachais idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Stáit na hAfraice agus na Malagáise atá i gcomhlachas leis an gComhphobal sin, a síníodh an 29 Iúil 1969, nó sa dara mír d'Airteagal 36 den Chomhaontú ag bunú comhlachais idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Poblacht Aontaithe na Tansáine, Poblacht Uganda agus Poblacht na Céinia, a síníodh an 24 Meán Fómhair 1969, agus ar feadh a ré sin.

CAIBIDIL 3

Caidreamh leis an bPapuáis-Nua-Ghuine

Airteagal 116

1. Bainfidh forálacha Airteagail 109(3) agus Airteagail 110 go 113, go dtí an 31 Nollaig 1977, leis na táirgí a allmhaireofar isteach sa Ríocht Aontaithe agus is de thionscnamh na Papuáise-Nua-Ghuine nó a thig ón gcríoch sin.

2. Féadfar na socruithe sin a athbhreithniú, go háirithe má ghnóthaíonn an chríoch sin neamhspleáchas roimh an 1 Eanáir 1978. Déanfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe ar thogra ón gCoimisiún, de réir na bhforálacha iomchuí a chruthófar a bheith riachtanach.

TEIDEAL IV

COMHLACHÚ NA dTÍORTHA AGUS NA gCRÍOCHA THAR LEAR

Airteagal 117

1. Tráth nach luaithe ná an 1 Feabhra 1975, agus ar chinneadh ón gComhairle a glacadh de bhua Airteagal 136 de Chonradh CEE, beidh éifeacht ag comhlachú na gcríocha neamhEorpacha a bhfuil caidreamh ar leith acu leis an Ioruaidh agus leis an Ríocht Aontaithe agus le Comhthiarnas Franc-Bhriotanach Nua-Inse Ghall dá dtagraítear in Airteagal 24(2).

2. Ní bheidh ar na Ballstáit nua aontú don Chomhaontú maidir le trádáil leis na tíortha agus na críocha thar lear a bhaineann leis na táirgí atá faoi réim Chonradh CEGC a síníodh an 14 Nollaig 1970.

Airteagal 118

Na forálacha sa Tríú Cuid de Phrótacal Uimh. 22 a bhaineann leis an gcaidreamh idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Stáit Chomhlachaithe na hAfraice agus na Malagáise maille leis na tíortha neamhspleácha a bhfuil forás fúthu de chuid an Chomhlathais san Afraic, san Aigéan Indiach, san Aigéan Ciúin agus sna hAintillí, baineann siad leis na tíortha agus na críocha thar lear dá dtagraítear in Airteagal 117 chomh maith leis na tíortha agus na críocha neamhEorpacha a bhfuil caidreamh speisialta acu leis na Ballstáit bhunaidh.

Airteagal 119

1. Na socruithe a leanann as Cinneadh na Comhairle an 29 Meán Fómhair 1970, maidir le comhlachú na dtíortha agus na gcríocha thar lear le Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa, ní bhainfidh siad leis an gcaidreamh idir na tíortha agus na críocha sin agus na Ballstáit nua.

2. Beidh na táirgí de thionscnamh na dtíortha agus na gcríocha atá i gcomhlachas leis an gComhphobal, ar iad a allmhairiú isteach sna Ballstáit nua, faoi réir na rialachán a bhí á gcur chun feidhme orthu roimh dháta an aontachais

Beidh na táirgí de thionscnamh na gcríocha neamhEorpacha a bhfuil caidreamh ar leith acu leis an Ioruaidh nó leis an Ríocht Aontaithe, agus le Comhthiarnas Franc-Bhriotanach Nua-Inse Ghall dá dtagraítear in Airteagal 24(2), ar iad a allmhairiú isteach sa Chomhphobal, faoi réir na rialachán a bhí á gcur chun feidhme orthu roimh dháta an aontachais.

Beidh forálacha Airteagail 110 go 114 infeidhme.

3. Cuirfear forálacha an Airteagail seo chun feidhme go dtí an 31 Eanáir 1975. I gcás feidhmiú Airteagal 115(3), féadfar an dáta sin a chur siar de réir an nós imeachta agus faoi réir na gcoinníollacha dá bhforáiltear san Airteagal sin.

TEIDEAL V

GLUAISEACHTAÍ CAIPITIL

Airteagal 120

1. Faoi réir na gcoinníollacha agus na dteorainneacha ama atá leagtha amach in Airteagail 121 go 126, féadfaidh na Ballstáit nua an léirscaoileadh ar ghluaiseachtaí caipitil a chur siar a bhforáiltear dó leis an gcéad Treoir ón gComhairle, dar dáta 11 Bealtaine 1960, chun Airteagal 67 de Chonradh CEE a chur i ngníomh agus leis an dara Treoir ón gComhairle, dar dáta 18 Nollaig 1962, ag comhlánú agus ag leasú na chéad Treorach chun Airteagal 67 de Chonradh CEE a chur i ngníomh.

2. Rachfar i ndáil chomhairle mar is gá, an tráth cuí, idir na Ballstáit nua agus an Coimisiún maidir leis na modhanna chun bearta léirscaoilte nó maolaithe a chur i ngníomh ar féidir a bhfeidhm a chur siar de bhua na bhforálacha seo a leanas.

Airteagal 121

1. Féadfaidh an Danmhairg:

(a) léirscaoileadh a chur siar, ar feadh tréimhse dhá bhliain tar éis an aontachais, i gcás ceannach bannaí ag neamhchónaitheoiri, ar bannaí iad a rinneadh amach in Kroner na Danmhairge agus a ndéileáiltear iontu ar an stocmhargadh sa Danmhairg, agus aistriú nithiúil na n-urrús thuasluaite á chur san áireamh;

(b) léirscaoileadh a chur siar, ar feadh tréimhse chúig bliana tar éis an aontachais, i gcás ceannach urrús coigríche, a ndéileáiltear iontu ar an stocmhargadh, ag cónaitheoirí sa Danmhairg, agus i gcás athcheannach ón gcoigrích ar urrúis Dhanmhargacha a ndéileáiltear iontu ar an stocmhargadh, a sonraíodh go hiomlán nó go páirteach in airgead coigríche, agus aistriú nithiúil na n-urrús thuasluaite á chur san áireamh.

2. Amhail ó dháta an aontachais, rachaidh an Danmhairg i gcionn léirscaoileadh comhleanúnach ar na hoibríochtaí dá dtagraítear i mír 1(a).

Airteagal 122

1. Féadfaidh Éire:

(a) léirscaoileadh a chur siar, ar feadh tréimhse dhá bhliain tar éis an aontachais, i gcás infheistíochtaí díreacha sna Ballstáit ag cónaitheoirí in Éirinn agus i gcás réadú infheistíochtaí díreacha sna Ballstáit ag cónaitheoirí in Éirinn;

(b) léirscaoileadh a chur siar, ar feadh tréimhse tríocha mí tar éis an aontachais, i gcás gluaiseachtaí caipitil de chineál pearsanta mar a leanas:

— aistriú ar chaipiteal is le cónaitheoirí in Éirinn agus a théann ar eisimirce, seachas aistriú a bhaineann le saorghluaiseacht oibrithe a léirscaoilfear amhail ó dháta an aontachais;

— bronntanais agus dearlaicí, crodhanna, dleachtanna comharbais agus infheistíochtaí eastáit réadaigh seachas infheistíochtaí a bhaineann le saorghluaiseacht oibrithe a léirscaoilfear amhail ó dháta an aontachais;

(c) léirscaoileadh a chur siar, ar feadh tréimhse chúig bliana tar éis an aontachais, i gcás oibriochtaí a áirítear i Liosta B atá i gceangal leis na Treoracha dá dtagraítear in Airteagal 120 agus a dhéanfaidh cónaitheoirí in Éirinn.

2. Féachfaidh Éire, á aithint di gurb inmhianaithe gabháil, ó dháta an aontachais, i gcionn maolú tábhachtach ar na rialacha a bhaineann leis na hoibríochtaí dá dtagraítear i mír 1(a), leis na bearta is iomchuí chuige sin a dhéanamh.

Airteagal 123

1. Féadfaidh an Ioruaidh:

(a) léirscaoileadh a chur siar, ar feadh tréimhse dhá bhliain tar éis an aontachais, i gcás allmhairí caipitil le haghaidh infheistíochtaí díreacha i bhfoirm iasachtaí fadtéarma i ngnóthais atá bunaithe cheana féin san Ioruaidh;

(b) léirscaoileadh a chur siar, ar feadh tréimhse dhá bhliain tar éis an aontachais, i gcás creidmheasaí tráchtála go feadh cúig bliana nuair is fundúireacht airgeadais an t-iasachtóir coigríche;

(c) léirscaoileadh a chur siar, ar feadh tréimhse dhá bhliain tar éis an aontachais, i gcás ceannach scaireanna ag neamhchónaitheoirí, ar scaireanna iad a sonraíodh in Kroner na hIoruaidhe agus a ndéileáiltear iontu ar an stocmhargadh san Ioruaidh, agus aistriú nithiúil ar na hurrúis áirithe á chur san áireamh;

(d) léirscaoileadh a chur siar, ar feadh tréimhse chúig bliana tar éis an aontachais, i gcás oibríochtaí ag cónaitheoirí san Ioruaidh in urrúis choigríche a ndéileáiltear iontu ar an stocmhargadh, agus aistriú nithiúil ar na hurrúis áirithe á chur san áireamh.

2. Amhail ó dháta an aontachais, ar údaráis a bheith á ndeonú aici do na hoibríochtaí dá dtagraítear i mír 1(a), seachnóidh an Ioruaidh idirdhealú idir gnóthais Ioruacha, cibé acu faoi rialú ag gnóthais de chuid Ballstáit eile dóibh nó nach ea.

3. Féachfaidh an Ioruaidh, i gcás na n-oibríochtaí dá dtagraítear i mír 1(b), le leas a bhaint as córacha beartais eacnamaíochta a luíonn le rialacha an Chomhphobail de rogha ar shrianta malairte a úsáid.

4. Féachfaidh an Ioruaidh, á aithint di gurb inmhianaithe gabháil, amhail ó dháta an aontachais, i gcionn léirscaoileadh comhleanúnach ar na hoibríochtaí dá dtagraítear i mír 1(c), leis na bearta is iomchuí chuige sin a dhéanamh.

Airteagal 124

1. Féadfaidh an Ríocht Aontaithe:

(a) léirscaoileadh a chur siar, ar feadh tréimhse dhá bhliain tar éis an aontachais, i gcás infheistíochtaí díreacha sna Ballstáit ag cónaitheroí sa Ríocht Aontaithe agus i gcás réadú ar infheistíochtaí díreacha sna Ballstáit ag cónaitheoirí sa Ríocht Aontaithe;

(b) léirscaoileadh a chur siar, ar feadh tréimhse tríocha mí tar éis an aontachais, i gcás gluaiseachtaí caipitil de chineál pearsanta mar a leanas;

— aistriú ar chaipiteal is le cónaitheoirí sa Ríocht Aontaithe agus a théann ar eisimirce, seachas aistriú a bhaineann le saorghluaiseacht oibrithe a léirscaoilfear amhail ó dháta an aontachais;

— bronntanais agus dearlaicí, crodhanna, dleachtanna comharbais agus infheistíochtaí eastáit réadaigh seachas infheistíochtaí a bhaineann le saorghluaiseacht oibrithe a léirscaoilfear amhail ó dháta an aontachais;

(c) léirscaoileadh a chur siar, ar feadh tréimhse chúig bliana tar éis an aontachais, i gcás oibríochtaí a áirítear i Liosta B atá i gceangal leis na Treoracha dá dtagraítear in Airteagal 120 agus a dhéanfaidh cónaitheoirí sa Ríocht Aontaithe.

2. Amhail ó dháta an aontachais, gabhfaidh an Ríocht Aontaithe i gcionn maolú tábhachtach ar na rialacha a bhaineann leis na hoibríochtaí dá dtagraítear i mír 1(a).

Airteagal 125

Más féidir é sna himthosca, déanfaidh na Ballstáit nua léirscaoileadh ar na gluaiseachtaí caipitil dá dtagraítear in Airteagail 121 go 124 laistigh de na teorainneacha ama atá leagtha síos sna hAirteagail sin.

Airteagal 126

D'fhonn forálacha Airteagail an Teidil seo a chur chun feidhme, féadfaidh an Coimisiún dul i gcomhairle leis an gCoiste Airgeadaíochta agus aon tograí is iomchuí a chur faoi bhráid na Comhairle.

TEIDEAL VI

FORÁLACHA AIRGEADAIS

Airteagal 127

Déanfar Cinneadh an 21 Aibreán 1970, a bhaineann le hacmhainní dílse na gComhphobal féin a chur in ionad na ranníocaí airgeadais ó na Ballstáit agus dá ngairtear "Cinneadh an 21 Aibreán 1970" anseo feasta, a chur chun feidhme agus na forálacha seo a leanas á gcur san áireamh.

Airteagal 128

Sna fáltais dá dtagraítear in Airteagal 2 de Chinneadh an 21 Aibreán 1970, áireofar freisin:

(a) sna fáltais atá ceaptha mar thobhaigh thalmhaíochta, na fáltais ó aon suim chúiteach a thoibhítear ar allmhairí faoi Airteagail 47 agus 55, agus ó na heilimintí socraithe a chuirtear chun feidhme sa trádáil idir an Comhphobal ina chomhdhéanamh bunaidh agus na Ballstáit nua, agus idir na Ballstáit nua iad féin, faoi Airteagal 61.

(b) sna fáltais atá ceaptha mar dhleachtanna custam, na dleachtanna custam a thoibhíonn na Ballstáit nua sa trádáil le Stáit nach comhaltaí, mar aon leis na dleachtanna custam a thoibhítear sa trádáil idir an Comhphobal ina chomhdhéanamh bunaidh agus na Ballstáit nua, agus idir na Ballstáit nua iad féin.

Airteagal 129

1. Dáilfear mar a leanas na ranníocaí airgeadais ó na Ballstáit dá dtagraítear in Airteagal 3(2) de Chinneadh an 21 Aibreán 1970:

— idir na Ballstáit nua:

An Danmhairg	2.42%
Éire	0.60%
An Ioruaidh	1.66%
An Ríocht Aontaithe	19.00%

— agus idir na Ballstáit bhunaidh de réir an scála atá leagtha síos in Airteagal 3(2) de Chinneadh an 21 Aibreán 1970, tar éis ranníocaí airgeadais na mBallstát nua dá dtagraítear thuas a asbhaint.

2. Don bhliain 1973, glacfar leo seo a leanas mar bhonn chun na hathruithe a ríomh a dtagraítear dóibh in Airteagal 3(3) de Chinneadh an 21 Aibreán 1970:

— do na Ballstáit nua, na céatadáin dá dtagraítear i mír 1;

— do na Ballstáit bhunaidh, a scair choibhneasta i leith na bliana roimhe sin, ag cur chéatadáin na mBallstát nua dá dtagraítear thuas san áireamh.

Airteagal 130

Ní bheid acmhainní dílse na gComhphobal féin agus na ranníocaí airgeadais agus, más iomchuí, na ranníocaí dá dtagraítear i míreanna 2, 3 agus 4 d'Airteagal 4 de Chinneadh an 21 Aibreán 1970, dlite ó na Ballstáit nua ach go feadh:

— 45.0% i 1973

— 56.0% i 1974

— 67.5% i 1975

— 79.5% i 1976

— 92.0% i 1977

Airteagal 131

1. Amhail ón 1 Eanáir 1978, beidh acmhainní dílse na gComhphobal féin agus, nuair is iomchuí, na ranníocaí airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 4, míreanna 2, 3 agus 4 de Chinneadh an 21 Aibreán 1970, dlite ó na Ballstáit nua go hiomlán, faoi réir na bhforálacha seo a leanas:

(a) ní rachaidh an méadú sa scair choibhneasta a bheidh le híoc ag gach Ballstát nua mar acmhainní dílse agus ranníocaí airgeadais don

bhliain 1978 i gcomparáid leis an scair choibhneasta a bhí dlite do 1977 thar dhá chúigiú den difríocht idir an scair choibhneasta a bhí dlite mar acmhainní dílse agus ranníocaí airgeadais don bhliain 1977 agus an scair choibhneasta a bheadh le híoc ag gach Ballstát nua amhlaidh don bhliain chéanna, dá mba rud é go ndéanfaí an scair choibhneasta sin a ríomh de réir na socruithe a foráladh do na Ballstáit bhunaidh amhail ó 1978 le Cinneadh an 21 Aibreán 1970.

(b) don bhliain 1979, ní rachaidh an méadú sa scair choibhneasta do gach Ballstát nua i gcomparáid le 1978 thar an méadú don bhliain 1978 i gcomparáid leis an mbliain 1977.

2. Déanfaidh an Coimisiún an ríomhaireacht is gá chun an tAirteagal seo a chur chun feidhme.

Airteagal 132

Go dtí an 31 Nollaig 1979, déanfar an codán de bhuiséad na gComhphobal a bheadh fágtha gan chumhdach, de bhíthin Airteagail 130 agus 131 a chur chun feidhme, a chorprú sa tsuim iomlán a dhlitear ó na Ballstáit bhunaidh as an gcionroinnt a dhéanfar de réir Airteagal 129. Déanfar an t-iomlán a gheofar amhlaidh a chionroinnt idir na Ballstáit bhunaidh de réir forálacha Chinneadh an 21 Aibreán 1970.

TEIDEAL VII

FORÁLACHA EILE

Airteagal 133

Beidh feidhm ag na gníomhartha a shonraítear sa liosta in Iarscríbhinn VII den Ionstraim seo maidir leis na Ballstáit nua faoi réir na gcoinníollacha atá leagtha amach san Iarscríbhinn sin.

Airteagal 134

1. Déanfaidh an Coimisiún fiosrú, in éineacht leis na Rialtais lena mbaineann, sna cúig bliana tar éis an aontachais, féachaint an bhféadfadh na bearta láithreacha, atá leagtha síos le forálacha reachtúla, rialúcháin nó riaracháin agus atá i bhfeidhm sna Ballstáit nua agus a thiocfadh, más tar éis an aontachais a tugadh isteach iad, faoi réim Airteagal 67 de Chonradh CEGC, i gcóimheas leis na bearta a bhí i bhfeidhm sna Ballstáit bhunaidh, chun bheith ina gcúis le mórshaobhadh ar na dálaí iomaíochta idir na tionscail ghuail agus chruach ar an gCómhargadh nó ar na margaí onnmhairiúcháin. Féadfaidh an Coimisiún, tar éis dul i gcomhairle leis an gComhairle, gach gníomh is iomchuí leis a mholadh do na Rialtais lena mbaineann chun na bearta sin a cheartú nó chun cúiteamh a dhéanamh ina ndeasca.

2. Go dtí an 31 Nollaig 1977, ní fhéadfaidh na praghsanna a bhí i réim i gcás gnóthas díolta cruach ar mhargadh na hÉireann, arna laghdú go dtí a gcoibhéis ag an bpointe a roghnaíodh dá bpraghas-liosta, bheith faoi bhun na bpraghsanna atá leagtha síos sa liosta sin le haghaidh idirbhearta den tsamhail chéanna, ach amháin le húdarás arna thabhairt ag an gCoimisiún, le comhaontú Rialtas na hÉireann, agus sin gan dochar d'fhorálacha Airteagal 60(2)(b) de Chonradh CEGC, an mhír dheiridh.

3. Má leathnaítear tar éis an aontachais Cinneadh Uimh. 1/64 ón Ard-Udarás, dar dáta an 15 Eanáir 1964, á thoirmeasc ar ghnóthais sa Chomhphobal Eorpach do Ghual agus Cruach tairiscintí a ailíniú ar tháirgí miotalóireachta agus táirgí d'iarann teilgthe ó thíortha nó críocha Stát-trádála, ní bhainfidh an toirmeasc sin go dtí an 31 Nollaig 1975 le táirgí do mhargaí na Danmhairge agus na hIoruaidhe.

Airteagal 135

1. Más rud é, le linn na tréimhse go dtí an 31 Nollaig 1977, go dtarlóidh deacrachtaí atá tromchúiseach agus gur dóigh go mairfidh dóibh in aon earnáil den gheilleagar nó deacrachtaí a d'fhéadfadh athrú mór a dhéanamh ar staid eacnamaíoch limistéir áirithe, féadfaidh Ballstát nua údarás a iarraidh chun bearta cosanta a ghlacadh d'fhonn an staid sin a cheartú agus an earnáil áirithe a oiriúnú do gheilleagar an chómhargaidh.

2. Ar iarratas ón Stát áirithe, déanfaidh an Coimisiún, trí nós imeachta éigeandála agus gan mhoill, na bearta cosanta a chinneadh a mheasfaidh sé is gá, agus sonróidh sé na himthosca agus an modh ina gcuirfear in éifeacht iad.

3. D'fhéadfadh na bearta a údaraítear faoi mhír 2 den Airteagal seo maolú a thabhairt ar rialacha Chonradh CEE agus na hIonstraime seo, go feadh méid agus go ceann tréimhsí atá fíor-riachtanach chun na cuspóirí dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal a ghnóthú. Tabharfar tús do na bearta is lú a shuaithfidh feidhmiú an Chómhargaidh.

4. Féadfaidh Ballstát bunaidh, faoi na coinníollacha céanna agus de réir an nós imeachta chéanna, a iarraidh go n-údaródaí dó bearta cosanta a ghlacadh maidir le ceann amháin nó níos mó de na Ballstáit nua.

Airteagal 136

1. Más rud é, roimh an 31 Nollaig 1977, go gcinnfidh an Coimisiún, ar iarratas ó Bhallstát

nó ó aon pháirtí eile lena mbaineann, go bhfuil dumpáil á cleachtadh idir an Comhphobal ina chomhdhéanamh bunaidh agus na Ballstáit nua, nó idir na Ballstáit nua iad féin, díreoidh sé moltaí chuig an duine nó na daoine is bun leis na cleachtais sin d'fhonn deireanh a chur leo.

Má leantar de na cleachtais dumpála, údaróidh an Coimisiún don Bhallstát nó do na Ballstáit díobhálaithe bearta cosanta a ghlacadh, agus cinnfidh sé coinníollacha agus sonraí na mbeart sin.

2. Chun an tAirteagal seo a chur chun feidhme maidir leis na táirgí a bhfuil liosta díobh in Iarscríbhinn II de Chonradh CEE, breithneoidh an Coimisiún gach dáil iomchuí, agus go háirithe leibhéal na bpraghsanna a chuirtear chun feidhme ar allmhairí ó fhoinsí eile isteach sa mhargadh atá faoi bhreithniú, ag cur forálacha Chonradh CEE maidir le talmhaíocht agus go háirithe foráil Airteagal 39 san áireamh.

Airteagal 137

1. De mhaolú ar fhorálacha Airteagal 136, féadfaidh Éire, go dtí an 31 Nollaig 1977, na bearta is gá a ghlacadh í féin i gcás fíorphráinne. Cuirfidh sí na bearta sin in iúl láithreach don Choimisiún, agus féadfaidh an Coimisiún cinneadh ar iad a dhíothú nó iad a leasú.

2. Ní bheidh an fhoráil seo inchurtha chun feidhme maidir le táirgí a thig faoi Iarscríbhinn II de Chonradh CEE.

Airteagal 138

De mhaolú ar fhorálacha Airteagal 95(2) de Chonradh CEE, féadfaidh an Danmhairg, go dtí an 30 Meitheamh 1974, na dleachtanna speisialta máil is inchurtha ar fhíonta boird a allmhairítear i mbuidéil nó i gcoimeádáin eile dá samhail a choimeád i bhfeidhm.

CUID A CÚIG

FORÁLACHA I dTAOBH AN IONSTRAIM SEO A CHUR CHUN FEIDHME

TEIDEAL I

BUNÚ NA nINSTITIÚIDÍ

Airteagal 139

1. Iarrfar ar Pharlaimintí na mBallstát nua a dtoscairí chun an Tionóil a cheapadh, amhail ó dháta an aontachais.

2. Tiocfaidh an Tionól le chéile mí ar a dhéanaí tar éis an aontachais. Déanfaidh sé cibé oiriúnuithe ar a rialacháin inmheánacha is gá de thoradh an aontachais.

Airteagal 140

1. Amhail ó dháta an aontachais, beidh oifig Uachtarán na Comhairle á sealbhú ag an gcomhalta den Chomhairle a líonfaidh oifig Uachtarán Chomhairle na gComhphobal Eorpach, de réir Airteagal 2 sa téacs bunaidh den Chonradh ag bunú Comhairle Aonair agus Coimisiún Aonair de na Comhphobail Eorpacha. Ar dhul in éag don téarma oifige sin, líonfaidh na Ballstáit oifig an Uachtaráin ansin de réir uainíochta san ord atá leagtha síos san Airteagal dá dtagraítear thuas, arna leasú le hAirteagal 11.

2. Déanfaidh an Chomhairle cibé oiriúnuithe ar a rialacháin inmheánacha is gá de thoradh an aontachais.

Airteagal 141

1. Déanfar Uachtarán, Leas-Uachtaráin agus comhaltaí an Choimisiúin a cheapadh díreach tar éis an aontachais. Rachaidh an Coimisiún i mbun a dhualgas an cúigiú lá tar éis ceapadh a chomhaltaí. San am céanna, tiocfaidh deireadh le ceapachán na gcomhaltaí a bheidh i seilbh oifige tráth an aontachais.

2. Déanfaidh an Coimisiún cibé oiriúnuithe is gá ar a rialacháin inmheánacha de thoradh an aontachais.

Airteagal 142

1. Tráth an aontachais, comhlánófar an Chúirt Bhreithiúnais trí cheithre bhreitheamh a cheapadh.

2. Rachaidh téarmaí oifige beirt de na breithiúna, a ceapadh de réir mhír 1, in éag an 6 Deireadh Fómhair 1976. Roghnófar trí chrannchur an dá bhreitheamh sin. Rachaidh téarmaí oifige an dá bhreitheamh eile in éag an 6 Deireadh Fómhair 1979.

3. Tráth an aontachais, ceapfar an tríú Abhcóide Ginearálta. Rachaidh a théarma oifige in éag an 6 Deireadh Fómhair 1979.

4. Déanfaidh an Chúirt cibé oiriúnuithe ar a rialacha nós imeachta is gá de thoradh an aontachais. Ní foláir aontú d'aontoil ón gComhairle a bheith leis na rialacha nós imeachta arna n-oiriúnú amhlaidh.

5. Chun breithiúnas a thabhairt i leith cásanna a bheidh os comhair na Cúirte an 1 Eanáir 1973 agus ar tionscnaíodh imeachtaí ó bhéal ina leith roimh an dáta sin, suífidh an Chúirt i seisiún iomlánach nó suífidh na Dlísheomraí sa chomhdhéanamh a bhí orthu roimh an aontachas agus cuirfidh siad na rialacha nós imeachta céanna chun feidhme a bhí i ngníomh an 31 Nollaig 1972.

Airteagal 143

Tráth an aontachais, comhlánófar an Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialach trí chomhalta agus caoga a cheapadh a bheidh ionadaíoch do na hearnálacha éagsúla de ghníomhaíocht eacnamaíoch agus shóisialach na mBallastát nua. Rachaidh téarma oifige na gcomhaltaí a cheapfar amhlaidh in éag i gcomhthráth le téarma oifige na gcomhaltaí a bheidh i seilbh oifige tráth an aontachais.

Airteagal 144

Tráth an aontachais, comhlánófar Coiste Comhairleach an Chomhphobail Eorpaigh do Ghual agus Cruach trí chomhaltaí breise a cheapadh. Rachaidh téarma oifige na gcomhaltaí a cheapfar amhlaidh in éag i gcomhthráth le téarma oifige na gcomhaltaí a bheidh i seilbh oifige tráth an aontachais.

Airteagal 145

Déanfar comhaltaí an Choiste Eolaígh agus Theicniúil a cheapadh tráth an aontachais, de réir an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 134 de Chonradh CEFA. Rachaidh an Coiste i mbun a dhualgas an cúigiú lá tar éis ainmniú a chomhaltaí. San am céanna tiocfaidh deireadh le ceapacháin na gcomhaltaí a bheidh i seilbh oifige tráth an aontachais.

Airteagal 146

Tráth an aontachais, comhlánófar an Coiste Airgeadaíochta trí chomhaltaí a cheapadh a bheidh ionadaíoch do na Ballstáit nua. Rachaidh a dtéarma oifige in éag i gcomhthráth le téarma oifige na gcomhaltaí a bheidh i seilbh oifige tráth an aontachais.

Airteagal 147

A luaithe is féidir tar éis an aontachais, déanfar na hoiriúnuithe is gá de dhroim an aontachais ar reachtanna agus rialacháin inmheánacha na gCoistí a tionscnaíodh leis na Conarthaí bunaidh.

Airteagal 148

1. I gcás na gCoistí a áirítear in Iarscríbhinn VIII, rachaidh téarma oifige na gcomhaltaí nua in éag i gcomhthráth le téarma oifige na gcomhaltaí a bheidh i seilbh oifige tráth an aontachais.

2. Déanfar na coistí a áirítear in Iarscríbhinn IX a athcheapadh tráth an aontachais.

TEIDEAL II

INFHEIDHMEACHT GNÍOMHARTHA NA nINSTITIÚIDÍ

Airteagal 149

Tráth an aontachais, measfar gur díríodh chuig na Ballstáit nua, agus go bhfuair siad, fógra i dtaobh na dtreoracha agus na gcinntí, de réir brí Airteagal 189 de Chonradh CEE agus Airteagal 161 de Chonradh CEFA, agus i dtaobh na moltaí agus na gcinntí, de réir brí Airteagal 14 de Chonradh CEGC, sa mhéid gur tugadh fógra i dtaobh na dtreoracha, na moltaí agus na gcinntí sin do gach Ballstát bunaidh.

Airteagal 150

Déanfar, i ngach Ballstát nua, feidhmiú na ngníomhartha atá sa liosta in Iarscríbhinn X a ghabhann leis an Ionstraim seo a chur siar go dtí na dátaí dá bhforáiltear sa liosta sin.

Airteagal 151

1. Cuirfear siar go dtí an 1 Feabhra 1973 :

(a) an feidhmiú i gcás na mBallstát nua ar an gcóras rialúcháin atá bunaithe ag an gComhphobal do tháirgeadh agus trádáil táirgí talmhaíochta agus do mhargú earraí áirithe ó phróiseáil táirgí talmhaíochta is ábhar do chóras speisialta.

(b) an feidhmiú i leith an Chomhphobail ina chomhdhéanamh bunaidh ar na leasuithe a dhéantar ar an gcóras sin leis an Ionstraim seo, agus na leasuithe de bhun Airteagal 153 a áireamh.

2. Ní bhaineann forálacha mhír 1 leis na hoiriúnuithe dá dtagraítear i gCuid II pointe A, d'Iarscríbhinn I, agus a luaítear in Airteagal 29 den Ionstraim seo.

3. Go dtí an 31 Eanáir 1973, is é an córas a bhí i bhfeidhm roimh an aontachas is infheidhme ar an trádáil idir Ballstát nua, de pháirt, agus an Comhphobal ina chomhdhéanamh bunaidh, na Ballstáit nua eile nó tríú tíortha, den pháirt eile.

Airteagal 152

Cuirfidh na Ballstáit nua i bhfeidhm na bearta is gá dóibh chun go gcomhlíonfaidís forálacha na dtreoracha agus na gcinntí, de réir brí Airteagal 189 de Chonradh CEE agus Airteagal 161 de Chonradh CEFA, agus moltaí agus cinntí de réir brí Airteagal 14 de Chonradh CEGC, mura bhforáiltear aga moille sa liosta in Iarscríbhinn XI nó i bhforálacha eile den Ionstraim seo.

Airteagal 153

1. Na hoiriúnuithe ar ghníomhartha de chuid Institiúidí na gComhphobal nach bhfuil san Ionstraim seo ná ina hIarscríbhinní agus a rinne na hInstitiúidí, roimh an aontachas, de réir an nós imeachta dá bhforáiltear i mír 2 chun na gníomhartha sin a chur i gcomhréir le forálacha na hIonstraime seo, go háirithe na cinn atá i gcuid a ceathair, tiocfaidh said i bhfeidhm tráth an aontachais.

2. Déanfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe ar thogra ón gCoimisiún, nó déanfaidh an Coimisiún, cibé Institiúid acu sin a ghlac na gníomhartha tosaigh, na téacsanna is gá a bhunú chuige sin.

Airteagal 154

De mhaolú ar Airteagal 3(3), beidh feidhm ar na Ballstáit nua, an 1 Iúil 1973 ar a dheánaí, ag na prionsabail a bhaineann leis na córais ghinearálta chabhracha ar mhaithe le réigiúin, a ullmhaíodh faoi raon feidhme Airteagail 92 go 94 de Chonradh CEE, agus atá i dteachtaireacht an 23 Meitheamh 1971 ón gCoimisiún agus sa rún ó ionadaithe do rialtais na mBallstát, i ndáil chomhairle dóibh sa Chomhairle an 20 Deireadh Fómhair 1971.

Comhlánófar na téacsanna sin chun staid nua an Chomhphobail tar éis an aontachais a chur i gcuntas, ionas go mbeadh na Ballstáit go léir sa chor céanna ina leith.

Airteagal 155

Is téacsanna comhúdarásacha, faoi na coinníollacha céanna leis na téacsanna a bunaíodh sna ceithre theanga bhunaidh, téacsanna na ngníomhartha a ghlac Institiúidí na gComhphobal roimh an aontachas agus a bhunaigh an Chomhairle nó an Coimisiún sa Bhéarla, sa Danmhairgis, agus san Ioruais. Foilseofar iad in *Iris Oifigiúil na gComhphobal Eorpach* sna cásanna ina ndearnadh na téacsanna sna teangacha bunaidh a fhoilsiú amhlaidh.

Airteagal 156

Ní foláir na comhaontuithe, na cinntí agus na cleachtais chomhbheartaithe a bheidh ann tráth an aontachais agus a thiocfaidh faoi réim feidhme Airteagal 65 de Chonradh CEGC de dhroim an aontachais, a chur in iúl don Choimisiún laistigh de thréimhse nach faide ná trí mhí ó dháta an aontachais. Is iad na comhaontuithe agus na cinntí a cuireadh in iúl amhlaidh, agus iad sin amháin, a bheidh i bhfeidhm go sealadach go dtí go ndéanfaidh an Coimisiún cinneadh.

Airteagal 157

Na forálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin atá ceaptha chun cosaint a áirithiú, ar chríoch na mBallstát nua, do shláinte na bpobal agus na n-oibrithe in aghaidh na gcontúirtí a thig ó radaíochtaí ianúcháin, cuirfidh na Stáit sin in iúl iad, de réir Airteagal 33 de Chonradh CEFA, don Choimisiún laistigh de thrí mhí ó dháta an aontachais.

TEIDEAL III

FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

Airteagal 158

Is cuid dhílis den Ionstraim seo Iarscríbhinní I go XI, Prótacail Uimh. 1 go 30 agus an Malartú Litreacha i dtaobh cúrsaí airgeadaíochta atá ag gabháil léi.

Airteagal 159

Cuirfidh Rialtas Phoblacht na Fraince cóip dheimhnithe den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Ghual agus Cruach agus de na conarthaí á leasú go dtí Rialtais Ríocht na Danmhairge, na hÉireann, Ríocht na hIoruaidhe agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann.

Airteagal 160

Cuirfidh Rialtas Phoblacht na hIodáile cóip dheimhnithe den Chonradh ag bunú Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa, den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, agus de na conarthaí á leasú nó á gcomhlánú, sa Fhraincis, sa Ghearmáinis, san Iodáilis agus san Ollanais go dtí Rialtais Ríocht na Danmhairge, na hÉireann, Ríocht na hIoruaidhe agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann.

Déanfar téacsanna an Chonartha ag bunú Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus an Chonartha ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamch Adamhach, mar aon le téacsanna na gconarthaí á leasú nó á gcomhlánú, arna dtarraingt suas sa Bhéarla, sa Danmhairgis, sa Ghaeilge agus san Ioruais, a chur i gceangal leis an Ionstraim seo. Is téacsanna comhúdarásacha faoi na coinníollacha céanna le téacsanna bunaidh na gConarthaí dá dtagraítear thuas na téacsanna sin.

Airteagal 161

Cuirfidh an tArd-Rúnaí chuig Rialtais na mBallstát nua cóip dheimhnithe de na comhaontuithe idirnáisiúnta a thaiscfear i gcartlann Ard-Rúnaireacht Chomhairle na gComhphobal Eorpach.

IARSCRÍBHINN I

Liosta dá dtagraítear in Airteagal 29 den Ionstraim Aontachais

I. REACHTAÍOCHT CHUSTAM

1. *Rialachán (CEE) Uimh. 802/68* ón gComhairle, 27 Meitheamh 1968
IO Uimh. L 148/1, 28 Meitheamh 1968

In Airteagal 14(2). cuirfear an focal "forty-three" in ionad an fhocail "twelve".

2. *Rialachán (CEE) Uimh. 803/68* ón gComhairle, 27 Meitheamh 1968
IO Uimh. L 148/6, 28 Meitheamh 1968

In ionad Airteagal 6(2), cuirfear an téacs seo a leanas:

"2. For goods introduced into the territory of a Member State and then carried to a destination in another Member State, through the territory of a third country, or by sea after passing through the territory of a Member State, the place of introduction into the Community to be taken into consideration shall be determined in accordance with the procedure laid down in Article 17."

In ionad na chéad fhomhíre d'Airteagal 6(3), cuirfear an téacs seo a leanas:

"3. For goods introduced into the customs territory of the Community and carried directly from one of the French overseas departments or Greenland to another part of the customs territory of the Community or vice versa, the place of introduction to be taken into consideration shall be the place referred to in paragraphs 1 and 2 situated in that part of the customs territory of the Community from which the goods came, if they were unloaded or transhipped there and this was certified by the Customs authorities."

In Airteagal 17(2), cuirfear an focal "twelve" in ionad an fhocail "forty-three".

3. *Rialachán (CEE) Uimh. 950/68* ón gComhairle, 28 Meitheamh 1968
IO Uimh. L 172/1, 22 Iúil 1968

In ionad phointe C 3. de Theideal I den Chéad Chuid den Iarscríbhinn, cuirfear an téacs seo a leanas:

IO Uimh. L 234/1, 23 Deireadh Fómhair 1970

Dlitear in Iarscríbhinn I colún 2 "carcase weight" agus colún 3 "thickness of backfat" a leasú, más iomchuí, chun na cineálacha muc a bhfuil a meáchan idir 30 agus 50 cileagram a chur san áireamh.

(d) *Táirgí Bainne*

1. *Rialachán (CEE) Uimh. 985/68* ón gComhairle, 15 Iúil 1968
IO Uimh. L 169/1, 18 Iúil 1968

arna leasú le:

— *Rialachán (CEE) Uimh. 750/69* ón gComhairle, 22 Aibreán 1969
IO Uimh. L 98/2, 25 Aibreán 1969

— *Rialachán (CEE) Uimh. 1211/69* ón gComhairle, 26 Meitheamh 1969
IO Uimh. L 155/13, 28 Meitheamh 1969

— *Rialachán (CEE) Uimh. 1075/71* ón gComhairle, 25 Bealtaine 1971
IO Uimh. L 116/1, 28 Bealtaine 1971

Dlitear Airteagal 1(3)(a) agus Airteagal 8(4) a chomhlánú leis an sainiú ar an im de chuid gach Ballstáit nua a d'fhéadfadh a bheith ina ábhar idirghabhála, ionas go mbeadh an t-im sin ag freagairt do choinníollacha mar a bhaineann leis an im is féidir faoi láthair a bheith ina ábhar idirghabhála sa Chomhphobal.

2. *Rialachán (CEE) Uimh. 1053/68* ón gCoimisiún, 23 Iúil 1968
IO Uimh. L 179/17, 25 Iúil 1968

arna leasú le:

— *Rialachán (CEE) Uimh. 196/69* ón gCoimisiún, 31 Eanáir 1969
IO Uimh. L 26/28, 1 Feabhra 1969

— *Rialachán (CEE) Uimh. 2605/70* ón gCoimisiún, 22 Nollaig 1970
IO Uimh. L 278/17, 23 Nollaig 1970

— *Rialachán (CEE) Uimh. 2369/71* ón gCoimisiún, 4 Samhain 1971
IO Uimh. L 246/27, 5 Samhain 1971

San Iarscríbhinn, dlitear samplaí na ndeimhnithe a chomhlánú trí na luaiteachais éagsúla i dteangacha na mBallstát nua a chur inti.

3. *Rialachán (CEE) Uimh. 1324/68* ón gCoimisiún, 29 Lúnasa 1968
IO Uimh. L 215/25, 30 Lúnasa 1968

Dlitear Iarscríbhinn II a chomhlánú trí na luaiteachais i dteangacha na mBallstát nua a chur isteach inti.

(e) *Mairteoil agus Laofheoil*

1. *Rialachán (CEE) Uimh. 1024/68* ón gCoimisiún, 22 Iúil 1968
IO Uimh. L 174/7, 23 Iúil 1968

arna leasú le:

— *Rialachán (CEE) Uimh.* 863/69 ón gCoimisiún, 8 Bealtaine 1969
IO Uimh. L 111/26, 9 Bealtaine 1969

Dlitear an Rialachán seo a leasú chun an t-oiriúnú a théann i gcion ar Airteagal 10 de Rialachán (CEE) Uimh. 805/68 a chur i gcuntas.

2. *Rialachán (CEE) Uimh. 1026/68* ón gCoimisiún, 22 Iúil 1968
IO Uimh. L 174/12, 23 Iúil 1968

Dlitear an rialachán seo a leasú chun an t-oiriúnú a théann i gcion ar Airteagal 10 de Rialachán (CEE) Uimh. 805/68 a chur i gcuntas.

3. *Rialachán (CEE) Uimh. 1027/68* ón gCoimisiún, 22 Iúil 1968
IO Uimh. L 174/14, 23 Iúil 1968

arna leasú le:

— *Rialachán (CEE) Uimh. 705/71* ón gCoimisiún, 31 Márta 1971
IO Uimh. L 77/79, 1 Aibreán 1971

Dlitear Airteagal 9 a oiriúnú, más gá, d'fhonn na leasuithe a rachaidh i gcion ar Airteagal 6 de Rialachán (CEE) Uimh. 1026/68, a chur i gcuntas.

Dlitear Iarscríbhinn I(b) a chomhlánú le comhéifeachtaí nua na mBallstát nua.

Dlitear na heilimintí de shamhail a bhfuil in Iarscríbhinn II faoi láthair a shocrú do gach Ballstát nua agus iad a chur isteach san Iarscríbhinn sin.

4. *Rialachán (CEE) Uimh. 1097/68* ón gCoimisiún, 27 Iúil 1968
IO Uimh. L 184/5, 29 Iúil 1968

arna leasú le:

— *Rialachán (CEE) Uimh. 1261/68* ón gCoimisiún, 20 Lúnasa 1968
IO Uimh. L 208/7, 21 Lúnasa 1968

— *Rialachán (CEE) Uimh. 1556/68* ón gCoimisiún, 4 Deireadh Fómhair 1968
IO Uimh. L 244/15, 5 Deireadh Fómhair 1968

— *Rialachán (CEE) Uimh. 1585/68* ón gCoimisiún, 10 Deireadh Fómhair 1968
IO Uimh. L 248/16, 11 Deireadh Fómhair 1968

— *Rialachán (CEE) Uimh. 1809/69* ón gCoimisiún, 12 Meán Fómhair 1969
IO Uimh. L 232/6, 13 Meán Fómhair 1969

— *Rialachán (CEE) Uimh. 1795/71* ón gCoimisiún, 17 Lúnasa 1971
IO Uimh. L 187/5, 19 Lúnasa 1971

Dlitear Iarscríbhinn I a chomhlánú leis na comhéifeachtaí is infheidhme i gcás na bpraghsanna ceannaigh sna Ballstáit nua.

(f) *Iascach*

1. *Rialachán (CEE) Uimh. 2518/70* ón gCoimisiún, 10 Nollaig 1970
   IO Uimh. L 271/15, 15 Nollaig 1970

Dlitear an Iarscríbhinn a chomhlánú le margaí mórdhíola agus poirt, atá samplaitheach, sna Ballstáit nua.

2. *Rialachán (CEE) Uimh. 1109/71* ón gCoimisiún, 28 Bealtaine 1971
   IO Uimh. L 117/18, 29 Bealtaine 1971

Dlitear Iarscribhínn II a chomhlánú le margaí agus poirt allmhairiúchán, atá samplaitheach, sna Ballstáit nua.

B. Ghíomhartha de Chineál Ginearálta

1. *Rialachán (CEE) Uimh. 1373/70* ón gCoimisiún, 10 Iúil 1970
   IO Uimh. L 158/1, 20 Iúil 1970

arna leasú le:

— *Rialachán (CEE) Uimh. 2638/70* ón gCoimisiún, 23 Nollaig 1970
  IO Uimh. L 283/34, 29 Nollaig 1970

San Iarscríbhinn dlitear teidil na ndeimhnithe a chomhlánú tríd an luaiteachas: "Certificats d'importation ou de préfixation" a chur isteach i dteangacha na mBallstát nua.

2. *Rialachán (CEE) Uimh. 729/70* ón gComhairle, 27 Aibreán 1970
   IO Uimh. L 94/13, 28 Aibreán 1970

Dlitear an tsuim bhliantúil 285 milliún aonad cuntais, in Airteagal 6(4) agus (5), a oiriúnú chun riachtanais an Chomhphobail tar éis dátá aontachais na mBallstát nua a chur i gcuntas.

C. Reachtaíocht Tréidliachta

1. *Treoir Uimh. 64/432/CEE* ón gComhairle, 26 Meitheamh 1964
   IO Uimh. 121/1977, 29 Iúil 1964

arna leasú le:

— *Treoir Uimh. 66/600/CEE* ón gComhairle, 25 Deireadh Fómhair 1966
  IO Uimh. 192/3294, 27 Deireadh Fómhair 1966

— *Treoir Uimh. 70/360/CEE* ón gComhairle, 13 Iúil 1970
  IO Uimh. L 157/40, 18 Iúil 1970

— *Treoir Uimh. 71/285/CEE* ón gComhairle, 19 Iúil 1971
  IO Uimh. L 179/1, 9 Lúnasa 1971

In Iarscríbhinn B, dlitear pointe 8 a chomhlánú leis na hinstitiúidí Stáit a bhfuil ceannas oifigiúil ar na tiúbríní curtha de chúram orthu i ngach Ballstát nua.

In Iarscríbhinn C, dlitear pointe 9 a chomhlánú leis na hinstitiúidí Stáit a bhfuil ceannas oifigiúil ar na haintiginí curtha de chúram orthu i ngach Ballstát nua.

In Iarscríbhinn F, dlitear:

— bun-nóta (4) leis an deimhniú, sampla I,

— bun-nóta (5) leis an deimhniú, sampla II,

— bun-nóta (4) leis an deimhniú, sampla III,

— bun-nóta (5) leis an deimhniú, sampla IV,

a chomhlánú, i gcás gach Ballstáit nua, le cáilíocht an duine atá ceaptha chun na deimhnithe a shíniú.

2. *Liosta Uimh. 66/340/CEE*, 6 Bealtaine 1966
   IO Uimh. 100/1604, 7 Meitheamh 1966

Dlitear pointí A agus B a chomhlánú le hainmneacha, náisiúntacht, seoladh agus uimhir theileafóin saineolaithe tréidliachta na mBallstát nua.

3. *Cinneadh Uimh. 69/100/CEE* ón gCoimisiún, 18 Márta 1969
   IO Uimh. L 88/9, 11 Aibreán 1969

Dlitear Airteagal 1 a chomhlánú le hainmneacha agus náisiúntacht saineolaithe tréidliachta na mBallstát nua.

D. Staitistic Thalmhaíochta

1. *Rialachán Uimh. 79/65/CEE* ón gComhairle, 15 Meitheamh 1965
   IO Uimh. 109/1859, 23 Meitheamh 1965

Dlitear an Iarscríbhinn a chomhlánú le liosta de limistéireachtaí na mBallstát nua.

2. *Rialachán Uimh. 91/66/CEE* ón gCoimisiún, 29 Meitheamh 1966
   IO Uimh. 121/2249, 4 Iúil 1966

arna leasú le:

— *Rialachán Uimh. 349/67/CEE* ón gCoimisiún, 25 Iúil 1967
IO Uimh. 171/1, 28 Iúil 1967

— *Rialachán (CEE) Uimh. 1696/68* ón gCoimisiún, 28 Deireadh Fómhair 1968
IO Uimh. L 266/4, 30 Deireadh Fómhair 1968

— *Rialachán (CEE) Uimh. 1697/68* ón gCoimisiún, 28 Deireadh Fómhair 1968
IO Uimh. L 266/7, 30 Deireadh Fómhair 1968

arna cheartú le:

— *Ceartúchán ar Rialachán Uimh. 91/66/CEE* ón gCoimisiún, 29 Meitheamh 1966
IO Uimh. L 277/32, 15 Samhain 1968

Dlitear Iarscríbhinn III a chomhlánú tríd an méid gnóthas cuntasaíochta a shocrú atá le roghnú de réir limistéireachta sna Ballstáit nua.

3. *Rialachán Uimh. 184/66/CEE* ón gCoimisiún, 21 Samhain 1966
IO Uimh. 213/3637, 23 Samhain 1966

arna leasú le:

— *Rialachán (CEE) Uimh. 747/68* ón gCoimisiún, 20 Meitheamh 1968
IO Uimh. L 140/13, 22 Meitheamh 1968

Dlitear cuid a dó den Iarscríbhinn a chomhlánú leis na forálacha comhlántacha a bhaineann leis na Ballstáit nua.

4. *Treoir Uimh. 71/286/CEE* ón gComhairle, 26 Iúil 1971
IO Uimh. L 179/21, 9 Lúnasa 1971

Dlitear an Iarscríbhinn a chomhlánú le liosta na limistéireachtaí i ngach Ballstát nua.

III. DLÍ CUIDEACHTAÍ

Treoir Uimh. 68/151/CEE ón gComhairle, 9 Márta 1968
IO Uimh. L 65/8, 14 Márta 1968

Dlitear Airteagal 2(1)(f) a leasú, más iomchuí, tar éis scrúdú a dhéanamh ar chuideachtaí teoranta "Aksjeselskap" i ndlí na hIoruaidhe.

IV. IOMPAR

Treoir ón gComhairle, 23 Iúil 1962
IO Uimh. 70/2005, 6 Lúnasa 1962

Dlitear an treoir a leasú, más iomchuí, chun a áirithiú go léirscaoilfear an t-iompar de bhóthar dá bhforáiltear leis an treoir seo chomh fada agus a bhaineann leis an iompar de bhóthar idir réigiúin áirithe cois farraige den Chomhphobal atá deighilte ó chéile ag an mhuir.

V. IOMAÍOCHT

Cinneadh Uimh. 3/58 ón Ard-Údarás, 18 Márta, 1958
IO Uimh. 11/157, 29 Márta 1958

arna chomhlánú le:

— *Cinneadh Uimh. 27/59* ón Ard-Údarás, 29 Aibreán 1959
IO Uimh. 30/578, 1 Bealtaine 1959

Dlitear Airteagal 2(1) a chomhlánú tríd an "National Coal Board" (R.A.) agus gnóthais mhóra i dtionscal an ghuail sna Ballstáit nua a áireamh.

Dlitear Airteagal 3(2) a chomhlánú trí réigiúin díola na mBallstát nua a áireamh.

VI. BEARTAS TRÁCHTÁLA

Rialachán (CEE) Uimh. 1025/70 ón gComhairle, 25 Bealtaine 1970
IO Uimh. L 124/6, 8 Meitheamh 1970

arna leasú le:

— *Rialachán (CEE) Uimh. 1984/70* ón gComhairle, 29 Meán Fómhair 1970
IO Uimh. L 218/1, 3 Deireadh Fómhair 1970

— *Rialachán (CEE) Uimh. 724/71* ón gComhairle, 31 Márta, 1971
IO Uimh. L 80/3, 5 Aibreán 1971

— *Rialachán (CEE) Uimh. 1080/71* ón gComhairle, 25 Bealtaine 1971
IO Uimh. L 116/8, 28 Bealtaine 1971

— *Rialachán (CEE) Uimh. 1429/71* ón gComhairle, 2 Iúil 1971
IO Uimh. L 151/8, 7 Iúil 1971

— *Rialachán (CEE) Uimh. 2384/71* ón gComhairle, 8 Samhain 1971
IO Uimh. L 249/1, 10 Samhain 1971

Dlitear an fhadhb a thig de Ghiobráltar a fhágáil gan lua in Iarscríbhinn II a réiteach ar dhóigh a airitheoidh go mbeidh Giobraltar curtha sa staid chéanna ina raibh sé roimh an aontachas chomh fada is a bhaineann leis an gcóras léirscaoilte ar earraí a allmhairítear isteach sa Chomhphobal.

VII. BEARTAS SÓISIALACH

1. *Rialachán (CEE) Uimh 1408/71* ón gComhairle, 14 Meitheamh 1971
IO Uimh. L 149/2, 5 Iúil 1971

Dlitear an Rialachán a leasú a mhéid is gá de dhroim reachtaíocht na Danmhairge a leasú.

2. *Cinneadh Uimh. 70/532/CEE* ón gComhairle, 14 Nollaig 1970
IO Uimh. L 273/25, 17 Nollaig 1970

Sa mhéid gur gá sin, mar gheall ar an bhforás faoi struchtúr eagraíochtaí de chomhpháirtithe sóisialacha dá dtagraítear sa Chinneadh seo, dlitear líon na n-ionadaithe ó na heagraíochtaí sin ar an mBuanchoiste ar Fhostaíocht a leasú, más iomchuí.

3. *Cinneadh 63/326/CEE* ón gCoimisiún, 17 Bealtaine 1963
IO Uimh. 80/1534, 29 Bealtaine 1963

arna leasú le:

— *Cinneadh Uimh. 64/19/CEE* ón gCoimisiún, 19 Nollaig 1963
IO Uimh. 2/27, 10 Eanáir 1964

— *Cinneadh Uimh. 70/254/CEE* ón gCoimisiún, 15 Aibreán 1970
IO Uimh. L 96/37, 30 Aibreán 1970

4. *Cinneadh Uimh. 65/362/CEE* ón gCoimisiún, 5 Iúil 1965
IO Uimh. 130/2184, 16 Iúil 1965

5. *Cinneadh Uimh. 67/745/CEE* ón gCoimisiún, 28 Samhain 1967
IO Uimh. 297/13, 7 Nollaig 1967

6. *Cinneadh Uimh. 68/252/CEE* ón gCoimisiún, 7 Meitheamh 1968
IO Uimh. L 132/9, 14 Meitheamh 1968

7. *Cinneadh Uimh. 71/122/CEE* ón gCoimisiún, 19 Feabhra 1971
IO Uimh. L 57/22, 10 Márta 1971

Sa mhéid gur gá sin, mar gheall ar an bhforás faoi struchtúr eagraíochtaí de chomhpháirtithe sóisialacha dá dtagraítear sna cúig Chinneadh thuas, dlitear líon na n-ionadaithe ó na heagraíochtaí sin ar na Coistí a leasú, más iomchuí.

VIII. CONSTAICÍ TEICNIÚLA

1. *Treoir Uimh. 71/307/CEE* ón gComhairle, 26 Iúil 1971
IO Uimh. L 185/16, 16 Lúnasa 1971

Dlitear Airteagal 5(1) den treoir seo a chomhlánú trí iontamhla Danmhargaise agus Ioruaise na dtéarmaí a aithristear san Airteagal sin a chur leis. Ní féidir gabháil leis na téarmaí "ny uld" (sa Danmhairgis), ná "ny ull" (san Ioruais), ná le habairtí eile dá samhail mar théarmaí iontamhla.

Dlitear Iarscríbhinn I den treoir seo a chomhlánú trí "Hibiscus species" a chur isteach inti.

2. *Treoir Uimh. 71/316/CEE* ón gComhairle, 26 Iúil 1971
IO Uimh. L 202/1, 6 Meán Fómhair 1971

Dlitear na dearthaí dá dtagraíonn Iarscríbhinn II, pointe 3.2.1, a chomhlánú leis na litreacha is gá do na noda nua: UK, IR, N agus DK.

3. *Treoir Uimh. 71/318/CEE* ón gComhairle, 26 Iúil 1971
IO Uimh. L 202/21, 6 Meán Fómhair 1971

Dlitear a fhíorú gur mar a chéile na modhanna trialach a úsáidtear faoi lathair sa Ríocht Aontaithe agus iad siúd dá bhforáiltear leis an treoir, sula bhféadfaí an treoir a leasú chun glacadh leis na modhanna sin sa Chomhphobal.

Dlitear pointe 5.2.4 de Chaibidil I, Cuid B, den Iarscríbhinn a leasú, más iomchuí, chun go bhféadfar léamh fótaileictreach a dhéanamh ar an mhéid casadh a dhéanann druma an ríomhaire.

IARSCRÍBHINN III

Liosta de na táirgí

dá dtagraítear in Airteagail 32, 36 agus 39 den Ionstraim Aontachais

(EURATOM)

Uimh. sa CTC	Tuairisc na n-earraí
26.01	Mianta miotalacha, agus a dtiubhacháin agus pirít iarainn rósta:
	C Mianta úráiniam:
	I. Mianta úráiniam agus úráininít, ina bhfuil thar 5% de réir meáchain d'úráiniam
	D. Mianta tóiriam:
	I. Monaisít; úráineo-tóirianít agus mianta eile tóiriam ina bhfuil thar 20% de réir meáchain de thóiriam
28.50	Dúile ceimiceacha agus iseatóipí, inscoilte; dúile ceimiceacha radaighníomhacha eile agus iseatóipí radaighníomhacha eile; comhdhúile, neamhorgánach nó orgánach, de na dúile nó de na hiseatóipí sin, a shainítear nó nach sainítear go ceimiceach; cóimhiotail, spréiteáin agus ceirméid, ina bhfuil aon dúil nó iseatóip nó comhdhúil díobh sin, neamhorgánach nó orgánach:
	A. Dúile ceimiceacha agus iseatóipí, inscoilte; comhdhúile, cóimhiotail, spréiteáin agus ceirméid, lena n-áirítear cartúis imoibritheora núicléigh atá spíonta (ionradaithe):
	I. Úráiniam nádúrtha:
	(a) amh; dramh agus bruscar
	(b) oibrithe:
	1. Barraí, uillinneacha, sreang, plátaí, leatháin agus stialla
	2. Eile
	II. Eile
	B. Iseatóipí saorga radaighníomhacha agus a gcomhdhúile
28.51	Iseatóipí de dhúile ceimiceacha seachas iad sin atá faoi Uimh. 28.50; a gcomhdhúile, neamhorgánach nó orgánach, de chomhdhéanamh ceimiceach a shainítear nó nach sainítear:
	A. Deoitéiriam agus comhdhúile de (lena n-áirítear uisce trom); meascáin agus tuaslagáin ina bhfuil deoitéiriam agus inar mó ná 1 : 5,000 an coibhneas idir líon na n-adamh deoitéiriam agus líon na ngnáth-adamh hidrigine
28.52	Comhdhúile, neamhorgánach nó orgánach, de thóiriam, de úráiniam laghdaithe in U235, de mhiotail tearc-chré, de itriam nó de scaindiam, measctha le chéile nó gan a bheith:
	A. de thóiriam nó d'úráiniam laghdaithe in U325, idirmheasctha nó gan a bheith
78.06	Earraí eile luaidhe:
	A. Coimeádáin faoi chumhdach luaidhe mar sciathú ar radaíocht chun ábhar radaighníomhach a iompar nó a stóráil
81.04	Miotail neamhlómhara eile, neamhshaoirsithe nó saoirsithe; ceirméid, neamhshaoirsithe nó saoirsithe:
	N. Tóiriam:
	I. Neamhshaoirsithe; dramh agus bruscar
	II. Saoirsithe:
	(a) Barraí, uillinneacha, sreang, plátaí, leatháin agus stialla
	(b) Eile

Uimh. sa CTC	Tuairisc na n-earraí
84.14	Foirnéisi agus oighinn tionscail agus saotharlainne, gan cinn leictreacha faoi Uimh. 85.11 a áireamh:
	A. a ceapadh go speisialta chun breoslaí núicléacha ionradaithe a scaradh, chun dramh radaighníomhach a chóiriú nó chun breoslaí núicléacha ionradaithe a thimthriall athuair.
84.17	Innealra agus trealamh, lena n-áirítear cinn leictrithéite, chun ábhair a chóiriú trí phróisceas ina mbíonn athrú teochta ar nós téamh, cócaireacht, róstadh, driogadh, coigeartú, aimridiú, paistéarú, galbhruith, triomú, galú, comhdhlúthú nó fuarú, etc., nach innealra ná trealamh de shaghas a úsáidtear i ngnóthaí teaghlaigh; téiteoirí uisce nó stórála, neamhleictreach:
	A. Innealra do mhonarú na dtáirgí a shonraítear faoi Uimh. 28.51 A
	B. Innealra a ceapadh go speisialta chun breoslaí núicléacha ionradaithe a scaradh, chun dramh radaighníomhach a chóiriú nó chun breoslaí núicléacha ionradaithe a thimthriall athuair
84.18	Lártheifneoirí agus lártheifneoirí triomúcháin; innealra agus gaireas scagacháin nó glantacháin le haghaidh leachtanna nó gás:
	A. chun iseatóipí úráiniam a scaradh
	B. chun na táirgí a shonraítear faoi Uimh. 28.51 A a tháirgeadh
	C. a ceapadh go speisialta chun breoslaí núicléacha ionradaithe a scaradh, chun dramh radaighníomhach a chóiriú nó chun breoslaí núicléacha ionradaithe a thimthriall athuair
84.22	Innealra ardaithe, láimhsithe, luchtaithe nó díluchtaithe, teilfir agus iompróirí (mar shampla, ardaitheoirí, crocháin, crainn tochrais, craenacha, craenacha iompair, seacanna, tácla ulóige, criosanna iompair agus teilifeiricí), nach innealra a thig faoi Uimh. 84.23:
	A. Innealra, daingean nó gluaisteach, chun cianláimhsiú a dhéanamh ar earraí (gan láimhrialú) agus a ceapadh go speisialta chun ábhair ard-radaighníomhacha a láimhsiú
84.44	Muilte rollta, agus rollaí ina gcomhair:
	A. Muilte rollta a ceapadh go speisialta chun breoslaí núicléacha ionradaithe a thimthriall athuair
84.45	Inneall-uirlisí chun miotal nó cairbídí miotalacha a oibriú, nach innill a thig faoi Uimh. 84.49 agus 84.50:
	A. a ceapadh go speisialta chun breoslaí núicléacha ionradaithe a thimthriall athuair (clúdú, díchlúdú, cruthú, etc.):
	I. Innill uathoibreacha, uimhir-rialaithe
	II. Eile
84.59	Innill agus fearais mheicniúla, le feidhmeanna leithleacha, nach dtig faoi cheannteideal ar bith eile de Chaibidil 84:
	A. Chun na táirgí a mhonarú a shonraítear in Uimh. 28.51 A
	B. Imoibritheoirí núicléacha:
	I. Imoibritheoirí
	II. Páirteanna:
	(a) Eilimintí breosla neamh-ionradaithe de úráiniam nádúrtha
	(b) Eilimintí breosla neamh-ionradaithe de úráiniam saibhrithe
	(c) Eile
	C. a ceapadh go speisialta chun breoslaí núicléacha ionradaithe a thimthriall athuair, chun ocsaídí miotail radaighníomhacha a shintéarú, clúdú, etc.

Uimh. sa CTC	Tuairisc na n-earraí
85.11	Foirnéisí leictreacha tionscail agus saotharlainne, oighinn, trealamh téite ionduchtach agus tréleictreach; innill táthúcháin, phrásála agus sádrála leictreacha agus innill leictreacha dá samhail agus gaireas le haghaidh gearradh:
	A. Foirnéisí agus oighinn: trealamh téite leictreach, ionduchtach agus tréleictreach:
	I. a ceapadh go speisialta chun breoslaí núicléacha ionradaithe a scaradh, chun dramh radaighníomhach a chóiriú agus chun breoslaí núicléacha ionradaithe a thimthriall athuair
85.22	Fearais agus gairis leictreacha, le feidhmeanna leithleacha, nach dtig faoi cheannteideal ar bith eile de Chaibidil 85:
	A. chun na táirgí a tháirgeadh a shonraítear in Uimh. 28.51 A
	B. a ceapadh go speisialta chun breoslaí núicléacha ionradaithe a scaradh, chun dramh radaighníomhach a chóiriú nó chun breoslaí núicléacha ionradaithe a thimthriall athuair
86.07	Veaineanna, vaigíní agus trucailí chun earraí a iompar d'iarnród agus de thrambhealach:
	A. a ceapadh go speisialta chun ábhar ard-radaighníomhach a iompar
86.08	Coimeádáin ród-ráille agus coimeádáin dá samhail a ceapadh agus a trealmhaíodh go speisialta lena bheith chomh hoiriúnach céanna le haghaidh iompar d'iarnród, de bhóthar agus de mhuir:
	A. Coimeádáin le clúdach luaidhe in aghaidh radaíochta, chun ábhair radaighníomhacha a iompar
87.02	Mótarfheithiclí chun daoine, earraí nó ábhair a iompar (lena n-áirítear mótarfheithiclí spóirt agus tralaí-bhusanna):
	B. chun earraí nó ábhair a iompar:
	I. Mótarleoraithe a ceapadh go speisialta chun ábhair ard-radaighníomhacha a iompar
87.07	Trucailí monarchan, a thiomáintear go meicniúil, de na saghsanna a úsaidtear i monarchana, i stórais, i limistéir dugaí nó in aerfoirt, chun earraí a iompar ar ghearrthuras nó a láimhsiú, (mar shampla, trucailí léibhinn, trucailí forc-ardaithe agus iompóirí gabhalscartha); tarracóirí den saghas a úsáidtear ar ardáin stáisiúin iarnróid; páirteanna de na feithiclí réamhráite:
	A. Trucailí a ceapadh go speisialta chun ábhair ardradaighníomhacha a iompar
87.14	Feithiclí eile (lena n-áirítear leantóirí) nach cinn inneallghluaiste, agus páirteanna díobh:
	B. Leantóirí agus leathleantóirí:
	I. a ceapadh go speisialta chun ábhair ardradaighníomhacha a iompar
	C. feithiclí eile:
	I. a ceapadh go speisialta chun ábhair ardradaighníomhacha a iompar

IARSCRÍBHINN IV

Liosta de tháirgí dá dtagraítear in Airteagal 32 den Ionstraim Aontachais

(Táirgí an Chomhlathais is ábhar do na rátaí fabhair chomhaontaithe sa Ríocht Aontaithe)

Uimh. i TC na Ríochta Aontaithe an 1 Eanáir 1972	Tuairisc na n-earraí
05.07	Craicne agus codanna eile d'éin, lena gcleití nó lena gclúmh, cleití agus codanna de chleití (bearrtha nó gan bheith), clúmh, neamhoibrithe nó gan d'oibriú orthu ach iad a ghlanadh, a dhíghalrú nó a chóiriú, le haghaidh leasaithe; púdar agus dramh ó chleití nó ó chodanna de chleití:
	B. Cleití i gcornaí, i saic nó i bpacálacha dá samhail, gan líneáil iontu; clúmh:
	1. Glanta de réir an mhodha a luaitear i mír 8 de Chuid 12 de British Standard 1425:1960 (arna fhorlíonadh), mar a leasaíodh go dtí Samhain 1967.
	D. Eile
05.08	Cnámha agus adharc-chroíthe, neamhoibrithe, díshaillte nó ullmhaithe go simplí (ach gan bheith gearrtha chun crutha), cóireáilte le haigéad nó dígheilitínithe; púdar agus dramh na dtáirgí sin:
	C. Eile
05.09	Adharca, beanna, crúba, ingne, croibh agus goba ainmhithe, neamhoibrithe nó ullmhaithe go simplí, ach gan bheith gearrtha chun crutha, lena n-áirítear dramh agus púdar uathu; míolchnámha agus a samhail, neamhoibrithe nó ullmhaithe go simplí, ach gan bheith gearrtha chun crutha, lena n-áirítear fionnadh agus dramh na dtáirgí sin
05.14	Ambargraís, castóiriam, sibhéid agus musc; cantharides, agus domlas, triomaithe nó gan bheith; táirgí ainmhithe, úr, cuisnithe, oighrithe nó leasaithe go sealadach ar shlí eile, de chineál a úsáidtear chun táirgí cógaisíochta a ullmhú:
	B. Eile
13.01	Amh-ábhair ghlasraí le haghaidh ruaimnithe nó súdaireachta:
	D. Eile
15.08	Olaí ainmhithe nó plandaí, bruite, ocsaídithe, díhiodráitithe, sulfartha, séidte, buanriochta nó athraithe ar shlí eile:
	B. Ola ricne
	C. Ola chócó; ola phis talún; ola rois; ola cholsa; ola sheasaman; ola shoighe; ola lus na gréine; ola chróch bréige
	D. Eile
15.14	Bán an mhíl mhóir agus smiolamas (spermaceti) eile, amh, brúite nó mínghlanta, daite go saorga nó gan bheith
19.03	Macarón, spaigití agus earraí dá samhail
19.05	Táirgí a fhaightear as gránaigh trí shéideadh nó trí róstadh: rís shéidte, calóga arbhair agus a leithéid

Uimh. i TC na Ríochta Aontaithe an 1 Eanáir 1972	Tuairisc na n-earraí
21.07	Ullmhóidí bia nach sonraítear ná nach n-áirítear in áit eile: H. Eile: 2. Eile
22.06	Fíonta bormónta agus fíonta eile as fíonchaora úra a ullmhaítear, ina bhfuil blastanais ó phlandaí nó ó ábhair aramatacha
25.19	Carbonáit mhaignéisiam aiceanta (maignéisít), cailcínithe nó gan bheith, seachas ocsaíd mhaighéisiam: A. Cailcínithe amach
25.24	Aispeist
27.13	Céir phairifín, céir pheitril nó céir mhianrach bhitiúmanach, ozacaraít, céir ligníte, céir mhóna, dríodair phairifíneacha ("gatsch", céir bhog, etc.), daite nó gan bheith: C. Céir phairifín agus céir pheitril
32.01	Eastóscáin súdaireachta de bhunadh plandúil: B. Eile
33.01	Blátholaí (neamhtheirpéineach nó gan bheith), táiteáin nó dílseáin, agus roisíneoidí: A. Blátholaí: 3. Eile: (a) gan bheith neamhtheirpéineach: (i) iad seo a leanas: labhras, ciotrónán, eoclaip, sinséar, féar sinséir, féar liomóide, litsea cubeba, ninde, oinniún, palmarósa, piobar Iamáice, santal (b) neamhtheirpéineach
35.01	Cáiséin, cáiséanáit agus díorthaígh eile cháiséine; gliú cáiséine: B. Eile
41.02	Leathar agus craicne bó-ainmhithe (lena n-áirítear buabhaill) agus craicne eachainmhithe, ullmhaithe, seachas iad sin faoi Uimh. 41.06 go 41.08, go huile
41.03	Craicne caorach agus uan, ullmhaithe, seachas iad sin faoi Uimh. 41.06 go 41.08, go huile: A. Ullmhaithe: 2. Eile B. Eile
41.04	Craicne gabhar-ainmhithe, ullmhaithe, seachas iad sin faoi Uimh. 41.06 go 41.08, go huile
41.05	Craicne ullmhaithe d'ainmhithe eile, seachas iad sin faoi Uimh. 41.06 go 41.08, go huile
41.06	Leathar agus craicne seamaí-chóirithe
41.07	Leathar agus craicne párchóirithe
41.08	Leathar agus craicne snasta nó miotalaithe

Uimh. i TC na Ríochta Aontaithe an 1 Eanáir 1972	Tuarisc na n-earraí
43.02	Seithí fionnaidh, súdaraithe nó cóirithe, cnuasaithe nó gan bheith, i saic, i gcearnóga i bhfoirm chroise nó i bhfoirmeacha dá samhail; dramh agus gearrthóga, gan bheith fuaite.
55.05	Abhras cadáis nach bhfuil cóirithe lena mhiondíol: B. Eile
55.06	Abhras cadáis atá cóirithe lena mhiondíol: B. Eile
55.07	Uigí cadáis
55.08	Tuáilleachas súiteach agus tuáilleachas dá shamhail
55.09	Faibricí fite eile cadáis
57.06	Abhras siúite nó snáithíní teicstíleacha plandúla eile d'Uimh. 57.03: B. Nach bhfuil snáithíní teicstíleacha sintéiseacha ná saorga iontu: 2. Singil, loinnrithe nó snasta; ilmhíreanna, snasta nó gloinithe nó gan bheith
57.07	Abhras de shnáithíní teicstíleacha plandúla eile: B. Nach bhfuil snáithíní teicstíleacha sintéiseacha ná saorga iontu: 2. Eile
57.10	Faibricí fite siúite nó snáithíní teicstíleacha plandúla eile d'Uimh. 57.03: B. Nach bhfuil snáithíní teicstíleacha sintéiseacha ná saorga iontu
58.01	Cairpéid, ábhair chairpéad agus rugaí, snaidhmthe nó rollaithe, déanta suas nó gan bheith: A. Lámhdhéanta: 2. Eile B. Eile: 3. Eile
58.02	Cairpéid eile, déanta suas nó gan bheith; rugaí faoin ainm "Kélim" nó "Kilim", "Schumacks" nó "Soumak", "Karamaniae" agus rugaí dá samhail: A. Mataí agus matachas coighir B. Eile: 3. Eile
58.05	Ribíneacht agus ribíní neamhfhite, de shnáth nó de shnáithíní, i gcruth comhthreomharach agus neartaithe (ribín daite caol), seachas earraí faoi Uimh. 58.06: B. Nach bhfuil síoda ná snáithíní sintéiseacha ná saorga iontu:
59.02	Feilt agus earraí feilte, tuilithe nó díonaithe nó gan bheith: B. Earraí feilte: 2. Eile
59.04	Corda, cordachas agus téadra, trilsithe nó gan bheith: B. Nach bhfuil síoda ná snáithíní teicstíleacha sintéiseacha ná saorga iontu: 3. Eile

Uimh. i TC na Ríochta Aontaithe an 1 Eanáir 1972	Tuairisc na n-earraí
60.05	Éadaí seachtracha, gabhálais éadaigh agus earraí góiséireachta eile, gan iad laistithe ná rubaraithe:
	B. Earraí eile:
	2. Eile
61.05	Ciarsúir:
	C. Eile
61.06	Scálta, muifléid, ciarsúir mhuinéil, mionscairfeanna sróna, scairfeanna fir, maintillí, caillí agus caillí hata, agus earraí dá samhail:
	C. Eile
62.01	Súsaí
	B. Eile
62.02	Línéadach leapa, boird, ionlainne, tís nó cistine; cuirtíní, gloine-chuirtíní agus earraí eile troscánaíochta:
	B. Eile:
	B. 1. Scaraoidí leapa, cuilteanna, bráillíní, clúdaigh philiúir, clúdaigh cheannadhairte agus clúdaigh thochta, tuáillí aghaidhe, láimhe nó folctha, atá déanta go hiomlán de chadás agus nach bhfuil bróidnéireacht, líon, lása ná ábhair cosúil le lása iontu
	2. Eile
62.03	Saic agus málaí pacála:
	B. Eile
	2. Eile
	(b) Eile
62.05	Earraí teicstíleacha eile, déanta suas (lena n-áirítear patrúin éadaigh)
	B. Eile
67.01	Craicne agus codanna eile d'éin lena gcleití nó lena gclúmh, cleití, codanna de chleití, clúmh agus earraí díobh, seachas earraí a thagann faoi Uimh. 05.07, agus cleití móra agus cosa cleite oibrithe
68.01	Blocáin bhóthair agus phábhála, fóirbhloic agus leaca de chloch aiceanta (seachas slinn):
	B. Leaca éibhir
79.01	Sinc neamhshaoirsithe; dramh agus bruscar sinc:
	A. Sinc, seachas cóimhiotail sinc
97.06	Fearas, gaireas, gabhálais agus riachtanais le haghaidh gleacaíochta nó lúthchleasaíochta, nó le haghaidh spóirt agus cluichí faoin aer (seachas earraí faoi Uimh. 97.04):
	B. Raicéid, is troime ná 9 n-unsa meáchain
	C. Frámaí raicéid, gan sreangú
	D. Eile
97.07	Duáin agus bradóga le haghaidh gach cineál úsáide; earraí le haghaidh iascaireacht le dorú; "éanacha" cluana, scatháin mheallta agus earraí seilge dá samhail.

IARSCRÍBHINN V

Liosta

dá bhforáiltear in Airteagal 107 den Ionstraim Aontachais

A. Reachtaíocht i dtaobh síolta agus plandaí

1. *Treoir Uimh. 66/400/CEE* ón gComhairle, 14 Meitheamh 1966
IO Uimh. 125/2290, 11 Iúil 1966

arna leasú le:

— *Treoir Uimh. 69/61/CEE* ón gComhairle, 18 Feabhra 1969
IO Uimh. L 48/4, 26 Feabhra 1969

— *Treoir Uimh. 71/162/CEE* ón gComhairle, 30 Márta 1971
IO Uimh. L 87/24, 17 Aibreán 1971

(a) Bainfidh forálacha is ionann agus forálacha Airteagal 2(2) den treoir réamhráite leis na Ballstáit nua go dtí an 30 Meitheamh 1977.

(b) I gcás na mBallstát nua, beidh feidhm ag na forálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin, arna leasú de réir forálacha na treorach atá i gceist, amach ó na cinn is gá chun forálacha Airteagal 14(1) den treoir seo a chomhlíonadh :

— an 1 Iúil 1974 ar a dhéanaí i gcás na bhforálacha a bhaineann le síolta gráin;

— an I Iúil 1976 i gcás na bhforálacha eile.

2. *Treoir Uimh. 66/401/CEE* ón gComhairle, 14 Meitheamh 1966
IO Uimh. 125/2298, 11 Iúil 1966

arna leasú le:

— *Treoir Uimh. 69/63/CEE* ón gComhairle, 18 Feabhra 1969
IO Uimh. L 48/8, 26 Feabhra 1969

— *Treoir Uimh. 71/162/CEE* ón gComhairle, 30 Márta 1971
IO Uimh. L 87/24, 17 Aibreán 1971

(a) Bainfidh forálacha is ionann agus forálacha Airteagal 2(2) den treoir réamhráite leis na Ballstáit nua go dtí an 30 Meitheamh 1977.

(b) I gcás na mBallstát nua, beidh feidhm ag na forálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin, arna leasú de réir forálacha na treorach atá i gceist, amach ó na cinn is gá chun forálacha Airteagal 14(1) den treoir seo a chomhlíonadh:

— an 1 Iúil 1974 ar a dhéanaí i gcás na bhforálacha a bhaineann le síolta gráin;

— an 1 Iúil 1976 i gcás na bhforálacha eile.

3. *Treoir Uimh. 66/402/CEE* ón gComhairle, 14 Meitheamh 1966
IO Uimh. 125/2309, 11 Iúil 1966

arna leasú le:

— *Treoir Uimh. 69/60/CEE* ón gComhairle, 18 Feabhra 1969
IO Uimh. L 48/1, 26 Feabhra 1969

— *Treoir Uimh. 71/162/CEE* ón gComhairle, 30 Márta 1971
IO Uimh. L 87/24, 17 Aibreán 1971

(a) Bainfidh forálacha is ionann agus forálacha Airteagal 2(2)(c) den treoir réamhráite leis na Ballstáit nua go dtí an 30 Meitheamh 1976.

(b) I gás na mBallstát nua, beidh feidhm ag na forálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin, arna leasú de réir forálacha na treorach atá i gceist, amach ó na cinn is gá chun forálacha Airteagal 14(1) den treoir seo a chomhlíonadh:

— an 1 Iúil 1974 ar a dhéanaí i gcás na bhforálacha a bhaineann le síolta gráin;

— an 1 Iúil 1976 i gcás na bhforálacha eile.

4. *Treoir Uimh. 66/403/CEE* ón gComhairle, 14 Meitheamh 1966
IO Uimh. 125/2320, 11 Iúil 1966

arna leasú le:

— *Treoir Uimh. 69/62/CEE* ón gComhairle, 18 Feabhra 1969
IO Uimh. L 48/7, 26 Feabhra 1969

— *Treoir Uimh. 71/162/CEE* ón gComhairle, 30 Márta 1971
IO Uimh. L 87/24, 17 Aibreán 1971

(a) Bainfidh forálacha is ionann agus forálacha Airteagal 2(2)(a) den treoir réamhráite leis na Ballstáit nua go dtí an 30 Meitheamh 1975.

(b) I gcás na mBallstát nua, beidh feidhm ag na forálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin, arna leasú de réir forálacha na treorach atá i gceist, amach ó na cinn is gá chun forálacha Airteagal 13(1) den treoir seo a chomhlíonadh:

— an 1 Iúil 1974 ar a dhéanaí i gcás na bhforálacha a bhaineann le plandaí síl:

— an 1 Iúil 1976 i gcás na bhforálacha eile.

5. *Treoir Uimh. 69/208/CEE* ón gComhairle, 30 Meitheamh 1969
IO Uimh. L 169/3, 10 Iúil 1969

arna leasú le:

— *Treoir Uimh. 71/162/CEE* ón gComhairle, 30 Márta 1971
IO Uimh. L 87/24, 17 Aibreán 1971

(a) Bainfidh forálacha is ionann agus forálacha Airteagal 2(2)(a) den treoir réamhráite leis na Ballstáit nua go dtí an 30 Meitheamh 1976.

(b) I gcás na mBallstát nua, beidh feidhm ag na forálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin, arna leasú de réir forálacha na treorach atá i gceist, amach ó na cinn is gá chun forálacha Airteagal 13(1) den treoir seo a chomhlíonadh:

— an 1 Iúil 1974 ar a dhéanaí i gcás na bhforálacha a bhaineann le síolta gráin;

— an 1 Iúil 1976 i gcás na bhforálacha eile.

6. *Treoir Uimh. 70/458/CEE* ón gComhairle, 29 Meán Fómhair 1970
IO Uimh. L 225/7, 12 Deireadh Fómhair 1970

arna leasú le:

— *Treoir Uimh. 71/162/CEE* ón gComhairle, 30 Márta 1971
IO Uimh. L 87/24, 17 Aibreán 1971

Bainfidh forálacha is ionann agus forálacha Airteagal 2(2) den treoir réamhráite leis na Ballstáit nua go dtí an 30 Meitheamh 1976.

7. *Treoir Uimh. 66/404/CEE* ón gComhairle, 14 Meitheamh 1966
IO Uimh. 125/2325, 11 Iúil 1966

arna leasú le:

— *Treoir Uimh. 69/64/CEE* ón gComhairle, 18 Feabhra 1969
IO Uimh. L 48/12, 26 Feabhra 1969

(a) Bainfidh forálacha is ionann agus forálacha Airteagal 18(2) den treoir réamhráite leis na Ballstáit nua go dtí an 1 Iúil 1975.

(b) Bainfidh forálacha is ionann agus forálacha Airteagal 18(3) den treoir atá i gceist leis na Ballstáit nua go dtí an 1 Iúil 1977.

B. Reachtaíocht i dtaobh bianna ainmhithe

Treoir Uimh. 70/524/CEE ón gComhairle, 23 Samhain 1970
IO Uimh. L 270/1, 14 Nollaig 1970

Go dtí an 31 Nollaig 1977, féadfaidh na Ballstáit nua na forálacha a choimeád i bhfeidhm a fhoráiltear sna rialacháin náisiúnta a bhí ann ar dháta an aontachais agus a dtoirmisctear dá mbua, i réim na mbianna d'ainmhnithe, úsáid a bhaint as na breiseáin seo a leanas sna bianna d'ainmhithe:

E 701	Teitriciclín
E 702	Clóraiteitriciclín
E 703	Ocsaiteitriciclín
E 704	Oiléandaimícin
E 705	Potaisiam pinisilín G
E 706	Sóidiam pinisilín G
E 707	Próicéin pinisilín G
E 708	Beinsitéin pinisilín G
E 709	Streiptimícin pinisilín G
E 710	Spirimícin
E 711	Virginimícin
E 712	Flavafosfoilipeol (Flavomycin)

I ndeireadh na tréimhse sin, údarófar úsáid na mbreiseán sin faoi na coinníollacha dá bhforáiltear leis an treoir, mura mbeidh cinneadh déanta de réir Airteagal 43 agus 100 de Chonradh CEE, d'fhonn forás na heolaíochta agus na teicníochta a chur i gcuntas, ag eisiamh na mbreiseán sin ó iarscríbhinní na treorach.

Ní bheidh aon éifeacht thairis sin ag an mhaolú sin ar fheidhmiú na treorach.

C. Fiosrúcháin ar an struchtúr

Treoir Uimh. 68/161/CEE ón gComhairle, 27 Márta 1968
IO Uimh. L 76/13, 28 Márta 1968

arna ceartú le:

— *Ceartúchán ar Threoir Uimh. 68/161/CEE* ón gComhairle, 27 Márta 1968
IO Uimh. L 132/15, 14 Meitheamh 1968

(a) Go dtí an 1 Nollaig 1973, féadfaidh an Ríocht Aontaithe fiosrúcháin ar an stoc muc a dhéanamh i gceann gach trí mhí.

(b) Go dtí an 1 Nollaig 1973, féadfaidh Éire fiosrúcháin a dhéanamh ar mhuca ó thaobh a n-aoise.

D. Ilghnéitheach

Rialachán (CEE) Uimh. 2513/69 ón gComhairle, 9 Nollaig 1969
IO Uimh. L 318/6, 18 Nollaig 1969

Go dtí an dáta a dtiocfaidh deireadh leis an gcóras dá bhforáiltear in Airteagal 115 den Ionstraim Aontachais, féadfaidh an Ríocht Aontaithe na srianta cainníochtúla a bhí á bhfeidhmiú aici an 1 Eanáir 1972 a choimeád i bhfeidhm i gcás seadóg.

IARSCRÍBHINN VI

Liosta

de na tíortha dá dtagraítear in Airteagal 109 den Ionstraim Aontachais agus i bPrótacal Uimh. 22

Barbadós
An Bhotsuáin
An Chéinia
Fidsí
Gána
An Ghaimbia
An Ghuáin
Iamáice
Leosóta
An Mhaláive
An Nigéir
Oileán Mhuirís
Oileán na Tríonóide agus Tobága
An tSaimbia
Samó Thiar
Siarra Leon
An tSuasalainn
An Tansáin
Tonga
Uganda

IARSCRÍBHINN VII

Liosta

dá bhforáiltear in Airteagal 133 den Ionstraim Aontachais

I. REACHTAÍOCHT CHUSTAM

1. *Treoir Uimh. 69/73/CEE* ón gComhairle, 4 Márta 1969
IO Uimh. L 58/1, 8 Márta 1969

(a) Cuirfidh an Ríocht Aontaithe i bhfeidhm na bearta is gá chun forálacha na treorach, amach ó fhorálacha Airteagal 5 agus Airteagail 15 go 18, a chomhlíonadh um an 1 Eanáir 1975 ar a dhéanaí.

(b) Ar a shon sin, má chuireann sin as do na coinníollacha iomaíochta, go háirithe ar lorg difríochtaí sa ráta brabaigh, glacfar bearta iomchuí chun an staid a cheartú, faoi chuimsiú an nós imeachta dá bhforáiltear leis an treoir sin.

2. *Treoir Uimh. 69/76/CEE* ón gComhairle, 4 Márta 1969
IO Uimh. L 58/14, 8 Márta 1969

Tairbheoidh an Danmhairg, go dtí an 31 Nollaig 1974, de cheart is ionann agus an ceart dá bhforáiltear in Airteagal 2(3).

3. *Treoir Uimh. 69/73/CEE* ón gComhairle, 4 Márta 1969
IO Uimh. L 58/1, 8 Márta 1969

Treoir Uimh. 69/76/CEE ón gComhairle, 4 Márta 1969
IO Uimh. L 58/14, 8 Márta 1969

Sna Ballstáit nua, ní bhainfidh na treoracha sin leis na dleachtanna custam de chineál fioscach go dtí dáta an chinnte ón gCoimisiún dá bhforáiltear in Airteagal 39(3) den Ionstraim Aontachais.

II. TAÍRGÍ CÓGAISÍOCHTA

Treoir Uimh. 65/65/CEE ón gComhairle, 26 Eanáir 1965
IO Uimh. 22/369, 9 Feabhra 1965.

Déanfaidh na Ballstáit nua an rialúchán dá bhforáiltear leis an treoir sin a chur chun feidhme go comhleanúnach, tráth nach déanaí ná an 1 Eanáir 1978, ar na speisialtachtaí a bhfuarthas údarás lena gcur ar an mhargadh roimh dháta an aontachais.

III. IOMPAR

1. *Rialachán (CEE) Uimh. 543/69* ón gComhairle, 25 Márta 1969
IO Uimh. L 77/69, 29 Márta 1969

Tá feidhmiú an rialacháin sin ar na córais iompair náisiúnta sna Ballstáit nua curtha siar go dtí an

1 Eanáir 1976 don Danmhairg

1 Eanáir 1976 d'Éirinn

1 Eanáir 1976 don Ríocht Aontaithe.

2. *Rialachán (CEE) Uimh. 1191/69* ón gComhairle, 26 Meitheamh 1969
IO Uimh. L 156/1, 28 Meitheamh 1969

Beidh éifeacht in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe, amhail ón 1 Eanáir 1974, ag an gceart chun cúitimh dá bhforáiltear i bhfomhír (2) de mhír 3 d'Airteagal 6 agus i bhfomhír (1) de mhír 2 d'Airteagal 9.

3. *Rialachán (CEE) Uimh. 1107/70* ón gComhairle, 4 Meitheamh 1970
IO Uimh. L 130/1, 15 Meitheamh 1970

Chomh fada is a bhaineann le hÉirinn agus leis an Ríocht Aontaithe, cuirfear na cabhracha dá dtagraítear in Airteagal 5(2) in iúl don Choimisiún i dtosach na bliana 1974.

4. *Rialachán (CEE) Uimh. 1463/70* ón gComhairle, 20 Iúil 1970
IO Uimh. L 164/1, 27 Iúil 1970

Bainfidh forálacha is ionann agus forálacha Airteagal 4(1) leis an Danmhairg, le hÉirinn agus leis an Ríocht Aontaithe amhail ón 1 Eanáir 1976.

5. *Cinneadh Uimh. 70/108/CEE* ón gComhairle, 27 Eanáir 1970
IO Uimh. L 23/24, 30 Eanáir 1970

Bainfidh forálacha is ionann agus forálacha Airteagal 1(5) leis an Danmhairg amhail ón 1 Eanáir 1974.

IV. IOMAÍOCHT

1. *Rialachán (CEE) Uimh.* 1017/68 ón gComhairle, 19 Iúil 1968
IO Uimh. L 175/1, 23 Iúil 1968

Chomh fada is a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, beidh feidhm, an 1 Iúil 1973, ag an toirmeasc a fhoráiltear in Airteagal 2 den Rialachán sin ar na comhaontuithe, na cinntí agus na cleachtais chomhbheartaithe a bheidh an nar dháta an aontachais agus, de dhroim an aontachais, a thig faoi réim feidhme an toirmisc.

V. CÚRSAÍ FIOSCACHA

1. *Treoir Uimh. 69/169/CEE* ón gComhairle, 28 Bealtaine 1969
IO Uimh. L 133/6, 4 Meitheamh 1969

(a) Féadfaidh an Danmhairg na hearraí seo a leanas a eisiamh, go dtí an 31 Nollaig 1975, ón díolúine i leith cánacha, idir chánacha láimhdheachais agus dleachtanna máil:

— táirgí tobac;

— deochanna meisciúla: deochanna driogtha agus deochanna biotáilleacha, le cion is mó ná 22° d'alcól;

— beoracha, sa mhéid gur mó ná 2 líotar an chainníocht

(b) Na rialacha a chuirfidh an Danmhairg chun feidhme de bhua na cumhachta sin i réimse an tráchta ag lucht taistil ó thríú tíortha, ní féidir iad a bheith níos fabhraí ná na rialacha is infheidhme i réimse an tráchta ag lucht taistil idir na Ballstáit.

(c) Roimh dheireadh na tréimhse thuasluaite, cinnfidh an Chomhairle, de réir an nós imeachta a fhoráiltear in Airteagal 100 de Chonradh CEE, cé acu is gá agus cá mhéid is gá fadú ar an mhaolú sin, á chur san áireamh a bhfuil curtha i gcrích den Aontas eacnamaíochta agus airgeadaíochta, agus go háirithe an t-ascnamh maidir le comhchuibhiú fioscach.

(d) Ní bheidh feidhm ag na forálacha dá dtagraítear thuas ar fheidhmiú Airteagal 32(2)(c) den Ionstraim Aontachais.

2. *Treoir Uimh. 69/335/CEE* ón gComhairle, 17 Iúil 1969
IO Uimh. L 249/25, 3 Deireadh Fómhair 1969

Má bhíonn na hoibreacha a bhaineann le leathnú réimse feidhmiúcháin Airteagal 7(1)(b) gan bheith críochnaithe roimh an aontachas cuirfidh Éire agus an Ríocht Aontaithe na bearta is gá i bhfeidhm chun forálacha Airteagal 7(1) a chomhlíonadh tráth nach déanaí ná an 1 Eanáir 1974.

VI. BEARTAS TRÁCHTÁLA

1. *Rialachán (CEE) Uimh. 459/68* ón gComhairle, 5 Aibreán 1968
IO Uimh. L 93/1, 17 Aibreán 1968

Beidh feidhm go dtí an 30 Meitheamh 1977, i gcás na hÉireann, na Ríochta Aontaithe agus na hIoruaidhe, ag foráil is ionann agus an fhoráil atá in Airteagal 26.

2. *Rialachán (CEE) Uimh. 2603/69* ón gComhairle, 20 Nollaig 1969
IO Uimh. L 324/25, 27 Nollaig 1969

Faoi réir na gcomhaontuithe atá tugtha nó le tabhairt i gcrích ag an gComhphobal, féadfaidh Éire, go dtí an 30 Meitheamh 1975, srianta cainníochtúla a choimeád i bhfeidhm i leith tríú tíortha ar onnmhairí Éireannacha i gcás na dtáirgí seo a leanas:

Uimh. sa CTC	Tuairisc na n-earraí
44.01	Connadh, ina spreotaí, ina bhilléid, ina chraobhóga nó ina bhrosna; dramhadhmad, lena n-áirítear mionrabh
44.03	Adhmad neamhchóirithe, coirt air nó bainte de, nó garbhshnoite
44.04	Adhmad, cearnaithe nó leathchearnaithe go garbh, gan monarú thairis sin air
44.05	Adhmad sáfa ar a fhad, slisnithe nó scafa, ach gan ullmhú thairis sin air, ar mó ná 5 mm. a thiús

3. *Rialachán (CEE) Uimh. 109/70* ón gComhairle, 19 Nollaig 1969
IO Uimh. L 19/1, 26 Eanáir 1970

arna leasú le:

— *Rialachán (CEE) Uimh. 1492/70* ón gComhairle, 20 Iúil 1970
IO Uimh. L 166/1, 29 Iúil 1970

— *Rialachán (CEE) Uimh. 2172/70* ón gComhairle, 27 Deireadh Fómhair 1970
IO Uimh. L 239/1, 30 Deireadh Fómhair 1970

— *Rialachán (CEE) Uimh. 2567/70* ón gComhairle, 14 Nollaig 1970
IO Uimh. L 276/1, 21 Nollaig 1970

— *Rialachán (CEE) Uimh. 532/71* ón gComhairle, 8 Márta 1971
IO Uimh. L 60/1, 13 Márta 1971

— *Rialachán (CEE) Uimh. 725/71* ón gComhairle, 30 Márta 1971
IO Uimh. L 80/4, 5 Aibreán 1971

— *Rialachán (CEE) Uimh. 1073/71* ón gComhairle, 25 Bealtaine 1971
IO Uimh. L 119/1, 1 Meitheamh 1971

— *Rialachán (CEE) Uimh. 1074/71* ón gComhairle, 25 Bealtaine 1971
IO Uimh. L 119/35, 1 Meitheamh 1971

— *Rialachán (CEE) Uimh. 2385/71* ón gComhairle, 8 Samhain 1971
IO Uimh. L 249/3, 10 Samhain 1971

— *Rialachán (CEE) Uimh. 2386/71* ón gComhairle, 8 Samhain 1971
IO Uimh. L 249/12, 10 Samhain 1971

— *Rialachán (CEE) Uimh. 2406/71* ón gComhairle, 9 Samhain 1971
IO Uimh. L 250/1, 11 Samhain 1971

— *Rialachán (CEE) Uimh. 2407/71* ón gComhairle, 9 Samhain 1971
IO Uimh. L 250/7, 11 Samhain 1971

(*a*) Faoi réir na bhforálacha de chóras fabhar ginearálta an Chomhphobail a chuirfidh na Ballstáit nua chun feidhme an 1 Eanáir 1974 agus faoi réir na gcomhaontuithe a bheidh tugtha nó le tabhairt i gcrích ag an gComhphobal, féadfaidh an Ríocht Aontaithe srianta cainníochtúla ar allmhairí a choimeád i bhfeidhm go dtí an 31 Nollaig 1974 i gcás na dtáirgí seo a leanas:

Uimh. sa CTC	Tuairisc na n-earraí
ex 52.01	Abhras miotail comhshníofa le habhras cadáis (abhrais mhiotalacha), agus abhras cadáis clúdaithe le miotal agus abhras cadáis mhiotalaithe san áireamh
ex 52.02	Faibricí d'abhras miotail, d'abhrais mhiotalacha nó d'abhrais teicstíleacha mhiotalacha Uimh. 52.01, comhshníofa le habhras cadáis, le haghaidh éadaigh, troscánaíochta agus úsáidí dá leithéid sin
ex 59.09	Faibricí páirt-déanta nó lándéanta de chadás, olaithe nó clúdaithe le táirge ar bhonn ola
ex 59.11	Faibricí rubaraithe, seachas carraí cniotáilte, de chadás
ex 59.14	Buaicis, fite nó pléatáilte nó cniotáilte, de chadás, le haghaidh lampaí, sorn, coinnle agus a leithéidí
ex 59.15	Píopaí le haghaidh caidéal agus píopaí dá samhail, páirt-déanta nó lándéanta de chadás
ex 59.17	Faibricí agus carraí cadáis le haghaidh úsáide teicniúla
ex 61.08	Bónaí, bóiníní, gimpí, daighsíní, brollaigh, seabónna, cufaí, muinchillí, bráideanna agus gabhálais eile dá samhail le haghaidh éadaí agus fo-éadaí do mhná, de chadás
ex 65.02	Múnlaí nó formáin le haghaidh hataí, trilsithe nó déanta de stiallacha (trilsithe, fite nó curtha suas ar shlí eile) d'ábhair ar bith, nach bhfuil múnlaithe ná cumtha, seachas múnlaí do hataí Panama
ex 65.04	Hataí, agus ceannbheart eile, pléatáilte nó déanta de stiallacha (trilsithe, fite nó curtha suas ar shlí eile) d'ábhair ar bith, maisithe nó gan mhaisiú, ach múnlaí do hataí Panama a fhágáil as an áireamh
ex 65.07	Stiallacha le haghaidh maisiúcháin inmheánaigh, caipíní, ceannbheart, creata (lena n-áirítear cóiriúcháin leaisteacha do hataí innealldéanta), scáthláin gréine aguss mig-irisí le haghaidh hataí

(*b*) Faoi réir na bhforálacha de chóras fabhar ginearálta an Chomhphobail a chuirfidh na Ballstáit nua chun feidhme an 1 Eanáir 1974 agus faoi réir na gcomhaontuithe a bheidh tugtha nó le tabhairt i gcrích ag an gComhphobal, féadfaidh an Ríocht Aontaithe na srianta cainníochtúla ar allmhairí a choimeád i bhfeidhm go dtí an 31 Nollaig 1977 ar a dhéanaí i gcás na dtáirgí seo a leanas :

Uimh. sa CTC	Tuairisc na n-earraí
ex 39.07	Lámhainní a bhaineann le hUimhreacha 39.01 go 39.06
ex 40.13	Lámhainní de rubar bolcánaithe, neamhchruaite
ex 43.03	Lámhainní fionnaidh
ex 43.04	Lámhainní fionnaidh shaorga

Ach rachaidh an Coimisiún agus an Ríocht Aontaithe i ndáil chomhairle go bliantiúl féachaint an féidir an tréimhse sin a ghiorrú.

(*c*) Faoi réir na bhforálacha de chóras fabhar ginearálta an Chomhphobail a chuirfidh na Ballstáit nua chun feidhme an 1 Eanáir 1974 agus faoi réir na gcomhaontuithe a bheidh tugtha nó le tabhairt i gcrích ag an gComphobal, féadfaidh Éire agus an Ríocht Aontaithe na srianta cainníochtúla ar allmhairí a choimeád i bhfeidhm go dtí an 31 Nollaig 1975 ar a dhéanaí i gcás na dtáirgí seo a leanas:

Uimh. sa CTC	Tuairisc na n-earraí
54.03	Abhras lín nó abhras ráimí, nach bhfuil curtha suas lena miondíol
54.04	Abhras lín nó abhras ráimí, atá curtha suas lena miondíol

Má fhaightear gur gá sin, féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe ar thogra ón gCoimisiún, an tréimhse sin a fhadú go dtí an 31 Nollaig 1977 ar a dhéanaí.

(*d*) Faoi réir na bhforálacha de chóras fabhar ginearálta an Chomhphobail a chuirfidh na Ballstáit nua chun feidhme an 1 Eanáir 1974 agus faoi réir na gcomhaontuithe a bheidh tugtha nó le tabhairt i gcrích ag an gComhphobal, féadfaidh Éire srianta cainníochtúla ar allmhairí a choimeád i bhfeidhm i leith na dtíortha seo:

— an tSeicslóvaic

— an Rúmáin

— Daon-Phoblacht na Síne

— an Ungáir

— an Bhulgáir

— an Pholainn

— Aontas na bPoblachtaí Sóivéadacha Sóisialacha (APSS)

go dtí an 30 Meitheamh 1977 ar a dhéanaí i gcás na dtáirgí seo a leanas:

Uimh. sa CTC	Tuairisc na n-earraí
ex 59.09	Faibricí teicstíleacha clúdaithe nó tuilithe le hola nó le hullmhóidí ar bhonn ola:
	— Ola-éadach agus leathar-éadach is mó ná 4 orlach ar leithead
	— eile, fite
ex 59.11	Faibricí teicstíleacha rubaraithe, seachas earraí cniotáilte nó cróiseáilte:
	— Leathar-éadach is mó ná 4 orlach ar leithead
	— Priontáilte, péinteáilte nó cabhraithe
	— eile, fite, nach lú ná 30 cm ar leithead (seachas faibricí ina bhfuil 33⅓% nó níos mó de réir meáchain de rubar, nach faibricí de chineál tarpóil)
	— eile, fite, ina bhfuil níos mó ná 60% de réir meáchain de chadás (seachas faibricí ina bhfuil 33⅓ % nó níos mó de réir meáchain de rubar, nach faibricí de chineál tarpóil)
ex 61.08	Bónaí, bóiníní, gimpí, daighsíní, brollaigh, seabónna, cufaí, muinchillí, bráideanna agus gabhálais eile dá samhail le haghaidh éadaí do mhná, de chadás
IO Uimh. L 239/9, 25 Deireadh Fómhair 1971

An Ríocht Aontaithe: 1 Iúil 1973

20. *Treoir Uimh. 71/349/CEE* ón gComhairle, 12 Deireadh Fómhair 1971
IO Uimh. L 239/15, 25 Deireadh Fómhair 1971

An Danmhairg: 1 Iúil 1973

An Ioruaidh: 1 Iúil 1973

An Ríocht Aontaithe: 1 Iúil 1973

21. *Treoir Uimh. 71/354/CEE* ón gComhairle, 18 Deireadh Fómhair 1971
IO Uimh. L 243/29, 29 Deireadh Fómhair 1971

An Danmhairg: 1 Iúil 1973

X. EARRAÍ BIA

1. *Treoir ón gComhairle*, 23 Deireadh Fómhair 1962
IO Uimh. 115/2645, 11 Samhain 1962

arna leasú le:

— *Treoir Uimh. 65/469/CEE* ón gComhairle, 25 Deireadh Fómhair 1965
IO Uimh. 178/2793, 26 Deireadh Fómhair 1965

— *Treoir Uimh. 67/653/CEE* ón gComhairle, 24 Deireadh Fómhair 1967
IO Uimh. 263/4, 30 Deireadh Fómhair 1967

— *Treoir Uimh. 68/419/CEE* ón gComhairle, 20 Nollaig 1968
IO Uimh. L 309/24, 24 Nollaig 1968

— *Treoir Uimh. 70/358/CEE* ón gComhairle, 13 Iúil 1970
IO Uimh. L 157/36, 18 Iúil 1970

An Danmhairg: 1 Iúil 1973
Éire: 1 Iúil 1973
An Ioruaidh: 1 Iúil 1973
An Ríocht Aontaithe: 1 Iúil 1973

2. *Treoir Uimh. 64/54/CEE* ón gComhairle, 5 Samhain 1963
IO Uimh. 12/161, 27 Eanáir 1964

arna leasú le:

— *Treoir Uimh. 67/427/CEE* ón gComhairle, 27 Meitheamh 1967
IO Uimh. 148/1, 11 Iúil 1967

— *Treoir Uimh. 68/420/CEE* ón gComhairle, 20 Nollaig 1968
IO Uimh. L 309/25, 24 Nollaig 1968

— *Treoir Uimh. 70/359/CEE* ón gComhairle, 13 Iúil 1970
IO Uimh. L 157/38, 18 Iúil 1970

— *Treoir Uimh. 71/160/CEE* ón gComhairle, 30 Márta 1971
IO Uimh. L 87/12, 17 Aibreán. 1971

An Danmhairg: 1 Iúil 1973
Éire: 1 Iúil 1973
An Ioruaidh: 1 Iúil 1973
An Ríocht Aontaithe: 1 Iúil 1973

3. *Treoir Uimh. 65/66/CEE* ón gComhairle, 26 Eanáir 1965
IO Uimh. 22/22, 9 Feabhra 1965

arna leasú le:

— *Treoir Uimh. 67/428/CEE* ón gComhairle, 27 Meitheamh 1967
IO Uimh. 148/10, 11 Iúil 1967

An Danmhairg: 1 Iúil 1973
Éire: 1 Iúil 1973
An Ioruaidh: 1 Iúil 1973
An Ríocht Aontaithe: 1 Iúil 1973

4. *Treoir Uimh. 67/427/CEE* ón gComhairle, 27 Meitheamh 1967
IO Uimh. 148/1, 11 Iúil 1967

An Danmhairg: 1 Iúil 1973
Éire: 1 Iúil 1973
An Ioruaidh: 1 Iúil 1973
An Ríocht Aontaithe: 1 Iúil 1973

5. *Treoir Uimh. 70/357/CEE* ón gComhairle, 13 Iúil 1970
IO Uimh. L 157/31, 18 Iúil 1970

An Danmhairg: 1 Iúil 1973
Éire: 1 Iúil 1973
An Ioruaidh: 1 Iúil 1973
An Ríocht Aontaithe: 1 Iúil 1973

XI. BEARTAS FUINNIMH

Treoir Uimh. 68/414/CEE ón gComhairle, 20 Nollaig 1968
IO Uimh. L 308/14, 23 Nollaig 1968

An Ríocht Aontaithe: 1 Iúil 1973

XII. STAITISTIC

1. *Treoir Uimh. 64/475/CEE* ón gComhairle, 30 Iúil 1964
IO Uimh. 131/2193, 13 Lúnasa 1964

An Ríocht Aontaithe: 1 Iúil 1973

2. *Treoir Uimh. 69/467/CEE* ón gComhairle, 8 Nollaig 1969
IO Uimh. L 323/7, 24 Nollaig 1969

An Danmhairg: 1 Iúil 1973
Éire: 1 Eanáir 1974
An Ioruaidh: 1 Iúil 1973
An Ríocht Aontaithe: 1 Eanáir 1974

XIII. EURATOM

Treoir ón gComhairle, 2 Feabhra 1959
IO Uimh. 11/221, 20 Feabhra 1959

arna leasú le:

— *Treoir ón gComhairle*, 5 Márta 1962
IO Uimh. 57/1633, 9 Iúil 1962

— *Treoir Uimh. 66/45/EURATOM* ón gComhairle, 27 Deireadh Fómhair 1966
IO Uimh. 216/3693, 26 Samhain 1966

Éire: 1 Eanáir 1974
An Ríocht Aontaithe: 1 Iúil 1973

PRÓTACAIL

Prótacal Uimh. 1
ar Reacht an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta

CUID AHAON

Oiriúnú ar Reacht an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta

Airteagal 1

Cuirfear na forálacha seo a leanas in ionad Airteagal 3 den Phrótacal ar Reacht an Bhainc:

"*Airteagal 3*

De réir Airteagal 129 den Chonradh seo, is comhaltaí den Bhanc:

— Ríocht na Beilge;

— Ríocht na Danmhairge;

— Poblacht Chónaidhme na Gearmáine;

— Poblacht na Fraince;

— Éire;

— Poblacht na hIodáile;

— Ard-Diúiceacht Lucsamburg;

— Ríocht na hÍsiltíre;

— Ríocht na hIoruaidhe;

— Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann."

Airteagal 2

Cuirfear na forálacha seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre d'Airteagal 4(1) den Phrótacal ar Reacht an Bhainc:

"1. Is é is caipiteal don Bhanc dhá mhíle agus seachtó milliún aonad cuntais, arna suibscrióbh ag na Ballstáit mar a leanas:

An Ghearmáin	450	milliún
An Fhrainc	450	milliún
An Ríocht Aontaithe	450	milliún
An Iodáil	360	milliún
An Bheilg	118.5	milliún
An Ísiltír	118.5	milliún
An Danmhairg	60	milliún
An Ioruaidh	45	milliún
Éire	15	milliún
Lucsamburg	3	milliún".

Airteagal 3

Cuirfear na forálacha seo a leanas in ionad Airteagal 5 den Phrótacal ar Reacht an Bhainc:

"*Airteagal 5*

1. Íocfaidh na Ballstáit an caipiteal suibscríofa go feadh 20% de na méideanna atá leagtha síos in Airteagal 4(1).

2. I gcás méadú a theacht ar an gcaipiteal suibscríofa, socróidh an Bord Gobharnóirí, ag gníomhú dó d'aontoil, an céatadán a bheidh le híoc agus modh a íoctha.

3. Féadfaidh an Bord Stiúrthóirí a cheangal go ndéanfar iarmhéid an chaipitil shuibscríofa a íoc, a mhéid is gá don Bhanc chun freastal dá oibleagáidí i leith lucht iasachtaí a thabhairt dó.

An íocaíocht a bheidh le déanamh amhlaidh ag gach Ballstát, beidh sí i gcomhréir lena scair den chaipiteal suibscríofa sna hairgid reatha a theastóidh ón mBanc chun freastal do ha hoibleagáidí sin."

Airteagal 4

Cuirfear na forálacha seo a leanas in ionad fomhíreanna (a) agus (c) d'Airteagal 9(3) den Phrótacal ar Reacht an Bhainc:

"(a) cinnfidh sé an bhfuil an caipiteal suibscríofa le méadú de réir Airteagal 4(3) agus Airteagal 5(2);

(c) feidhmeoidh sé na cumhachtaí a fhoráiltear in Airteagail 11 agus 13 maidir le comhaltaí an Bhord Stiúrthóirí agus an Choiste Bainistíochta a cheapadh agus lena scor go héigeantach, mar aon leis na cumhachtaí a fhoráiltear sa dara fomhír d'Airteagal 13(1)".

Airteagal 5

Cuirfear na forálacha seo a leanas in ionad Airteagal 10 den Phrótacal ar Reacht an Bhainc:

"Airteagal 10

Ach amháin mar a fhoráiltear a mhalairt sa Reacht seo, is trí thromlach dá chomhaltaí a dhéanfaidh an Bord Gobharnóirí cinntí. Ní mór an tromlach sin a bheith in ionannas le 40% ar a laghad den chaipiteal suibscríofa. Is de réir forálacha Airteagal 148 den Chonradh seo a dhéanfaidh an Bord Gobharnóirí vótáil."

Airteagal 6

Cuirfear na forálacha seo a leanas in ionad fomhíreanna 1 go 5 d'Airteagal 11(2) den Phrótacal ar Reacht an Bhainc:

"2. 19 stiúrthóir agus 10 malartach a bheidh ar an mBord Stiúrthóirí.

Déanfaidh an Bord Gobharnóirí na Stiúrthóirí a cheapadh go ceann cúig bliana mar a thaispeántar thíos:

3 stiúrthóir arna n-ainmniú ag Poblacht Chónaidhme na Gearmáine;

3 stiúrthóir arna n-ainmniú ag Poblacht na Fraince;

3 stiúrthóir arna n-ainmniú ag Poblacht na hIodáile;

3 stiúrthóir arna n-ainmniú ag Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann;

1 stiúrthóir arna ainmniú ag Ríocht na Beilge;

1 stiúrthóir arna ainmniú ag Ríocht na Danmhairge;

1 stiúrthóir arna ainmniú ag Éirinn;

1 stiúrthóir arna ainmniú ag Ard-Diúiceacht Lucsamburg;

1 stiúrthóir arna ainmniú ag Ríocht na hÍsiltíre;

1 stiúrthóir arna ainmniú ag Ríocht na hIoruaidhe;

1 stiúrthóir arna ainmniú ag an gCoimisiún.

Déanfaidh an Bord Gobharnóirí na malartaigh a cheapadh go ceann cúig bliana mar a thaispeántar thíos:

2 malartach arna n-ainmniú ag Poblacht Chónaidhme na Gearmáine;

2 malartach arna n-ainmniú ag Poblacht na Fraince;

2 malartach arna n-ainmniú ag Poblacht na hIodáile;

2 malartach arna n-ainmniú ag Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann;

1 malartach arna ainmniú de thoil a chéile ag tíortha Bhenelux;

1 malartach arna ainmniú ag an gCoimisiún.

Féadfar ceapacháin na stiúrthóirí agus na malartach a athnuachan.

Féadfaidh malartaigh bheith páirteach i gcruinnithe an Bhord Stiúrthóirí. Féadfaidh malartaigh a bheidh ainmnithe ag Stát, nó ag roinnt Stát de thoil a chéile, nó ag an gCoimisiún, ionad stiúrthóirí a bheidh ainmnithe ag an Stát sin nó ag ceann de na Stáit sin nó ag an gCoimisiún, faoi seach, a ghabháil. Ní bheidh ceart vótála ag malartaigh ach amháin i gcás iad a bheith ag gabháil ionad stiúrthóra nó stiúrthóirí nó tarmligean chun na críche sin a bheith acu de réir Airteagal 12(1)."

Airteagal 7

Cuirfear na forálacha seo a leanas in ionad Airteagal 12(1) den Phrótacal ar Reacht an Bhainc:

"1. Beidh vóta amháin ag gach stiúrthóir ar an mBord Stiúrthóirí. Féadfaidh sé a vóta a tharmligean i ngach cás, ar an mhodh a leagfar síos le rialacha nós imeachta an Bhainc."

Airteagal 8

Cuirfear an abairt seo a leanas in ionad an dara habairt d'Airteagal 12(2) den Phrótacal ar Reacht an Bhainc:

"Is gá trí vóta dhéag ina fhabhar do thromlach cáilithe."

Airteagal 9

Cuirfear na forálacha seo a leanas in ionad Airteagal 13(1) den Phrótacal ar Reacht an Bhainc:

"1. Beidh ar an gCoiste Bainistíochta Uachtarán agus ceithre Leas-Uachtarán arna gceapadh go ceann sé bliana ag an mBord Gobharnóiri ar thogra ón mBord Stiúrthóirí. Féadfar a gceapacháin a athnuachan.

Féadfaidh an Bord Gobharnóirí, ag gníomhú dó d'aontoil, líon na gcomhaltaí ar an gCoiste Bainistíochta a athrú."

CUID A DÓ

Forálacha Eile

Airteagal 10

1. Íocfaidh na Ballstáit nua, tráth nach déanaí ná dhá mhí tar éis dáta an aontachais, na híocaíochtaí atá leagtha síos i mír 1 d'Airteagal 5, arna leasú mar atá leagtha amach in Airteagal 3 den Phrótacal seo, de Reacht an Bhainc. Déanfar na híocaíochtaí sin ina n-airgead reatha náisiúnta, faoi seach. Déanfar an cúigiú cuid den íocaíocht in airgead tirim agus ceithre chúigiú i bhfoirm nótaí neamh-úsmhara rialtais, a aibeoidh i gceithre thráthchuid chomhionanna, naoi mí, sé mhí dhéag, trí mhí is fiche agus tríocha mí, faoi seach, ó dháta an aontachais. Féadfar an t-iomlán nó cuid de na nótaí rialtais a fhuascailt roimh a ndáta dlite trí chomhaontú idir an Banc agus an Ballstát nua áirithe. Ní foláir na híocaíochtaí in airgead tirim, agus fáltas na nótaí rialtais, arna bhfuascailt, a bheith insóinseáilte go héasca.

2. Beidh forálacha Airteagal 7 de Reacht an Bhainc incurtha chun feidhme ar na híocaíochtaí go léir a íocfaidh na Ballstáit nua ina n-airgead reatha náisiúnta, faoi seach, faoin Airteagal seo. Aon choigeartuithe is gá maidir le nótaí rialtais neamhíoctha, déanfar iad ar dháta aibithe nó réamhfhuascailte na nótaí sin.

Airteagal 11

1. Íocfaidh na Ballstáit nua isteach sa chúlchiste reachtúil agus sna soláthairtí is ionann agus cúlchistí, amhail mar a bhí an 31 Nollaig an bhliain roimh an aontachas, mar a bheidh sonraithe i gclár comhardaithe an Bhainc, arna fhormheas, suimeanna a bheidh de réir na gcéatadán seo a leanas de na cúlchistí sin:

An Ríocht Aontaithe	30%
An Danmhairg	4%
An Ioruaidh	3%
Éire	1%

2. Déanfar méid na n-íocaíochtaí faoin Airteagal seo a ríomh in aonaid chuntais tar éis clár comhardaithe bliantúil an Bhainc don bhliain roimh an aontachas a bheith formheasta.

3. Déanfar na híocaíochtaí sin i gcúig thráthchuid chomhionanna tráth nach déanaí ná dhá mhí, naoi mí, sé mhí dhéag, trí mhí is fiche agus tríocha mí tar éis an aontachais. Déanfaidh gach Ballstát nua gach ceann de na cúig thráthchuid sin a íoc in airgead reatha náisiúnta is insóinseáilte go héasca.

Airteagal 12

1. Díreach tar éis an aontachais, déanfaidh an Bord Gobharnóirí líon an Bhord Stiúrthóirí a mhéadú leis na ceapacháin seo:

3 stiúrthóir arna n-ainmniú ag Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann;

1 stiúrthóir arna ainmniú ag Ríocht na Danmhairge;

1 stiúrthóir arna ainmniú ag Éirinn;

1 stiúrthóir arna ainmniú ag Ard-Diúiceacht Lucsamburg;

1 stiúrthóir arna ainmniú ag Ríocht na hIoruaidhe;

2 malartach arna n-ainmniú ag Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann.

2. Rachaidh téarma oifige na stiúrthoirí agus na malartach a ceapadh amhlaidh in éag ag deireadh chruinniú bliantúil an Bhord Gobharnóirí a scrúdófar ann tuarascáil bhliantúil na bliana airgeadais 1977.

3. Ag deireadh an chruinnithe bhliantúil a scrúdófar ann tuarascáil bhliantúil na bliana airgeadais 1972, déanfaidh an Bord Gobharnóirí na ceapacháin seo a leanas go ceann téarma oifige cúig bliana:

3 stiúrthóir arna n-ainmniú ag Poblacht Chónaidhme na Gearmáine;

3 stiúrthóir arna n-ainmniú ag Poblacht na Fraince;

3 stiúrthóir arna n-ainmniú ag Poblacht na hIodáile;

1 stiúrthóir arna ainmniú ag Ríocht na Beilge;

1 stiúrthóir arna ainmniú ag Ríocht na hÍsiltíre;

1 stiúrthóir arna ainmniú ag an gCoimisiún;

2 malartach arna n-ainmniú ag Poblacht Chónaidhme na Gearmáine;

2 malartach arna n-ainmniú ag Poblacht na Fraince;

2 malartach arna n-ainmniú ag Poblacht na hIodáile;

1 malartach arna ainmniú de thoil a chéile ag tíortha Bhenelux;

1 malartach arna ainmniú ag an gCoimisiún.

Airteagal 13

Díreach tar éis an aontachais, méadófar líon comhaltaí an Choiste Bainistíochta trí Leas-Uachtarán breise a cheapadh. Rachaidh a théarma oifige in éag i gcomhthráth le téarma oifige na gcomhaltaí den Choiste Bainistíochta a bheidh i seilbh oifige ar dháta an aontachais.

Prótacal Uimh. 2

ar Oileáin Fharó

Airteagal 1

Chomh fada agus nach mbeidh na dearbhuithe dá dtagraítear in Airteagail 25, 26 agus 27 den Ionstraim Aontachais déanta ag Rialtas na Danmhairge agus go dtí an 31 Nollaig 1975 ar a dhéanaí, ní gá aon leasú ar an gcóras custam is infheidhme, ar dháta an aontachais, ar tháirgí de thionscnamh Oileáin Fharó agus a allmhairítear ó na hOileáin sin isteach i réigiúin eile na Danmhairge.

Na táirgí a allmhairítear ó Oileáin Fharó isteach i réigiúin eile na Danmhairge de bhua an chórais thuasluaite, ní mheasfar saorchúrsaíocht a bheith acu sa Stát sin de réir brí Airteagal 10 de Chonradh CEE, ar iad a athonnmhairiú go Ballstát eile.

Airteagal 2

Má dhéannan Rialtas na Danmhairge na dearbhuithe dá dtagraítear in Airteagal 1, beidh feidhm ar Oileáin Fharó ag forálacha na hIonstraime Aontachais, ag cur na bhforálacha seo a leanas san áireamh:

— Beidh earraí a allmhaireofar isteach in Oileáin Fharó inchurtha faoi na dleachtanna custam a bheadh infheidhme dá mba rud é go raibh feidhm amhail ón 1 Eanáir 1973 ag an gConradh agus ag an gCinneadh i dtaobh an aontachais;

— féachfaidh Institiúidí an Chomhphobail, faoi chuimsiú chomheagraíocht na margaí do tháirgí iascaigh, le réiteach sásúil a fháil ar shainfhadhbanna Oileáin Fharó;

— féadfaidh údaráis Oileáin Fharó bearta iomchuí a choimeád i bhfeidhm, faoi mhaoirseacht an Chomphobail, d'fhonn soláthar bainne ar phraghsanna réasúnacha a áirithiú do phobal Oileáin Fharó.

Airteagal 3

Má chuireann Rialtas na Danmhairge in iúl don Chomhairle, i rith na tréimhse dá dtagraítear in Airteagal 1, de bhun rúin a ghlac Rialtas áitiúil Oileáin Fharó, nach féidir leis na dearbhuithe dá dtagraítear in Airteagal 1 a dhéanamh, scrúdóidh an Chomhairle, ar iarratas ó Rialtas na Danmhairge, an cor atá ar chúrsaí dá bharr sin. Cinnfidh an Chomhairle, ar thogra ón gCoimisiún, na socruithe a bheidh le déanamh chun na fadhbanna a réiteach a d'fhéadfadh an cor sin a thabhairt i gceist don Chomhphobal agus go háirithe don Danmhairg agus d'Oileáin Fharó.

Airteagal 4

Ní mheasfar gur náisiúnaigh Bhallstáit, de réir brí na gConarthaí bunaidh, náisiúnaigh de chuid na Danmhairge a chónaíonn ar Oileáin Fharó, ach amháin ón dáta a thiocfaidh na Conarthaí bunaidh sin chun bheith infheidhme ar na hOileáin sin.

Airteagal 5

Ba cheart na dearbhuithe dá dtagraítear in Airteagal 1 a dhéanamh i gcomhthráth agus ní féidir go dtiocfaidh astu ach go gcuirfear na Conarthaí bunaidh chun feidhme i gcomhthráth ar Oileáin Fharó.

Prótacal Uimh. 3

ar Oileáin Mhuir nIocht agus Oileán Mhanann

Airteagal 1

1. Beidh feidhm ar Oileáin Mhuir nIocht agus Oileán Mhanann, faoi na coinníollacha céanna leis an Ríocht Aontaithe, ag rialacháin an Chomhphobail maidir le custaim agus maidir le srianta canníochtúla, agus go háirithe ag rialacháin na hIonstraime Aontachais. Go mór mór, déanfar na dleachtanna custam agus na muirir chomhéifeachta idir na críocha sin agus an Comhphobal ina chomhdhéanamh bunaidh, agus idir na críocha sin agus na Ballstáit nua, a laghdú go comhleanúnach de réir an tráthchláir dá bhforáiltear in Airteagail 32 agus 36 den Ionstraim Aontachais. Beidh an Chomhtharaif Chustam agus taraif aontaithe an CEGC infheidhme go comhleanúnach de réir an tráthchláir dá bhforáiltear in Airteagail 39 agus 59 den Ionstraim Aontachais, ag cur Airteagail 109, 110 agus 119 den Ionstraim sin san áireamh.

2. I gcás táirgí talmhaíochta, agus táirgí a fhaightear óna bpróiseáil, is ábhar do chóras trádála speisialta, déanfaidh an Ríocht Aontaithe na tobhaigh agus na bearta eile i leith allmhairí dá bhforáiltear le rialacháin an Chomhphobail a fheidhmiú maidir le tríú tíortha.

Beidh feidhm mar an gcéanna ag na forálacha sin de rialacháin an Chomhphobail, agus go háirithe ag na forálacha sin den Ionstraim Aontachais, is gá chun go gcéadófar saorghluaiseacht sa trádáil sna táirgí sin agus go n-urramófar na gnáthchoinníollacha iomaíochta ina leith.

Cinnfidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cálithe ar thogra ón gCoimisiún, na coinníollacha faoina gcuirfear na forálacha dá dtagraítear sna fomhíreanna roimhe seo chun feidhme sna críocha sin.

Airteagal 2

Ní dhéanfaidh an Ionstraim Aontachais difear do na cearta as a dtairbhíonn náisiúnaigh na gcríoch sin sa Ríocht Aontaithe. Ar a shon sin, ní rachaidh forálacha an Chomhphobail maidir le saorghluaiseacht daoine agus seirbhísí chun tairbhe dóibhsean.

Airteagal 3

Na forálacha de Chonradh CEFA is infheidhme i gcás daoine nó gnóthais de réir brí Airteagal 196 den Chonradh sin, beidh feidhm acu i gcás na ndaoine nó na ngnóthas sin tráth a mbunaithe sna críocha réamhluaite.

Airteagal 4

Déanfaidh údaráis na gcríoch sin an chóir chéanna a chur i bhfeidhm maidir le gach duine, nádúrtha nó dlítheanach, de chuid an Chomhphobail.

Airteagal 5

Más rud é, ar an gcorás a shainítear sa Phrótacal seo a fheidhmiú, go n-éireoidh deacrachtaí de pháirt amháin nó de pháirt eile sa chaidreamh idir an Comhphobal agus na críocha sin, molfaidh an Coimisiún don Chomhairle, gan mhoill, na bearta cosanta is dóigh leis a bheith riachtanach, ag sonrú na gcoinníollacha agus na modhanna feidhmiúcháin.

Gníomhóidh an Chomhairle trí thromlach cáilithe faoi cheann míosa.

Airteagal 6

De réir brí an Phrótacail seo, measfar gur náisiúnach d'Oileáin Mhuir nIocht nó d'Oileán Mhanann gach saoránach den Ríocht Aontaithe agus dá cóilíneachtaí a bhfuil an tsaoránacht sin aige

toisc gur rugadh, gur uchtaíodh nó gur eadóirsíodh, nó gur cláraíodh ar an oileán i gceist, é féin, duine dá thuismitheoirí nó duine dá sheantuismitheoirí; ach ní mheasfar, ina leith sin, duine mar sin a bheith ina náisiúnach de na críocha sin má rugadh, má uchtaíodh, má eadóirsíodh, nó má cláraíodh sa Ríocht Aontaithe, é féin, duine dá thuismitheoirí nó duine dá sheantuismitheoirí. Ná ní mheasfar sa cháil sin é má bhí gnáthchónaí air, tráth ar bith, ar feadh cúig bliana sa Ríocht Aontaithe.

Cuirfear na forálacha riaracháin is gá chun iad a aithint in iúl don Choimisiún.

Prótacal Uimh. 4

ar an nGraonlainn

Airteagal 1

Údaraítear don Danmhairg na forálacha náisiúnta a choimeád i bhfeidhm ar théarmaí faoinar gá seal cónaithe sé mhí sa Ghraonlainn chun ceadúnas a fháil do ghnóthaí tráchtála áirithe sa réigiún sin.

Féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di de réir an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 57 de Chonradh CEE, a chinneadh an córas sin a léirscaoileadh.

Airteagal 2

Féachfaidh Institiúidí an Chomhphobail, faoi chuimsiú chomheagraíocht na margaí do tháirgí iascaigh, le réiteach sásúil a fháil ar shainfhadhbanna na Graonlainne.

Prótacal Uimh. 5

ar Svalbard (Spitzberg)

Airteagal 1

Féadfaidh Ríocht na hIoruaidhe an Conradh maidir leis an aontachas le Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus leis an gComphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach a dhaingniú agus a hionstraim aontachais leis an gComphobal Eorpach do Ghual agus Cruach a thaisceadh i leith chríoch na Ríochta, cé is moite de Svalbard.

Airteagal 2

Má fheidhmíonn an Ioruaidh an chumhacht sin beidh na forálacha seo a leanas inchurtha chun feidhme:

(a) ní bheidh sé riachtanach aon leasú a dhéanamh ar an gcóras custam is infheidhme ar earraí de thionscnamh Svalbard ar iad a allmhairiú isteach san Ioruaidh;

(b) is gual amháin atá á onnmhairiú iarbhír ó Svalbard agus ní thagann aon fhadhb i gceist ina leith sin de. Sa mhéid go ndéanfaí athrú ar an staid sin, go háirithe de dhroim cinntí a d'fhéadfaí a ghlacadh faoi chuimsiú comhbheartas, déanfaidh Institiúidí an Chomhphobail an cheist a athbhreithniú chun go gcuirfí san áireamh toradh a d'fhéadfadh athrú den sórt sin a thabhairt i gcrích sa mhéid a bhaineann leis an gcóras is infheidhme ar na hallmhairí ó Svalbard;

(c) na hearraí a allmhaireofar chun na hIoruaidhe de bhua an chórais dá dtagraítear faoi (a), ní fhéadfar glacadh leis gur earraí iad atá i saorchúrsaíocht sa Stát sin de réir brí Airteagal 10 de Chonradh CEE ar iad a athonnmhairiú isteach i mBallstát eile.

Prótacal Uimh. 6

ar shrianta cainníochtúla áirithe a bhaineann le hÉirinn agus leis an Ioruaidh

I. ÉIRE

1. Déanfar na srianta cainníochtúla ar allmhairí atá i bhfeidhm in Éirinn i gcás na dtáirgí seo a leanas a dhíothú go comhleanúnach trí na cuótaí comhchruinnithe seo a leanas a oscailt:

Tréimhse	Stocaí(1) Ceannteideal ex 60.03 agus ex 60.04 sa CTC	Lingeáin d'fheithiclí(2) Ceannteideal ex 73.35 sa CTC	Spréachphlocóidí agus a gcomhpháirteanna miotail Ceannteideal ex 85.08 D sa CTC	Scuaba nach lú ná £1.50 an dosaen a luach Ceannteideal ex 96.01 agus ex 96.02 sa CTC	Scuaba ar lú ná £1.50 an dosaen a luach Ceannteideal ex 96.01 agus ex 96.02 sa CTC
	péire	£	ceann	ceann	ceann
1 Eanáir 1973 go 30 Meitheamh 1973	2,000,000	50,000	300,000	130,000	600,000
1 Iúil 1973 go 30 Meitheamh 1974	5,000,000	150,000	900,000	460,000	1,600,000
1 Iúil 1974 go 30 Meitheamh 1975	6,000,000	200,000	1,250,000	660,000	2,200,000

(1) Baineann an cuóta le riteoga agus le stocaí, seachas stocaí glún, atá déanta ar fad nó go formhór de shíoda nó de shnáithíní teicstíleacha sintéiseacha nó saorga, nach mó a luach ná £2.50 an dosaen péire.

(2) Baineann an cuóta le lingeáin lannaithe agus le lanna lingeáin d'iarann nó de chruach, atá ceaptha lena n-úsáid mar chuid d'fheithicil.

Díothófar na srianta sin an 1 Iúil, 1975.

2. Údaraófar d'Éirinn cuóta allmhairiúcháin a choimeád d'fhorfhosfáití a thig faoi Cheannteideal 31.03 A I sa Chomhtharaif Chustam i gcás tíortha seachas an Ríocht Aontaithe. Socrófar méid an chuóta sin, trína bhunú ar tháirgeacht na hÉireann mar a breacadh i 1970:

ar 3% de mhéid na táirgeachta sin i 1973,

ar 6% de mhéid na táirgeachta sin i 1974,

ar leath 8% de mhéid na táirgeachta sin don chéad leath de 1975.

Díothófar an cuóta sin an 1 Iúil 1975.

3. Údarófar d'Éirinn srianta cainníochtúla ar onnmhairiú na dtáirgí seo a leanas go Ballstáit eile a choimeád a bhfeidhm go dtí an 1 Iúil 1975:

Uimhir sa Chomhthraaif Chustam	Tuairisc na n-earraí
ex 41.01	Seithí agus craicne amha (úr, salannaithe, triomaithe, picilte nó aolaithe), scoilte nó gan bheith, lena n-áirítear craicne caorach faoi olann:
	— seithí agus craicne amha (úr, salannaithe, triomaithe, picilte nó aolaithe) caorach, scoilte nó gan bheith, lena n-áirítear craicne caorach faoi olann
44.01	Connadh, ina spreotaí, ina bhilléid, ina chraobhóga nó ina bhrosna; dramhadhmad, lena n-aírítear mionrabh

Uimhir sa Chomtharaif Chustam	Tuairisc na n-earraí
44.03	Adhmad neamhchóirithe, coirt air nó bainte de, nó garbhshnoite
44.04	Adhmad, cearnaithe nó leathchearnaithe go garbh, gan monarú thairis sin air
44.05	Adhmad sáfa ar a fhad, slisnithe nó scafa, ach gan ullmhú thairis sin air, ar mó ná 5 mm a thiús
ex 74.01	Matte copair; copar neamhshaoirsithe (mínghlanta nó gan bheith); dramh agus bruscar copair: — Dramh agus bruscar copair
ex 75.01	Matte nicile, speiss nicile agus táirgí idirmheánacha eile de mhiotalóireacht nicile; nicil neamhshaoirsithe (gan anóidí leictrichneasaithe a áireamh): dramh agus bruscar nicile: — Dramh agus bruscar nicile
76.01	Alúmanam neamhshaoirsithe; dramh agus bruscar alúmanaim: B. Dramh agus bruscar
78.01	Luaidhe neamhshaoirsithe (lena n-áirítear luaidhe airgeadmhar); dramh agus bruscar luaidhe : B. Dramh agus bruscar
79.01	Sinc neamhshaoirsithe; dramh agus bruscar since: B. Dramh agus bruscar

II. AN IORUAIDH

Údarófar don Ioruaidh srianta cainníochtúla ar onnmhairiú na dtáirgí seo a leanas go Ballstáit eile a choimeád i bhfeidhm go dtí an 31 Nollaig 1974:

Uimhir sa Chomtharaif Chustam	Tuairisc na n-earraí
ex 74.01	Matte copair; copar neamhshaoirsithe (minghlanta nó gan bheith); dramh agus bruscar copair:: — Dramh agus bruscar copair

Prótacal Uimh. 7

ar allmhairiú mótarfheithiclí go hÉirinn agus ar chóimeáil mótarfheithiclí ann

Airteagal 1

Údarófar d'Éirinn an córas a bhaineann le cóimeáil agus le hallmhairiú mótarfheithiclí (dá ngairtear "an Scéim" anseo feasta) agus a fheidhmítear de réir forálacha an Achta um Mótarfheithiclí (Allmhaireoirí a Chlárú), 1968 (dá ngairtear "an tAcht" anseo feasta), a choimeád i bhfeidhm go dtí an 1 Eanáir 1985.

Airteagal 2

1. Amhail ó dháta an aontachais, údarófar do gach allmhaireoir-chóimeálaí ar na déantúis feithiclí a mhonaraítear sa Chomphobal, atá cláraithe faoin "Acht" agus a bhfuil coinníollacha an chláraithe á gcomhlíonadh acu i gcónaí, feithiclí lánchóimeáilte de dhéantúis a mhonaraítear i mBallstáit eile a allmhairiú gan srian ó na Stáit sin.

2. Amhail ón 1 Eanáir 1974, déanfaidh Éire, faoi chuimsiú na laghduithe taraifí atá le déanamh aici de réir forálacha Airteagal 32 den Ionstraim Aontachais, córas taraifí neamh-idirdhealaitheacha a chur chun feidhme ar na feithiclí a allmhaireoidh na hallmhaireoirí-chóimeálaithe dá dtagraítear i mír 1.

3. Forcoimeádann Éire aici féin an ceart chun muirir inmheánacha, de réir forálacha Airteagal 95 de Chonradh CEE agus Airteagal 38 den Ionstraim Aontachais, a chur in ionad na n-eilimintí fioscacha sna dleachtanna custam a chuirtear ar mhótarfheithiclí agus a gcomhpháirteanna. Ní dhéanfar, go háirithe, aon idirdhealú sna muirir sin idir na rátaí a chuirtear chun feidhme:

— ar pháirteanna a monaraíodh in Éirinn agus páirteanna a allmhairíodh ó Bhallstáit eile;

— ar fheithiclí a cóimeáladh in Éirinn agus feithiclí lánchóimeáilte a allmhairíodh ó Bhallstáit eile;

— ar pháirteanna a monaraíodh in Éirinn nó a allmhairíodh ó Bhallstáit eile agus feithiclí a cóimeáladh in Éirinn nó a allmhairíodh ó Bhallstáit eile.

Airteagal 3

1. Beidh feidhm freisin ag an gcóras taraifí dá dtagraítear in Airteagal 2(2), amhail ón 1 Eanáir 1974, maidir le cuóta comhchruinnithe a osclóidh Éire do na Ballstáit eile, amhail ó dháta an aontachais, le haghaidh feithiclí de thionscnamh an Chomhphobail, seachas na cinn lena mbaineann córas speisialta faoin "Scéim".

2. Socrófar méid an chuóta sin gach bliain, ar bhonn chéatadán den líon feithiclí a cóimeáladh in Éirinn an bhliain roimhe sin. 3% a bheidh sa chéatadán sin i 1973 agus méadófar é pointe amháin gach bliain go sroichfidh sé 14% i 1984.

Beidh de cheart ag Éirinn méid an chuóta sin a dháileadh idir na hearnálacha seo a leanas d'fheithiclí:

I. — *Feithiclí príobháideacha*

(a) le toilleadh sorcórach 1,500 cc nó níos lú

(b) le toilleadh sorcórach is mó ná 1,500 cc

II. — *Feithiclí tráchtála*

(a) le meáchan neamhualaithe 3.5 tonna nó níos lú

(b) le meáchan neamhualaithe is mó ná 3.5 tonna

Socrófar an meáchan neamhualaithe de réir na rialacha aicmithe feithiclí chun críocha na cánach bóthair in Éirinn.

Faoi chuimsiú an dáilte sin, féadfaidh Éire na cuótaí sin a shocrú mar a leanas:

Earnáil I — Feithiclí príobhaideacha. . . . 85% den chuóta comhchruinnithe, arna dháileadh mar a leanas:

I. (a) (suas go 1,500 cc) 75%

I. (b) (os cionn 1,500 cc) 25%

Earnáil II — Feithiclí tráchtála. . . . . 15% den chuóta comhchruinnithe, arna dháileadh mar a leanas:

II. (a) (suas go 3.5 tonna) 75%

II. (b) (os cionn 3.5 tonna) 25%

3. Más rud é, le linn an córas cuóta a chur chun feidhme, gur léir nach bhfuil an cuóta sin úsáidte go hiomlán ar chúiseanna a bhaineann lena dháileadh mar a thuairiscítear thuas, féadfaidh an Coimisiún, tar éis dul i gcomhairle le Rialtas na hÉireann,

cinneadh ar na bearta atá le déanamh ag an Rialtas sin chun cuidiú le lánúsáid an chuóta chomhchruinnithe.

Airteagal 4

I gcás ina dtabharfadh feidhmiú an Phrótacail seo, agus go háirithe Airteagal 2(1), saobhadh ar an iomaíocht idir allmhaireoirí-chóimeálaithe atá bunaithe in Éirinn, a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh d'athrú comhleanúnach ón gcóras a bheidh i bhfeidhm ar dháta an aontachais go córas atá de réir Chonradh CEE, féadfaidh an Coimisiún a údarú do Rialtas na hÉireann bearta iomchuí a ghlacadh chun an cor a chur ina cheart. Ní féidir an dáta deiridh do dhíothú na "Scéime" a thabhairt faoi cheist leis na bearta sin.

Airteagal 5

Déanfaidh Éire gach coigeartú is cuí ar an Scéim chun gur fusaide gabhail ón gcóras a bheidh i bhfeidhm ar dháta an aontachais go dtí an córas de réir Chonradh CEE.

Prótacal Uimh. 8

ar fhosfar (Fotheideal 28.04 C IV sa CTC)

1. Amhail ón 1 Eanáir 1974 agus go dtí an 31 Nollaig 1977, údarófar don Ríocht Aontaithe taraif-chuóta bliantúil a oscailt do fhosfar (Fotheideal 28.04 C IV sa CTC) de mhéid a fhreagróidh do riachtanais na tíre sin ach nach rachaidh thar 40,000 tonna méadrach sa bhliain.

2. Gabhfaidh dleacht nialais leis an gcuóta sin i 1974, 1975 agus 1976.

Féadfaidh an Chomhairle a chinneadh d'aontoil an dleacht is infheidhme ar an taraif-chuóta sin a athrú, ag féachaint do chor na hiomaíochta, an tsoláthair agus an táirgthe ar mhargadh an fhosair.

3. Do 1977, cinnfidh an Chomhairle d'aontoil an dleacht a bheidh le cur chun feidhme ar an gcuóta sin. Mura ndéanfar aon chinneadh den sórt sin, gabhfaidh leis an gcuóta dleacht is ionann agus leath na dleachta is infheidhme faoin gComhtharaif Chustam.

4. Amhail ón 1 Eanáir 1978, cuirfidh an Ríocht Aontaithe an Chomhtharaif Chustam chun feidhme.

5. Amhail ón 1 Aibreán 1973, cuirfidh an Ríocht Aontaithe dleacht nialais chun feidhme ar allmhairí fosfair ón gComhphobal ina chomhdhéanamh bunaidh.

Prótacal Uimh. 9

ar ocsaíd agus hidreocsaíd alúmanaim (alúmana)
(Fotheideal 28.20 A sa CTC)

1. Amhail ón 1 Eanáir 1975 ar a dhéanaí, déanfar dleacht uathrialach na Comhtharaife Custam ar ocsaíd agus hidreocsaíd alúmanaim (Fotheideal 28.20 A sa CTC) a fhionraí ar leibhéal 5.5% go ceann tréimhse éiginnte.

2. Déanfaidh na Ballstáit nua an chéad chomhfhogasú i dtreo na Comhtharaife Custam ar na dleachtanna atá acu ar an táirge sin a chur i gcrích an 1 Eanáir 1976, tríd an difríocht idir an bhundleacht agus an dleacht 5.5% a lagdhú 50% ar an dáta sin.

3. Cuirfidh na Ballstáit nua an dleacht 5.5% chun feidhme amhail ón 1 Iúil 1977.

4. Déanfaidh an Chomhairle an staid a athscrúdú mura mbeidh dleacht nialais curtha chun feidhme ag an gComhphobal ar allmhairí ocsaíde agus hidreocsaíde alúmanaim ó na tíortha neamhspleácha sa Chomhlathas a bhfuil forás futhu, go háirithe sna hAintillí, nó más gá sin mar gheall ar na dálaí a bhaineann go sonrach le tionscal an alúmanaim.

Prótacal Uimh. 10

ar eastóscáin súdaireachta mhiomósa (Fotheideal 32.01 A sa CTC) agus eastóscáin súdaireachta gheanmchnó (Fotheideal ex 32.01 C sa CTC)

1. Um an 1 Eanáir 1974, ar a dhéanaí, déanfar dleacht uathrialach na Comhtharaife Custam ar eastóscáin súdaireachta mhiomósa (Fotheideal 32.01 A sa CTC) a fhionraí ar leibhéal 3% go ceann tréimhse éiginnte.

2. Déanfaidh Éire agus an Ríocht Aontaithe dleacht nialais a chur chun feidhme, amhail ón 1 Iúil 1973, ar eastóscáin súdaireachta mhiomósa (Fotheideal 32.01 A sa CTC) agus eastóscáin súdaireachta gheanmchnó (Fotheideal ex 32.01 C sa CTC) a allmhaireofar ón gComhphobal ina chomhdhéanamh bunaidh.

Prótacal Uimh. 11

ar shraithadhmad (Ceannteideal ex 44.15 sa CTC)

1. I gcás na dtáirgí seo a leanas:

ex 44.15 Sraithadhmad ó chrainn bhuaircíneacha, gan substaintí eile leis, thar 9 mm ar tiús, gan de chóiriú ar a éadain ach scamhadh

ex 44.15 Sraithadhmad ó chrainn bhuaircíneacha, gan substaintí eile leis, líogtha, thar 18.5 mm ar tiús

osclófar dhá tharaif-chuóta uathrialacha dleachta nialais ag an gComhphobal amhail ón 1 Eanáir 1974. Cinnfear méid na gcuótaí sin in aghaidh na bliana nuair a shuífear go rachaidh ídiú, i rith na tréimhse dá mbeidh na cuótaí ar oscailt, ar gach soláthar ar mhargadh inmheánach an Chomhphobail.

2. Déanfaidh an Chomhairle an staid a athscrúdú má thig athrú suntasach ar a ndéantar d'allmhairiú faoi dhleacht nialais go hÉirinn agus go dtí an Ríocht Aontaithe ar shraithadhmad ón bhFionlainn, nó ar an gcóras fabhar taraife a chuireann an Comhphobal chun feidhme ar tháirgí áirithe de thionscnamh na dtíortha a bhfuil forás fúthu.

3. Déanfaidh an Danmhairg, Éire agus an Ríocht Aontaithe, amhail ón 1 Aibreán 1973, dleacht nialais a chur chun feidhme ar allmhairí sraithadhmaid ón gComhphobal ina chomhdhéanamh bunaidh.

Prótacal Uimh. 12

ar laíon adhmaid (Fotheideal 47.01 A II sa CTC)

1. Déanfar dleacht uathrialach na Comhtharaife Custam ar laíon admhaid (Fotheideal 47.01 A II sa CTC) a fhionraí go hiomlán de réir tráthchláir atá le socrú.

2. Go dtí an dáta a dhéanfar fionraí iomlán ar an dleacht thuasluaite, údarófar do na Ballstáit taraif-chuótaí dleachta nialais a oscailt i leith na dtáirgí lena mbaineann mír 1. Cuirfidh siad é sin in iúl don Choimisiún.

Prótacal Uimh. 13

ar nuachtpháipéar (Fotheideal 48.01 A sa CTC)

1. Déanfar an sainiú ar nuachtpháipéar (Fotheideal 48.01 A sa CTC) a leasú ionas go laghdófar ó 48g go 40g an m^2 an íosteorainn mheáchain.

2. Laghdófar an taraif-chuóta dleachta nialais 625,000 tonna méadrach a ceanglaíodh faoin gComhaontú Ginearálta ar Tharaifí agus Trádáil.

3. Gach bliain, osclófar taraif-chuóta uathrialach dleachta nialais ag an gComhphobal nuair a shuífear go rachaidh ídiú, i rith na tréimhse cuóta áirithe, ar gach soláthar ar mhargadh inmheánach an Chomhphobail.

Prótacal Uimh. 14

ar luaidhe neamhshaoirsithe (Fotheideal 78.01 A sa CTC)

1. Maidir le luaidhe airgeadmhar a shainítear mar a leanas:

78.01 AI Luaidhe neamhshaoirsithe ina bhfuil cion nach lú ná 0.02% d'airgead, a bheartaítear a mhínghlanadh (luaidhe airgeadmhar)

déanfar, go dtí go dtiocfaidh fionraí iomlán, go ceann tréimhse éiginnte, na dleachta ar luaidhe airgeadmhar i bhfeidhm, taraif-chuóta dleachta nialais ag an gComhphobal a oscailt. Beidh na Ballstáit nua páirteach sa taraif-chuóta sin amhail ón 1 Eanáir 1974. Beidh a mhéid bliantúil comhionann le comhshuim na n-iarratas a fuarthas ó na Ballstáit leasmhara, móide cúltaca.

Déanfar taraif-chuóta sin an Chomhphobail a riaradh de réir córas lena bhféadfar a áirithiú gurb iad an dream dar dáileadh an luaidhe airgeadmhar, a allmhairíodh amhlaidh, a dhéanfaidh mínghlanadh uirthi iarbhír.

2. Leagfar dleacht ad valorem 4.5% ar luaidhe airgeadmhar.

3. Déanfar an dleacht uathrialach ar luaidhe airgeadmhar a fhionraí ar leibhéal 2% amhail ón 1 Eanáir 1975.

4. Déanfaidh an Chomhairle athbhreithniú gach bliain féachaint an féidir fionraí iomlán, go ceann tréimhse éiginnte, a dhéanamh ar an dleacht uathrialach ar luaidhe airgeadmhar.

5. Maidir le luaidhe neamhshaoirsithe seachas luaidhe airgeadmhar, cuirfear na bearta seo a leanas chun feidhme:

(a) déanfar, an 1 Eanáir 1974, an dleacht láithreach 1.32 AC/100 kg a athrú go dleacht ad valorem 4.5% le híosmhuirear 1.1 AC/100 kg;

(b) amhail ón 1 Eanáir 1974, beidh na Ballstáit nua páirteach sa taraif-chuóta 55,000 tonna méadrach dleachta nialais ag an gComphobal do luaidhe neamhshaoirsithe seachas luaidhe airgeadmhar. Ó 1975 amach, beidh a mhéid ag laghdú ionas go mbeidh díothú ar an gcuóta an 31 Nollaig 1977.

(c) sula ndíothófar an cuóta, scrúdóidh an Chomhairle an staid d'fhonn a chinneadh an féidir an dleacht uathrialach ar luaidhe neamhshaoirsithe seachas luaidhe airgeadmhar a laghdú ar an mbun tuisceana go n-áireofar sa dleacht arna laghdú amhlaidh íosmhuirear 1.1 AC/100 kg.

Prótacal Uimh. 15

ar shinc neamhshaoirsithe (Fotheideal 79.01 A sa CTC)

1. Amhail ón 1 Eanáir 1974, beidh dleacht 4.5% le híosmhuirear 1.1 AC/100 kg ar shinc neamhshaoirsithe (Fotheideal 79.01 A sa CTC).

2. Amhail ón dáta céanna, beidh na Ballstáit nua páirteach sa taraif-chuóta bliantúil laghdaitheach dleachta nialais ag an gComhphobal i leith since neamhshaoirsithe, arbh é a mhéid i dtosach 30,000 tonna méadrach do 1971. Beidh an taraif-chuóta a shocrófar do 1974 cóimhéid leis an taraif-chuóta do 1973. Tosófar arís i 1975 ar laghdú comhleanúnach an taraif-chuóta go dtí go ndíothófar é an 31 Nollaig 1977.

Prótacal Uimh. 16

ar na margaí do tháirgí talmhaíochta agus ar an trádáil sna táirgí sin

1. Beidh de thoradh ar na Ballstáit nua d'fheidhmiú rialacháin talmhaíochta an Chomhphobail mar aon leis na bearta idirthréimhseacha dá bhforáiltear i gCuid IV, Teideal II, den Ionstraim Aontachais, ó thráth na bhforálacha sin a fheidhmiú, go leathnófar go dtí an Comhphobal go léir an fabhar Comhphobail i leith táirgí talmhaíochta.

2. Is sainghné bhunúsach d'eagraíocht na margaí go ligeann sí don trádáil laistigh den Chomhphobal forbairt faoi choinníollacha mar atá i réim ar an margadh baile.

3. D'fhéadfadh leathnú geografach an Chomhphobail bheith, idir an dá linn, ina bhun le fadhbanna ba cheart di a sheachaint maidir le so-athraitheacht na trádála, go háirithe in earnáil na ngránach (arbhar agus rís).

Féachfaidh institiúidí an Chomhphobail chuige, nuair a bheidh na rialacháin lena ndéanfar an chomheagraíocht mhargaí a chur chun feidhme, go n-áiritheofar saorghluaiseacht do na táirgí sin go léir de réir na n-aidhmeanna atá leagtha síos i gConradh CEE agus sna rialacháin áirithe sin.

4. Is gnáth-thoradh ar mhéadú an Chomhphobail athruithe ar struchtúr na trádála idirnáisiúnta.

5. I dtaca le forálacha Airteagail 39 agus 110 de Chonradh CEE, ba cheart go bhféadfaí, le linn tréimhse feidhme na mbeart idirthréimhseach, aghaidh a thabhairt, an tráth cuí, ar na fadhbanna a d'fhéadfadh bheith ann do thríú tíortha áirithe agus do chásanna sonracha áirithe[1].

Má tharlaíonn fadhbanna den sórt sin, scrúdóidh na hinstitiúidí na cásanna sonracha i bhfianaise na gcúrsaí iomchuí go léir a bhaineann le cor na huaire, mar a rinne siad go dtí seo i gcásanna dá samhail, agus ní foláir dóibh gach beart is gá a dhéanamh, le linn tréimhse feidhme na mbeart idirthréimhseach, ar dhóigh dóibh réiteach a thabhairt ar na fadhbanna sin, de réir phrionsabal agus faoi chuimsiú sásra an chomhbheartais talmhaíochta.

6. Chun na deacrachtaí a shárú a tharlódh ar mhargaí an Chomhphobail de thoradh an sásra sealadach a fheidhmiú, leagfaidh institiúidí an Chomhphobail síos, agus úsáidfidh siad, más gá, modhanna éagsúla gníomhaíochta a bhunaítear le forálacha Chonradh CEE, na gníomhartha a rinneadh ag cur an chéanna chun feidhme agus forálacha na hIonstraime seo.

---

[1] Dhearbhaigh an Chomhdháil idir na Comohphobail Eorpacha agus na Stáit a d'iarr aontachas leis na Comhphobail sin, le linn a bpléití an 11 agus an 12 Bealtaine 1971 leis an Ríocht Aontaithe, an 7 Meitheamh 1971 le hÉirinn, an 21 Meitheamh 1971 leis an Ioruaidh agus an 12 Iúil 1971 leis an Danmhairg, nach mbaineann na cásanna sonracha sin "chomh fada agus is léir faoi láthair, ach le him, siúcra, bagún agus torthaí agus glasraí áirithe."

Prótacal Uimh. 17

ar allmhairí siúcra ag an Ríocht Aontaithe ó na tíortha agus na críocha onnmhairithe dá dtagraítear i gComhaontú Siúcra an Chomhlathais

1. Údarófar don Ríocht Aontaithe siúcra a allmhairiú, go dtí an 28 Feabhra 1975, faoi na coinníollacha seo a leanas, ó na tíortha agus na críocha onnmhairithe dá dtagraítear i gComhaontú Siúcra an Chomhlathais, sna cainníochtaí a fhreagraíonn do na cuótaí ar an bpraghas ar ar comhaontaíodh, faoin gComhaontú sin.

2. Tráth an allmhairithe sin, baileofar:

(a) tobhach speisialta is ionann agus an difríocht idir an praghas ceannaigh ar ar comhaontaíodh, arna sheachadadh c.á.f., agus an praghas ar a ndéantar siúcra a dhíol ar mhargadh na Ríochta Aontaithe. Ní bheidh forálacha Airteagal 55(1) (b) den Ionstraim Aontachais infheidhme;

(b) muirear a bhunófar ar bhonn na difríochta idir an gnáthphraghas ar an mhargadh domhanda do shiúcra amh, arna sheachadadh c.á.f., agus an praghas ceannaigh ar ar comhaontaíodh, arna sheachadach c.á.f.; úsáidfear an muirear sin chun na gníomhaíochtaí athdhíola ag Bord Siúcra na Ríochta Aontaithe a mhaoiniú.

Ar a shon sin, i gcás an praghas domhanda c.á.f. do shiúcra amh a bheith níos airde ná an praghas ceannaigh ar ar comhaontaíodh, arna sheachadadh c.á.f., íocfaidh an Bord an difríocht leis an allmhaireoir.

3. Déanfar an praghas ar a ndíoltar an siúcra atá i gceist ar mhargadh na Ríochta Aontaithe a shocrú ar leibhéal a áiritheoidh go ndíolfar na cainníochtaí atá i gceist go héifeachtúil gan dochar do dhíolacháin siúcra an Chomhphobail.

4. De mhaolú ar na forálacha atá leagtha síos in Airteagal 15(1) de Rialachán (CEE) Uimh. 766/68 ag bunú rialacha ginearálta i dtaobh aisíocaíochtaí ar onnmhairí siúcra, féadfar an t-aisíoc ar onnmhairí is infheidhme sa Ríocht Aontaithe a dheonú i gcás siúcra bán a gheofar as siúcra amh a allmhaircofar de bhun an Phrótacail seo.

5. Glacfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe ar thogra ón gCoimisiún, na bearta is gá chun forálacha an Phrótacail seo a chur i ngníomh ar mhodh a áiritheoidh dea-oibriú chomheagraíocht mhargadh an tsiúcra, go háirithe maidir le praghas díola an tsiúcra sin ar mhargadh na Ríochta Aontaithe tráth feidhmiú na bhforálacha atá leaghta síos im mír 2.

Prótacal Uimh. 18

ar allmhairí ime agus cáise ón Nua-Shéalainn isteach sa Ríocht Aontaithe

Airteagal 1

1. Údaraítear don Ríocht Aontaithe, faoi na coinníollacha seo a leanas agus mar shocrú sealadach, cainníochtaí áirithe ime agus cáise a allmhairiú ón Nua-Shéalainn.

2. Is é méid na gcainníochtaí dá dtagraítear i mír 1:

(a) maidir le him, do na chéad chúig bliana:

i 1973, 165,811 tonna méadrach
i 1974, 158,902 tonna méadrach
i 1975, 151,994 tonna méadrach
i 1976, 145,085 tonna méadrach
i 1977, 138,176 tonna méadrach

(b) maidir le cáis:

i 1973, 68,580 tonna méadrach
i 1974, 60,960 tonna méadrach
i 1975, 45,720 tonna méadrach
i 1976, 30,840 tonna méadrach
i 1977, 15,240 tonna méadrach

Féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe ar thogra ón gCoimisiún, coigeartú a dhéanamh idir na cainníochtaí ime agus cáise sin, ar an gcoinníoll go gcloífear leis an tonnáiste, arna shonrú i gcoibhéis bhainne, a fhreagraíonn do na cainníochtaí iomlána atá leagtha síos don dá tháirge sin don bhliain áirithe.

3. Déanfar na cainníochtaí ime agus cáise dá dtagraítear i mír 2 a allmhairiú isteach sa Ríocht Aontaithe ar phraghas a bheidh le ráthú ag an Nua-Shéalainn ag an gcéim c.á.f. Socrófar an praghas sin ar leibhéal ar a bhféadfaidh an Nua-Shéalainn praghas a bhaint amach a fhreagróidh don mheán-phraghas a fuair an tír sin ar mhargadh na Ríochta Aontaithe i 1969, 1970, 1971 agus 1972.

4. Ní dhéanfar trádáil sa Chomhphobal ná ní dhéanfar athonnmhairiú go dtí tríú tíortha ar tháirgí a allmhaireofar isteach sa Ríocht Aontaithe de réir forálacha an Phrótacail seo.

Airteagal 2

1. Cuirfear tobhaigh speisialta i bhfeidhm ar na cainníochtaí ime agus cáise dá dtagraítear in Airteagal 1 arna n-allmhairiú isteach sa Ríocht Aontaithe. Ní bheidh Airteagal 55(1)(b) den Ionstraim Aontachais infheidhme.

2. Socrófar na tobhaigh speisialta ar bhonn an phraghais c.á.f. dá dtagraítear in Airteagal 1(3) agus ar bhonn margadh-phraghas na dtáirgí áirithe sa Ríocht Aontaithe, ar leibhéal a áiritheoidh go bhféadfar na cainníochtaí ime agus cáise a dhíol go héifeachtúil gan dochar do dhíolacháin ime agus cáise an Chomhphobail.

Airteagal 3

Glacfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe ar thogra ón gCoimisiún, na bearta is gá chun forálacha Airteagal 1 agus 2 a chur i ngníomh.

Airteagal 4

Déanfaidh an Comhphobal dícheall réiteach idirnáisiúnta a shaothrú maidir le táirgí bainne a thabharfaidh feabhas, a luaithe is féidir, ar dhálaí an mhargaidh dhomhanda.

Airteagal 5

1. Le linn na bliana 1975, athbhreithneoidh an Chomhairle cor an ime ag féachaint do chúrsaí agus do threoghluaiseachtaí soláthair agus éilimh i dtíortha móra táirgíochta agus tomhaltais an domhain, go háirithe sa Chomhphobal agus sa Nua-Shéalainn. Nuair a bheidh a t-athbhreithniú sin ar siúl cuirfear, i dteannta nithe eile, na nithe seo a leanas san áireamh:

(a) an dul ar aghaidh a bheidh déanta maidir le comhaontú domhanda éifeachtach faoi tháirgí bainne, ina mbeadh an Comhphobal agus na tíortha tábhachtacha táirgíochta agus tomhaltais eile ina bpáirtithe,

(b) méid an dul ar aghaidh a bheidh déanta ag an Nua-Shéalainn chun a geilleagar agus a honnmhairí a éagsúlú, ar an mbonn tuisceana go ndéanfaidh an Comhphobal dícheall chun beartas tráchtála a shaothrú nach mbeidh bunoscionn leis na hiarrachtaí sin.

2. Ag féachaint don bhreithniú sin, cinnfidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aontoil ar thogra ón gCoimisiún, ar na bearta, maille le sonraí na mbeart sin, is cuí chun a áirithiú go gcoimeádfar ar bun, tar éis an 31 Nollaig 1977, na comhshocruithe maolaithe d'im a allmhaireofar ón Nua-Shéalainn.

3. Ní féidir na comhshocruithe maolaithe dá bhforáiltear d'allmhairí cáise a choimeád i bhfeidhm tar éis an 31 Nollaig 1977.

Prótacal Uimh. 19

ar dheochanna biotáilleacha a dhéantar as gránaigh

1. Glacfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di de réir an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 43(2) de Chonradh CEE, na bearta is gá chun úsáid ghránaigh an Chomhphobail a éascú i monarú deochanna biotáilleacha a dhéantar as gránaigh, go háirithe uisce beatha a onnmhairítear go dtí tríú tíortha, ionas go bhféadfar na bearta sin a chur chun feidhme an tráth cuí.

2. Ní foláir na bearta sin, a fhéadfar a ghlacadh faoi chuimsiú an rialacháin a bhaineann le comheagraíocht an mhargaidh do ghránaigh nó an rialacháin a bhaineann le comheagraíocht an mhargaid a bheidh le socrú d'alcól, a luí isteach i mbeartas ginearálta an Chomhphobail i leith alcóil, agus seachnófar aon idirdhealú idir na táirgí sin agus alcóil eile, ag féachaint do na dálaí áirithe a bhaineann le gach cás.

Prótacal Uimh. 20

ar thalmhaíocht na hIoruaidhe

TÁ NA hARDPHÁIRTITHE CONARTHACHA,

Ós mian leo na deacrachtaí a réiteach a thugann aontachas na hIoruaidhe le Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa ar fheirmeoirí na tíre sin;

Á chur san áireamh an t-ábhar imní atá ann do Rialtas na hIoruaidhe toisc talmhaíocht na hIoruaidhe a bheith faoi mhíbhuntáiste, ina mbaineann leis an táirgeadh, mar gheall ar shuíomh geografach na tíre sin agus a cumraíocht; de bhrí go dtéann na tosca céanna i gcion ar fhadhbanna déimeagrafacha ar leithligh na hIoruaidhe agus go ngabhann dá ndeasca le saothrú na talmhaíochta sa tír sin costais táirgthe atá mós ard, agus a d'fhág gur ghá córas ginearálta de bhearta tacaíochta d'fhonn struchtúr sóisialacha cothromúil a chaomhnú agus caighdeán cóir maireachtála a chur ar fáil don dream atá ag gabháil don talmhaíocht;

Is aithnid dóibh a bhfuil d'fhadhbanna ar leithligh ann d'fheirmeoirí na hIoruaidhe de dhroim aontachas na tíre sin le Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa, go háritithe ós rud é, mura ndéanfaí i dtaobh na bpraghsanna do tháirgeoirí na hIoruaidhe ach a gcur ar chomhrian le praghsanna an Chomhphobail, go laghdófaí ioncam na dtáirgeoirí go mór, agus go dtiocfadh dochar sóisialach agus déimeagrafach de;

Is aithnid dóibh go háirithe nach bhféadfadh an idirthréimse na fadhbanna sin a réiteach agus uime sin gur gá socruithe sonracha a chur ar fáil, nárbh fhéidir a áireamh mar fhasach, d'fhonn caighdeán maireachtála lucht talmhaíochta na hIoruaidhe a chaomhnú, i gcomhlíonadh rialacha an chomhbheartais talmhaíochta;

TAR ÉIS COMHAONTÚ AR NA FORÁLACHA SEO A LEANAS:

1. Faoi réir na maoluithe sealadacha dá dtagraítear sna míreanna ina dhiaidh seo, ní foláir an córas a chuirfear chun feidhme ar thalmaíocht na hIoruaidhe a bheith ceaptha ar dhóigh nach gcuifidh sé as d'fheidhmiú an chomhbheartais talmhaíochta, agus go háirithe comheagraíochtaí na margaí, ar fud an Chomhphobail.

2. Cuirfidh an Ioruaidh rialacháin talmhaíochta an Chomhphobail chun feidhme de réir na bhforálacha iomchuí chuige sin a leagtar síos leis an Ionstraim Aontachais.

3. An cheist a bhaineann le fóirdheontais na hIoruaidhe i leith costas iompair, mar chúiteamh sna mí-éifeachtaí ar leithligh a ghabhann leis an bhfad slí idir limistéir an táirgthe agus na margaí nádúrtha agus le scaiptheacht mhíchuíosach na gceantar talmhaíochta, dlitear réiteach leormhaith a fháil uirthi trí fheidhmiú forálacha Chonradh CEE.

4. Tionscnófar san Ioruaidh córas tacaíochta d'fhonn caighdeán maireachtála na bhfeirmeoirí a chaomhnú. Tabharfar tacaíocht a mhéid is gá chun an aidhm sin a ghnóthú. Ní bheidh baint ag an gcóras sin leis an táirge a dhíoltar, ná ní áireofar ann fóirdheontais don chostas táirgthe, agus uime sin is gá athrú ar na bearta tacaíochta atá i bhfeidhm faoi láthair san Ioruaidh. Bainfidh difríochtaí leis an gcóras de réir na gceantar agus na gcineálacha feirmeoirí a bheidh i gceist. Oiriúnófar na bearta a ghlacfar do na cineálacha éagsúla táirgeachta.

5. Féadfaidh an Ioruadih, ar a shon sin, na fóirdheontais a thugtar faoi láthair a choimeád i bhfeidhm go dtí an 31 Nollaig 1975. Déanfar na fóirdheontais do chostais táirgthe a laghdú de mhéid na suimeanna a fhreagróidh do na méaduithe ar na margadh-phraghsanna a thiocfaidh ó chomhfhogasú na margadh-phraghsanna i dtreo leibhéal na gcomhphraghsanna.

6. Ach, in earnáil na gairneoireachta, lena n-áirítear prátaí, údaraítear don Ioruaidh go dtí an 31 Nollaig 1977, in ionad na srianta cainníochtúla ar allmhairí, forálacha lena gceadófar, i gcás táirgí áirithe, leibhéal praghsanna a choinneáil is inchomparáide leis an riailphraghas ar mhargadh na hIoruaidhe roimh an aontachas. Is é a bheidh sna forálacha sin córas de phraghsanna íosta a shocrófar ar mhargadh na hIoruaidhe agus a bhféadfar faoina mbun muirir frithchúitimh a chur ar allmhairí ó gach áit; i gcás na dtáirgí céanna a allmhairiú lena bpróiseáil, féadfar an muirear frithchúitimh a fhionraí, ach ar tháirgí dúchais a sholáthar lena bpróiseáil féadfar cúiteamh a dheonú a fhreagróidh do mhéid an mhuirir. Beidh feidhm i gcónaí ag na forálacha idirthréimhseacha ar comhaontaíodh orthu i leith dleachtanna custam.

Glacfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe ar thogra ón gCoimisiún, na bearta is gá chun forálacha na míre roimhe seo a chur i ngníomh.

7. I gcás na dtáirgí a bhaineann le hearnáil na muiceola, na n-uibheacha agus na n-éanlaithe, déanfar an tsuim chúiteach is infheidhme ar allmhairí isteach san Ioruaidh go dtí an chéad laghdú a ríomh, de mhaolú ar Airteagail 75, 77 agus 79 den Ionstraim Aontachais, ar bhonn na difríochta idir na praghsanna do mhuiceoil mharfa, d'uibheacha sa bhlaosc agus d'éanlaith mharfa, ar mhargadh na hIoruaidhe, de pháirt, agus na praghsanna sin sa Chomhphobal ina chomhdhéanamh bunaidh agus i ngach ceann eile de na Ballstáit nua, den pháirt eile.

Déanfar an tsuim chúiteach dá dtagraítear sa mhír roimhe seo a laghdú an ceathrú cuid an 1 Samhain 1973, an ceathrú cuid an 1 Samhain 1974, an ceathrú cuid an 1 Samhain 1975 agus í a dhíothú an 1 Samhain 1976, gan dochar d'fheidhm forálacha Airteagail 75, 77 agus 79 den Ionstraim Aontachais tar éis an dáta sin.

Glacfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe ar thogra ón gCoimisiún, na bearta is gá chun na forálacha atá leagtha síos sa mhír seo a chur i ngníomh.

8. Um an 30 Meitheamh 1974 ar a dhéanaí, agus i gcás earnáil na gairneoireachta agus na bprátaí um an 30 Meitheamh 1976 ar a dhéanaí, cuirfidh an Coimisiún a thograí faoi bhráid na Comhairle lena n-áirítear, más iomchuí, tograí maidir leis an gcaiteachas a ndlitear maoiniú ón gComhphobal ina leith de réir forálacha Chonradh CEE, chun go gcuirfear i ngníomh, ar dheireadh a theacht leis na tréimhsí dá bhforáiltear i míreanna 5 agus 6 thuas, an córas tacaíochta de réir mhír 4.

9. Faoi mhaoirseacht an Chomhphobail agus gan dochar do na forálacha atá leagtha síos i míreanna 1 go 8, glacfar bearta iomchuí san Ioruaidh a áiritheoidh soláthar rialta bainne chun freastal do riachtanais an phobail sa bhainne leachtach ar dhóigh nach mbeidh baol ann d'ardleibhéal úsáid an bhainne faoi láthair. Leagfaidh an Chomhairle síos, de réir na nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 43(2) de Chonradh CEE, na forálacha is gá chuige sin agus a bhféadfar fóirdheontais a áireamh orthu.

10. I gcás inar gá, chun comhbheartas talmhaíochta an Chomhphobail nó beartais eile dá chuid a fhorbairt amach anseo, bearta ón gComhphobal á cheadú fadhbanna áirithe a bhaineann le talmhaíocht na hIoruaidhe a réiteach go hiomlán nó go páirteach, gabhfaidh bearta sin an Chomhphobail, agus an maoiniú ón gComhphobal a thiocfaidh dá mbíthin, ionad na mbeart sonrach a glacadh san Ioruaidh.

11. Rachaidh institiúidí an Chomhphobail ó am go chéile i mbun athbhreithniú ar choinníollacha agus modhanna feidhme an chórais a bheidh i bhfeidhm san Ioruaidh.

Prótacal Uimh. 21

ar iascach na hIoruaidhe

TÁ NA hARDPHÁIRTITHE CONARTHACHA,

Ós aithnid dóibh an mhór-thábhacht atá leis an iascach don Ioruaidh,

Á chur san áireamh, mar gheall ar shuíomh geografach ar leith na hIoruaidhe, go bhfuil pobal chuid mhór den chósta, mar a bhfuil teorainn leis na deiseanna chun fostaíocht eile a fháil, ag gabháil, de riachtanas, don iascach agus do na tionscail a ghabhann leis,

Ós fios dóibh a thábhachtaí atá sé don Ioruaidh agus don Chomhphobal go léir araon, cothromaíocht dhéimeagrafach shásúil a choimeád ar bun sna limistéir den tír sin atá ag brath go formhór ar iascach cois cósta, agus ó tá siad i bpáirt le Rialtais na hIoruaidhe ina aidhmeanna sa réimse sin,

Á dhearbhú go n-údarófar don Ioruaidh, faoi chuimsiú forálacha Airteagal 101 den Ionstraim Aontachais, teorainn a chur leis an iascach sna huiscí lena mbaineann a ceannasacht nó a dlínse agus atá laistigh de theorainn dhá mhuirmhíle dhéag idir Egersund agus an teorainn idir an Ioruaidh agus Aontas na bPoblachtaí Sóivédacha Sóisialacha,

Tar éis comhaontú ar a mholadh d'institiúidí an Chomhphobail a chur san áireamh go háirithe,

tráth an athbhreithnithe dá bhforáiltear in Airteagal 103 den Ionstraim Aontachais, na fadhbanna a thiocfaidh don Ioruaidh i réimse an iascaigh, ina geilleagar i gcoitinne agus ar chúiseanna a thagann ó na struchtúir dhéimeagrafacha agus sóisialacha a bhaineann leis an tír sin, agus a chinntiú gur dá réir sin a tharraingeofar suas aon fhorálacha a dhéanfar, agus ar na forálacha sin féadfar a áireamh, i measc nithe eile, an córas eisceachtúil a fhadú thar an 31 Nollaig 1982, a mhéid is cuí agus de réir rialacha a bheidh le déanamh.

Prótacal Uimh. 22

ar an gcaidreamh idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Stáit Chomhlachaithe na hAfraice agus na Malagáise agus tíortha neamhspleácha an Chomhlathais a bhfuil forás fúthu san Afraic, san Aigéan Indiach, san Aigéan Ciúin agus sna hAintillí

I

1. Déanfaidh Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa tairiscint i leith tíortha neamhspleácha an Chomhlathais dá dtagraítear in Iarscríbhinn VI den Ionstraim Aontachais lena bhféadfaidh siad a gcaidreamh leis an gComhphobal a rialú le díograis don dearbhú intinne lenar ghlac an Chomhairle ag seisiún an 1/2 Aibreán 1963, de réir cibé ceann de na foirmlí seo a leanas is rogha leo:

— páirt a ghlacadh sa Choinbhinsiún Comhlachais a rialóidh, ó dheireadh a theacht leis an gCoinbhinsiún Comhlachais a síníodh an 29 Iúil 1969, an caidreamh idir an Comhphobal agus Stáit Chomhlachaithe na hAfraice agus na Malagáise a shínigh an Coinbhinsiún sin;

— ceann amháin nó níos mó de choinbhinsiúin speisialta chomhlachais a thabhairt i gcrích ar bhonn Airteagal 238 de Chonradh CEE ina n-áireofar cearta agus oibleagáidí cómhalartacha, go háirithe i réimse na trádála;

— comhaontuithe tráchtála a thabhairt i gcrích d'fhonn an trádáil idir an Comhphobal agus na tíortha sin a urasú agus a fhorbairt.

2. Ar chúiseanna praiticiúla, is mian leis an gComhphobal go ndéanfadh tíortha neamhspleácha an Chomhlathais a dtugtar tairiscint sin an Chomhphobail ina leith seasamh a ghlacadh ar an tairiscint sin a luaithe is féidir tar éis an aontachais.

Molann an Comhphobal do thíortha neamhspleácha an Chomhlathais dá dtagraítear in Iarscríbhinn VI den Ionstraim Aontachais go dtosófaí amhail ón 1 Lúnasa 1973 ar na caibidlí dá bhforáiltear chun comhaontuithe a thabhairt i gcrích de réir cheann de na trí fhoirmle sa tairiscint.

Tugann an Chomphobal cuireadh dá réir sin do thíortha neamhspleácha sin an Chomhlathais arb é a rogha caibidil a dhéanamh ar bhonn na chéad fhoirmle páirt a ghlacadh an tráth céanna le Stáit Chomhlachaithe na hAfraice agus na Malagáise agus, in éineacht leis na Stáit sin, ag caibidil an Choinbhinsiúin a thiocfaidh ar lorg an Choinbhinsiúin a síníodh an 29 Iúil 1969.

3. Má ghlacann an Bhotsuáin, Leosóta, nó an tSuasalainn de rogha ceann den chéad dá fhoirmle:

— ní mór réiteach iomchuí a fháil ar na fadhbanna sonracha a thig ó dhálaí speisialta na dtíortha sin a bhfuil aontas custam acu le tríú tír;

— beidh ag an gComhphobal i gcríoch na Stát sin cóir tharaife chomh fabhrach céanna leis an gcóir a chuireann na Stáit sin chun feidhme i leith tríú Stát barr fabhair;

— ní mór modhanna an chórais a chuirfear i bhfeidhm, agus go háirithe na rialacha a bhaineann le tionscnamh, a bheith ina modhanna a sheachnóidh gach baol go gclaonfar trádáil chun dochair don Chomhphobal i ngeall ar pháirtíocht na Stát sin in aontas custam le tríú tír.

II

1. Maidir leis na comhshocraíochtaí comhlachais a bheidh le déanamh ar dhul in éag don Choinbhinsiún Comhlachais a síníodh an 29 Iúil 1969, tá an Comhphobal sásta cloí lena bheartas comhlachais maidir le Stáit Chomhlachaithe na hAfraice agus na Malagáise agus le tíortha neamhspleácha an Chomhlathais a bhfuil forás fúthu agus a bheidh ina bpáirtithe sa Chomhlachas céanna.

2. Níor chóir go dtiocfadh d'aontachas na mBallstát nua leis an gComhphobal, ná den leathnú a d'fhéadfadh teacht ar an mbeartas comhlachais, aon lagú ar chaidreamh an Chomhphobail le

Stáit Chomhlachaithe na hAfraice agus na Malagáise atá ina bPáirtithe sa Choinbhinsiún Comhlachais a síníodh an 29 Iúil 1969

Ráthaíonn caidreamh an Chomhphobail le Stáit Chomhlachaithe na hAfraice agus na Malagáise iomad buntáistí do na Stáit sin agus tá an caidreamh sin bunaithe ar bhuneagair a thugann don Chomhlachas a shaincháilíocht maidir le caidreamh trádála, comhar airgeadais agus tecniúil agus institiúidí comhpháirteacha;

3. Is í aidhm an Chomhphobail i gcónaí ina bheartas comhlachais a bhfuil bainte amach, agus na bunphrionsabail dá dtagraítear thuas, a choimeád slán.

4. Sna socruithe don chomhlachú seo, a bheidh le cinneadh le linn na gcaibidlí dá dtagraítear i bhfomhír a trí de Chuid 1(2) den Phrótacal seo, ní foláir aird a thabhairt amhlaidh ar na dálaí eacnamaíocha speisialta is coiteann do thíortha neamhspleácha an Chomhlathais a bhfuil forás fúthu san Afraic, san Aigeán Indiach, san Aigéan Ciúin agus na hAintillí agus do Stáit Chomhlachaithe na hAfraice agus na Malagáise, agus ar an taithí a fuarthas de thoradh an chomhlachais, ar thoilmhian na Stát Comhlachaithe agus ar a mbainfeadh do na Stáit sin de chionn an córas fabhair ginearálta a thabhairt isteach.

III

Beidh sé d'aidhm daingean ag an gComhphobal leasanna na dtíortha go léir dá dtagraítear sa Phrótacal seo, a bhfuil a ngeilleagar ag brath cuid mhór ar onnmhairiú buntáirgí, agus go háirithe siúcra, a chaomhnú.

Is faoina chuimsiú sin, agus aird á thabhairt, i dtaca le honnmhairiú siúcra, ar thábhacht an táirge sin do gheilleagar tíortha éagsúla díobh sin, go háirithe tíortha an Chomhlathais, a shocrófar ceist an tsiúcra.

Prótacal Uimh. 23

ar an gcóras fabhar taraife ginearálta atá i bhfeidhm ag Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa a chur chun feidhme ag na Ballstáit nua

1. Údaraítear do na Ballstáit nua feidhmiú an chórais fabhar taraife ginearálta atá i bhfeidhm ag Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa i gcás táirgí de thionscnamh tíortha a bhfuil forás fúthu a chur siar go dtí an 1 Eanáir 1974.

2. Ar a shon sin, i gcás na dtáirgí lena mbaineann Rialacháin (CEE) Uimh. 2796/71, Uimh. 2797/71, Uimh. 2798/71 agus Uimh. 2799/71, údaraítear d'Éirinn, go dtí an 31 Nollaig 1975, dleachtanna custam is ionann agus na dleachtanna a chuirtear chun feidhme i gcás na dtáirgí céanna i leith Ballstát seachas an Ríocht Aontaithe a chur chun feidhme i leith na dtíortha a thairbhíonn d'fhabhair ghinearálta.

Prótacal Uimh. 24

ar rannpháirtíocht na mBallstát nua i gcistí an Chomhphobail Eorpaigh do Ghual agus Cruach

Is mar a leanas a bheidh ranníocaí na mBallstát nua i leith cistí an Chomhphobail Eorpaigh do Ghual agus Cruach:

An Ríocht Aontaithe	57,000,000 AC
An Ioruaidh	1,162,500 AC
An Danmhairg	635,500 AC
Éire	77,500 AC

Íocfar na ranníocaí sin i dtrí thráthchuid chomhionanna bhliantúla, amhail ó dháta an aontachais.

Íocfar gach ceann de na tráthchodanna sin in airgead reatha náisiúnta gach ceann faoi seach de na Ballstáit nua agus ní foláir an t-airgead sin a bheith insóinseáilte go héasca.

Prótacal Uimh. 25

ar mhalartú faisnéise leis an Danmhairg i réimse an fhuinnimh núicléigh

Airteagal 1

1. Amhail ó dháta an aontachais, cuirfear ar láimh na Danmhairge an fhaisnéis a cuireadh i bhfios do Bhallstáit, do dhaoine agus do ghnóthais, de réir Airteagal 13 de Chonradh CEFA, agus tabharfaidh an Danmhairg leathantas srianta di ina críoch, faoi na coinníollacha dá bhforáiltear san Airteagal sin.

2. Amhail ó dháta an aontachais, cuirfidh an Danmhairg ar láimh an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach a chomhoiread sin d'fhaisnéis sna hearnálacha a shonraítear ina dhiaidh seo. Déanfar cuntas mionchruinn ar an bhfaisnéis sin a leagan amach i ndoiciméad a sheolfar go dtí an Coimisiún. Cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin i bhfios do ghnóthais an Chomhphobail faoi na coinníollacha dá bhforáiltear san Airteagal réamhráite.

3. Is iad seo a leanas na hearnálacha ina bhfuil an Danmhairg le faisnéis a chur ar láimh an Chomhphobail:

— D.O.R. Imoibritheoir á mheasrú le huisce trom agus á chuisniú le leacht orgánach;

— DT-350, DK-400 Imoibritheoirí uisce trom le brú-dhabhach;

— búcla gáis ardteochta;

— ionstraimíocht agus trealamh leictreonach speisialta;

— diongbháilteacht;

— fisic imoibritheoirí, dinimic imoibritheoirí agus malartú teasa;

— tástálacha ar ábhair agus trealamh i gcarn.

4. Gabhann an Danmhairg uirthi féin go soláthróidh sí don Chomhphobal aon fhaisnéis is comhlánú ar na tuarascálacha a thabharfaidh sí, go háirithe le linn cuairteanna ag gníomhairí ón gComhphobal nó ó na Ballstáit ar Airmheán Risö, faoi choinníollacha a chinnfear de thoil a chéile i ngach cás.

Airteagal 2

1. Sna hearnálacha ina gcuireann an Danmhairg faisnéis ar láimh an Chomhphobail, déanfaidh na húdaráis inniúla, "Atomenergikommission" faoi láthair, ceadúnais a dheonú, arna n-iarraidh, ar théarmaí tráchtála, do Bhallstáit, do dhaoine agus do ghnóthais an Chomhphobail, i gcásanna ina bhfuil cearta eisiatacha acu chun paitinní a comhdaíodh i mBallstáit an Chomhphobail agus sa mhéid nach mbeidh siad, i leith tríú páirtithe, faoi aon oibleagáid ná gealltanas ceadúnas eisiatach nó páirt-eisiatach a dheonú, ná beartú ar é a dheonú, chun na gcearta sna paitinní sin.

2. Má deonaíodh ceadúnas eisiatach nó páirt-eisiatach, tabharfaidh an Danmhairg spreagadh agus cúnamh chun go ndeonófar focheadúnais, ar théarmaí tráchtála, do Bhallstáit, do dhaoine agus do ghnóthais an Chomhphobail ó shealbhóirí na gceadúnas sin.

Is ar ghnáthbhonn tráchtála a dheonófar na ceadúnais eisiatacha nó páirt-eisiatacha sin.

Prótacal Uimh. 26

ar mhalartú faisnéise le hÉirinn i réimse an fhuinnimh núicléigh

Airteagal 1

1. Amhail ó dháta an aontachais, cuirfear ar láimh na hÉireann an fhaisnéis a cuireadh i bhfios do Bhallstáit, do dhaoine agus do ghnóthais, de réir Airteagal 13 de Chonradh CEFA, agus tabharfaidh Éire leathantas srianta di ina críoch, faoi na coinníollacha dá bhforáiltear san Airteagal sin.

2. Amhail ó dháta an aontachais, cuirfidh Éire ar láimh an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach faisnéis le haghaidh leathantais shrianta a fuarthas sa réimse núicléach in Éirinn, sa mhéid nach le feidhmeanna tráchtála amháin a bhaineann sí. Cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin i bhfios do ghnóthais an Chomhphobail, faoi na coinníollacha dá bhforáiltear san Airteagal réamhráite.

3. Baineann an fhaisnéis sin go príomha le staidéir ar fhorbairt imoibritheora cumhachta agus le hobair ar rada-iseatóipí agus a n-úsáid sa mhíochaine, lena n-áirítear ceisteanna a bhaineann le radachosaint.

Airteagal 2

1. Sna hearnálacha ina gcuireann Éire faisnéis ar láimh an Chomhphobail, déanfaidh na húdaráis inniúla ceadúnais a dheonú, arna n-iarraidh, ar théarmaí tráchtála do Bhallstáit, do dhaoine agus do ghnóthais an Chomhphobail, i gcásanna ina bhfuil cearta eisiatacha acu chun paitinní a comhdaíodh i mBallstáit an Chomhphobail agus sa mhéid nach mbeidh siad, i leith tríú páirtí, faoi aon oibleagáid ná gealltanas ceadúnas eisiatach nó páirteisiatach a dheonú, ná beartú ar é a dheonú, chun na gcearta sna paitinní sin.

2. Má deonaíodh ceadúnas eisiatach nó páirteisiatach, tabharfaidh Éire spreagadh agus cúnamh chun go ndeonófar focheadúnais, ar théarmaí tráchtála, do Bhallstáit, do dhaoine agus do ghnóthais an Chomhphobail ó shealbhóirí na gceadúnas sin.

Is ar ghnáthbhonn tráchtála a dheonófar na ceadúnais eisiatacha nó páirt-eisiatacha sin.

Prótacal Uimh. 27

ar mhalartú faisnéise leis an Ioruaidh i réimse an fhuinnimh núicléigh

Airteagal 1

1. Amhail ó dháta an aontachais, cuirfear ar láimh na Ioruaidhe an fhaisnéis a cuireadh i bhfios do Bhallstáit, do dhaoine agus do ghnóthais, de réir Airteagal 13 de Chonradh CEFA, agus tabharfaidh an Ioruaidh leathantas srianta di ina críoch, faoi na coinníollacha dá bhforáiltear san Airteagal sin.

2. Amhail ó dháta an aontachais, cuirfidh an Ioruaidh ar láimh an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach a chomhoiread sin d'fhaisnéis sna hearnálacha a shonraítear ina dhiaidh seo. Déanfar cuntas mionchruinn ar an bhfaisnéis sin a leagan amach i ndoiciméad a sheolfar go dtí an Coimisiún. Cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin i bhfios do ghnóthais an Chomhphobail, faoi na coinníollacha dá bhforáiltear san Airteagal réamhráite.

3. Is iad seo a leanas na hearnálacha ina bhfuil an Ioruaidh le faisnéis a chur ar láimh an Chomhphobail:

— teicneolaíocht imoibritheoirí;

— teicneolaíocht breoslaí agus ábhar;

— dinimic imoibritheoirí, rialú agus ionstraimíocht;

— slándáil núicléach;

— teicneolaíocht rada-iseatóipí;

— ceimic athphróiseála agus modhanna anailíse;

— taighde ar an bhfisic bhunúsach;

— cumhacht tiomána muirárthaí;

— ilghnéitheach (meastóireachtaí, tuarascálacha ar imeachtaí, etc...)

4. Gabhann an Ioruaidh uirthi féin go soláthróidh sí don Chomhphobal aon fhaisnéis is comhlánú ar na tuarascálacha a thabharfaidh sí, go háirithe le linn cuairteanna ag gníomhairí ón gComhphobal nó ó na Ballstáit ar an "Institutt for Atomenergi (IFA)", faoi choinníollacha a chinnfear de thoil a chéile i ngach cás.

Airteagal 2

1. Sna hearnálacha ina gcuireann an Ioruaidh faisnéis ar láimh an Chomhphobail, déanfaidh na húdaráis inniúla, "Institutt for Atomenergi" faoi láthair, ceadúnais a dheonú, arna n-iarraidh, ar théarmaí tráchtála do Bhallstáit, do dhaoine agus do ghnóthais an Chomhphobail, i gcásanna ina bhfuil cearta eisiatacha acu chun paitinní a comhdaíodh i mBallstáit an Chomhphobail agus sa mhéid nach mbeidh siad, i leith tríú páirtithe, faoi aon oibleagáid ná gealltanas ceadúnas eisiatach nó páirt-eisiatach a dheonú, ná beartú ar é a dheonú, chun na gcearta sna paitinní sin.

2. Má deonaíodh ceadúnas eisiatach nó páirteisiatach, tabharfaidh an Ioruaidh spreagadh agus cúnamh chun go ndeonófar focheadúnais, ar théarmaí tráchtála, do Bhallstáit, do dhaoine agus do ghnóthais an Chomhphobail ó shealbhóirí na gceadúnas sin.

Is ar ghnáthbhonn tráchtála a dheonófar na ceadúnais eisiatacha nó páirt- eisiatacha sin.

Prótacal Uimh. 28

ar mhalartú faisnéise leis an Ríocht Aontaithe i réimse an fhuinnimh núicléigh

Airteagal 1

1. Amhail ó dháta an aontachais, cuirfear ar láimh na Ríochta Aontaithe an faisnéis a cuireadh i bhfios do Bhallstáit, do dhaoine agus do ghnóthais, de réir Airteagal 13 de Chonradh CEFA, agus tabharfaidh an Ríocht Aontaithe leathantas srianta di ina críoch, faoi na coinníollacha dá bhforáiltear san Airteagal sin.

2. Amhail ó dháta an aontachais, cuirfidh an Ríocht Aontaithe ar láimh an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach a chomhoiread sin d'fhaisnéis sna hearnálacha atá leagtha amach sa liosta atá san Iarscríbhinn. Déanfar cuntas mionchruinn ar an bhfaisnéis sin a leagan amach i ndoiciméad a sheolfar go dtí an Coimisiún. Cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin i bhfios do ghonóthais an Chomhphobail, faoi na coinníollacha dá bhforáiltear san Airteagal réamhráite.

3. Toisc gur mó is suim leis an gComhphobal earnálacha áirithe seachas a chéile, cuirfidh an Ríocht Aontaithe béim ar leith ar fhaisnéis a thabhairt sna réimsí seo a leanas:

— taighde agus forbairt ar luath-imoibritheoirí (lena n-áirítear sábháilteacht);

— taighde bunúsach (i ndáil le haicmí imoibritheoirí);

— sábháilteacht imoibritheoirí, seachas luath-imoibritheoirí;

— miotalóireacht, cruach, cóimhiotail siorcóiniam agus coincréit;

— comhoiriúnacht ábhar forganta;

— monarú turgnamhach breoslaí;

— teirmihidridinimic;

— ionstraimíocht.

Airteagal 2

1. Sna hearnálacha ina gcuireann an Ríocht Aontaithe faisnéis ar láimh an Chomhphobail, déanfaidh na húdaráis inniúla, "United Kingdom Atomic Energy Authority" agus "United Kingdom Generating Boards" faoi láthair, ceadúnais a dheonú, arna n-iarraidh, ar théarmaí tráchtála, do Bhallstáit, do dhaoine agus do ghnóthais an Chomhphobail, i gcásanna ina bhfuil cearta eisiatacha acu chun paitinní a comhdaíodh i mBallstáit an Chomhphobail agus sa mhéid nach mbeidh siad, i leith tríú páirithe, faoi aon oibleagáid ná gealltanas ceadúnas eisiatach nó páirt-eisiatach a dheonú, ná beartú ar é a dheonú, chun na gcearta sna paitinní sin.

2. Má deonaíodh ceadúnas eisiatach nó páirt-eisiatach, tabharfaidh an Ríocht Aontaithe spreagadh agus cúnamh chun go ndeonófar fochead-únais, ar théarmaí tráchtála, do Bhallstáit, do dhaoine agus do ghnóthais an Chomhphobail ó shealbhóirí na gceadúnas sin.

Is ar ghnáthbhonn tráchtála a dheonófarn a cead-únais eisiatacha nó páirt-eisiatacha sin.

IARSCRÍBHINN

Liosta de na hearnálacha dá dtagraítear in Airteagal 1(2)

I. *Eolaíocht bhunúsach*

— Fisic imoibritheoirí

— Obair bhunúsach sa mhiotalóireacht agus sa cheimic

— Obair ar iseatóipí

— Innealtóireacht cheimiceach.

II. *Imoibritheoirí*

(a) Taighde agus forbairt ar chórais imoibritheoirí

(b) Taithí ar oibriú imoibritheoirí Magnox (lena n-áirítear taighde ar oibríochtaí imoibritheoirí)

(c) Sábháilteacht imoibritheoirí (cé is moite de luath-imoibritheoirí)

(d) Taighde agus forbairt ar luath-imoibritheoirí (lena n-áirítear sábháilteacht)

(e) Taithí ar oibriú imoibritheoirí tástála ábhar.

III. *Ábhair agus comphháirteanna*

(a) Ceimic na graifíte agus an chuisnithe

(b) Comhoiriúnacht ábhar forganta le haghaidh imoibritheoirí

(c) Cruach agus coincréit (agus cnaí san áireamh); táthú agus tástálacha ar ábhair tháite

(d) Monarú turgnamhach breoslaí agus meastóireacht ar a gcumadh agus ar a ngníomhaíocht

(e) Malartú teasa

(f) Miotalóireacht.

IV. *Ionstraimíocht* (lena n-áirítear ionstraimíocht Fhisic na Sláinte)

V. *Radaibhitheolaíocht*

VI. *Cumhacht tiomána muirárthaí*

Prótacal Uimh. 29

ar an gComhaontú leis an nGníomhaireacht Idirnáisiúnta do Fhuinneamh Adamhach

Gabhann Ríocht na Danmhairge, Éire agus Ríocht na hIoruaidhe orthu féin go gcloífidh siad, ar choinníollacha a shocrófar ann, le comhaontú idir Ballstáit bhunaidh áirithe i gcomhar leis an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, ar thaobh amháin, agus an Ghníomhaireacht Idirnáisiúnta do Fhuinneamh Adamhach, ar an taobh eile, chun na ráthaíochtaí dá bhforáiltear sa Chonradh maidir le neamhleathadh arm núicléach a chur chun feidhme i gcríocha Ballstát á rithe den Chomhphobal.

Prótacal Uimh. 30

ar Éirinn

TÁ NA hARDPHÁIRTITHE CONARTHACHA,

Ós mian leo fadhbanna áirithe a réiteach a bhfuil suim ar leith ag Éirinn iontu,

Tar éis comhaontú ar na foralácha seo a leanas:

Meabhraíonn siad go n-áirítear ar aidhmeanna bunúsacha Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa dálaí maireachtála agus fostaíochta phobail na mBallstát a shíorfheabhsú, agus forbairt chomhchuí a thabhairt ar a ngeilleagair trí laghdú a thabhairt ar an mbearna idir na limistéir éagsúla agus ar mhallréim na limistéar atá ar chaolchuid deiseanna;

Tugann siad dá n-aire go bhfuil Rialtas na hÉireann ag gabháil do bheartas tionsclaíochta agus forbartha eacnamaíochta a chur i ngníomh arb é is sprioc dó an caighdeán maireachtála in Éirinn a chur ar chomhréim le caighdeán na náisiún Eorpach eile, deireadh a chur leis an tearcfhostaíocht agus san am céanna na difríochtaí sa leibhéal forbraíochta ó réigiún go chéile a chur ar ceal;

Is léir dóibh gurb é a gcomhleas é aidhmeanna an bheartais sin a ghnóthú;

Comhaontaíonn siad ar a mholadh chun na críche sin d'institiúidí an Chomhphobail gach meán agus gach nós imeachta dá bhforáiltear le Conradh CEE, go háirithe úsáid leormhaith a dhéanamh de na hacmhainní de chuid an Chomhphobail atá ceaptha chun aidhmeanna thuasluaite an Chomhphobail a bhaint amach;

Is aithnid dóibh go háirithe gur gá, ag cur Airteagail 92 agus 93 de Chonradh CEE chun feidhme dóibh, féachaint le forás a thabhairt faoin ngeilleagar agus feabhas a thabhairt ar chaighdeán maireachtála an phobail.

MALARTÚ LITREACHA AR CHEISTEANNA AIRGEADAÍOCHTA

An Bhruiséil, 22 Eanáir 1972

A Oirircis,

1. Ag Cruinniú Airí na Comhdhála an 7 Meitheamh 1971, comhaontaíodh go mbeadh an dearbhú a rinne mé ag an gcruinniú sin ar cheisteanna airgeadaíochta ina ábhar do mhalartú litreacha a bheadh i gceangal leis an Ionstraim a bhaineann leis na Coinníollacha Aontachais agus le hOiriúnuithe na gConarthaí. Dá bhrí sin tá sé d'onóir agam a dheimhniú anois go ndearna mé an dearbhú seo a leanas ag an gcruinniú sin:

"(a) Táimid sásta bheith ag dréim le laghdú rianúil a theacht de réir a chéile ar iarmhéideanna oifigiúla sterling tar éis an aontachais.

(b) Beimid ullamh, tar éis dul isteach sna Comhphobail dúinn, na bearta a phlé a bheadh iomchuí chun na hairíona agus na cleachtais seachtracha a bhaineann le sterling a chomhfhogasú go comhleanúnach dóibh siúd a bhaineann le hairgid reatha eile sa Chomhphobal i ndáil leis an dul chun cinn i dtreo aontacht eacnamaíochta agus airgeadaíochta sa Chomhphobal méadaithe, agus is deimhin linn go bhféadfar sterling oifigiúil (*) a láimhsiú ar dhóigh a chumasóidh dúinn páirt iomlán a ghlacadh sa dul chun cinn sin.

(c) Idir dhá linn, oibreoimid ár mbeartais d'fhonn na hiarmhéideanna oifigiúla sterling a chobhsú ar mhodh a bheadh ag luí le haidhmeanna sin na fáistine.

(d) Tá dóchas agam go bhféachfaidh an Comhphobal ar an ráiteas seo mar réiteach sásúil ar an gceist faoi sterling agus fadhbanna gaolmhara, ionas nach mbeidh le socrú i gcúrsa na gcaibidlí ach na comhshocruithe faoi chomhlíonadh na dTreoracha a bhaineann le gluaiseachtaí caipitil faoi Chonradh na Róimhe ag an Ríocht Aontaithe."

2. Ag an gcruinniú céanna ar an 7 Meitheamh, d'aontaigh toscaireacht an Chomhphobail leis an dearbhú sin.

3. Tuigtear dom gur chuir toscaireachtaí Ríocht na Danmhairge, na hÉireann agus Ríocht na hIoruaidhe in iúl a gcomhaontú leis an dearbhú thuasluaite arna dhaingniú leis an litir seo.

(*) Ciallaíonn "sterling oifigiúil" "iarmhéideanna oifigiúla sterling."

An tUasal G. THORN

Aire Gnóthaí Eachtracha
Ard-Diúiceacht Lucsamburg

4. Bheinn buíoch díot as a chur in iúl dom go bhfuair tú an litir seo agus as deimhniú a thabhairt dom go gcomhaontaíonn Rialtais Bhallstáit an Chomhphobail agus Rialtais Ríocht na Danmhairge, na hÉireann agus Ríocht na hIoruaidhe leis an dearbhú thuasluaite.

Glac uaim, a Oirircis, deimhne mo mhodha fíormhóir duit.

G. Rippon

Chancellor of the Duchy of Lancaster

An Bhruiséil, 22 Eanáir 1972

A Oirircis,

Leis an litir uait faoi dháta an lae seo, ba mhaith uait an teachtaireacht seo a leanas a chur chugam:

"1. Ag Cruinniú Airí na Comhdhála an 7 Meitheamh 1971, comhaontaíodh go mbeadh an dearbhú a rinne mé ag an gcruinniú sin ar cheisteanna airgeadaíochta ina ábhar do mhalartú litreacha a bheadh i gceangal leis an Ionstraim a bhaineann leis na Coinníollacha Aontachais agus le hOiriúnuithe na gConarthaí. Dá bhrí sin tá sé d'onóir agam a dheimhniú anois go ndearna mé an dearbhú seo a leanas ag an gcruinniú sin:

'(a) Táimid sásta bheith ag dréim le laghdú rianúil a theacht de réir a chéile ar iarmhéideanna oifigiúla sterling tar éis an aontachais.

(b) Beimid ullamh, tar éis dul isteach sna Comhphobail dúinn, na bearta a phlé a bheadh iomchuí chun na hairíona agus na cleachtais seachtracha a bhaineann le sterling a chomhfhogasú go comhleanúnach dóibh siúd a bhaineann le hairgid reatha eile sa Chomhphobal i ndáil leis an dul chun cinn i dtreo aontacht eacnamaíochta agus airgeadaíochta sa Chomhphobal méadaithe, agus is deimhin linn go bhféadfar sterling oifigiúil (*) a láimhsiú ar dhóigh a chumasóidh dúinn páirt iomlán a ghlacadh sa dul chun cinn sin.

(c) Idir dhá linn, oibreoimid ár mbeartais d'fhonn na hiarmhéideanna oifigiúla sterling a chobhsú ar mhodh a bheadh ag luí le haidhmeanna sin na fáistine.

(d) Tá dóchas agam go bhféachfaidh an Comhphobal ar an ráiteas seo mar réiteach sásúil ar an gceist faoi sterling agus fadhbanna gaolmhara, ionas nach mbeidh le socrú i gcúrsa na gcaibidlí ach na comhshocruithe faoi chomhlíonadh na dTreoracha a bhaineann le gluaiseachtaí caipitil faoi Chonradh na Róimhe ag an Ríocht Aontaithe.'

2. Ag an gcruinniú céanna ar an 7 Meitheamh, d'aontaigh toscaireacht an Chomhphobail leis an dearbhú sin.

(*) Ciallaíonn "sterling oifigiúil" "iarmhéideanna oifigiúla sterling."

An tUasal G. RIPPON

Seansailéir Dhiúiceacht Lancaster

3. Tuigtear dom gur chuir toscaireachtaí Ríocht na Danmhairge, na hÉireann agus Ríocht na hIoruaidhe in iúl a gcomhaontú leis an dearbhú thuasluaite arna dhaingniú leis an litir seo.

4. Bheinn buíoch díot as a chur in iúl dom go bhfuair tú an litir seo agus as deimhniú a thabhairt dom go gcomhaontaíonn Rialtais Bhallstáit an Chomhphobail agus Rialtais Ríocht na Danmhairge, na hÉireann agus Ríocht na hIoruaidhe leis an dearbhú thuasluaite."

Is maith liom a rá go bhfuair mé do theachtaireacht agus a dheimhniú go gcomhaontaíonn Rialtais Bhallstáit an Chomhphobail agus Rialtais Ríocht na Danmhairge, na hÉireann agus Ríocht na hIoruaidhe leis an dearbhú atá i mír 1 de do litir.

Glac uaim, a Oirircis, deimhne mo mhodha fhíormhóir duit.

G. THORN

Ministre des Affaires étrangères
du Grand-Duché de Luxembourg

P. HARMEL

Ministre des Affaires étrangères
du Royaume de Belgique
Minister van Buitenlandse Zaken
van het Koninkrijk België

I. NØRGAARD

Kongeriget Danmarks
udenrigsøkonomiminister

W. SCHEEL

Bundesminister des Auswärtigen
der Bundesrepublik Deutschland

M. SCHUMANN

Ministre des Affaires étrangères
de la République française

P. J. HILLERY

Aire Gnóthaí Eachtracha na
hÉireann

A. MORO

Ministro per gli Affari Esteri
della Repubblica Italiana

W. K. N. SCHMELZER

Minister van Buitenlandse Zaken
van het
Koninkrijk der Nederlanden

A. CAPPELEN

Kongeriket Norges utenriksminister

IONSTRAIM CHRÍOCHNAITHEACH

Tá na Lánchumhachtaigh

óna Shoilse Rí na mBeilgeach,

óna Soilse Banríon na Danmhairge,

ó Uachtarán Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine,

ó Uachtarán Phoblacht na Fraince,

ó Uachtarán na hÉireann,

ó Uachtarán Phoblacht na hIodáile,

óna Mhórgacht Ríoga Ard-Diúc Lucsamburg,

óna Soilse Banríon na hÍsiltíre,

óna Shoilse Rí na hIoruaidhe,

óna Soilse Banríon Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann,

agus ó Chomhairle na gComhphobal Eorpach, agus a hUachtarán ag feidhmiú ar a son,

Ar theacht le chéile dóibh sa Bhruiséil, an dóú lá is fiche d'Eanáir míle naoi gcéad seachtó a dó, chun an Conradh a shíniú a bhaineann le haontachas Ríocht na Danmhairge, na hÉireann, Ríocht na hIoruaidhe agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann le Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus leis an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, tar éis a thabhairt dá n-aire gur ullmhaíodh na téacsanna seo a leanas, agus gur glacadh leo, sa Chomhdháil idir na Comhphobail Eorpacha agus na Stáit a rinne iarratas chun bheith ina gcomhaltaí de na Comhphobail sin:

I. an Conradh a bhaineann le haontachas Ríocht na Danmhairge, na hÉireann, Ríocht na hIoruaidhe agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann le Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus leis an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach;

II. an Ionstraim a bhaineann leis na Coinníollacha Aontachais agus le hOiriúnuithe na gConarthaí;

III. na téacsanna thíosluaite atá i gceangal leis an Ionstraim a bhaineann leis na Coinníollacha Aontachais agus le hOiriúnuithe na gConarthaí:

A. Iarscríbhinn I Liosta dá bhforáiltear in Airteagal 29 den Ionstraim Aontachais,

Iarscríbhinn II Liosta dá bhforáiltear in Airteagal 30 den Ionstraim Aontachais,

Iarscríbhinn III Liosta de na táirgí dá dtagraítear in Airteagail 32, 36 agus 39 den Ionstraim Aontachais (EURATOM),

Iarscríbhinn IV Liosta de na táirgi dá dtagraítear in Airteagal 32 den Ionstraim Aontachais (Táirgí an Chomhlathais is ábhar do as rátaí fabhair comhaontaithe sa Ríocht Aontaithe),

Iarscríbhinn V Liosta dá bhforáiltear in Airteagal 107 den Ionstraim Aontachais,

Iarscríbhinn VI Liosta de na tíortha dá dtagraítear in Airteagal 109 den Ionstraim Aontachais agus i bPrótacal Uimh. 22,

Iarscríbhinn VII Liosta dá bhforáiltear in Airteagal 133 den Ionstraim Aontachais,

Iarscríbhinn VIII Liosta dá bhforáiltear in Airteagal 148(1) den Ionstraim Aontachais,

Iarscríbhinn IX Liosta dá bhforáiltear in Airteagal 148(2) den Ionstraim Aontachais,

Iarscríbhinn X Liosta dá bhforáiltear in Airteagal 150 den Ionstraim Aontachais,

Iarscríbhinn XI Liosta dá bhforáiltear in Airteagal 152 den Ionstraim Aontachais.

B. Prótacal Uimh. 1 ar Reacht an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta,

Prótacal Uimh. 2 ar Oileáin Fharó,

Prótacal Uimh. 3 ar Oileáin Mhuir nIocht agus Oileán Mhanann,

Prótacal Uimh. 4 ar an nGraonlainn,

Prótacal Uimh. 5 ar Svalbard (Spitzberg),

Prótacal Uimh. 6 ar shrianta cainníochtúla áirithe a bhaineann le hÉirinn agus leis an Ioruaidh,

Prótacal Uimh. 7 ar allmhairiú mótarfheithiclí go hÉirinn agus ar chóimeáil mótarfheithiclí ann,

Prótacal Uimh. 8 ar fhosfar (Fotheideal 28.04 C IV sa CTC),

Prótacal Uimh. 9 ar ocsaíd agus hidreoscaíd alúmanaim (alúmana) (Fotheideal 28.20 A sa CTC),

Prótacal Uimh. 10 ar eastóscáin súdaireachta mhiomósa (Fotheideal 32.01A sa CTC agus eastóscáin súdaireachta gheanmchnó (Fotheideal ex 32.01 C sa CTC),

Prótacal Uimh. 11 ar shraithadhmad (Ceannteideal ex 44.15 sa CTC),

Prótacal Uimh. 12 ar laíon adhmaid (Fotheideal 47.01 A II sa CTC),

Prótacal Uimh. 13 ar nuachtpháipéar (Fotheideal 48.01 A sa CTC),

Prótacal Uimh. 14 ar luaidhe neamhshaoirsithe (Fotheideal 78.01 A sa CTC),

Prótacal Uimh. 15 ar shinc neamhshaoirsithe (Fotheideal 79.01 A sa CTC),

Prótacal Uimh. 16 ar na margaí do tháirgí talmhaíochta agus ar an trádáil sna táirgí sin,

Prótacal Uimh. 17 ar allmhairí siúcra ag an Ríocht Aontaithe ó na tíortha agus na críocha onnmhairithe dá dtagraítear i gComhaontú Siúcra an Chomhlathais,

Prótacal Uimh. 18 ar allmhairí ime agus cáise ón Nua-Shéalainn isteach sa Ríocht Aontaithe,

Prótacal Uimh. 19 ar dheochanna biotáilleacha a dhéantar as gránaigh,

Prótacal Uimh. 20 ar thalmhaíocht na hIoruaidhe,

Prótacal Uimh. 21 ar iascach na hIoruaidhe,

Prótacal Uimh. 22 ar an gcaidreamh idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Stáit Chomhlachaithe na hAfraice agus na Malagáise agus tíortha neamhspleácha an Chomhlathais a bhfuil forás fúthu san Afraic, san Aigéan Indiach, san Aigéan Ciúin agus sna hAintillí,

Prótacal Uimh. 23 ar an gcóras fabhar taraife ginearálta atá i bhfeidhm ag Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa a chur chun feidhme ag na Ballstáit nua,

Prótacal Uimh. 24 ar rannpháirtíocht na mBallstát nua i gcistí an Chomhphobail Eorpaigh do Ghual agus Cruach,

Prótacal Uimh. 25 ar mhalartú faisnéise leis an Danmhairg i réimse an fhuinnimh núicléigh,

Prótacal Uimh. 26 ar mhalartú faisnéise le hÉirinn i réimse an fhuinnimh núicléigh,

Prótacal Uimh. 27 ar mhalartú faisnéise leis an Ioruaidh i réimse an fhuinnimh núicléigh,

Prótacal Uimh. 28 ar mhalartú faisnéise leis an Ríocht Aontaithe i réimse an fhuinnimh núicléigh,

Prótacal Uimh. 29 ar an gComhaontú leis an nGníomhaireacht Idirnäisiúnta do Fhuinneamh Adamhach,

Prótacal Uimh. 30 ar Éirinn;

C. Malartú Litreacha ar Cheisteanna Airgeadaíochta.

D. Téacsanna an Chonartha ag bunú Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus an Chonartha ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach mar aon le téacsanna na gConarthaí á leasú nó á gcomhlánú sa Bhéarla, sa Danmhairgis, sa Ghaeilge agus san Ioruais.

Thug na Lánchumhachtaigh dá n-aire Cinneadh an 22 Eanáir 1972 ó Chomhairle na gComhphobal Eorpach maidir le haontachas Ríocht na Danmhairge, na hÉireann, Ríocht na hIoruaidhe agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann leis an gComhphobal Eorpach do Ghual agus Cruach.

Ina theannta sin, ghlac na Lánchumhachtaigh agus an Chomhairle leis na dearbhuithe thíosluaite atá i gceangal leis an Ionstraim Chríochnaitheach seo:

1. Comhdhearbhú maidir leis an gCúirt Bhreithiúnais,
2. Comhdhearbhú maidir le limistéir atá faoi cheannasacht Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann ar an gCipir,
3. Comhdhearbhú maidir le hiascach,
4. Comhdhearbhú intinne d'fhonn forbairt a dhéanamh ar an gcaidreamh trádála leis an tSiolóin, an India, An Mhalaeisia, an Phacastáin agus Singeapór,
5. Comhdhearbhú ar shaoirse ghluaiseachta d'oibrithe.

Fairis sin, thug na Lánchumhachtaigh agus an Chomhairle dá n-aire an Dearbhú seo a leanas atá i gceangal leis an Ionstraim Chríochnaitheach seo:

Dearbhú ó Rialtas Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine maidir le feidhm ar Bheirlín a bheith ag an gCinneadh i dtaobh aontachais leis an gComhphobal Eorpach do Ghual agus Cruach agus ag an gConradh i dtaobh aontachais le Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus leis an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach.

Thug na Lánchumhachtaigh agus an Chomhairle dá n-aire, mar an gcéanna, an comhaontú atá i gceangal leis an Ionstraim Chríochnaitheach seo, maidir leis an nós imeachta chun gabháil le cinntí áirithe agus bearta eile atá le glacadh sa tréimhse roimh an aontachas, a rinneadh sa Chomhdháil idir na Comhphobail Eorpacha agus na Stáit a rinne iarratas chun bheith ina gcomhaltaí de na Comhphobail sin.

Mar chríoch, rinneadh na dearbhuithe seo a leanas agus cuireadh i gceangal leis an Ionstraim Chríochnaitheach seo iad:

1. Dearbhú ó Rialtas Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann ar shainiú an fhocail "náisiúnaigh",
2. Dearbhuithe maidir le forbairt eacnamaíoch agus tionsclaíoch na hÉireann,
3. Dearbhuithe maidir le bainne leachtach, muiceoil agus uibheacha,
4. Dearbhú maidir le córas an Chomhphobail chun praghsanna talmhaíochta an Chomhphobail a shocrú,
5. Dearbhuithe i dtaobh gníomhaíochtaí talmhaíochta sna limistéir sléibhe.

Til bekræftelse heraf har undertegnede befuldmægtigede underskrevet denne Slutakt.

Zu Urkund dessen haben die unterzeichneten Bevollmächtigten ihre Unterschriften unter diese Schlußakte gesetzt.

In witness whereof, the undersigned Plenipotentiaries have signed this Final Act.

En foi de quoi, les plénipotentiaires soussignés ont apposé leurs signatures en bas du présent acte final.

Dá fhianú sin, chuir na Lánchumhachtaigh thíos-sínithe a lámh leis an Ionstraim Chríochnaitheach seo.

In fede di che, i plenipotenziari sottoscritti hanno apposto la loro firma in calce al presente Atto finale.

Ten Blijke waarvan de ondergetekende gevolmachtigden hun handtekening onder deze Slotakte hebben geplaatst.

Til Bekreftelse herav har nedenstående befullmektigede undertegnet denne Sluttakt.

Udfærdiget i Bruxelles, den toogtyvende januar nitten hundrede og tooghalvfjerds.

Geschehen zu Brüssel am zweiundzwanzigsten Januar neunzehnhundertzweiundsiebzig.

Done at Brussels this twenty-second day of January in the year one thousand nine hundred and seventy two.

Fait à Bruxelles, le vingt-deux janvier mil neuf cent soixante-douze.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an dóú lá is fiche d'Eanáir míle naoi gcéad seachtó a dó.

Fatto a Bruxelles, addì ventidue gennaio millenovecentosettantadue.

Gedaan te Brussel, de tweeëntwintigste januari negentienhonderd tweeënzeventig.

Utferdiget i Brussel den tjueandre januar nitten hundre og syttito.









Comhdhearbhú

maidir leis an gCúirt Bhreithiúnais

Glacfaidh an Chomhairle na bearta comhlántacha is gá de dhroim aontachas na mBallstát nua, agus féadfaidh sí, ar iarratas ón gCúirt, líon na nAbhcóidí Ginearálta a mhéadú go dtí ceathrar, agus forálacha Airteagal 32(3) de Chonradh CEGC, Airteagal 165(3) de Chonradh CEE agus Airteagal 137(3) de Chonradh CEFA a oiriúnú.

Comhdhearbhú

maidir le limistéir atá faoi cheannasacht Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann ar an gCipir

Déanfar sainiú i gcomhthéacs aon socruithe a d'fhéadfadh bheith ann idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Poblacht na Cipire ar an gcóras is infheidhme maidir leis an gcaidreamh idir an Comhphobal sin agus na limistéir atá faoi cheannasacht Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann ar an gCipir.

Comhdhearbhú

maidir le hiascach

1. Scrúdóidh Institiúidí Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa na fadhbanna in earnáil na mine éisc agus na hola éisc d'fhonn bearta a ghlacadh is dóigh leo is gá san earnáil sin maidir leis an mbunábhar a úsáidtear. Ní foláir na bearta bheith ag freagairt do na riachtanais i dtaobh cosanta agus saothrú réasúnaithe ar acmhainní bitheolaíocha na farraige agus cúram a ghlacadh san am céanna gan aonaid táirgíochta nach bhfuil sách tairbhiúil a bhunú ná a choimeád ar bun.

2. Ní bheidh de thoradh ar fheidhmiú na norm comhchoiteann tráchtála d'éisc áirithe, úr nó cuisnithe, go gcuirfí deireadh le haon mhodh tráchtála ná, os a choinne sin, ní bheidh aon mhodh ina bhac ar na noirm sin a fheidhmiú; is le díograis don phrionsabal sin a chaithfidh Institiúidí an Chomhphobail na fadhbanna a thiocfaidh i gceist a réiteach an tráth cuí.

3. Aithníonn Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa a thábhachtaí atá sé don Ioruaidh táirgí iascaigh a onnmhairiú go tríú tíortha, agus cuirfear na honnmhairí sin, amhail gach onnmhaire eile ón gComhphobal, faoi réir forálacha Rialachán (CEE) Uimh. 2142/70.

4. Is intuigthe go mbeidh Acht na hIoruaidhe dar dáta 18 Nollaig 1970 ar "mhargaíocht an éisc a thig ó na tionscail phróiseála" ina ábhar do dhianstaidéar, a luaithe is féidir, d'fhonn na coinníollacha a scrúdú faoina bhféadfar é a chur chun feidhme, ag féachaint d'fhorálacha dlí an Chomhphobail.

Comhdhearbhú intinne

d'fhonn forbairt a dhéanamh ar an gcaidreamh trádála leis an tSiolóin, an India, an Mhalaeisia, an Phacastáin agus Singeapór

Faoi spreagadh tola chun leathnú agus neartú a dhéanamh ar an gcaidreamh trádála le tíortha neamhspleácha an Chomhlathais a bhfuil forás fúthu san Áise (an tSiolóin, an India, an Mhalaeisia, an Phacastáin agus Singeapór), tá an Comhphobal sásta, amhail ó dháta an aontachais, dul i bpáirt leis na tíortha sin ag scrúdú fadhbanna a d'éireodh i réim na trádála d'fhonn réiteach iomchuí a lorg, a chuirfeadh san áireamh réimse na scéime fabhar taraife ginearálta agus staid na dtíortha sa limistéar geografach céanna a bhfuil forás fúthu.

Déanfaidh an Comhphobal an cheist i dtaobh onnmhairí siúcra ón India chun an Chomhphobail, tar éis do bhailíocht Chomhaontú Siúcra an Chomhlathais dul in éag an 31 Nollaig 1974, a rialú i bhfianaise díograis an Dearbhaithe Intinne seo agus ag féachaint do na forálacha lena bhféadfar glacadh d'allmhairí siúcra ó thíortha neamhspleácha an Chomhlathais dá dtagraítear i bPrótacal Uimh. 22 ar an gcaidreamh idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Stáit Chomhlachaithe na hAfraice agus na Malagáise agus tíortha neamhspleácha an Chomhlathais a bhfuil forás fúthu san Afraic, san Aigéan Indiach, san Aigéan Ciúin agus sna hAintillí.

Comhdhearbhú

ar shaoirse ghluaiseachta d'oibrithe

D'fhéadfadh deacrachtaí áirithe teacht as méadú an Chomhphobail maidir leis an gcor sóisialach i gceann amháin nó níos mó de na Ballstáit a mhéid a bhaineann le feidhmiú na bhforálacha i leith saoirse gluaiseachta d'oibrithe.

Dearbhaíonn na Ballstáit go gcoimeádann siad de cheart acu féin, i gcás deacrachtaí den chineál sin a theacht i gceist, iarratas a dhéanamh chun institiúidí an Chomhphobail d'fhonn réiteach a fháil ar an bhfadhb sin de réir forálacha na gConarthaí ag bunú na gComhphobal Eorpach agus na bhforálacha a rinneadh lena gcur chun feidhme.

Dearbhú

ó Rialtas Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine maidir le feidhm ar Bheirlín a bheith ag an gCinneadh i dtaobh aontachais leis an gComhphobal Eorpach do Ghual agus Cruach agus ag an gConradh i dtaobh aontachais le Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus leis an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach

Forcoimeádann Rialtas Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine aige féin an ceart chun a dhearbhú, tráth a thiocfaidh aontachas Ríocht na Danmhairge, na hÉireann, Ríocht na hIoruaidhe agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann leis an gComhphobal Eorpach do Ghual agus Cruach i bhfeidhm, agus tráth taiscthe a ionstraime ag daingniú an Chonartha i dtaobh aontachas na dtíortha réamhráite le Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus leis an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, go mbeidh feidhm ar Land Bherlín freisin ag Cinneadh an 22 Eanáir 1972 ón gComhairle i dtaobh an aontachais leis an gComhphobal Eorpach do Ghual agus Cruach agus leis an gConradh thuasluaite.

Dearbhú

ó Rialtas Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann ar shainiú an fhocail "náisiúnaigh"

Ar ócáid sínithe an Chonartha Aontachais, déanann Rialtas Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann an dearbhú seo a leanas:

"Maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, tuigtear go dtagraíonn na focail "náisiúnaigh", "naisiúnaigh Bhallstát" nó "náisiúnaigh Bhallstát agus tíortha agus críocha thar lear", aon áit a bhfuil siad sa Chonradh ag bunú Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa, sa Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach nó sa Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Ghual agus Cruach, nó in aon cheann de ghníomhartha an Chomhphobail a dhíorthaíonn ó na Conarthaí sin, do:

(a) daoine is saoránaigh den Ríocht Aontaithe agus de na Cóilíneachtaí nó daoine is géillsinigh Bhriotanacha nach bhfuil an tsaoránacht sin ná saoránacht aon tíre ná críche eile de chuid an Chomhlathais acu, agus a bhfuil acu, i gceachtar cás, ceart cónaithe sa Ríocht Aontaithe agus atá díolmhaithe dá réir sin ó rialú na Ríochta Aontaithe ar inimirce;

(b) daoine is saoránaigh den Ríocht Aontaithe agus de na Cóilíneachtaí toisc gur rugadh, gur cláraíodh nó gur eadóirsíodh iad i nGiobráltar, nó toisc gur rugadh, gur cláraíodh nó gur eadóirsíodh a n-athair i nGiobráltar."

Dearbhuithe

maidir le forbairt eacnamaíoch agus tionsclaíoch na hÉireann

Ag an 6ú Cruinniú Airí sna caibidlí idir an Comhphobal agus Éire, an 19 Deireadh Fómhair 1971, rinne an tUasal A. Moro, Aire Gnóthaí Eachtracha Phoblacht na hIodáile, thar ceann toscaireacht an Chomhphobail, an dearbhú atá anseo thíos faoi I.

D'fhreagair an tUasal P. Ó hIrighile, Aire Gnóthaí Eachtracha na hÉireann, thar ceann toscaireacht na hÉireann, leis an ráiteas atá anseo thíos faoi II.

I. *Dearbhú a rinne an tUasal A. Moro, Aire Gnóthaí Eachtracha Phoblacht na hIodáile thar ceann Toscaireacht an Chomhphobail*

I

1. Chuir toscaireacht na hÉireann i bhfios go láidir go bhfuil aghaidh le tabhairt ag Éirinn ar mhíchothromaíocht mhór, eacnamaíoch agus sóisialach, de chineál réigiúnach agus struchtúrach. Dhearbhaigh an toscaireacht sin gur chóir an mhíchothromaíocht sin a cheartú chun comhchuibhiú a chur i gcrích a bheidh de réir aidhmeanna an Chomhphobail agus, go háirithe, de réir ghnóthú na haontachta eacnamaíochta agus airgeadaíochta.

D'iarr toscaireacht na hÉireann go ngabhfadh an Comhphobal air féin a acmhainní a úsáid chun cuidiú le cláir Rialtas na hÉireann atá ceaptha chun deireadh a chur leis an míchothromaíocht sin agus lánaird a thabhairt ar fhadhbanna áirithe na hÉireann sa réimse sin go dtí go dtiocfadh forbairt ar an mbeartas réigiúnach amach anseo faoi réim an Chomhphobail.

2. Chuir toscaireacht na hÉireann faoi bhráid thoscaireacht an Chomhphobail doiciméid a léiríonn treoirlínte agus uirlisí maidir le forbairt réigiúnach in Éirinn. Léirigh toscaireacht na hÉireann, freisin, mar atá tionscal onnmhairithe na hÉireann á chaomhnú le cabhracha fioscacha. Tagann i gceist, chomh maith, sa chás seo, bearta arb é is aidhm dóibh míchothromaíochtaí sóisialacha agus eacnamaíocha a cheartú trí thionscail a fhorbairt.

II

1. Cuireann toscaireacht an Chomhphobail i bhfios go láidir maidir leis seo—mar a leanann as an Réamhrá le Conradh na Róimhe—gurb iad aidhmeanna bunúsacha an Chomhphobail síorfheabhas a thabhairt ar dhálaí maireachtála agus

oibre mhuintir na mBallstát agus ar fhorbairt chomhchuibhiúil gheilleagar na Stát sin trí na difríochtaí idir na réigiúin éagsúla agus cúlmhaireacht na réigiún is lú fabhar, a laghdú.

2. Is gníomhú dearfa ar na haidhmeanna thuasluaite na comhbheartais agus na huirlisí éagsúla a bhunaigh an Comhphobal sna hearnálacha eacnamaíocha agus sóisialacha agus is dóigh fós go dtiocfaidh forbairt orthu. Tá Ciste Sóisialach na hEorpa dírithe ar bhealaí nua. Tá réim a ghníomhaíochtaí á leathnú i gcónaí ag an mBanc Eorpach Infheistíochta. Faoi láthair, tá institiúidí an Chomhphobail ag plé cúrsaí lena chinneadh cad iad na huirlisí Comhphobail is féidir a thabhairt isteach, agus cad iad na nósanna imeachta a mbeidh siad faoina réir, d'fhonn aidhmeanna an bheartais réigiúnaigh a chur i gcrích.

Tá na cabhracha a thugann na Stáit, lena n-áirítear cabhracha ar mhodh díolúintí cánach, faoi réir na rialacha atá leagtha síos in Airteagail 92 go 94 de Chonradh CEE. Maidir le cabhracha Stáit le haghaidh críocha réigiúnacha, is ceart a mheabhrú go bhféadfar a mheas, faoi théarmaí Airteagal 92(3) (a), go bhfuil "cabhair chun forbairt eacnamaíoch a thabhairt ar limistéir ina bhfuil an caighdeán maireachtála thar a bheith íseal nó ina bhfuil mórchuid tearcfhostaíochta" ag luí leis an gCómhargadh. Is léir ó thaithí go bhfuil an fhoráil sin solúbtha go leor chun go bhféadfaidh údaráis an Chomhphobail riachtanais speisialta na réigiún tearcfhorbartha a chur san áireamh.

Scrúdóidh an Coimisiún, faoin ngnáth-chóras atá ann chun buanscrúdú a dhéanamh ar chabhracha láithreacha, na díolúintí cánach mar aon leis na cabhracha eile a bheidh ar bun in Éirinn tráth an aontachais. Más léir ón scrúdú seo nach bhféadfar ceann de na cabhracha sin a choimeád ina fhoirm láithreach, is ar an gCoimisiún a bheidh an cúram na teorainneacha ama agus na modhanna an aistrithe is iomchuí a shocrú faoi rialacha an Chonartha.

3. Maidir leis na fadhbanna áirithe dár tagraíodh thuas atá le réiteach ag Éirinn, molann toscaireacht an Chomhphobail prótacal a chur ag gabháil leis an Ionstraim Aontachais maidir le forbairt eacnamaíoch agus tionsclaíoch na hÉireann.

II. *Dearbhú a rinne an tUasal P. Ó hIrighile, Aire Gnóthaí Eachtracha na hÉireann, thar ceann toscaireacht na hÉireann*

Is maith liom a chur in iúl go bhfuil glactha ag toscaireacht na hÉireann le téacs an Phrótacail atá beartaithe maidir le hÉirinn, a bhí ina ábhar do chomhráite idir ár dhá dtoscaireacht agus a bhfuil an cúlra ina leith leagtha amach chomh léir sin do ráiteas tosaigh. Cuirfidh an téacs a glacadh ar chumas Rialtas na hÉireann dul ar aghaidh lena bpleananna do fhorbairt eacnamaíoch agus sóisialach agus fios acu go mbeidh an Comhphobal, trína institiúidí agus a ghníomhaireachtaí, ullamh comhoibriú linn ag saothrú na n-aidhmeanna atá leagtha amach againn dúinn féin.

Ar roinnt ócáidí le linn na gcaibidlí, tharraing mé aird ar na fadhbanna a bhain leis na difríochtaí i leibhéal na forbartha eacnamaí in eintiteas ar nós an Chomhphobail mhéadaithe. Rinne mé iarracht freisin a mhíniú duit na deacrachtaí atá le sárú ag tír ar nós na hÉireann, atá suite ar imeall an Chomhphobail mhéadaithe, d'fhonn comhfhogasú a dhéanamh ar leibhéal na forbartha eacnamaí i dtreo leibhéal na mBallstát eile. Is maith is eol dom é bheith de rún agus de chuspóir ag an gComhphobal na haidhmeanna a ghnóthú atá leagtha amach i gConradh CEE d'fhonn feabhsú leanúnach a thabhairt ar dhálaí maireachtála agus oibre phobail na mBallstát agus forbairt chomhchuibhiúil a dhéanamh ar a ngeilleagair. Is léiriú diongbháilte an Prótacal seo ar ar chomhaontaíomar inniu ar rún daingean an Chomhphobail tathag agus téagar a chur leis na haidhmeanna bunúsacha sin. Féadfar tairbhe phraiticiúil a bhaint as an bPrótacal seo chun a chur ar chumas mo thíre a cion iomlán féin a dhéanamh sa Chomhphobal méadaithe chun na haidhmeanna sin a bhaint amach. Cuirfear go mór lena éifeacht chun na críche sin trí bheartas réigiúnach cuimsitheach an Chomhphobail a chur i gcrích. Ina leith sin, is mian liom a rá gur mór an t-ábhar misnigh dom na hiarrachtaí atá á ndéanamh chun tabhairt faoin tsaincheist thábhachtach seo mar chuid d'fhorás an Chomhphobail.

I ndálaí na hÉireann, ní mór éifeacht na mbeart forbraíochta, ar an gcéim náisiúnta nó ar chéim an Chomhphobail, a mheas as an dul ar aghaidh a bheidh déanta chun réim na dífhostaíochta agus na himirce a laghdú agus chun na caighdeáin mhaireachtála a ardú. Go bunúsach, níl i gceist sa mhéid sin ach na deiseanna oibre is gá a chur ar fáil dár meitheal oibre, atá ag méadú i gcónaí, mar gan iad sin fágfar cion mór dár n-acmhainn eacnamaíochta is luachmhaire gan leas a bhainta isti nó caillfear í trí imirce agus moilleofar an luas faoin bhforbairt eacnamaíochta dá bharr.

Is údar sásaimh don Rialtas seo agamsa gur léir ó na cainteanna a bhí againn inniu go gcuirfear ar a gcumas, de chionn aontachas na hÉireann leis an gComhphobal, teannadh a choimeád leis an mbrú i leith ghnóthú a n-aidhmeanna mar a aithristear sa Phrótacal iad. Tá mé ag cuimhneamh go háirithe ar an bhfás leanúnach tionscail, arb é is bunús don chuspóir ginearálta atá againn forbairt eacnamaíoch a thabhairt i gcrích. Tá sé rí-thábhachtach dúinne go leanfaí den dul chun cinn san earnáil sin trí bhearta fóinteacha forbartha tionscail a chur i bhfeidhm. Tuigim go mbeidh ár

ngreasachtaí tionscail faoi réir a scrúdaithe, ar nós scéim ghreasachta ar bith eile, faoi rialacha an Chomhphobail tar éis an aontachais. Is maith liom gur léir duit go bhfuil gá le beartas greasachta in Éirinn, ach go bhféadfadh ceisteanna a bheith ann faoin eagar áirithe a bhí ar ár scéim ghreasachtaí fad a bhíomar lasmuigh den Chomhphobal.

Ba mhaith liom a chur in iúl duit maidir leis sin de go mbeadh ceist ar ball i leith na ngealltanas a thugamar roimhe sin. Beidh orainn, ar ndóigh, maith a dhéanamh de na gealltanais sin ach beimid ullamh plé iomlán a dhéanamh ar an aistriú go dtí cibé scéim nua ghreasachta a cheapfar agus comhoibreoimid chun na fadhbanna sin a réiteach ar mhodh cuí.

Táim lánsásta óna bhfuil ráite agat gur forálacha solúbtha na forálacha cuí atá sa Chonradh agus go dtabharfaidh institiúidí an Chomhphobail lánaird ar na fadhbanna speisialta atá againn nuair a bheidh ár gcóras greasachtaí faoi scrúdú. Táim sásta freisin, ag féachaint don ionannas aidhmeanna atá ag Rialtas na hÉireann agus ag an gComhphobal araon, más gá oiriúnú a dhéanamh ar an gcóras greasachtaí sin, go bhféadfaidh Rialtas na hÉireann leanúint le forás na tionsclaíochta in Éirinn agus feabhsúchán comhleanúnach a thabhairt ar an leibhéal fostaíochta agus caighdeán maireachtála.

Mar chríoch, is mian liom a rá gur mór agam an bhá agus an chomhthuiscint a léirigh an Comhphobal ag dul i gcionn, agus ag scrúdú, na gceisteanna a bhaineann leis na fadhbanna réigiúin agus na greasachtaí tionscail, cúrsaí atá fíorthábhachtach ó thaobh na tíre seo againne. Is maith an tuar an Comhaontú atá déanta againn dár gcomhoibriú amach anseo sa Chomhphobal méadaithe ag saothrú aidhmeanna bunúsacha an Chonartha. Is léir domsa gurb é an comhoibriú seo romhainn an tslí is fearr a bhféadfaimidne in Éirinn ár gcuspóirí náisiúnta i gcúrsaí eacnamaíochta a bhaint amach.

Dearbhuithe

maidir le bainne leachtach, muiceoil agus uibheacha

Ag an dara cruinniú Airí sna caibidlí idir an Comhphobal agus an Ríocht Aontaithe, an 27 Deireadh Fómhair 1970, rinne an tUasal G. Rippon, Seansailéir Dhiúiceacht Lancaster, thar ceann toscaireacht na Ríochta Aontaithe, agus an tUasal W. Scheel, Aire Gnóthaí Eachtracha Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine, thar ceann toscaireacht an Chomhphobail, an dá dhearbhú anseo thíos.

Mar chríoch, mheabhraigh an dá thoscaireacht go ndearnadh comhaontú ar fhoras an dá dhearbhú sin.

1. *Dearbhú a rinne an tUasal G. Rippon, Seansailéir Dhiúiceacht Lancaster, thar ceann toscaireacht na Ríochta Aontaithe*

1. Ag an gcéad chruinniú Airí ar an 21 Iúil dúirt mo réamhtheachtaí go raibh an Ríocht Aontaithe ullamh chun an comhbheartas talmhaíochta a ghlacadh sa Chomhphobal méadaithe. Dúirt sé freisin, áfach, go gcaithfimis breithniú cúramach a dhéanamh ar roinnt pointí, ar a n-áirítear go háirithe na tionchair a bheidh ag córais an Chomhphobail do bhainne, muiceoil agus uibheacha ar chúrsaí táirgíochta, margaíochta agus tomhaltais sa Ríocht Aontaithe.

2. Tá cuid mhaith taiscealaíochta agus caibidlí déanta ó shin, leis an gCoimisiún ar leibhéal teicníochta agus ar bhealach níos ginearálta ag cruinnithe na Malartach. Ba é aidhm an taoibh seo againne a fhéachaint ar dhóigh d'aon mhór-fhadhbanna tarlú agus, dá dtarlódh, conas ab fhearr iad a sheachaint. Cúis áthais dom a rá go bhfuaireamar neart léargais agus tuisceana ón gComhphobal, a chabhraigh go mór chun cúrsaí a thabhairt chun léire agus a thugann d'ionchas dom go n-éireoidh linn comhaontú a bhaint amach ar na nithe sin ionas nach gá dúinn bheith ag plé leo arís.

Bainne

Measaimid go bhfuil sé tábhachtach, ar mhaithe leis an gComhphobal agus leis an Ríocht Aontaithe araon, go mbeadh sé ar ár gcumas dóthain bainne leachtaigh a chur ar fáil le haghaidh éileamh na dtomhaltóirí ar fud na tíre agus ar feadh na bliana.

Measaimid go bhféadfar é sin a dhéanamh i bhfianaise an daingniúcháin a fuaireamar ón gComhphobal i dtaobh an dearcadh seo againne ar réim agus ar ghné na socruithe atá ann agus atá beartaithe a bheith ann. Dá bhrí sin, is tábhachtach an ní é go gcuirfinn i bpratainn príomhranna na tuisceana sin, mar a leanas:

(i) tá sé ar cheann d'aidhmeanna an chomhbheartais talmhaíochta oiread bainne agus is féidir a úsáid lena chaitheamh mar leacht ar fud an Chomhphobail, agus níor cheart an beartas a oibriú ar bhealach a bhacfadh an aidhm sin;

(ii) níl aon éifeacht cheangailteach leis an difríocht praghais, idir bainne le haghaidh próiseála agus bainne lena chaitheamh mar leacht, atá i Rún na Comhairle faoi dháta an 24 Iúil 1966; cuirfear rialachán bainne ón gComhphobal ina áit i dtráth cuí; agus, faoi na rialacháin atá ann, níl a bhac ar Bhallstáit praghsanna miondíola a shocrú do bhainne lena chaitheamh mar leacht, ach níl aon oibleagáid orthu sin a dhéanamh;

(iii) ní thagraíonn Rialachán (CEE) Uimh. 804/68 ach amháin do bhearta de chuid rialtas na mBallstát a thugann faoi phraghsanna a chomhionannú; dá réir sin, tá saorchead uaithi féin ag eagraíocht táirgíochta neamhrialtasach, ach gníomhú de réir forálacha Chonradh CEE agus reachtaíocht tánaisteach a thig dá dhroim, bainne a choinsíniú go cibé áit is rogha léi d'fhonn an fáltas is airde a fháil dá cuid comhaltaí, a fáltais airgeadais a chruinniú le chéile agus luach saothair mar is áil léi a thabhairt dá cuid comhaltaí.

Muiceoil

Measaimid freisin é bheith chun leasa an Chomhphobail mhéadaithe, ó tá sé ceaptha dó breis agus a dhóthain féin muiceola a tháirgeadh, leorchobhsaíocht mhargaidh a áirithiú, agus cobhsaíocht ar mhargadh bagúin na Ríochta Aontaithe a chur san áireamh. Nádúrtha go leor, níor chuir córas láithreach an Chomhphobail an margadh tábhachtach sin sa chuntas—margadh a ghlacann chuige féin sa bhliain tuairim 640,000 tonna bagúin is fiú thar 1,000 milliún aonad cuntais. Ach d'fhéadfadh sé bheith ina chuidiú mór le cobhsaíocht, ní amháin do tháirgeoirí bagúin na Ríochta Aontaithe agus tíortha eile a mbaineann sé leo go díreach, ach do na táirgeoirí muc go léir sa Chomhphobal méadaithe.

Níor bhaineamar de thátal as ár gcaibidlí gur gá go mbeadh rialacha láithreacha an Chomhphobail i dtaobh muiceola neamhdhóthanach nó neamhoiriúnach don chor nua atá ag teacht de chionn méadaithe.

Measaimid go bhfuil sé riachtanach, áfach, a áirithiú go bhfaighfear aitheantas uaibh ar thábhacht bhunúsach mhargadh an bhagúin i gComhphobal méadaithe, agus ar an tairbhe a thiocfadh as do tháirgeacht muc ar fud an Chomhphobail uile, bail chobhsaidh leanúnach, faoi dhálaí cóiriomaíochta, a bheith ar an margadh sin agus ar an ngá atá ann, dá bhrí sin, an cor sin, a choinneáil faoi bhreithniú go cúramach i gcaitheamh na hidirthréimhse agus ina dhiaidh sin.

Uibheacha

Beidh a dhóthain féin de sholáthar uibheacha sa Chomhphobal méadaithe ionas gur dócha gur cúrsaí inmheánacha margaidh, agus nach bearta i leith onnmhairí, a shocróidh praghsanna. Ar an ábhar gur fíor sin cheana féin maidir leis an gComhphobal mar atá, agus maidir leis an Ríocht Aontaithe, d'fhéadfadh go dtarlódh athrú sna praghsanna ar mhargadh an Chomhphobail mhéadaithe sa dóigh chéanna agus a tharlaíonn sna margaí éagsúla i láthair na huaire, ar a shon go dtiocfadh dó a bheith beagán níos fairsinge. Ar an taobh eile, an lé atá ann i dtreo an táirgíocht a dhlúthú isteach i lámha saintáirgeoirí, fara forbairtí comhthreomhara sa mhargaíocht, ba chóir go mbeadh d'éifeacht leo laghdú a thabhairt ar an neamhchobhsaíocht amach anseo. Creidim dá bhrí sin go bhféadfaimid sinn féin a chur in inmhe do rialacha an Chomhphobail.

3. Más féidir libh a dhaingniú go foirmiúil anois go bhfuil an bonn ceart tuisceana eadrainn i dtaobh a mbeidh ar ár gcumas amach anseo i gcás an bhainne, más féidir libh glacadh leis na tuairimí atá luaite agam ar thábhacht agus ar shainghnéithe mhargadh an bhagúin i gComhphobal méadaithe agus a aithint gur mhaith an rud an chobhsaíocht i gcás muiceola agus uibheacha, féadfaimidne a dheimhniú duit, ónar dtaobhna de, nach gá dúinn a thuilleadh ceisteanna a ardú ar na hábhair sin le linn na gcaibidlí, ach amháin i gcomhthéacs ginearálta na gcomhshocruithe idirthréimhseacha.

II. *Ráiteas ón Uasal W. Scheel, Aire Gnóthaí Eachtracha Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine, thar ceann toscaireacht an Chomhphobail*

Tá toscaireacht an Chomhphobail i bpáirt leis an taifeach a rinne tú maidir le haidhmeanna an chomhbheartais in earnáil na dtáirgí bainne agus ar ar féidir a dhéanamh faoi láthair maidir le praghas miondíola a shocrú do bhainne lena chaitheamh agus, thairis sin, maidir le gníomhaíochtaí de chuid eagraíochtaí neamhrialtasacha táirgeoirí. Tugann

sé chun cuimhne, a mhéid is gá, go mbaineann an bac ar bhearta náisiúnta ag ceadú ionannas praghsanna do na táirgí bainne éagsúla, atá mar choinníoll i Rialachán (CEE) Uimh. 804/68, go mbaineann sé go comhchothrom leis an reachtaíocht náisiúnta go léir arb é is aon aidhm di an comhionannas sin a bhaint amach.

Féadfaidh toscaireacht an Chomhphobail glacadh le do dhearbhú ar thábhacht agus ar shainghnéithe mhargadh an bhagúin i gComhphobal méadaithe. I bhfianaise na n-aidhmeanna atá á lorg tríd an gcomhbheartas in earnálacha na muiceola agus na n-uibheacha, tá sí i bpáirt leat sa chúram atá ort i leith cobhsaíocht, sna hearnálacha sin.

Ag féachaint don ráiteas ó thoscaireacht na Ríochta Aontaithe, is sásamh le toscaireacht an Chomhphobail a shuíomh nach gá na rialacháin atá ann maidir leis na trí hearnáil thuasluaite a leasú d'fhonn na hábhair impí atá luaite ag toscaireacht na Breataine a chur sa chuntas.

Dearbhú

maidir le córas an Chomhphobail chun praghsanna talmhaíochta an Chomhphobail a shocrú

Ag an dara cruinniú Airí sna caibidlí idir an Comhphobal agus an Ríocht Aontaithe ar an 27 Deireadh Fómhair 1970, rinne an tUasal W. Scheel, Aire Gnóthaí Eachtracha Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine, thar ceann toscaireacht an Chomhphobail, dearbhú maidir leis an gcóras chun praghsanna talmhaíochta an Chomhphobail a shocrú.

Chuir an tUasal G. Rippon, Seansailéir Dhiúiceacht Lancaster, a aontú in iúl, thar ceann toscaireacht na Ríochta Aontaithe, leis na dearbhú sin. Dúirt sé freisin nár chuir sé in amhras an tábhacht a bhain leis na hathbhreithnithe sa réimse talmhaíochta agus leis an rún chun tadhaill fhóinteacha éifeachtúla a choimeád ar bun ar leibhéal an Chomhphobail leis na heagraíochtaí gairmiúla táirgíochta.

Mar chríoch, mheabhraigh an dá thoscaireacht go ndearnadh réiteach sna téarmaí atá ar áireamh sa dearbhú seo a leanas a rinne an tUasal W. Scheel.

"1. Ón uair a rinneadh plé i 1962 ar an ábhar seo, tá athbhreithniú bliantúil déanta sa Chomhphobal ar chor na talmhaíochta agus na margaí talmhaíochta. Gabhann sé ionad sa chóras nós imeachta chun praghsanna an Chomhphobail a shocrú.

Is é seo a leanas an nós imeachta sin:

Mar riail ghinearálta, bíonn coinníoll sna rialacháin éagsúla talmhaíochta go ndéanfaidh an Chomhairle, ar thogra ón gCoimisiún, na praghsanna talmhaíochta go léir nach foláir a shocrú, faoi chomheagraíocht na margaí, a shocrú don Chomhphobal gach bliain, roimh an 1 Lúnasa, don bhliain mhargaíochta a thosóidh an bhliain ina dhiaidh sin.

Nuair a bhíonn a thograí á gcur i láthair aige, cuireann an Coimisiún i láthair athbhreithniú bliantúil ar chor na talmhaíochta agus ar margaí talmhaíochta. Cuirtear an t-athbhreithniú sin i láthair de réir oibleagáidí dlíthiúla an Choimisiúin agus de réir na ngealltanas a thug sé.

Tarraingíonn an Coimisiún an t-athbhreithniú sin suas ar bhonn an eolais staidrimh iomchuí agus na bhfigiúirí cuntasaíochta ó gach bunadh náisiúnta agus bunadh Comhphobail a bheidh ar fáil.

Is iad seo a leanas na nithe a áirítear sa taifeach a bhíonn san athbhreithniú:

— scrúdú ar chor eacnamaíochta na talmhaíochta agus ar a forbairt san iomlán, ar leibhéal náisiúnta agus Comhphobail araon, agus fós sa chomhthéacs ginearálta eacnamaíochta;

— scrúdú ar an mhargadh de réir táirgí nó grúpaí táirgí, d'fhonn léargas a thabhairt ar chor an scéil agus ar na treonna is nádúrtha dó gabháil.

Bíonn ar áireamh san athbhreithniú sonraí a ghlacann an Coimisiún ar láimh, go háirithe eolas ar threoghluaiseachtaí i bpraghsanna agus i gcostais, i bhfostaíocht, i dtáirgíocht agus in ioncaim feirme.

Socraítear praghsanna talmhaíochta de réir an nós imeachta atá leagtha síos in Airteagal 43(2) de Chonradh CEE, rud a chiallaíonn go gcaithfear dul i gcomhairle leis an Tionól.

Chuige sin, cuirtear tograí an Choimisiúin, mar aon leis an athbhreithniú bliantúil, faoi bhráid an Tionóil, mar a gcuirtear díospóireacht ghinearálta ar siúl ar an gcomhbheartas talmhaíochta.

Ina theannta sin, glactar comhairle go rialta faoi na tograí agus faoin athbhreithniú leis an

gCoiste Sóisialach agus Eacnamaíoch, atá comhdhéanta de ionadaithe ó na hearnálacha éagsúla eacnamaíocha agus sóisialacha. Maidir le dualgais an Choiste seo, tá sé leagtha síos in Airteagal 47 de Chonradh CEE go mbeidh de chúram ar rannóg talmhaíochta an Choiste sin freastal ar an gCoimisiún d'fhonn pléití an Choiste a ullmhú, de réir forálacha Airteagal 197 agus 198 de Chonradh CEE.

Sula ndéanfaidh an Coimisiún an t-athbhreithniú bliantúil a tharraingt suas agus praghsanna beartaithe a shocrú, agus lena linn sin agus ina dhiaidh sin, déantar tadhaill a shocrú, ar leibhéal an Chomhphobail, leis na heagraíochtaí gairmiúla talmhaíochta. Áirítear sna tadhaill sin plé ar na sonraí staidrimh agus na sonraí eile, a bhaineann le dálaí eacnamaíochta, agus le hionchas na talmhaíochta, a chuireann an Coimisiún san áireamh ina thuarascáil don Chomhairle.

Mar gheall ar ghné na bpraghsanna a socraíodh faoin gcomhbheartas talmhaíochta, tá an Coimisiún tar éis a chinneadh nach le hearnálacha talmhaíochta amháin a dhéanfar tadhaill den sórt sin ach go gcoimeádfar ar bun iad freisin le lucht tionscail, tráchtála agus ceardchumainn, agus le tomhaltóirí.

Tugann na tadhaill sin deis do na dreamanna uile ar suim leo an scéal a dtuairimí nó a n-éilimh a chur i bhfios. Tugann siad caoi don Choimisiún freisin a athbhreithniú bliantúil ar chor na talmhaíochta a tharraingt suas agus a thograí a dhéanamh maidir le praghsanna, agus eolas iomlán aige ar staid na bpáirtithe leasmhara.

Dul i gcomhairle leis an Tionól agus leis an gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialach nuair a bhítear ag teacht ar an gcomhréiteach tuairime óna dtig cinntí críochnaitheacha na Comhairle, mar aon le tadhaill leanúnacha díreacha idir an institiúid atá freagrach san athbhreithniú a tharraingt suas agus tograí agus eagraíochtaí na ndreamanna a bhfuil leas acu sa scéal, is leor de ráthaíocht na nithe sin go dtugtar cóir chothrom do leasanna na ndaoine uile lena mbaineann na cinntí atá i gceist.

2. D'ainneoin an nós imeachta sin, tuigtear go bhféadfaidh na Ballstáit iad féin athbhreithnithe bliantúla a dhéanamh ar a dtalmhaíocht féin, i dtadhall leis na heagraíochtaí gairmiúla lena mbaineann agus de réir a nósanna imeachta náisiúnta.

3. Tairgeann toscaireacht an Chomhphobail:

— gur deimhin leis an gComhdháil go ndéanfar, trí nós imeachta agus cleachtais an Chomhphobail agus trí nós imeachta agus cleachtais náisiúnta atá ann faoi láthair, socruithe le haghaidh tadhall iomchuí leis na heagraíochtaí gairmiúla lena mbaineann;

— go dtabharfaidh an Chomhdháil dá haire freisin intinn institiúidí an Chomhphobail chun na cleachtais agus an nós imeachta a thuairiscítear i mír 1 thuas a leathnú go dtí an Comhphobal méadaithe;

— go measann an Chomhdháil go gcinnteofar, trí fheidhmiú an dá fhomhír sin roimhe seo, go mbeadh sa Chomhphobal méadaithe córas trína bhféadfaí na dálaí eacnamaíochta agus ionchais na talmhaíochta a athbhreithniú agus tadhall oiriúnach a choinneáil le heagraíochtaí gairmiúla na dtáirgeoirí agus le heagraíochtaí agus dreamanna leasmhara eile."

Dearbhuithe

i dtaobh gníomhaíochtaí talmhaíochta sna limistéir sléibhe

Ag an 8ú cruinniú Airí sna caibidlí idir an Comhphobal agus an Ríocht Aontaithe, a tionóladh an 21/22 agus an 23 Meitheamh 1971, rinne an tUasal G. Rippon, Seansailéir Dhiúiceacht Lancaster, thar ceann toscaireacht na Ríochta Aontaithe, an dearbhú faoi I anseo thíos.

Thug an tUasal M. Schumann, Aire Gnóthaí Eachtracha Phoblacht na Fraince, freagra thar ceann toscaireacht an Chomhphobail, leis an dearbhú atá i II anseo thíos.

I. *Dearbhú a rinne an tUasal G. Rippon, Seansailéir Dhiúiceacht Lancaster, thar ceann toscaireacht na Ríochta Aontaithe.*

Sa ráiteas tosaigh uaidh don Chomhdháil an 30 Meitheamh 1970, thagair an tUasal M. Barber, mar chuid de cheisteanna eile talmhaíochta, do na fadhbanna a bhain le limistéir feirmeoireachta sléibhe. Réigiúin sléibhe is ea codanna áirithe d'Albain, den Bhreatain Bheag, de Thuaisceart Éireann agus de Thuaisceart agus d'Iar-Dheisceart Shasana, agus mar gheall ar aeráid, nádúr na

hithreach agus cúrsaí geograife níl siad oiriúnach ach amháin le haghaidh fairsinge stoc-bheathú.

Níl ach réim theoranta ag baint le gnóthais fheirme sna limistéir sin agus is bun tuisceana é go mbíonn feidhm an-mhór orthu ag dálaí an mhargaidh, ionas nach dtabharfaidh críoch-phraghsanna arda iontu féin go bhfanfaidh siad inchumais. Faigheann siad cabhair de réir an chórais atá againn faoi láthair, ní amháin faoi theideal ár mbeartais talmhaíochta ach, freisin, faoi theideal ár mbeartas ginearálta, eacnamaíoch agus sóisialach. Tá go leor de na baill atá sa Chomhphobal a bhfuil limistéir acu lena ngabhann fadhbanna den tsamhail chéanna agus déileálfaimidne, go deimhin, lenár bhfadhbanna féin, mar a dhéanann sibhse faoi láthair, i gcomhréir leis an gConradh agus leis an gcomhbheartas talmhaíochta. Bheinn buíoch ach daingniú an Chomhphobail a fháil do mo thuiscint gur gá do chomhaltaí uile an Chomhphobail mhéadaithe, a chaitheann aghaidh a thabhairt ar chora den sórt sin, déileáil leis an bhfadhb a bhaineann le hioncam réasúnta a chaomhnú d'fheirmeoirí i limistéir den sórt sin.

II. *Dearbhú a rinne an tUasal M. Schumann, Aire Gnóthaí Eachtracha Phoblacht na Fraince, thar ceann toscaireacht an Chomhphobail.*

Thug toscaireacht an Chomhphobail dá n-aire ráiteas thoscaireacht na Ríochta Aontaithe ar fheirmeoireacht sléibhe sa Ríocht Aontaithe agus bearta a rinneadh chun tacú léi.

Mar fhreagra ar an ráiteas sin, féadann toscaireacht an Chomhphobail an ráiteas seo a leanas a dhéanamh:

Is eol don Chomhphobal dálaí speisialta na limistéar feirmeoireachta sléibhe i gcomparáid le limistéir eile den Ríocht Aontaithe, agus is eol dó amhlaidh na difríochtaí, agus is mór iad amanta, idir limistéir i mBallstáit an Chomhphobail faoi láthair.

I gcás na ndálaí speisialta a bhaineann le limistéir áirithe den Chomhphobal méadaithe, d'fhéadfadh, go deimhin, gur gá beart a dhéanamh d'fhonn na fadhbanna a réiteach a thig ó na dálaí speisialta sin agus, go háirithe, ioncam réasúnach a chaomhnú d'fheirmeoirí i limistéir den sórt sin.

Gan amhras, mar atá ráite agat anois, níor mhór aon bheart den sórt sin a bheith i gcomhréir le forálacha an Chonartha agus an Chomhbheartais Talmhaíochta.

AN NÓS IMEACHTA MAIDIR LE CINNTÍ ÁIRITHE AGUS BEARTA EILE A BHEIDH LE GLACADH SA TRÉIMHSE ROIMH AN AONTACHAS

I

An nós imeachta maidir le faisnéis agus comhairle chun cinntí áirithe a ghlacadh

1. D'fhonn a áirithiú go mbeidh faisnéis leordhóthanach ar fáil ag Ríocht an Danmhairge, ag Éirinn, ag Ríocht na hIoruaidhe, agus ag Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, dá ngairtear na Stáit Aontacha anseo feasta, cuirfear aon togra nó scéala ó Choimisiún na gComhphobal Eorpach, ar dóigh cinntí ó Chomhairle na gComhphobal sin do theacht as, i bhfios do na Stáit Aontacha tar éis é a tharchur chun na Comhairle.

2. Rachfar i ndáil chomhairle tar éis iarratas réasúnaithe a fháil ó Stát Aontach, ina suífear go dearfa a leasanna mar chomhalta de na Comhphobail san am le teacht agus ina gcuirfidh an Stát Aontach sin a thuairimí in iúl.

3. De ghnáth, ní rachfar i ndáil chomhairle faoi chinntí riaracháin.

4. Seolfar an dáil chomhairle i gCoiste Idirthréimhseach ar a mbeidh ionadaithe ó na Comhphobail agus ó na Stáit Aontacha.

5. Ar thaobh na gComhphobal, is iad a bheidh ina gcomhaltaí den Choiste Idirthréimhseach, comhaltaí de Choiste na mBuan-Ionadaithe nó daoine a bheidh ceaptha acu chun na críche sin, agus arb iad a gCúntóirí iad de ghnáth. Iarrtar ar an gCoimisiún go mbeadh ionadaíocht aige i ndéanamh na hoibre sin.

6. Beidh Rúnaireacht de chúnamh ag an gCoiste Idirthréimhseach, is é sin le rá, Rúnaireacht na Comhdhála arna coimeád ar bun chun na críche sin.

7. Rachfar i ndáil chomhairle de ghnáth a luaithe a bheidh treoirlínte comhchoiteanna, faoina bhféadfar an dáil chomhairle sin a shocrú go tairbheach, mar thoradh ar an réamhobair a sheolfar de réir chóras an Chomhphobail d'fhonn go nglacfadh an Chomhairle le cinntí.

8. Má bhíonn mór-dheacrachtaí ann fós tar éis dóibh a bheith i ndáil chomhairle, féadfar an cheist a thógáil ar leibhéal na nAirí, má iarrann Stát Aontach é.

9. Beidh baint freisin ag an nós imeachta dá bhforáiltear leis na míreanna sin thuas le gach cinneadh a bheidh le glacadh ag na Stáit Aontacha agus ar dóigh dó difear a dhéanamh do na hoibleagáidí a leanann as a stádas mar chomhaltaí de na Comhphobail san am le teacht.

II

Glacfaidh Ríocht na Danmhairge, Éire, Ríocht na hIoruaidhe agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann na bearta is gá d'fhonn a áirithiú go ndéanfar a n-aontachas leis na comhaontuithe nó na coinbhinsiúin dá dtagraítear in Airteagail 3(2) agus 4(2) den Ionstraim a bhaineann leis na Coinníollacha Aontachais agus le hOiriúnuithe na gConarthaí a thabhairt i gcrích, a mhéid is féidir, agus faoi choinníollacha na hIonstraime sin, i gcomhthráth leis an gConradh Aontachais a theacht i bhfeidhm.

Sa mhéid nach bhfuil sna comhaontuithe agus sna coinbhinsiúin idir na Ballstáit, dá dtagraítear in Airteagal 3(1), an dara habairt, agus mír 2, ach dréachtaí, níl siad sínithe fós agus ós dócha nach ndéanfar sin anois sa tréimhse roimh an aontachas, iarrfar ar na Stáit Aontacha, tar éis an Conradh a bhaineann leis an aontachas a shíniú, páirt a ghabháil, de réir an nós imeachta iomchuí, i gcruinnléiriú na ndréachtaí sin de mheon fíriúil agus ar dhóigh a thaobhóidh lena dtabhairt i gcrích.

III

A mhéid a bhaineann le caibidlí na gcomhaontuithe atá beartaithe le Stáit CSTE nár iarr a bheith ina gcomhaltaí de na Comhphobail Eorpacha agus leis na caibidlí ar oiriúnuithe áirithe ar na comhaontuithe fabhair a rinneadh faoi réir na gconarthaí ag bunú na gComhphobal Eorpach, beidh baint ag ionadaithe na Stát Aontach leis an obair mar bhreathnadóirí amháin i dteannta ionadaithe na mBallstát bunaidh.

Féadfaidh roinnt áirithe de na comhaontuithe nach comhaontuithe fabhair atá déanta ag an gComhphobal agus a dtéann a dtréimhsí bailíochta thar an 1 Eanáir 1973 a bheith ina n-ábhar d'oiriúnuithe nó do choigeartuithe chun méadú an Chomhphobail a chur san áireamh. Pléifidh an Comhphobal na hoiriúnuithe nó na coigeartuithe sin i bpáirt le hionadaithe na Stát Aontach de réir an nós imeachta dá dtagraítear sa mhír roimhe seo.

IV

A mhéid a bhaineann leis an gconradh maidir le neamhleathadh arm núicléach, déanfaidh Ríocht na Danmhairge, Éire, agus Ríocht na hIoruaidhe comhoirdniú ar a seasamh féin i leith seasamh an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach le linn na gcaibidlí don chomhaontú iniúchta leis an nGníomhaireacht Idirnáisiúnta do Fhuinneamh Adamhach (GIFA). A mhéid a bhaineann leis na comhaontuithe rialúcháin a fhéadfaidh siad a thabhairt i gcrích le GIFA, iarrfaidh siad go gcuirfí isteach sna comhaontuithe sin clásal á cheadú dóibh comhaontú iniúchta a bheadh déanta ag an gComhphobal leis an nGníomhaireacht a chur in ionad na gComhaontuithe a luaithe is féidir tar éis an aontachais.

Sa tréimhse roimh an aontachas rachaidh an Ríocht Aontaithe agus an Comhphobal i ndáil chomhairle toisc glacadh a bheith ag an Ríocht Aontaithe leis an gcóras rialúcháin agus iniúchta is infheidhme de bhua an Chomhaontaithe idir roinnt Ballstát agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus GIFA, den pháirt eile.

V

Seolfar, roimh an aontachas, an dáil chomhairle dir na Stáit Aontacha agus an Coimisiún amhail mar a fhoráiltear in Airteagal 120(2) den Ionstraim a bhaineann leis na Coinníollacha Aontachais agus le hOiriúnuithe na gConarthaí.

VI

Gabhann na Stáit Aontacha orthu féin nach luathófar d'aontoisc roimh an aontachas deonú na gceadúnas dá dtagraítear in Airteagail 2 de Phrótacail 25 go 28 a bhaineann le malartú faisnéise i réimse an fhuinnimh núicléigh d'fhonn a bhfuil ar áireamh sna gealltanais atá sna Prótacail sin a mhaolú.

VII

Bunóidh institiúidí an Chomhphobail, i dtráth cuí, na téacsanna dá dtagraítear in Airteagal 153 den Ionstraim a bhaineann leis na Coinníollacha Aontachais agus le hOiriúnuithe na gConarthaí.

VIII

Déanfaidh an Comhphobal na forálacha is gá chun na bearta dá dtagraítear i bPrótacal Uimh. 19, maidir le deochanna biotáilleacha a dhéantar as gránaigh, a thabhairt i ngníomh amhail ó dháta an aontachais.

Sales and Subscription Offices

Belgium

Subscriptions:

Subscriptions to the OJ may be arranged and paid for at Post Offices

Sale of single copies:

Moniteur belge — 40-42, rue de Louvain — Bruxelles
Belgisch Staatsblad — Leuvensestraat 40-42 — Brussel
Postal cheque account: 50-80 Tel. 120026

France

Subscriptions:

Service de vente en France des publications des Communautés européennes
26, rue Desaix — Paris 15e — Tel. (1) 306.5100
Postal cheque account: Paris 23-96

Sale of single copies:

As for subscriptions

Germany

Subscriptions:

Bundesanzeiger — 5 Köln 1 — Breite Straße — Tel. (0221) 210348 — Postfach 108006
Telex: Anzeiger Bonn 08882595
Postal cheque account: 83400 Köln

Sale of single copies:

As for subscriptions

Grand Duchy of Luxembourg

Subscriptions:

Subscriptions to the OJ may be arranged and paid for at Post Offices

Sale of single copies:

Office for Official Publications of the European Communities — Tel. 47941
Case postale 1003 — Luxembourg 1 and 29, rue Aldringen, Bibliothèque
Postal cheque account: 191-90
Bank current account: B. I. L. 8-109/6003/200

Italy

Subscriptions:

Office for Official Publications of the European Communities — Tel. 47941
Case postale 1003 — Luxembourg 1
Postal cheque account: 191-90
Bank current account: B.I.L. 8-109/6003/200

Sale of single copies:

Libreria dello Stato
Piazza G. Verdi, 10 — Rome — Tel. (6) 8509
Postal cheque account: 1/2640

Agencies:

Rome — Via del Tritone, 61/A e 61/B — Tel. (6) 674062
Rome — Via XX Settembre (Palazzo Ministero delle finanze) — Tel. (6) 481884
Milan — Galleria Vittorio Emanuele, 3 — Tel. (2) 306406
Naples — Via Chiaia, 5 — Tel. (81) 393326
Florence — Via Cavour, 46/R — Tel. (55) 296320
Genoa — Via XII Ottobre, 172 — Tel. (10) 55178
Bologna — Strada Maggiore, 23/A — Tel. (51) 235294

Netherlands

Subscriptions:

Staatsdrukkerij- en Uitgeverijbedrijf
Christoffel Plantijnstraat — The Hague — Tel. (070) 814511
Postal cheque account: 425300

Sale of single copies:

As for subscriptions

Other Countries

Subscriptions:

Office for Official Publications of the European Communities — Tel. 47941
Case postale 1003 — Luxembourg 1
Postal cheque account: 191-90
Bank current account: B.I.L. 8-109/6003/200

Sale of single copies:

As for subscriptions

Price for 1972	France FF	Belgium and Luxembourg BF/LF	Germany DM	Italy Lit.	Netherlands Fl.	Other countries BF
"L + C" annual subscription (calendar year)	234,—	2 100,—	154,—	26 250	152,—	2 100,—
Annual subscription "Annex — Debates" (March-February) (*in extenso* report of sessions of the European Parliament)	56,—	500,—	37,—	6 250	36,50	500,—
Price per single copies:						
1—32 pages	2,80	25,—	1,80	310	1,80	25,—
33—80 pages	5,60	50,—	3,60	620	3,60	50,—
81 or more pages	Price determined according to each case and printed on cover					
These prices refer to "numbered pages"						

Special mailing charges are invoiced separately.

Payments should be sent to the Sales and Subscription Offices listed above for each country.

Other European Communities publications on sale, whether periodical or otherwise, may be obtained at the abovementioned Offices.

OFFICE FOR OFFICIAL PUBLICATIONS OF THE EUROPEAN COMMUNITIES — LUXEMBOURG